



Uimhir 9 de 1992

AN tACHT AIRGEADAIS, 1992

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID I

**CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN
GHNÓCHAN CAIPITIÚIL**

CAIBIDIL I

Cáin Ioncaim

Alt

1. Leasú ar fhorálacha a bhaineann le díolúine ó cháin ioncaim.
2. Athrú ar na rátaí cánach ioncaim.
3. Leasú ar alt 6 (liúntas speisialta i leith Á.S.P.C. do 1982-83) den Acht Airgeadais, 1982.
4. Faoiseamh i leith préimheanna árachais saoil do scor.
5. Leasú ar alt 432 (éileamh, etc., a dhéanamh, agus achomhairc agus athéisteachtaí) den Acht Cánach Ioncaim, 1967.
6. Leasú ar Chaibidil II (scéimeanna pinsean gairme) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1972.
7. Leasú ar alt 8 (buanscéimeanna sochair shláinte) den Acht Airgeadais, 1979.
8. Leasú ar alt 4 (tairbhe úsáide cairr) den Acht Airgeadais, 1982.
9. Leasú ar alt 8 (srian le faoiseamh i leith ús a íocadh ar iasachtaí áirithe de réir ráta laghdaithe) den Acht Airgeadais, 1982.
10. Leasú ar alt 13 (léiriú (Caibidil III)) den Acht Airgeadais, 1987.
11. Leasú ar alt 14 (daoine cuntasacha) den Acht Airgeadais, 1987.
12. Forálacha a bhaineann le scéimeanna scair-rogha ceadaithe do scor.

[Uimh. 9.] *An tAcht Airgeadais, 1992.* [1992.]

13. Alt 14 (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le díbhinní áirithe) den Acht Airgeadais, 1986 do scor.
14. Faoiseamh do phearsana aonair i leith iasachtaí a caitheadh ag fáil leasa i gcuideachtaí.
15. Mar a dhéileálfar, chun críocha cánach, le sochair áirithe is iníochta faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

CAIBIDIL II

Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

16. Leasú ar alt 36 (forléiriú ar thagairtí do leanbh, do mhac agus d'iníon sna hAchtanna Cánach agus san Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975) den Acht Airgeadais, 1977.
17. Leasú ar Chaibidil IX (scéimeanna brabús-roinnte) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1982, agus ar an Tríú Sceideal (scéimeanna brabús-roinnte) a ghabhann leis an Acht sin.
18. Cánachas ar chomaoín i leith cúnant sriantach áirithe, etc.
19. Mar a dhéileálfar le ríchíosanna paitinne agus le dáilí gaolmhara.
20. Leasú ar alt 28 (feirmeoireacht: foráil a bhaineann le faoiseamh maidir le méadú ar luachanna stoic) den Acht Airgeadais, 1980.
21. Liúntais chaipitiúla maidir le feithiclí agus asbhaint i leith feithiclí.
22. Leasú ar Chaibidil IV (íocaíochtaí úis ag glacadóirí taisce áirithe) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1986.
23. Leasú ar alt 46 (comhpháirtíochtaí teoranta: srianta le faoiseamh) den Acht Airgeadais, 1986.
24. Urrúis de chuid Bhord Gáis Éireann.
25. Srian le liúntais chaipitiúla ar theachíní saoire.
26. Feidhm alt 241 (caitheamh agus cuimilt innealra, ghléasra, etc.) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus leasú air.
27. Leasú ar alt 255 (an bhrí atá le “foirgneamh nó déanmhas tionscail”) den Acht Cánach Ioncaim, 1967.
28. Leathnú agus leasú ar alt 17 (cáin a bhaint as íocaíochtaí le fochonraitheoirí sa tionscal foirgníochta) den Acht Airgeadais, 1970.
29. Leasú ar Chaibidil V (Athnuachan Uirbeach: Faoiseamh ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1986.
30. Leasú ar alt 27 (limistéir ainmnithe le haghaidh faoisimh maidir le hathnuachan uirbeach) den Acht Airgeadais, 1987.

[1992.] *An tAcht Airgeadais, 1992.* [Uimh. 9.]

31. Leasú ar alt 4 (faoiseamh maidir le caiteachas ar fhoirgnimh áirithe i limistéir ainmnithe) den Acht Airgeadais, 1989.
32. Leasú ar alt 18 (dáta le cáin a íoc) den Acht Airgeadais, 1988.
33. Leasú ar alt 21 (ilghnéitheach) den Acht Airgeadais, 1988.
34. Leasú ar Chaibidil VII (Athnuachan Uirbeach: Barra an Teampaill agus Limistéir Eile) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1991.
35. Mar a dhéileálfar le dáiltí áirithe arna bhfáil an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis.
36. Rogha i ndáil le halt 35 (ní gnóthais chomhinfheistíochta iontaobhais aonad áirithe) den Acht Airgeadais, 1990.
37. Feidhm alt 25 (dáiltí a chur síos do thréimhsí cuntasáíochta) den Acht Airgeadais, 1989, maidir le díbhinní eatramhacha.
38. Dáiltí chuig neamhchónaitheoirí.
39. Forálacha a bhaineann le halt 244 (liúntas i leith taighde eolaíochta) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, etc.

CAIBIDIL III

Cáin Chorporáide

40. Leasú ar alt 84A (teorainn leis an mbrí atá le “dáileadh”) den Acht Cánach Corparáide, 1976.
41. Leasú ar alt 21 (leasú ar Chuid IX (Sceideal F agus dáiltí cuideachtaí) den Acht Cánach Corparáide, 1976) den Acht Airgeadais, 1989.
42. Leasú ar Chuid XXXII (Iasachtaí rialtais agus iasachtaí poiblí eile) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus caillteanais a ríomh.
43. Cumainn foirgníochta (cánachas ar idirbhearta áirithe).
44. Leasú ar Chuid III (aicmí speisialta cuideachtaí) den Acht Cánach Corparáide, 1976.
45. Creidmheas i leith tabhaigh bainc.
46. Srian le caillteanais áirithe agus le muirir áirithe ar ioncam agus leasuithe iarmhartacha.
47. Leasú ar alt 39 (an bhrí atá le “earraí”) den Acht Airgeadais, 1980.
48. Deireadh le faoiseamh maidir le hidirbhearta áirithe ag cumainn talmhaíochta agus iascaigh.
49. Creidmheasanna cánach a ghnóthú ó chuideachtaí.
50. Grúp-íocaíochtaí.
51. Leasú ar alt 44 (grúp-dhíbhinní) den Acht Airgeadais, 1983.

52. Leasú ar alt 39A (faoiseamh i ndáil le hioncam ó oibríochtaí trádála áirithe a sheoltar in Aerfort na Sionna) den Acht Airgeadais, 1980.
53. Leasú ar alt 39B (faoiseamh i ndáil le hioncam ó oibríochtaí trádála áirithe a sheoltar i Limistéar Duganna Theach an Chustaim) den Acht Airgeadais, 1980.
54. Leasú ar alt 41 (bonn faoisimh ó cháin chorparáide) den Acht Airgeadais, 1980.
55. Tuairisceáin a chur isteach déanach: srian le héilimh áirithe ar fhaoiseamh.
56. Faoiseamh i leith bronntanas don Iontaobhas Fiontair Teo.
57. Leasú ar alt 39 (ioncam áirithe de chuid Nítrigin Éireann Teoranta a bheith díolmhaithe) den Acht Airgeadais, 1988.
58. Leasú ar alt 35 (faoiseamh i leith infheistíochta i scannáin) den Acht Airgeadais, 1987.

CAIBIDIL IV

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

59. Laghdú ar dhíolúine do phearsana aonair.
60. Athrú ar rátaí cánach gnóchan caipitiúil.
61. Srian le Sceideal 2 (cuideachtaí agus scairshealbhóirí) a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975.
62. Leasú ar alt 9 (comaoin) den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975.
63. Leasú ar alt 47 (roghanna) den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975.

CAIBIDIL V

Treoir Uimh. 90/434/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm agus nithe gaolmhara eile

64. Léiriú (*Caibidil V*).
65. Sócmhainní a aistriú i gcoitinne.
66. Cuideachta d'aistriú sócmhainne chuig a máthairchuideachta.
67. Athchóiriú nó cónascadh cuideachtaí: talamh forbraíochta a aistriú.
68. Leasú ar alt 36 (gnóchain inmhuirearaithe ar dhiúscairtí talún forbraíochta) den Acht Airgeadais, 1982.
69. Creidmheas i leith cánach.
70. Cáin a sheachaint.
71. Tuairisceáin.
72. Idirbhirt eile.

[1992.] *An tAcht Airgeadais, 1992.* [Uimh. 9.]

- 73. Leasú ar alt 132 (diúscairt nó fáil lasmuigh de ghrúpa) den Acht Cánach Corparáide, 1976.
- 74. Méideanna a chionroinnt.

CAIBIDIL VI

Cánachas Peitiriliam

- 75. Léiriú (*Caibidil VI*).
- 76. Gníomhaíochtaí trádála a scaradh ó chéile.
- 77. Laghdú ar cháin chorparáide.
- 78. Déileáil le caillteanais, etc.
- 79. Srian le grúpfhaoiseamh.
- 80. Srian le faoiseamh i leith caillteanas ar dhiúscairtí áirithe.
- 81. Ús agus muirir ar ioncam.
- 82. Srian le fritháireamh luathchánach corparáide.
- 83. Caiteachas ar fhorbairt: liúntais agus muirir chaipitiúla.
- 84. Caiteachas ar thaiscéalaíocht: liúntais agus muirir.
- 85. Caiteachas ar thaiscéalaíocht arna thabhtú ag cuideachtaí áirithe.
- 86. Caiteachas ar thréigean: liúntais agus faoisimh i leith caillteanais.
- 87. Peitiriliam a luacháil in imthosca áirithe.
- 88. Déileáil le diúscairtí áirithe.

CUID II

CUSTAIM AGUS MÁL

CAIBIDIL I

Dleacht Mháil ar Bheoir

- 89. Léiriú (*Caibidil I*).
- 90. Dleacht mháil ar bheoir.
- 91. Díolúintí ó dhleacht.
- 92. Loghadh agus aisíoc dleachta.
- 93. Dleacht áirithe is inmhuirearaithe roimh an lá ceaptha a loghadh nó a aisíoc.
- 94. Ceadúnas grúdaire a chúlghairm agus cion ag grúdaire chun díola.
- 95. Daoine agus áitribh a cheadú chun beoir a ghrúdú, a shealbhú agus a phacáistiú gan dleacht a íoc.

[Uimh. 9.] *An tAcht Airgeadais, 1992.* [1992.]

96. Coimeádaí stórais do sholáthar saoráidí agus cumhachtaí iniúchta etc. oifigeach.
97. Déileáil le farasbarr nó le heasnamh i stoic agus le himghabháil chalaoiseach dleachta.
98. Rialacháin (*Caibidil I*).
99. Cionta (*Caibidil I*).
100. Feidhm achtachán (*Caibidil I*).
101. Aisghairm agus Cúlghairm (*Caibidil I*).
102. Tosach feidhme (*Caibidil I*).

CAIBIDIL II

Treoir Uimh. 92/12/CEE ón gComhairle a Chur i bhFeidhm.

103. Léiriú (*Caibidil II*).
104. Táirgí inmháil.
105. Stórasú.
106. Déileáil le táirgí inmháil arna scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile.
107. Forálacha a bhaineann le díoltóirí.
108. Ionadaithe cánach.
109. Táirgí inmháil a aistriú ón Stát chuig Ballstáit eile faoi shocrú fionraithe dleachta.
110. Táirgí inmháil a aistriú chuig an Stát ó Bhallstáit eile faoi shocrú fionraithe dleachta.
111. Doiciméid a bheidh i dteannta táirgí inmháil.
112. Aisíocaíochtaí dleachta máil.
113. Díolúintí.
114. Déileáil le caillteanais.
115. Cumhacht chun feithiclí a stopadh agus táirgí inmháil a choinneáil.
116. Cumhachtaí oifigeach chun dul isteach agus iniúchadh a dhéanamh, etc.
117. Rialacháin (*Caibidil II*).
118. Feidhm achtachán (*Caibidil II*).
119. Tosach feidhme (*Caibidil II*).

CAIBIDIL III

Dleacht Ceadúnais Meaisín Siamsa

120. Léiriú (*Caibidil III*).

[1992.] *An tAcht Airgeadais, 1992.* [Uimh. 9.]

- 121. Tarscaoileadh agus díolúintí.
- 122. Nós imeachta ceada agus ceadúnais.
- 123. Rátaí dleachta.
- 124. Cosc ar imirt gan cead agus ceadúnas.
- 125. Imscrúdú, etc. ag oifigh.
- 126. Pionóis (*Caibidil III*).
- 127. Forghéilleadh (*Caibidil III*).
- 128. Rialacháin (*Caibidil III*).
- 129. Feidhm a bheith ag reachtanna máil.

CAIBIDIL IV

Feithiclí a Chlárú agus Cánachas ar Fheithiclí

- 130. Léiriú.
- 131. Clárú feithiclí ag na Coimisinéirí Ioncaim.
- 132. Dleacht mháil a mhuirearú.
- 133. Luach inmhuirearaithe.
- 134. Buanfhaoisimh.
- 135. Díolúine shealadach ó chlárú.
- 136. Údarú monaróirí, dáileoirí agus déileálaithe agus íoc tréimhsiúil dleachta.
- 137. Cuntasacht maidir le feithiclí neamhchláraithe agus feithiclí athchóirithe.
- 138. Achomhairc.
- 139. Cionta agus pionóis.
- 140. Fianaise.
- 141. Rialacháin.
- 142. Cumhachtaí oifigeach.
- 143. Forálacha idirthréimhseacha.
- 144. Feidhm achtachán.

CAIBIDIL V

Ilghnéitheach

- 145. Forléiriú (*Caibidil V*).
- 146. Táirgí tobac.
- 147. Leann úll agus leann piorraí.
- 148. Teilifíseáin.

149. Fís-seinnteoirí.
150. Hidreacarbóin.
151. Mótarfheithiclí.
152. Deireadh a chur le dleachtanna máil ar uiscí boird agus ar cheadúnas monaróra uiscí boird.
153. Deireadh a chur le dleacht mháil ar cheadúnas monaróra lasán.
154. Méadú ar dhleachtanna ar cheadúnais deochanna meisciúla áirithe.
155. Ar-cheadúnais miondíoltóirí biotáille.
156. Leasú ar alt 49 (ceadúnais a dheonú agus dáta éagtha ceadúnas) den *Finance (1909-10) Act*, 1910.
157. Méadú ar dhleachtanna ar cheadúnas rince phoiblí, ar cheadúnas ócáideach, ar ordú díolúine speisialta agus ar údarú do chlub.
158. Méadú ar dhleachtanna ar cheadúnais díoltóirí hidreacarbóin.
159. Méadú ar dhleachtanna ar chlárú déileálaithe arm tine.
160. Méadú ar dhleachtanna ar cheadúnais áirithe eile, etc.
161. Méadú ar dhleacht ar chlárú clubanna.
162. Srian le halt 29 (forálacha i ndáil le custaim, dleachtanna custam agus tobhaigh CEE) den Acht Airgeadais, 1978.
163. Leasú ar an Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952.

CUID III

CÁIN BHREISLUACHA

164. Léiriú (*Cuid III*).
165. Leasú ar alt 1 (léiriú) den Phríomh-Acht.
166. Leasú ar alt 2 (cáin bhreisluacha a mhuirearú) den Phríomh-Acht.
167. Leasú ar alt 3 (soláthar earraí) den Phríomh-Acht.
168. Earraí a fháil laistigh den Chomhphobal.
169. Leasú ar alt 5 (seirbhísí a sholáthar) den Phríomh-Acht.
170. Leasú ar alt 8 (daoine inchánach) den Phríomh-Acht.
171. Leasú ar alt 9 (clárú) den Phríomh-Acht.
172. Leasú ar alt 10 (an méid ar ar inmhuirearaithe cáin) den Phríomh-Acht.

[1992.] *An tAcht Airgeadais, 1992.* [Uimh. 9.]

173. Leasú ar alt 11 (rátaí cánach) den Phríomh-Acht.
174. Leasú ar alt 12 (asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a íocadh) den Phríomh-Acht.
175. Leasú ar alt 12A (forálacha speisialta i leith cánach arna sonrasc ag feirmeoirí cothrom-ráta) den Phríomh-Acht.
176. Leasú ar alt 13 (loghadh cánach ar earraí a onnmhairítear, etc.) den Phríomh-Acht.
177. Leasú ar alt 14 (an cháin a bheidh dlite a chinneadh faoi threoir fáltas airgid) den Phríomh-Acht.
178. Leasú ar alt 15 (cáin a mhuirearú ar earraí allmhairithe) den Phríomh-Acht.
179. Leasú ar alt 16 (dualgas taifid a choimeád) den Phríomh-Acht.
180. Leasú ar alt 17 (sonraise) den Phríomh-Acht.
181. Leasú ar alt 18 (taifid a iniúchadh agus a thabhairt chun siúil) den Phríomh-Acht.
182. Leasú ar alt 19 (cáin atá dlite agus iníoctha) den Phríomh-Acht.
183. Ráiteas i dtaobh soláthairtí laistigh den Chomhphobal.
184. Leasú ar alt 20 (aisíoc cánach) den Phríomh-Acht.
185. Leasú ar alt 23 (an cháin a bheidh dlite a chinneadh) den Phríomh-Acht.
186. Urrús le tabhairt ag daoine inchánach áirithe.
187. Leasú ar alt 25 (achomhaire) den Phríomh-Acht.
188. Leasú ar alt 26 (pionóis i gcoitinne) den Phríomh-Acht.
189. Leasú ar alt 27 (tuairisceáin chalaoiseacha, etc.) den Phríomh-Acht.
190. Leasú ar alt 28 (cabhrú le tuairisceáin neamhchearta a dhéanamh) den Phríomh-Acht.
191. Leasú ar alt 30 (teorainneacha ama) den Phríomh-Acht.
192. Leasú ar alt 32 (rialacháin) den Phríomh-Acht.
193. Daoine áirithe a chur in ionad daoine nach bhfuil bunaithe sa Stát.
194. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
195. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
196. Leasú ar an Tríú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
197. Leasú ar an Séú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

[Uimh. 9.] *An tAcht Airgeadais*, 1992. [1992.]

198. An Seachtú Sceideal a chur isteach sa Phríomh-Acht.

CUID IV

DLEACHTANNA STAMPA

199. Mínithe (*Cuid IV*).

200. Tobhach ar bhainc.

201. Dleachtanna stampa, pionóis áirithe a loghadh.

202. Leasú ar alt 17 (dleacht stampa i leith cártaí creidmheasa agus cártaí muirir) den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 1981.

203. Dleacht stampa i leith cártaí airgid.

204. Dleachtanna stampa ar ionstraimí ilghnéitheacha.

205. Leasú ar an gCéad Sceideal.

206. Stoic agus urrúis inmhargaidh áirithe a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

207. Ionstraimí seirbhísí airgeadais áirithe a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

208. Suíomh fiontair árachais chun críocha dleachta stampa.

209. Ionstraimí áirithe a bhaineann le maoin dhochorraithe choigríche a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

210. Ionstraimí áirithe de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus den Aire Airgeadais, a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

211. Cúlghairm (*Cuid IV*).

212. Forálacha a bhaineann le haistrithe ag céilí a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

213. An nós imeachta a mbeidh feidhm aige i gcás nach féidir comaoin etc. a fhionnadh.

214. Leasú ar alt 45 (faoiseamh ó dhleachtanna áirithe (leanaí uchtaíthe)) den Acht Airgeadais, 1972.

215. Forálacha áirithe a bhaineann le Gobharnóir agus Cuideachta Bhanc na hÉireann a aisghairm.

216. Ionstraimí áirithe a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa (*Temple Bar Properties Limited*).

217. Leasú ar alt 44 (stoc áirithe a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa) den Acht Airgeadais, 1970.

CUID V

CÁIN MHAOINE CÓNAITHE

218. Feidhm (*Cuid V*).

[1992.] *An tAcht Airgeadais*, 1992. [Uimh. 9.]

- 219. Leasú ar alt 100 (teorainn díolúine mhargadhluacha) den Acht Airgeadais, 1983.
- 220. Leasú ar alt 101 (teorainn díolúine ioncaim) den Acht Airgeadais, 1983.
- 221. Leasú ar alt 102 (faoisimh imeallacha) den Acht Airgeadais, 1983.

CUID VI

CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

- 222. Léiriú (*Cuid VI*).
- 223. Leasú ar alt 2 (léiriú) den Phríomh-Acht.
- 224. Leasú ar alt 106 (fáltais ag iontaobhais lánroghnacha) den Acht Airgeadais, 1984.
- 225. Leasú ar alt 102 (léiriú (*Cuid V*)) den Acht Airgeadais, 1986.

CUID VII

FRITHSHEACHAINT AGUS FRITHIMGHABHÁIL

- 226. Tuairisceáin faisnéise áirithe.
- 227. Forálacha d'fhorlíonadh *alt 226*.
- 228. Ceart cigire fiosruithe a dhéanamh.
- 229. Leasú ar alt 19 (tuairisceáin ó idirghabhálaithe áirithe i ndáil le UCITS) den Acht Airgeadais, 1989.
- 230. Tuairisceáin i ndáil le cuntais choigríche.
- 231. Oibleagáid taifid áirithe a choimeád.
- 232. Doiciméid agus taifid a iniúchadh.
- 233. Cumhachtaí iniúchta: ÍMAT.
- 234. Leasú ar alt 128 (pionóis) den Acht Cánach Ioncaim, 1967.
- 235. Cumhachtaí iniúchta: cáin a bhaint as íocaíochtaí le fochonraitheoirí áirithe.
- 236. Oifigigh údaraithe agus an Garda Síochána.
- 237. Doiciméid agus taifid ríomhaire a iniúchadh.
- 238. Leasú ar alt 31 (cumhacht sonraí i dtaobh idirbhearta le cáiníocóirí agus doiciméid maidir le dliteanas cánach cáiníocóirí a fháil ó dhaoine áirithe) den Acht Airgeadais, 1979.
- 239. Leasú ar alt 20 (tuairisceán ar mhaoín) den Acht Airgeadais, 1983.
- 240. Leasú ar alt 23 (ainmneacha mainnitheoirí cánach a fhoilsiú) den Acht Airgeadais, 1983.

[Uimh. 9.] *An tAcht Airgeadais, 1992.* [1992.]

- 241. Leasú ar alt 73 (méideanna a bheidh dlite i ndáil le cáin a asbhaint ó íocaíochtaí a bheidh dlite do mhainnitheoirí) den Acht Airgeadais, 1988.
- 242. Imréiteach cánach i ndáil le ceadúnais áirithe.
- 243. Leasú ar alt 94 (cionta ioncaim) den Acht Airgeadais, 1983.
- 244. Leasú ar alt 9 (léiriú (Caibidil II)) den Acht Airgeadais, 1988.
- 245. Leasú ar alt 48 (formhuirear as tuairisceáin a chur isteach déanach) den Acht Airgeadais, 1986.
- 246. Leasú ar Sceideal 4 (riarachán) a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975.
- 247. Leasú ar alt 143 (tuairisceán ar bhrabúis) den Acht Cánach Corparáide, 1976.
- 248. Leasú ar fhorálacha áirithe de chuid na nAchtanna Cánach, etc., a bhaineann le pionóis.

CUID VIII

ILGHNÉITHEACH

- 249. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.
- 250. Leasú ar an Acht um Bhailiú Shealadach Cánach, 1927.
- 251. Leasú ar alt 55 (Íocaíochtaí le léasaithe faoi léasanna peitriliaim) den Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960.
- 252. Tobhach An Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh.
- 253. Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna.
- 254. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.

AN CHÉAD SCEIDEAL

NA TÁBLAÍ A GHABHANN LE HÁLT 4 (4) DEN ACHT AIRGEADAIS,
1982.

CUID I

*An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1992-93*

CUID II

*An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1993-94*

CUID III

*An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1994-95*

CUID IV

*An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1995-96*

[1992.] *An tAcht Airgeadais, 1992.* [Uimh. 9.]

CUID V

*An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1996-97 agus maidir le blianta measúnachta
dá éis sin*

AN DARA SCEIDEAL

DAOINE CUNTASACHA CHUN CRÍOCHA CHAIBIDIL III DE CHUID 1 DEN
ACHT AIRGEADAIS, 1987

AN TRÍÚ SCEIDEAL

CUID I

Forálacha a bhaineann le Dleacht Mháil ar Bheoir a Aisghairm

CUID II

*Forálacha a bhaineann le hAr-cheadúnais Miondíoltóirí Biotáille a
Aisghairm*

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

NA RÁTAÍ DLEACHTA MÁIL AR THÁIRGÍ TOBAC

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

NA RÁTAÍ DLEACHTA MÁIL AR LEANN ÚLL AGUS LEANN PIORRAÍ

AN SÉÚ SCEIDEAL

NA RÁTAÍ DLEACHTA MÁIL AR CHEADÚNAIS ÁIRITHE

CUID I

Ceadúnais Deochanna Meisciúla

CUID II

Deimhnithe Airm Tine

CUID III

Ceadúnais Chearrbhachais

CUID IV

Ceadúnais Eile

AN SEACHTÚ SCEIDEAL

DLEACHT STAMPA AR IONSTRAIMÍ

CUID I

Tíolacas nó Aistriú ar Dhíol aon Stoc nó Urrús Inmhargaidh

CUID II

*Tíolacas nó Aistriú ar Dhíol Polasaí Árachais nó Polasaí Árachais
Saoil*

CUID III

Tíolacais nó Aistrithe de Chineál áirithe eile

CUID IV

Gníomhais

CUID V

Morgáistí, Bannaí, Bintiúir agus Cúnaint áirithe

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991		
An tAcht Uchtála, 1991		1991, Uimh. 14
Bank of Ireland (1797)		37 Geo. 3, c. 54
Bank of Ireland Act, 1821		1 & 2 Geo. 4, c. 72
An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989		1989, Uimh. 17
An tAcht um Cháin Fháltas Caipitiúil, 1976		1976, Uimh. 8
An tAcht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975		1975, Uimh. 20
An tAcht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil (Leasú), 1978		1978, Uimh. 33
Acht an Bhainc Ceannais, 1971		1971, Uimh. 24
Acht na gCuideachtaí, 1963		1963, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990		
An tAcht um an Scairbh Ilchríochach, 1968		1968, Uimh. 14
An tAcht Cánach Corparáide, 1976		1976, Uimh. 7
Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1986		1986, Uimh. 26
Customs and Inland Revenue Act, 1881		44 & 45 Vict., c. 12
Customs and Inland Revenue Act, 1885		48 & 49 Vict., c. 51
Customs and Inland Revenue Act, 1889		52 & 53 Vict., c. 7
Na hAchtanna um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967 agus 1976		
Excise Act, 1835		5 & 6 Will. 4, c.39
An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976		1976, Uimh. 27
Finance Act, 1896		59 & 60 Vict., c. 28
Finance Act, 1902		2 Edw. 7, c. 7
Finance (1909-10) Act, 1910		10 Edw. 7 & 1 Geo. 5, c. 8
Finance Act, 1914 (Session 2)		5 & 6 Geo. 5, c. 7
Finance Act, 1915		5 & 6 Geo. 5, c. 62
Finance Act, 1916		6 & 7 Geo. 5, c. 24
Finance Act, 1918		8 & 9 Geo. 5, c. 15
Finance Act, 1920		10 & 11 Geo. 5, c. 18
An tAcht Airgid, 1925		1925, Uimh. 28
An tAcht Airgeadais, 1940		1940, Uimh. 14
An tAcht Airgeadais, 1946		1946, Uimh. 15
An tAcht Airgeadais, 1956		1956, Uimh. 22
An tAcht Airgeadais, 1961		1961, Uimh. 23
An tAcht Airgeadais, 1963		1963, Uimh. 23
An tAcht Airgeadais, 1964		1964, Uimh. 15
An tAcht Airgeadais, 1970		1970, Uimh. 14
An tAcht Airgeadais, 1971		1971, Uimh. 23
An tAcht Airgeadais, 1972		1972, Uimh. 19
An tAcht Airgeadais, 1973		1973, Uimh. 19
An tAcht Airgeadais, 1974		1974, Uimh. 27

[1992.]	<i>An tAcht Airgeadais, 1992.</i>	[<i>Uimh. 9.</i>]
An tAcht Airgeadais, 1975		1975, Uimh. 6
An tAcht Airgeadais, 1976		1976, Uimh. 16
An tAcht Airgeadais, 1977		1977, Uimh. 18
An tAcht Airgeadais, 1978		1978, Uimh. 21
An tAcht Airgeadais, 1979		1979, Uimh. 11
An tAcht Airgeadais, 1980		1980, Uimh. 14
An tAcht Airgeadais, 1981		1981, Uimh. 16
An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 1981		1981, Uimh. 28
An tAcht Airgeadais, 1982		1982, Uimh. 14
An tAcht Airgeadais, 1983		1983, Uimh. 15
An tAcht Airgeadais, 1984		1984, Uimh. 9
An tAcht Airgeadais, 1985		1985, Uimh. 10
An tAcht Airgeadais, 1986		1986, Uimh. 13
An tAcht Airgeadais, 1987		1987, Uimh. 10
An tAcht Airgeadais, 1988		1988, Uimh. 12
An tAcht Airgeadais, 1989		1989, Uimh. 10
An tAcht Airgeadais, 1990		1990, Uimh. 10
An tAcht Airgeadais, 1991		1991, Uimh. 13
An tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952		1952, Uimh. 24
An tAcht Airgeadais (Dleacht Máil ar Tháirgí Tobac), 1977		1977, Uimh. 32
An tAcht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 1956		1956, Uimh. 47
An tAcht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 1968		1968, Uimh. 7
<i>Finance (New Duties) Act</i> , 1916		6 Geo. 5, c. 11
An tAcht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974		1974, Uimh. 17
An tAcht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956		1956, Uimh. 2
Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971		1971, Uimh. 22
An tAcht Cánach Ioncaim, 1967		1967, Uimh. 6
Na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 1978		
<i>Inland Revenue Act</i> , 1880		43 & 44 Vict., c. 20
An tAcht Deocha Meisciúla, 1927		1927, Uimh. 15
An tAcht Deocha Meisciúla, 1960		1960, Uimh. 18
An tAcht Deochanna Meisciúla, 1962		1962, Uimh. 21
An tAcht Deochanna Meisciúla, 1988		1988, Uimh. 16
An tAcht Deocha Meisciúla (Generálta), 1924		1924, Uimh. 62
<i>Licensing (Ireland) Act</i> , 1833		3 & 4 Will. 4, c. 68
<i>Licensing (Ireland) Act</i> , 1902		2 Edw. 7, c. 18
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941		1941, Uimh. 23
An tAcht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971		1971, Uimh. 6
An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990		1990, Uimh. 18
An tAcht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960		1960, Uimh. 7
An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983		1983, Uimh. 24
An tAcht um Bhailiú Shealadach Cánach, 1927		1927, Uimh. 7
An tAcht um Hallaí Rinnce Puiblí, 1935		1935, Uimh. 2
<i>Revenue Act</i> , 1909		9 Edw. 7, c. 43
<i>Roads Act</i> , 1920		10 & 11 Geo. 5, c. 72
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981		1981, Uimh. 1

[Uimh. 9.]

An tAcht Airgeadais, 1992.

[1992.]

<i>Stamp Act</i> , 1891	54 & 55 Vict., c. 39
<i>Succession Duty Act</i> , 1853	16 & 17 Vict., c. 51
An tAcht um Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra an Teampaill, 1991	1991, Uimh. 19
Na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 go 1987	
An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990	1990, Uimh. 37
An tAcht Cánach Breisluacha, 1972	1972, Uimh. 22
An tAcht Cánach Breisluacha (Leasú), 1978	1978, Uimh. 34
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha, 1930	1930, Uimh. 29



Uimhir 9 de 1992

AN tACHT AIRGEADAIS, 1992

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO MHUIREARÚ AGUS D'FHORCHUR
DLEACHTANNA ÁIRITHE CUSTAM AGUS IONCAIM
INTÍRE (LENA nÁIRÍTEAR MÁL), DO LEASÚ AN DLÍ
A BHAINNEANN LE CUSTAIM AGUS IONCAM INTÍRE
(LENA nÁIRÍTEAR MÁL) AGUS DO DHÉANAMH
TUILLEADH FORÁLACHA I dTAOBH AIRGEADAIS.

[28 Bealtaine, 1992]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL I

Cáin Ioncaim

1.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 1992-93 agus le blianta measúnachta dá éis sin, leasaítear, leis seo, an tAcht Airgeadais, 1980—

Leasú ar fhorálacha
a bhaineann le
díolúine ó cháin
ioncaim.

(a) in alt 1—

- (i) trí “48 faoin gcéad” a chur in ionad “52 faoin gcéad” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991) i mír (b) d’fho-alt (1), agus
- (ii) trí “£7,000” agus “£3,500”, faoi seach, a chur in ionad “£6,800” agus “£3,400” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991) i bhfo-alt (2) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1989),

agus

(b) in alt 2—

- (i) trí “48 faoin gcéad” a chur in ionad “52 faoin gcéad” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991) i bhfo-alt (3), agus

- (ii) i bhfo-alt (6), (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1989)—
- (I) trí “£8,000” agus “£9,200”, faoi seach, a chur in ionad “£7,800” agus “£9,000” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991), i mír (a), agus
- (II) trí “£4,000” agus “£4,600”, faoi seach, a chur in ionad “£3,900” agus “£4,500” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991), i mír (b)

agus tá an mhír sin (b) d’fho-alt (1), agus an fo-alt sin (2), den alt sin 1 agus na fo-ailt sin (3) agus (6) den alt sin 2, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

- (b) go ndéanfaidh pearsa aonair éileamh chuige sin, go dtabharfaidh sé tuairisceán san fhoirm fhorordaithe ar a ioncam iomlán don bhliain sin agus go gcruthóidh sé nach mó é ná suim is ionann agus dhá oiread an mhéid shonraithe, beidh teideal aige go ndéanfaí an méid cánach ioncaim is infíoctha i leith a ioncaim iomláin don bhliain sin, dá mba mhó an méid sin, mura mbeadh forálacha an fho-ailt seo, ná suim is ionann agus 48 faoin gcéad den mhéid ar mó a ioncam iomlán ná an méid sonraithe, a laghdú go dtí an tsuim sin.
- (2) San alt seo, ciallaíonn “an méid sonraithe”, faoi réir fho-alt (3)—
- (a) i gcás go mbeadh teideal ag an bpearsa aonair, ar leith ón alt seo, chun asbhainte a shonraítear in alt 138 (a) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, £7,000, agus
- (b) in aon chás eile, £3,500.
- (3) I gcás go gcruthóidh pearsa aonair lena mbaineann an t-alt seo nach mó ná suim is ionann agus dhá oiread an mhéid shonraithe a ioncam iomlán do bhliain mheasúnachta lena mbaineann an t-alt seo, beidh teideal aige go ndéanfaí an méid cánach ioncaim is infíoctha i leith a ioncaim iomláin don bhliain sin, dá mba mhó an méid sin, mura mbeadh forálacha an fho-ailt seo, ná suim is ionann agus 48 faoin gcéad den mhéid ar mó a ioncam iomlán ná an méid sonraithe, a laghdú go dtí an tsuim sin.
- (6) San alt seo, ciallaíonn “an méid sonraithe”, faoi réir fho-alt (3) d’alt 1—
- (a) i gcás go mbeadh teideal ag an bpearsa aonair, ar leith ón alt seo, chun asbhainte a shonraítear in alt 138 (a) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, £8,000:
- Ar choinníoll, má bhí an phearsa aonair nó a chéile cúig bliana is seachtó d’aois nó os a chionn tráth ar bith i rith na bliana measúnachta, go gciallaíonn “an méid sonraithe” £9,200, agus
- (b) in aon chás eile, £4,000:
- Ar choinníoll, má bhí an phearsa aonair cúig bliana is seachtó d’aois nó os a chionn tráth ar bith i rith na bliana measúnachta, go gciallaíonn “an méid sonraithe” £4,600.

Athrú ar na rátaí cánach ioncaim.

2.—(1) Maidir leis an mbliain mheasúnachta 1992-93 agus le blianta measúnachta dá éis sin—

(a) leasaítear, leis seo, alt 2 den Acht Airgeadais, 1991, tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad an Tábla a ghabhann leis an alt sin:

“AN TÁBLA

CUID I

An chuid den ioncam inchánach (1)	An ráta cánach (2)	Tuairisc an ráta (3)
An chéad £7,475	27 faoin gcéad	an ráta caighdeánach
An fuilleach	48 faoin gcéad	an t-ardráta

CUID II

An chuid den ioncam inchánach (1)	An ráta cánach (2)	Tuairisc an ráta (3)
An chéad £14,950	27 faoin gcéad	an ráta caighdeánach
An fuilleach	48 faoin gcéad	an t-ardráta

”,

agus

(b) déanfar aon tagairt sna hAchtanna Cánach do na hardrátaí a fhorléiriú mar thagairt don ardráta.

(2) (a) Leasaítear, leis seo, alt 198 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, maidir leis an mbliain mheasúnachta 1992-93 agus le blianta measúnachta dá éis sin, trí “ag alt 2 den Acht Airgeadais, 1991” a chur in ionad “ag alt 8 den Acht Airgeadais, 1980” i bhfo-alt (1)(b), agus trí “le halt 2 den Acht Airgeadais, 1991” a chur in ionad “le halt 8 den Acht Airgeadais, 1980” i bhfo-alt (3).

(b) Déanfar an tagairt d’alt 8 den Acht Airgeadais, 1980, i bhfo-alt (1)(b), agus i bhfo-alt (3), d’alt 198 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, a fhorléiriú, i ngach cás acu, agus measfar gur forléiríodh riamh iad—

(i) maidir leis na blianta measúnachta 1984-85 go 1990-91, mar thagairt d’alt 2 den Acht Airgeadais, 1984, agus

(ii) maidir leis an mbliain mheasúnachta, 1991-92, mar thagairt d’alt 2 den Acht Airgeadais, 1991.

3.—Beidh éifeacht le halt 6 den Acht Airgeadais, 1982, chun méid an ioncaim ar a mbeidh pearsa aonair dá dtagraítear san alt sin le muirearú i leith cánach ioncaim don bhliain 1992-93 a fhionnadh, amhail is dá ndéanfaí, i bhfo-alt (2)—

Leasú ar alt 6 (líuntas speisialta i leith Á.S.P.C. do 1982-83) den Acht Airgeadais, 1982.

(a) “1992-93” a chur in ionad “1982-83”, agus

(b) “£286” a chur in ionad “£312” gach áit a bhfuil sé.

Faoiseamh i leith prímheanna árachais saoil do scor.

4.—Ní bheidh feidhm ná éifeacht leis na forálacha seo a leanas i ndáil leis an mbliain mheasúnachta 1992-93 ná le haon bhliain mheasúnachta dá éis sin, is é sin le rá:

(a) ailt 143, 151 agus 152 den Acht Cánach Ioncaim, 1967,

(b) alt 23 den Acht Airgeadais, 1973, agus an Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, agus

(c) alt 8 (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1991) den Acht Airgeadais, 1989.

Leasú ar alt 432 (éileamh, etc., a dhéanamh, agus achomhairc agus athéisteachtaí) den Acht Cánach Ioncaim, 1967.

5.—Leasaítear, leis seo, alt 432 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, i bhfo-alt (1), trí “faoi réir alt 17 den Acht Airgeadais, 1988, agus” a chur isteach i ndiaidh “ach duine ar bith arb éagóir leis aon chinneadh ar aon éileamh, ábhar nó ceist den sórt sin féadfaidh sé,” agus tá an fo-alt sin (1), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(1) D’ainneoin aon fhoráil eile den Acht seo, déanfar—

- (a) gach éileamh ar dhíolúine nó ar aon liúntas nó asbhaint faoin Acht seo,
- (b) gach éileamh ar aisíoc cánach faoin Acht seo, agus
- (c) (i) gach éileamh ar fhaoiseamh faoin Acht seo i gcás ina bhfuil an faoiseamh tomhaiste san fhoráil ar faoi a thugtar é, agus
- (ii) gach ábhar agus ceist a bhaineann le haon fhaoiseamh atá tomhaiste amhlaidh,

agus nach bhfuil foráil shonrach déanta ina leith, ar shlí seachas leis an alt seo, maidir le ceart achomhairc ó chinneadh,

a shonrú ar cibé slí agus foirm a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim agus a chur go dtí, agus a chinneadh ag, na Coimisinéirí Ioncaim nó cibé oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim (lena n-áirítear cigire) a údaróidh siad chuige sin, ach duine ar bith arb éagóir leis aon chinneadh ar aon éileamh, ábhar nó ceist den sórt sin féadfaidh sé, faoi réir alt 17 den Acht Airgeadais, 1988, agus ar fhógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim nó don oifigeach laistigh de thríocha lá tar éis an cinneadh a chur in iúl don duine éagóraithe, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc.

Leasú ar Chaibidil II (scéimeanna pinsean gairme) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1972.

6.—Leasaítear, leis seo, Caibidil II de Chuid I den Acht Airgeadais, 1972—

- (a) i bhfo-alt (3) d’alt 15, trí “(nó, más bean an fostaí, 55)” a scriosadh i mír (a),
- (b) i bhfo-alt (2) d’alt 21, maidir le haon aisíoc ranníocaí dá dtagraítear san alt sin 21 a dhéanfar an 29ú lá d’Eanáir, 1992, nó dá éis, trí “25 faoin gcéad” a chur in ionad “10 faoin gcéad”:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an mír seo i gcás gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim go ndearna fostaí iarratas ar aisíoc, nó go ndearnadh thar a cheann é, roimh an 29ú lá sin d’Eanáir, 1992,

agus

(c) in alt 22, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás aon mhéid a bheith inmhuirir i leith cánach faoin alt seo, muirearófar cáin ioncaim i leith an mhéid sin ar riarthóir na scéime faoi Chás IV de Sceideal D agus, faoi réir fho-alt (4) d’alt 21 a mbeidh feidhm aige mar atá feidhm aige maidir le cáin is inmhuirir faoin alt sin, is é ráta na cánach 10 faoin gcéad.”,

agus tá an mhír sin (a) d’fho-alt (3) d’alt 15 agus an fo-alt sin (2) (ar leith ón gcoinníoll) d’alt 21, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(a) gurb é atá in aon sochar d’fhostaí pinsean ar scor dó ag aois sonraithe nach luaithe ná 60 agus nach déanaí ná 70, nó ar scor roimhe sin mar gheall ar éagumas, nach mó ná an seascadú cuid de luach saothair deiridh an fhostaí in aghaidh gach bliana seirbhíse suas go dtí uasmhéid 40 bliana.

(2) I gcás aon íocaíocht a bheith inmhuirir i leith cánach faoin alt seo, déanfar cáin ioncaim a mhuirearú ar riarthóir na scéime faoi Chás IV de Sceideal D, agus faoi fho-alt (3), is é ráta na cánach 25 faoin gcéad:

7.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 8 den Acht Airgeadais, 1979, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

Leasú ar alt 8
(buanscéimeanna
sochair shláinte)
den Acht
Airgeadais, 1979.

“(4A) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon oifigeach dá gcuid, lena n-áirítear cigire, a ainmniú chun aon ghníomhartha a dhéanamh agus aon fheidhmeanna a chomhlíonadh a údaraíonn an t-alt seo dóibh a dhéanamh nó a chomhlíonadh.”.

(2) Measfar gur tháinig *fo-alt (1)* i ngníomh an 1ú lá de Mheitheamh, 1979.

8.—Maidir leis an mbliain 1992-93 agus le blianta measúnachta dá éis sin, leasaítear, leis seo, alt 4 den Acht Airgeadais, 1982—

Leasú ar alt 4
(tairbhe úsáide
cairr) den Acht
Airgeadais, 1982.

(a) i mír (a) d’fho-alt (3)—

(i) trí “30 faoin gcéad” a chur in ionad “20 faoin gcéad”,

(ii) trí “4 1/2 faoin gcéad” a chur in ionad “3 faoin gcéad” i bhfomhír (i),

(iii) trí “3 faoin gcéad” a chur in ionad “2 faoin gcéad” i bhfomhír (ii) agus i bhfomhír (iii), agus

(iv) trí “1 faoin gcéad” a chur in ionad “1/2 faoin gcéad” i bhfomhír (iv),

agus

(b) i bhfo-alt (4)—

(i) trí “15,000” a chur in ionad “10,000” i mír (a), agus

(ii) (I) maidir leis an mbliain 1992-93, tríd an Tábla atá leagtha amach i *gCuid I* den *Chéad Sceideal*,

- (II)

maidir leis an mbliain 1993-94, tríd an Tábla atá leagtha amach i *gCuid II* den *Chéad Sceideal*,
- (III)

maidir leis an mbliain 1994-95, tríd an Tábla atá leagtha amach i *gCuid III* den *Chéad Sceideal*,
- (IV)

maidir leis an mbliain 1995-96, tríd an Tábla atá leagtha amach i *gCuid IV* den *Chéad Sceideal*, agus
- (V)

maidir leis an mbliain 1996-97 agus le blianta measúnachta dá éis sin, tríd an Tábla atá leagtha amach i *gCuid V* den *Chéad Sceideal*,
- a chur in ionad an Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt sin,

agus tá na míreanna sin (a) de na fo-ailt sin (3) agus (4), arna leasú amhlaidh, leagtha amach, faoi seach, sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

- (a)

Is í coibhéis airgid thairbhe cairr do bhliain mheasúnachta 30 faoin gcéad de mhargadhluach bunaidh an chairr, ach laghdófar í—

(i)

i gcás nach é an fostóir a íocann go díreach nó go neamhdhíreach aon chuid de chostas an bhreosla a úsáidtear an bhliain sin le linn don fhostaí a bheith ag úsáid an chairr go príobháideach, 4 1/2 faoin gcéad de mhargadhluach bunaidh an chairr,

(ii)

i gcás nach é an fostóir a íocann go díreach nó go neamhdhíreach aon chuid de chostas an árachais ar an gcarr an bhliain sin, 3 faoin gcéad de mhargadhluach bunaidh an chairr,

(iii)

i gcás nach é an fostóir a íocann go díreach nó go neamhdhíreach aon chuid de chostas deisithe agus seirbhísithe an chairr an bhliain sin, 3 faoin gcéad de mhargadhluach bunaidh an chairr, agus

(iv)

i gcás nach é an fostóir a íocann go díreach nó go neamhdhíreach aon chuid den dleacht mháil an bhliain sin ar an gceadúnas faoi alt 1 den Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952, i ndáil leis an gcarr, 1 faoin gcéad de mhargadhluach bunaidh an chairr.
- (b)

Más rud é, i ndáil le duine, gur mó ná 15,000 an míleáiste gnó do bhliain mheasúnachta, is é a bheidh i gcoibhéis airgid thairbhe an chairr don bhliain sin, mar mhalairt ar an méid a bheidh fionnta faoi fho-alt (3), an céatadán den mhéid sin is infheidhme maidir leis an míleáiste gnó sin faoin Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

Leasú ar alt 8 (srian le faoiseamh i leith ús a íocadh ar iasachtaí áirithe de réir ráta laghdaithe) den Acht Airgeadais, 1982.

9.—Leasaítear, leis seo, alt 8 den Acht Airgeadais, 1982, maidir leis an mbliain 1992-93 agus le blianta measúnachta dá éis sin,

(a)

trí “11 faoin gcéad” a chur in ionad “10 faoin gcéad” sa dá áit a bhfuil sé, agus

(b)

trí “15 faoin gcéad” a chur in ionad “12 faoin gcéad”,

sa mhíniú ar “an ráta sonraithe” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1989) i bhfo-alt (1), agus tá an míniú sin, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

ciallaíonn “an ráta sonraithe”, i ndáil le hiasacht tosaíochta—

- (i) i gcás—

(I) ina mbeidh an t-ús a íoctar ar an iasacht tosaíochta, cáilithe le haghaidh faoisimh faoi alt 76 (1) (c) nó 496 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, nó faoi mhír 1 (2) de Chuid III de Sceideal 6 a ghabhann leis an Acht sin, nó

(II) mura n-íoctar ús ar bith ar an iasacht tosaíochta, go mbeadh an t-ús a d’íocfaí ar an iasacht sin (dá mba iníoctha ús) cáilithe amhlaidh,

an ráta 11 faoin gcéad sa bhliain nó cibé ráta eile (más ann) a bheidh forordaithe ag an Aire Airgeadais le rialacháin, nó
- (ii) i gcás—

(I) ina dtugann fostóir an iasacht tosaíochta d’fhostaí,

(II) inar cuid de thrádáil an fhostóra iasachtaí a thabhairt, chun teach cónaithe a cheannach lena áitiú ag an iasachtaí mar áit chónaithe, ar feadh téarma ainmnithe blianta de réir ráta úis nach n-athraíonn feadh ré na hiasachta, agus

(III) inar ráta is lú ná 11 faoin gcéad sa bhliain nó cibé ráta eile (más ann) a bheidh forordaithe ag an Aire Airgeadais le rialacháin, an ráta úis ar a dtugann nó ar ar thug an fostóir, i gcúrsa a chuid trádála an tráth a dtugtar nó ar tugadh an iasacht tosaíochta, iasachtaí ar neamhthuilleamaí do dhaoine, seachas fostaithe, chun teach cónaithe a cheannach lena áitiú ag an iasachtaí mar áit chónaithe,

an chéad ráta a luaitear i bhfomhír (III), nó
- (iii) in aon chás eile, an ráta 15 faoina gcéad sa bhliain nó cibé ráta eile (más ann) a bheidh forordaithe ag an Aire Airgeadais le rialacháin.

10.—Leasaítear, leis seo, alt 13 (1) den Acht Airgeadais, 1987, maidir le híocaíochtaí iomchuí arna ndéanamh an 6ú lá de Mheitheamh, 1992, nó dá éis, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “íocaíocht iomchuí” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1988):

Leasú ar alt 13 (léiriú (Caibidil III)) den Acht Airgeadais, 1987.

“ciallaíonn ‘íocaíocht iomchuí’ íocaíocht arna déanamh—

- (a) ag duine cuntasach i leith seirbhísí gairmiúla, bíodh nó ná bíodh na seirbhísí sin á dtabhairt don duine cuntasach a dhéanann an íocaíocht, nó

(b) ag árachóir údaraithe le liachleachtóir de réir fhorálacha alt 14A (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1988) nó ar shlí eile, d’urscaoileadh éilimh i leith caiteachas liachta iomchuí faoi chonradh árachais,

ach ní áirítear ann—

- (i) díolaíochtaí a thagann faoi réim Chaibidil IV de Chuid V den Acht Cánach Ioncaim, 1967, lena mbaineann an Chaibidil sin, ná

(ii) íocaíochtaí faoi chonradh foirgníochta de réir bhrí alt 17 den Acht Airgeadais, 1970, agus íocaíochtaí faoi

chonradh iomchuí de réir bhrí an ailt sin 17 (arna leasú leis an *Acht Airgeadais, 1992*), ónar asbhaineadh cáin de réir fhorálacha fho-alt (2) den alt sin, nó óna n-asbhainfí amhlaidh í mura mbeadh forálacha fho-alt (8) den alt sin;”.

Leasú ar alt 14 (daoine cuntasacha) den Acht Airgeadais, 1987. **11.**—(1) Leasaítear, leis seo, alt 14 den Acht Airgeadais, 1987, trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Sa Chaibidil seo, ciallaíonn ‘duine cuntasach’ duine a shonraítear sa *Dara Sceideal* a ghabhann leis an *Acht Airgeadais, 1992*.

(1A) I gcás gur comhlacht corpraithe aon duine de na daoine a shonraítear sa *Dara Sceideal* a ghabhann leis an *Acht Airgeadais, 1992*, measfar go bhfoláíonn ‘duine cuntasach’ aon fhochuideachta don chomhlacht corpraithe sin i gcás cónaí a bheith ar an bhfochuideachta sin sa Stát agus, chun críocha an fho-ailt seo, beidh le ‘fochuideachta’ an bhrí a shanntar dó le halt 155 d’Acht na gCuideachtaí, 1963.

(2) Chun críocha na Caibidle seo, féadfaidh an tAire Airgeadais, le Rialacháin, an bhrí atá le duine cuntasach a leathnú nó a shrianadh trí dhuine amháin nó níos mó a chur leis, nó, de réir mar a bheidh, a scriosadh as, an liosta daoine, a shonraítear sa *Dara Sceideal* a ghabhann leis an *Acht Airgeadais, 1992*.”.

(2) Beidh feidhm agus éifeacht leis an alt seo ón 6ú lá de Mheitheamh, 1992.

Forálacha a bhaineann le scéimeanna scair-rogha ceadaithe do scor. **12.**—Ní bheidh feidhm ná éifeacht le halt 10 den Acht Airgeadais, 1986, ná leis an *Dara Sceideal* a ghabhann leis an Acht sin, maidir le ceart (de réir bhrí an ailt sin) arna fháil an 29ú lá d’Eanáir, 1992, nó dá éis, chun scaireanna a fháil i gcomhlacht corpraithe.

Alt 14 (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le díbhinní áirithe) den Acht Airgeadais, 1986 do scor. **13.**—Ní bheidh feidhm ná éifeacht le halt 14 den Acht Airgeadais, 1986, i ndáil le haon díbhinn cháilitheach (de réir bhrí an ailt sin) arna híoc an 29ú lá d’Eanáir, 1992, nó dá éis.

Faoiseamh do phearsana aonair i leith iasachtaí a caitheadh ag fáil leasa i gcuideachtaí. **14.**—(1) San alt seo— ciallaíonn “iasacht” iasacht arna caitheamh chun aon cheann de na críocha a shonraítear sa phríomh-alt;

ciallaíonn “cuideachta luaite” cuideachta—

(a) a bhfuil a cuid scaireanna, nó aon aicme dá cuid scaireanna, liostaithe i liosta oifigiúil Stocmhalartán na hÉireann nó aon stocmhalartán eile, nó

(b) a ndéileáiltear ina cuid scaireanna, nó in aon aicme dá cuid scaireanna, ar mhargadh mionchuideachtaí, ar mhargadh urrús neamhliostaithe nó ar mhargadh urrús taiscéalaíochta Stocmhalartán na hÉireann nó ar aon mhargadh dá shamhail nó aon mhargadh comhréire d’aon stocmhalartán eile;

ciallaíonn “an príomh-alt” alt 34 den Acht Airgeadais, 1974, arna leasú le halt 8 den Acht Airgeadais, 1978;

ciallaíonn “an dáta sonraithe”, i ndáil le hiasacht—

- (a) (i) i gcás inar caitheadh an iasacht ar an 5ú lá d’Aibreán, 1989, nó roimhe, an 6ú lá d’Aibreán, 1992,
 - (ii) i gcás inar caitheadh an iasacht ar an 6ú lá d’Aibreán, 1989, nó dá éis, ach sin ar an 5ú lá d’Aibreán, 1990, nó roimhe, an 6ú lá d’Aibreán, 1993, agus
 - (iii) i gcás inar caitheadh an iasacht ar an 6ú lá d’Aibreán, 1990, nó dá éis, an 6ú lá d’Aibreán, 1994,
- nó

- (b) más déanaí ná sin é, an 6ú lá d’Aibreán dhá bhliain mheasúnachta i ndiaidh na bliana measúnachta ina dtagann an chuideachta, a bhfuarthas cuid dá gnáth-scairchaipiteal nó, de réir mar a bheidh, dar tugadh an t-airgead ar iasacht, chun bheith ina cuideachta luaite.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, maidir leis an mbliain mheasúnachta 1992-93 agus le blianta measúnachta dá éis sin, déanfar teideal chun faoisimh faoin bpríomh-alt i leith úis a íocadh ar iasacht a chinneadh, más cuideachta luaite, ar an dáta sonraithe i ndáil leis an iasacht, an chuideachta a bhfuarthas cuid dá gnáth-scairchaipiteal nó, de réir mar a bheidh, dar tugadh an t-airgead ar iasacht, faoi réir na bhforálacha seo a leanas, is é sin le rá—

- (a) maidir leis an mbliain mheasúnachta dar tosach an dáta sonraithe sin, ní thabharfar faoiseamh i leith na breise atá ag méid, nó ag méid comhiomlán, an úis thar 70 faoin gcéad de mhéid, nó de mhéid comhiomlán, an úis a ndéanfaí, ar leith ón mír seo, faoiseamh a thabhairt ina leith thairis sin faoin bpríomh-alt,
- (b) maidir leis an mbliain mheasúnachta díreach ina dhiaidh sin, ní thabharfar faoiseamh i leith na breise atá ag méid, nó ag méid comhiomlán, an úis thar 40 faoin gcéad de mhéid, nó de mhéid comhiomlán, an úis a ndéanfaí, ar leith ón mír seo, faoiseamh a thabhairt ina leith thairis sin faoin bpríomh-alt, agus
- (c) maidir le haon bhliain mheasúnachta ina dhiaidh sin, ní thabharfar aon fhaoiseamh faoin bpríomh-alt.

(3) D’ainneoin aon ní i *bhfo-alt (2)* nó sa phríomh-alt, ní bheidh feidhm ná éifeacht leis an bpríomh-alt i ndáil le haon íocaíocht úis ar iasacht a chaithfear an 29ú lá d’Eanáir, 1992, nó dá éis, más cuideachta luaite, an tráth a chaithfear an iasacht, an chuideachta a bhfuarthas nó a bhfaightear cuid dá gnáth-scairchaipiteal nó, de réir mar a bheidh, dar tugadh nó dá dtugtar an t-airgead ar iasacht.

(4) Leasaítear, leis seo, an príomh-alt tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh *fho-alt (2)*:

“(3) Ní thabharfar faoiseamh i leith aon íocaíochta úis a dhéanfaidh pearsa aonair ar iasacht a chaithfear an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, chun aon chríche a shonraítear i bhfo-alt (1) mura gcaithfear an iasacht chun críocha tráchtála *bona fide* agus ní mar chuid de scéim nó de shocrú arb é an

príomhchuspóir, nó ar ceann de na príomhchuspóirí, atá léi nó leis cáin a sheachaint.”.

Mar a dhéileálfar, chun críocha cánach, le sochair áirithe is infíochta faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

15.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na sochair seo a leanas faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981, agus faoi gach achtachán atá le forléiriú le chéile mar aon ní amháin leis an Acht sin, is é sin le rá—

- (a) sochar míchumais,
- (b) sochar dífhostaíochta,
- (c) sochar díobhála a chuimsítear i sochar díobhálacha ceirde, agus
- (d) sochar pá-choibhneasa.

(2) Measfar, maidir leis na méideanna go léir a bheidh le híoc ar scór na sochar lena mbaineann an t-alt seo—

- (a) gur brabúis nó gnóchain iad a eascraíonn nó a fhabhraíonn as fostaíocht agus, dá réir sin—
 - (i) muirearófar cáin faoi Sceideal E ar gach duine, arb infíochta aon sochar den sórt sin leis, i leith na méideanna go léir a bheidh le híoc ar scór na sochar sin, agus
 - (ii) déanfar an cháin is inmhuirearaithe amhlaidh a ríomh faoi alt 110(1) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991) den Acht Cánach Ioncaim, 1967,
 agus

- (b) gur díolaíochtaí iad a ndéantar le halt 125 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, forálacha Chaibidil IV de Chuid V den Acht sin a chur i bhfeidhm maidir leo.

(3) (a) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire Airgeadais, i gcoitinne nó faoi threoir aon sochair áirithe nó aon earnála áirithe duine atá ag fáil aon sochar áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú le haghaidh sochar éagsúil nó le haghaidh aicmí éagsúla daoine atá ag fáil sochar.

- (b) I gcás go mbeartófar ordú a dhéanamh faoin bhfo-alt seo, leagfar dréacht de faoi bhráid Dháil Éireann, agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag Dáil Éireann.

(4) (a) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, d’fhonn socrú a dhéanamh maidir le bailiú agus gnóthú éifeachtach aon chánach a bheidh dlite i leith sochar lena mbaineann an t-alt seo, rialacháin a dhéanamh ag modhnú na Rialachán Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí), 1960 (I.R. Uimh. 28 de 1960), ina bhfeidhm maidir leis na sochair sin, leis na fostaithe atá ag fáil na sochar sin, leis na liúntais saor ó cháin is cuí maidir leis na fostaithe sin, le fostóirí na bhfostaithe sin nó leis na deimhnithe liúntas saor ó cháin nó na cártaí asbhainte cánach a shealbhaíonn fostóirí na bhfostaithe sin i leith na bhfostaithe sin.

- (b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfaidh foráil a bheith i rialacháin faoin mír sin go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim na liúntais saor ó cháin is cuí maidir leis na fostaithe sin a ath-leithroinnt (gan fógraí leasaithe i dtaobh cinneadh liúntas saor ó cháin, deimhnithe liúntas saor ó cháin leasaithe nó cártaí asbhainte cánach leasaithe a eisiúint) idir na sochair sin agus díolaíochtaí eile is infhaighte acu.
- (c) Déanfar gach rialachán a dhéanfar faoin bhfo-alt seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

CAIBIDIL II

Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

- 16.**—Leasaítear, leis seo, alt 36 den Acht Airgeadais, 1977, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii) de mhír (a):
- “(ii) do leanbh—
- (I) atá uchtaithe faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991, nó
 - (II) is ábhar d’uchtáil choigríche (is uchtáil choigríche de réir bhrí alt 1 den Acht Uchtála, 1991) a mheastar a bheith déanta le hordú uchtála bailí a rinneadh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991,”.

Leasú ar alt 36 (forléiriú ar thagairtí do leanbh, do mhac agus d’iníon sna hAchtanna Cánach agus san Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975) den Acht Airgeadais, 1977.

- 17.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, leasaítear, leis seo, Caibidil IX de Chuid I den Acht Airgeadais, 1982, agus an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, maidir leis an mbliain mheasúnachta 1992-93 agus le blianta measúnachta dá éis sin, trí “£2,000” a chur in ionad “£5,000” i bhfo-ailt (1) agus (2) d’alt 56 agus i mír 1 (4) den Tríú Sceideal, agus tá na fo-ailt sin (1) agus (2) agus an mhír sin 1 (4), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis alt seo.

Leasú ar Chaibidil IX (scéimeanna brabús-roinnte) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1982, agus ar an Tríú Sceideal (scéimeanna brabús-roinnte) a ghabhann leis an Acht sin.

- (2) (a) Más rud é, i gcás pearsan aonair, gur lú ná £2,000 iomlán mhargadhluachanna tosaigh aon scaireanna a bheidh leithreasaithe chuige sa bhliain mheasúnachta 1991-92 (cibé acu faoi scéim cheadaithe amháin nó faoi dhá scéim nó níos mó den sórt sin), ansin, faoi réir *mhír (b)*, beidh feidhm agus éifeacht le *fo-alt (1)* don bhliain mheasúnachta 1992-93 ionann is dá ndéanfaí “méid is ionann agus suim £2,000 agus an méid ar mó £2,000 ná iomlán mhargadhluachanna tosaigh aon scaireanna a bheidh leithreasaithe chuige (cibé acu faoi scéim cheadaithe amháin nó faoi dhá scéim nó níos mó den sórt sin) sa bhliain mheasúnachta 1991-92” a chur in ionad “£2,000”.
- (b) Más rud é, i gcás pearsan aonair, go mbeidh éifeacht le *mír (a)* don bhliain 1992-93—

- (i)

measfar, chun críocha uile Chaibidil IX de Chuid I den Acht Airgeadais, 1982, agus an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, go ndearnadh na scaireanna arb ionannas dóibh an bhreis a leithreasú chuig an bpearsa aonair ar an 5ú lá d’Aibreán, 1992, agus
- (ii)

má leithreasaíodh scaireanna chuig an bpearsa aonair ag tráthanna éagsúla i rith na bliana, áireofar gurb ionannas don bhreis na scaireanna sin is túisce a eisíodh seachas na scaireanna sin is déanaí a eisíodh.
- (c)

San fho-alt seo—

tá le “scéim cheadaithe”, “margadhluach tosaigh” agus “scaireanna” na bríonna céanna atá leo i gCaibidil IX de Chuid I den Acht Airgeadais, 1982, nó sa Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, nó iontu sin araon;

ciallaíonn “breis” an méid dá dtagraítear i *mír (a)*, arb é an méid é ar mó £2,000 ná iomlán mhargadhluachanna tosaigh aon scaireanna a bheidh leithreasaithe chuig pearsa aonair (cibé acu faoi scéim cheadaithe amháin nó faoi dhá scéim nó níos mó den sórt sin) sa bhliain mheasúnachta 1991-92;

ciallaíonn “pearsa aonair” rannpháirtí i scéim cheadaithe.

AN TÁBLA

- (1)

Más mó ná £2,000 iomlán mhargadhluachanna tosaigh na scaireanna go léir a bheidh leithreasaithe chuig pearsa aonair aon bhliain mheasúnachta áirithe (cibé acu faoi scéim cheadaithe amháin nó faoi dhá scéim nó níos mó den sórt sin), beidh feidhm ag fo-ailt (4) go (7) maidir leis na scaireanna breise, is é sin le rá, aon scair ba chúis leis an teorainn sin a shárú agus aon scair a leithreasaíodh tar éis an teorainn sin a shárú.
- (2)

Chun críocha fho-alt (1), má dhéantar uimhir scaireanna a leithreasú chuig pearsa aonair an tráth céanna faoi dhá scéim cheadaithe nó níos mó, áireofar an chomhréir chéanna de na scaireanna a leithreasófar an tráth sin faoi gach scéim mar chomhréir a bheidh leithreasaithe sula mbeidh an teorainn £2,000 sáraithe.
- (4)

Ní mór don scéim a fhoráil nach mbeidh iomlán mhargadhluachanna tosaigh na scaireanna a leithreasófar i mbliain mheasúnachta chuig aon rannpháirtí amháin níos mó ná £2,000.

Cánachas ar chomaoin i leith cúnant sriantach áirithe, etc.

18.—(1)

Leasaítear, leis seo, Caibidil I de Chuid XXXVI den Acht Cánach Ioncaim, 1967, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 525:

“525.—(1) I gcás—

- (a)

ina dtabharfaidh pearsa aonair atá, a bhí nó atá ar tí dul i seilbh oifige nó fostaíochta, gealltanais (cibé acu gealltanais iomlán nó gealltanais coinníollach é agus cibé acu bailí nó nach bailí dó de réir dlí) i ndáil lena sealbhú aige, arb é a bhrí nó a éifeacht srian a chur leis an bpearsa sin maidir lena iompar nó lena ghníomhaíochtaí; agus
- (b)

go mbeifear tar éis suim ar bith a íoc leis féin nó le haon duine eile i leith é do thabhairt an ghealltanais

sin nó dá chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach; agus

- (c) nach ndlífí, mura mbeadh an t-alt seo, an tsuim a íocadh a áireamh mar bhrabúis nó gnóchain ón oifig nó ón bhfostaíocht,

measfar, maidir leis an tsuim sin—

- (i) gur brabúis nó gnóchain í a d'eascair nó a d'fhabhraigh as an oifig nó as an bhfostaíocht agus, dá réir sin—

- (I) i gcás go bhfuil nó go mbeadh na brabúis nó na gnóchain ón oifig nó ón bhfostaíocht inmhuirearaithe i leith cánach faoi Sceideal E—

- (A) muirearófar cáin faoi Sceideal E ar an tsuim, agus

- (B) déanfar an cháin is inmhuirearaithe amhlaidh a ríomh faoi alt 110(1) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991), nó

- (II) i gcás go bhfuil nó go mbeadh na brabúis nó na gnóchain ón oifig nó ón bhfostaíocht inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás III de Sceideal D, muirearófar cáin faoin gCás sin III ar an tsuim,

agus

- (ii) i gcás a thagann faoi réim mhír (i)(I), gur díolaíochtaí í a ndéantar forálacha Chaibidil IV de Chuid V a chur i bhfeidhm le halt 125 den Chaibidil sin maidir léi,

don bhliain mheasúnachta ina n-íoctar í:

Ar choinníoll, i gcás an phearsa aonair d'fháil bháis sular íocadh an tsuim sin, go mbeidh éifeacht ag an bhfo-alt seo amhail is dá mba rud é gur íocadh an tsuim sin díreach roimh a bhás.

(2) I gcás comaoin luachmhar a thabhairt, ar shlí seachas in airgead, i leith aon ghealltanais a thabhairt nó a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach, beidh feidhm ag na forálacha roimhe seo den alt seo ionann agus dá n-íocfaí ina ionad sin suim ar cóimhéid le luach na comaoine sin.

(3) D'ainneoin fhorálacha alt 61, i gcás aon suim a d'íoc duine, nó comaoin luachmhar a thug duine, a sheolann trádáil nó gairm, a bheith inmhuirearaithe i leith cánach de réir fhorálacha fho-alt (1), féadfar an tsuim a íocadh nó luach na comaoine a tugadh, de réir mar a bheidh, a asbhaint mar chaiteachas le linn na brabúis nó na gnóchain ó thrádáil nó gairm an duine sin, de réir mar a bheidh—

- (a) i gcás duine ar arb inmhuirearaithe cáin ioncaim, don bhonntréimhse, nó

- (b) i gcás duine ar arb inmhuirearaithe cáin chorparáide, don tréimhse chuntasaíochta,

ina n-íoctar an tsuim sin nó ina dtugtar an chomaoín luachmhar sin, a bheith á ríomh chun críocha Sceideal D.

(4) I gcás aon suim a d'íoc, nó comaoín luachmhar a thug, cuideachta infheistíochta (de réir bhrí alt 15 den Acht Cánach Corparáide, 1976) nó cuideachta lena mbaineann an t-alt sin 15 de bhua alt 33 den Acht sin, a bheith inmhuirearaithe i leith cánach de réir fhorálacha fho-alt (1), déanfar, chun críocha an ailt sin 15, an tsuim a íocadh nó luach na comaoíne a tugadh, de réir mar a bheidh, a áireamh mar chaiteachas bainistíochta don tréimhse chuntasaíochta ina n-íoctar an tsuim nó ina dtugtar an chomaoín luachmhar.

(5) (a) San alt seo, ciallaíonn ‘oifig nó fostaíocht’ aon oifig nó fostaíocht ar bith de chineál a bhfuil nó a mbeadh na díolaíochtaí uaithi, más ann, inmhuirearaithe i leith cánach ioncaim faoi Sceideal E, nó faoi Chás III de Sceideal D, d’aon bhliain mheasúnachta.

(b) San alt seo, ní fholóidh tagairtí do chomaoín luachmhar a thabhairt tagairtí do ní is glacadh oibleagáide chun maoin luachmhar, cearta nó buntáistí a aistriú nó a sholáthar agus an ní sin amháin, ach folóidh siad tagairtí d’aon ní a dhéanamh ag comhlíonadh, nó i ndáil le comhlíonadh, oibleagáide den sórt sin.”.

(2) Leasaítear, leis seo, alt 115 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) i bhfo-alt (1):

“(b) aon suim is inmhuirir i leith cánach faoi alt 525;”.

(3) Beidh feidhm agus éifeacht leis an alt seo i ndáil le haon suim a íocadh nó comaoín a tugadh an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, i leith aon ghealltanais a thabhairt, nó a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach, cibé acu a tugadh é roimh an dáta sin nó air nó dá éis.

Mar a dhéileálfar le ríchíosanna paitinne agus le dáiltí gaolmhara.

19.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 34 den Acht Airgeadais, 1973, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) D’ainneoin fhorálacha fho-alt (2), ní bheidh pearsa aonair i dteideal go ndéanfar neamhshuim, chun aon chríche de chuid na nAchtanna Cánach Ioncaim, d’aon mhéid ioncaim a eascraíonn chuige as paitinn cháilitheach a mhéid—

(a) gur mó é ná dhá thrían den mhéid a eascraíonn chuige sa tréimhse dar tosach an 24ú lá d’Aibreán, 1992, agus dar críoch an 5ú lá d’Aibreán, 1993,

(b) gur mó é ná aon trian den mhéid a eascraíonn chuige sa bhliain mheasúnachta 1993-94, nó

(c) a eascraíonn sé chuige sa bhliain mheasúnachta 1994-95 nó in aon bhliain mheasúnachta dá éis sin:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ná éifeacht leis an bhfo-alt seo i ndáil le hioncam as paitinn cháilitheach arna fháil ag pearsa aonair a rinne, ina aonar nó i gcomhpháirt le duine eile, an taighde, an phleanáil, an phróiseáil, an turgnamh, an tástáil, an seiftiú, an dearadh, an fhorbairt nó aon

ghníomhaíocht eile den sórt sin ba réamhshaothar i leith an aireagáin is ábhar don phaitinn cháilitheach.”.

(2) Maidir le dáiltí a gheobhaidh duine an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, leasaítear, leis seo, alt 170 den Acht Cánach Corparáide, 1976—

- (a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “ioncam neamháirithe” i bhfo-alt (1):

“tá le ‘scaireanna cáilithe’ an bhrí chéanna atá leis i mír (a) d’fho-alt (1A) d’alt 14 den Acht Airgeadais, 1986;”,

- (b) trí “agus ar dáileadh i leith scaireanna cáilithe an dáileadh” a chur isteach i ndiaidh “an dáilte sin” i bhfomhír (ii) de mhír (a) d’fho-alt (3), agus

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Faoi réir mhír (b), i gcás go bhfaighidh duine aon dáiltí an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, ní bheidh feidhm ag fomhír (i) de mhír (a) d’fho-alt (3) maidir leis an dáiltí sin:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an mír seo—

- (i) maidir le dhá thrían de mhéid iomlán na ndáiltí, ar dáiltí iad (dá ngairtear ‘dáiltí iomchuí’ ina dhiaidh seo sa mhír seo) a mbeadh feidhm ag fomhír (i) de mhír (a) d’fho-alt (3) maidir leo ar leith ó na forálacha roimhe seo den mhír seo, a gheobhaidh an duine sa tréimhse dar tosach an 24ú lá d’Aibreán, 1992, agus dar críoch an 5ú lá d’Aibreán, 1993, nó

- (ii) maidir le haon trian de mhéid iomlán na ndáiltí iomchuí a gheobhaidh an duine sa bhliain mheasúnachta 1993-94.

- (b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) maidir le haon dáileadh a gheobhaidh duine, ar dáileadh é—

- (i) i leith scaireanna cáilithe, nó

- (ii) a dhéanfar as ioncam neamháirithe, ar ioncam é (dá ngairtear ‘ioncam iomchuí’, i ndáil le duine, ina dhiaidh seo san fho-alt seo) is inchurtha i leith paitinne cáilithe a ndearna sé, ina aonar nó i gcomhpháirt le duine eile, an taighde, an phleanáil, an phróiseáil, an turgnamh, an tástáil, an seiftiú, an dearadh, an fhorbairt nó aon ghníomhaíocht eile den sórt sin, i ndáil léi, ba réamhshaothar i leith an aireagáin is ábhar don phaitinn cháilitheach.

- (c) Chun críocha mhír (b), i gcás go ndéanfaidh cuideachta dáileadh do thréimhse chuntasaíochta chuig duine go páirteach as

ioncam iomchuí, i ndáil leis an duine, agus go páirteach as ioncam neamháirithe eile, déileálfar leis an dáileadh ionann is dá mba éard é dhá dháileadh a rinneadh, faoi seach, as ioncam iomchuí agus as ioncam neamháirithe eile.”.

Leasú ar alt 28
(feirmeoireacht:
foráil a bhaineann
le faoiseamh maidir
le méadú ar
luachanna stoic)
den Acht
Airgeadais, 1980.

20.—Maidir le diúscairtí a dhéanfar an 6ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, leasaítear, leis seo, alt 28 den Acht Airgeadais, 1980, i mír (b) d’fho-alt (3)—

- (a) tríd an gclásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (II) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991) i bhfomhír (ii):

“(II) luach an stoic trádála sin i dtosach na chéad tréimhse cuntasaíochta ina dhiaidh sin, nó, i gcás go roghnaíonn an feirmeoir amhlaidh, i dtosach na chéad agus an dara tréimhse cuntasaíochta ina dhiaidh sin nó i dtosach na chéad agus an dara agus an tríú tréimhse cuntasaíochta ina dhiaidh sin,”,

agus

- (b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (A) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1990) den choinníoll:

“(A) nach lamhálfar aon asbhaint de bhua alt 12 den Acht Airgeadais, 1976, d’aon tréimhse chuntasaíochta nó tréimhsí cuntasaíochta a bhfuil roghnú déanta ag feirmeoir ina leith faoi fhorálacha an fho-ailt seo,”.

Liúntais chaipitiúla
maidir le feithiclí
agus asbhaint i leith
feithiclí.

21.—(1) (a) Beidh éifeacht le hait 25 go 29 den Acht Airgeadais, 1973, i ndáil le caiteachas a tabhaíodh ag soláthar nó ag fruiliú feithicle lena mbaineann na hait sin, ionann is dá gcuirfí “£10,000” in ionad “£2,500” gach áit a bhfuil sé sna hait sin.

- (b) Ní fholáíonn an tagairt i mír (a) do chaiteachas a tabhaíodh ag soláthar nó ag fruiliú feithicle—

- (i) maidir leis na hait sin 25 go 27, tagairt do chaiteachas a tabhaíodh roimh an 30ú lá d’Eanáir, 1992, nó a thabhaítear laistigh de 12 mhí i ndiaidh an lae sin faoi chonradh a rinneadh roimh an lá sin, agus

- (ii) maidir le fo-ailt (2) agus (3) den alt sin 28 agus leis an alt sin 29, tagairt do chaiteachas faoi chonradh a rinneadh roimh an 30ú lá sin d’Eanáir, 1992.

(2) Beidh éifeacht le halt 32 den Acht Airgeadais, 1976, i ndáil le caiteachas cáilitheach (de réir bhrí an ailt sin) a thabhófar tar éis an 29ú lá d’Eanáir, 1992, ionann is dá gcuirfí “£10,000” in ionad “£3,500” gach áit a bhfuil sé.

22.—(1) Leasaítear, leis seo, Caibidil IV de Chuid I den Acht Airgeadais, 1986—

Leasú ar Chaibidil IV (íocaíochtaí úis ag glacadóirí taisce áirithe) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1986.

(a) i bhfo-alt (1) d’alt 31—

- (i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “cáin chuí”:

“ciallaíonn ‘cáin chuí’, i ndáil le híocaíocht úis iomchuí, suim in ionannas do cháin ioncaim ar mhéid na híocaíochta sin—

(a) i gcás taisce iomchuí nó taiscí iomchuí a shealbhaítear i gcuntas coigiltis speisialta, de réir ráta 10 faoin gcéad, agus

(b) i gcás aon taisce iomchuí eile, de réir an ráta chaighdeánaigh a bheidh i bhfeidhm tráth na híocaíochta;”,

- (ii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “ús”:

“ciallaíonn ‘dáta feidhme’ an dáta a thiocfaidh ailt 37A agus 37B (arna gcur isteach leis an *Acht Airgeadais, 1992*) i ngníomh de bhua ordú arna dhéanamh ag an Aire Airgeadais, faoi alt 22 den Acht sin;

ciallaíonn ‘scéim pinsean’ scéim cheadaithe dhíolmhaithe de réir bhrí alt 16 den Acht Airgeadais, 1972, nó conradh blianachta scoir nó scéim iontaobhais lena mbaineann alt 235 nó alt 235A (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1974) den Acht Cánach Ioncaim, 1967;”,

- (iii) sa mhíniú ar “taisce iomchuí”—

- (I) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii) i mír (a):

“(iii) Icarom c.p.t.”,

agus

- (II) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(ee) (i) a dhéanfar an dáta feidhme nó dá éis ag cuideachta, agus a mbeidh an t-ús uirthi ar úinéireacht thairbhiúil ag cuideachta, atá laistigh de réim cánach corparáide nó a dhéanfar an dáta feidhme nó dá éis ag scéim pinsean, agus

(ii) a mbeidh dearbhú den chineál a luaitear in alt 37B (arna chur isteach leis an *Acht Airgeadais, 1992*) déanta ina leith chuig an nglacadóir taisce iomchuí;”, agus

- (iv) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “tuairisceán”:

“ciallaíonn ‘cuntas coigiltis speisialta’ cuntas arna oscailt an dáta feidhme nó dá éis agus ina sealbhaítear taisce iomchuí nó taiscí iomchuí a rinne pearsa aonair agus—

- (a) a mbeidh na coinníollacha i bhfo-alt (1) d’alt 37A (arna chur isteach leis an *Acht Airgeadais, 1992*) comhlíonta ina leith, agus

- (b) a mbeidh dearbhú den chineál a luaitear i bhfo-alt (2) den alt sin déanta ina leith chuig an nglacadóir taisce iomchuí.”

- (b) i bhfo-alt (1) d’alt 35—

- (i) trí “, faoi réir mhír (d),” a scriosadh i mír (c), agus

- (ii) trí mhíreanna (d) agus (e) a scriosadh,

agus tá an mhír sin (c), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo, agus

- (c) trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 37:

“Coinníollacha agus dearbhuithe i ndáil le cuntais choigiltis speisialta.

“37A.—(1) Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar ‘cuntas coigiltis speisialta’ (arna chur isteach leis an *Acht Airgeadais, 1992*) in alt 31 (1)—

- (a) ainmneoidh an glacadóir taisce iomchuí an cuntas mar chuntas coigiltis speisialta;

- (b) ní dhéanfar aon aistarraingt airgid as an gcuntas laistigh den tréimhse trí mhí dar tosach an dáta a osclófar é;

- (c) ceanglófar ar an bpearsa aonair leis na téarmaí faoina n-osclaítear an cuntas fógra íosta 30 lá a thabhairt don ghlacadóir taisce iomchuí i ndáil le haon airgid a aistarraingt as;

- (d) ní bheidh aon chomhaontú, socrú nó comhthuiscint ar marthain, cibé acu sainráite nó intuigthe, lena n-imrítear tionchar nó lena gcinntear, nó lena bhféadfaí tionchar a imirt nó cinneadh, ar an ráta (seachas ráta neamhshonraithe athraitheach) úis a íoctar nó is iníoctha, maidir leis an taisce iomchuí nó leis na taiscí iomchuí a shealbhaítear sa chuntas in aon

tréimhse, nó i leith aon
tréimhse, is faide ná 24 mhí;

- (e) ní mó, aon tráth, ná £50,000 an
taisce iomchuí nó comhiomlán
na dtaiscí iomchuí a
shealbhaítear sa chuntas, lena
n-áirítear aon ús iomchuí a
chuirtear léi nó leo;
- (f) ní osclóidh pearsa aonair an
cuntas, ná ní shealbhófar an
cuntas in ainm pearsan aonair,
is pearsa aonair nach bhfuil aois
iomlán aige;
- (g) is é an phearsa aonair a bhfuil
teideal tairbhiúil aige chun an
ús iomchuí is iníoctha maidir
leis an taisce iomchuí nó leis na
taiscí iomchuí a shealbhaítear sa
chuntas a osclóidh an cuntas
agus is ina ainm a shealbhófar é;
- (h) ach amháin i gcás cuntais arna
oscailt agus arna shealbhú i
gcomhpháirt ag lánúin atá pósta
ar a chéile, agus acu sin amháin,
ní comhchuntas a bheidh sa
chuntas;
- (i) ach amháin i gcás cuntais arna
oscailt agus arna shealbhú i
gcomhpháirt ag lánúin atá pósta
ar a chéile, agus acu sin amháin,
ní dhéanfaidh an glacadóir
taisce iomchuí céanna nó aon
ghlacadóir taisce iomchuí eile
cuntas coigiltis speisialta eile
arna oscailt agus arna shealbhú
ag pearsa aonair a shealbhú go
comhuaineach;
- (j) i gcás cuntais arna oscailt agus
arna shealbhú i gcomhpháirt ag
lánúin atá pósta ar a chéile, agus
acu sin amháin, ní shealbhóidh
siad go comhuaineach (leis an
nglacadóir taisce iomchuí
céanna nó le haon ghlacadóir
taisce iomchuí eile) aon chuntas
coigiltis speisialta eile, go
haonarach nó i gcomhpháirt,
seachas cuntas amháin eile den
sórt sin arna oscailt agus arna
shealbhú acu.

(2) Maidir leis an dearbhú dá dtagraítear
i mír (b) den mhíniú ar “cuntas coigiltis
speisialta” in alt 31(1) is dearbhú i scríbhinn
chuig glacadóir taisce iomchuí é—

- (a) arna dhéanamh ag an bpearsa aonair (dá ngairtear ‘an dearbhóir’ anseo ina dhiaidh seo san alt seo) a mbeidh aon ús is iníoctha i leith na taisce iomchuí nó na dtaiscí iomchuí a shealbhaítear sa chuntas a bhfuil an dearbhú á dhéanamh ina leith iníoctha ag an nglacadóir taisce iomchuí leis, agus atá sínithe ag an dearbhóir,
 - (b) arna dhéanamh i cibé foirm a bheidh forordaithe nó údaraithe ag an Coimisinéirí Ioncaim,
 - (c) lena ndearbhófar go bhfuil, an tráth a dhéantar an dearbhú, na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna (f) go (j) d’fho-alt (1) comhlíonta i ndáil leis an gcuntas a ndéantar an dearbhú ina leith,
 - (d) ina mbeidh ainm agus seoladh iomlán na pearsan aonair a bhfuil teideal tairbhiúil aige chun an úis is iníoctha i leith na taisce iomchuí nó na dtaiscí iomchuí a shealbhaítear sa chuntas a ndéantar an dearbhú ina leith,
 - (e) ina mbeidh gealltanas ón dearbhóir go ndéanfaidh an dearbhóir, má scoireann na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna (f) go (j) d’fho-alt (1) de bheith comhlíonta maidir leis an gcuntas a ndéantar an dearbhú ina leith, fógra dá réir sin a thabhairt don ghlacadóir taisce iomchuí, agus
 - (f) ina mbeidh cibé faisnéis eile a theastóidh le réasún ó na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha na Caibidle seo.
- (3) Beidh éifeacht le fo-alt (2) d’alt 37 maidir le dearbhuithe den chineál a luaitear san alt seo mar atá éifeacht leis maidir le dearbhuithe den chineál a luaitear san alt sin.
- (4) Beidh feidhm agus éifeacht le halt 35 i ndáil le haon ús iomchuí a íocfar i leith aon taisce iomchuí a shealbhaítear i gcuntas coigiltis speisialta—
- (a) ionann is dá gcuirfí an mhír seo a leanas in ionad mhír (c) d’fho-alt (1):

‘(c) ní dhéanfar, ach amháin chun críocha éilimh ar aisíoc faoi alt 39 (2), méid aon íocaíochta úis iomchuí (ar ús iomchuí é a íoctar i leith aon taisce iomchuí a shealbhaítear i gcuntas coigiltis speisialta) a áireamh le linn ioncam iomlán a bheith á ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim,’

agus

(b) ionann is dá scriosfaí míreanna (d) agus (e) d’fho-alt (1).

(5) Scoirfidh cuntas de bheith ina chuntas coigiltis speisialta má scoireann aon cheann de na coinníollacha a luaitear i bhfo-alt (1) de bheith comhlíonta agus ní bheidh feidhm ag forálacha fho-alt (4) maidir le haon ús iomchuí i leith aon taisce iomchuí a shealbhaítear sa chuntas a íocfar ar an dáta, nó tar éis an dáta, a scoireann an cuntas de bheith ina chuntas coigiltis speisialta.

Dearbhuithe ó chuideachtaí agus scéimeanna pinsean.

37B.—(1) Maidir leis an dearbhú dá dtagraítear i mír (ee) (arna cur isteach leis an *Acht Airgeadais, 1992*) den mhíniú ar ‘taisce iomchuí’ in alt 31 (1), is dearbhú i scríbhinn chuig an nglacadóir taisce iomchuí é—

- (a) arna dhéanamh ag duine (dá ngairtear ‘an dearbhóir’ ina dhiaidh seo san alt seo) a mbeidh aon ús ar an taisce a ndéantar an dearbhú ina leith iníoctha ag an nglacadóir taisce iomchuí leis, agus atá sínithe ag an dearbhóir,
- (b) arna dhéanamh i cibé foirm a bheidh forordaithe nó údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim,
- (c) lena ndearbhófar go bhfuil, an tráth a dhéantar an dearbhú, an t-ús ar an taisce a ndéantar an dearbhú ina leith ar úinéireacht thairbhiúil ag cuideachta atá laistigh de réim cánach corparáide nó ag scéim pinsean, de réir mar a bheidh,
- (d) ina mbeidh, maidir leis an duine a bhfuil teideal tairbhiúil aige chun an úis—

(i) ainm agus seoladh an duine sin, agus

(ii) uimhir thagartha cánach an duine sin,

(e) ina mbeidh deimhniú ón duine cuí á rá go bhfuil, de réir mar is fearr is eol dó agus mar a chreideann sé, an dearbhú a rinneadh de réir mhír (c), agus an fhaisnéis a tugadh de réir mhír (d), ceart agus cruinn, agus

(f) ina mbeidh cibé faisnéis a bheidh ag teastáil le réasún ó na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha na Caibidle seo.

(2) Beidh éifeacht le fo-alt (2) d'alt 37 maidir le dearbhuithe den chineál a luaitear san alt seo mar atá éifeacht leis maidir le dearbhuithe den chineál a luaitear san alt sin.

(3) I gcás go gceanglaítear ar ghlacadóir taisce iomchuí tuairisceán a dhéanamh faoi alt 175 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, maidir le hús ar thaisce a ndearnadh dearbhú ina leith de réir fhorálacha an ailt seo, áireofar sa tuairisceán sin an uimhir thagartha cánach atá sa dearbhú sin de chuid an duine a bhfuil teideal tairbhiúil aige chun an úis.

(4) San alt seo—

ciallaíonn ‘duine cuí’—

(a) i ndáil le cuideachta, an duine nó na daoine atá ceaptha mar iniúchóir ar an gcuideachta faoi alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, nó faoi dhlí an stáit a bhfuil an chuideachta corpraithe ann agus a fhreagraíonn don alt sin, agus

(b) i ndáil le scéim pinsean—

(i) i gcás scéime ceadaithe díolmhaithe (de réir bhrí alt 16 den Acht Airgeadais, 1972), riarthóir (de réir bhrí alt 13 den Acht sin) na scéime,

(ii) i gcás conartha blianachta scoir lena mbaineann alt 235 nó alt 235A (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1974) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, an

duine a sheolann go dleathach sa Stát gnó ag tabhairt blianachtaí ar shaol daoine agus a ndearnadh an Conradh leis, agus

- (iii) i gcás scéime iontaobhais lena mbaineann an t-alt sin 235 nó an t-alt sin 235A, iontaobhaithe na scéime iontaobhais;

tá le ‘uimhir thagartha cánach’, i ndáil le duine, an bhrí chéanna a shanntar dó in alt 22 den Acht Airgeadais, 1983, i ndáil le duine sonraithe de réir bhrí an ailt sin.”.

- (2) (a) Measfar gur tháinig *fomhír (iii) (I)* de *mhír (a) d’fho-alt (I)* i ngníomh an 1ú lá de Lúnasa, 1990.
- (b) Beidh feidhm ag *mír (b) d’fho-alt (I)* agus beidh éifeacht léi maidir leis an mbliain 1993-94 agus blianta measúnachta dá éis sin.
- (c) Tiocfaidh *mír (c) d’fho-alt (I)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

AN TÁBLA

- (c) déanfar méid aon íocaíochta úis iomchuí a áireamh mar ioncam ar arb inmhuirearaithe cáin faoi Chás IV de Sceideal D agus ní faoi aon Chás nó Sceideal eile agus cuirfear i gcuntas é le linn ioncam iomlán an duine a bheidh i dteideal an méid sin a fháil a bheith á ríomh, ach ní dhéanfar aon mheasúnacht cánach ioncaim maidir le haon ús iomchuí ar an duine a gheobhaidh an íocaíocht den ús iomchuí nó a bheidh i dteideal í a fháil.

23.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 46 den Acht Airgeadais, 1986, i bhfo-alt (2)—

Leasú ar alt 46 (comhpháirtíochtaí teoranta: srianta le faoiseamh) den Acht Airgeadais, 1986.

- (a) trí “in aghaidh ioncaim arb é atá ann na brabúis nó na gnóchain ón trádáil agus ina aghaidh sin amháin agus sin” a chur in ionad “, seachas in aghaidh ioncaim arb é atá ann na brabúis nó na gnóchain ón trádáil,” i mír (a), agus
- (b) trí “in aghaidh brabús nó gnóchan ón trádáil agus ina n-aghaidh sin amháin agus sin” a chur in ionad “, seachas in aghaidh brabús nó gnóchan ón trádáil, nó do chuideachta eile,” i mír (b),

agus tá na míreanna sin (a) agus (b), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

- (2) (a) Beidh feidhm ag an alt seo agus éifeacht leis, i ndáil le méid arna thabhairt nó arna lamháil faoi aon cheann de na forálacha sonraithe de réir bhrí alt 46 den Acht Airgeadais, 1986, maidir le ranníoc (de réir bhrí an ailt sin) ag comhpháirtí teoranta i leith trádála na comhpháirtíochta teoranta, a dhéanfar an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis.

- (b) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil méid á thabhairt nó á lamháil faoi aon cheann de na forálacha sonraithe, de réir bhrí alt 46 den Acht Airgeadais, 1986, maidir le ranníoc i leith trádála, de réir bhrí an ailt sin, an 24ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, déanfar aon mhéid nach mbeadh tugtha nó lamháilte thairis sin de bhua an ailt sin murach ranníoc i leith trádála ar an dáta sin nó dá éis, agus sin ar an mbonn nach raibh *mír (a)* achtaithe, a áireamh mar mhéid a tugadh nó a lamháladh maidir le ranníoc den sórt sin.

(3) D'ainneoin *fho-ailt (1)* agus (2), beidh feidhm ag an alt seo sa mhéid gurb é atá i dtrádáil chomhpháirtíochta teoranta teachíní saoire, de réir bhrí alt 255 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, a bhainistiú agus a ligean, más rud é—

- (a) gur síníodh conradh i scríbhinn chun na teachíní saoire a fhoirgniú agus gur cuireadh tús leis an obair fhoirgníochta, roimh an 24ú lá d'Aibreán, 1992, agus
- (b) go gcríochnaítear an obair fhoirgníochta roimh an 6ú lá d'Aibreán, 1993,

ionann is dá mba é a bheadh i dtagairtí do ranníoc ag comhpháirtí teoranta i leith trádála an 24ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, tagairtí don ranníoc sin a dhéanamh an 1ú lá de Mheán Fómhair, 1992, nó dá éis.

AN TÁBLA

- (a) Más rud é, i gcás pearsa aonair is comhpháirtí teoranta i ndáil le trádáil, go bhféadfar, ar leith ón alt seo, méid a thabhairt nó a lamháil faoi aon cheann de na forálacha sonraithe—
- (i) maidir le caillteanas a bhain dó sa trádáil, nó le hús a d'íoc sé mar gheall ar é bheith rannpháirteach sa trádáil, i mbliain mheasúnachta iomchuí, nó
- (ii) mar liúntas a bheidh le tabhairt dó do bhliain mheasúnachta iomchuí le linn an trádáil a chur faoi cháin nó mar urscaoileadh nó aisíoc cánach a mbeidh teideal aige chuige mar gheall ar é bheith rannpháirteach sa trádáil,

féadfar an méid sin a thabhairt nó a lamháil in aghaidh ioncaim arb é atá ann na brabúis nó na gnóchain ón trádáil agus ina aghaidh sin amháin agus sin sa mhéid, agus sa mhéid amháin, nach mó an méid a thabharfar nó a lamhálfar nó, de réir mar a bheidh, an méid comhiomlán i ndáil leis an trádáil sin, ná méid a ranníoca i leith na trádála amhail ag an tráth iomchuí.

- (b) Más rud é, i gcás cuideachta chomhpháirtíochta is comhpháirtí teoranta i ndáil le trádáil, go bhféadfar, ar leith ón alt seo, méid a thabhairt nó a lamháil faoi aon cheann de na forálacha sonraithe—
- (i) maidir le caillteanas a bhain don chuideachta chomhpháirtíochta sa trádáil, nó le muirir a d'íoc an chuideachta chomhpháirtíochta nó cuideachta eile mar gheall ar í bheith rannpháirteach sa trádáil, i dtréimhse chuntasaíochta iomchuí, nó
- (ii) mar liúntas a bheidh le tabhairt don chuideachta chomhpháirtíochta do thréimhse chuntasaíochta iomchuí le linn an trádáil a chur faoi cháin nó mar urscaoileadh nó aisíoc cánach a mbeidh teideal aici chuige mar gheall ar í bheith rannpháirteach sa trádáil,

féadfar an méid sin a thabhairt nó a lamháil don chuideachta chomhpháirtíochta in aghaidh brabús nó gnóchan ón trádáil agus ina n-aghaidh sin amháin agus sin sa mhéid, agus sa mhéid amháin, nach mó an méid a thabharfar nó a lamhálfar

nó, de réir mar a bheidh, an méid comhiomlán ná ranníoc na cuideachta comhpháirtíochta i leith na trádála amhail ag an tráth iomchuí.

24.—(1) Leasaítear, leis seo, Cuid XXXII den Acht Cánach Ioncaim, 1967—

Urrúis de chuid Bhord Gáis Éireann.

(a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 467B (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1989):

“467C.—(1) Measfar maidir le haon bhintíúir, stoc bintíúir, bannaí, nótaí, deimhnithe muirir nó foirmeacha eile urrúis arna n-eisiúint tar éis dháta rite an *Achta Airgeadais, 1992*, ag Bord Gáis Éireann gur urrúis iad a eisíodh faoi údarás an Aire Airgeadais de réir bhrí alt 466 agus beidh feidhm ag an alt sin dá réir sin.

(2) D’ainneoin aon ní san Acht seo, le linn méid brabús nó gnóchan Bhord Gáis Éireann a bheith á ríomh chun críocha measúnachta faoi Sceideal D d’aon tréimhse dá mbeidh cuntais déanta amach, lamhálfar mar asbhaint méid an úis ar bhintíúir, ar stoc bintíúir, ar bhannaí, ar nótaí, ar dheimhnithe muirir nó ar fhoirmeacha eile urrúis a bheidh íoctha, ar ordú ón Aire Airgeadais arna thabhairt faoi alt 466 mar a chuirtear chun feidhme leis an alt seo é, ag Bord Gáis Éireann gan cáin a asbhaint don tréimhse sin.”,

agus

(b) trí “467C,” a chur isteach i ndiaidh “467B,” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1989) i bhfo-alt (1) d’alt 474, agus tá an fo-alt sin (1), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

AN TÁBLA

(1) Baineann an t-alt seo le haon stoc nó urrús eile ar arb iníoctha ús gan cáin ioncaim a asbhaint de bhua ordaithe ón Aire Airgeadais de bhun alt 467, 467A, 467B, 467C, 471, 472 nó 473 nó alt 59 den Acht Airgeadais, 1970, nó alt 92 den Acht Airgeadais, 1973.

(2) (a) Leasaítear, leis seo, mír (d) d’alt 19 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo, trí “Bord Gáis Éireann,” a chur isteach i ndiaidh “Bord Soláthair an Leictreachais,” agus tá an mhír sin (d), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

(b) Amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo, ní bheidh feidhm ná éifeacht le halt 41 den Acht Airgeadais, 1982, a mhéid a bhaineann sé le Bord Gáis Éireann.

AN TÁBLA

(d) bintíúir, stoc bintíúir, deimhnithe muirir nó foirmeacha eile urrúis a d’eisigh Bord Soláthair an Leictreachais, Bord Gáis Éireann, Radio Telefís Éireann, Corparáid an Chairde Tionscail c.p.t., Bord Telecom Éireann, Infheistíochtaí Teileachumarsáide na hÉireann c.p.t., Córas Iompair Éireann, Corparáid an Chairde Talmhaíochta, Teoranta, Bord na Móna, Aerlínte Éireann, Teoranta, Aer Lingus, Teoranta nó Aer Rianta, Teoranta.

Srian le liúntais chaipitiúla ar teachíní saoire.

25.—Más rud é, an 24ú lá d'Aibreán, 1992 nó dá éis, go dtabhóidh duine caiteachas caipitiúil ag fáil nó ag foirgníú foirgnimh nó déanmhais is foirgneamh nó déanmhas tionscail, nó ar foirgneamh nó déanmhas den sórt sin a bheidh ann, de bhua gur teachín saoire é de réir bhrí alt 255 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus go mbeidh liúntas le tabhairt i leith an chaiteachais sin faoi alt 254 (arna leasú le halt 74 den Acht Airgeadais, 1990) nó 264 (arna leasú le halt 52 den Acht Airgeadais, 1986) den Acht Cánach Ioncaim, 1967—

(a) (i) ní bheidh feidhm ag alt 307 (arna leasú le halt 27 den Acht Airgeadais, 1990) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, ná éifeacht leis, agus

(ii) ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) d'alt 16 den Acht Cánach Corparáide, 1976, ná éifeacht leis,

maidir le hiomlán aon chailteanais nó cuid d'aon chaillteanas (de réir mar a bheidh) nach n-eascródh mura mbeadh gur tugadh an liúntas sin, agus

(b) ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll a ghabhann le fo-alt (1) d'alt 296 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, ná ag fo-alt (6) d'alt 14 den Acht Cánach Corparáide, 1976, ná éifeacht leo, maidir leis an liúntas sin:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an alt seo maidir le caiteachas a thabhófar roimh an 6ú lá d'Aibreán, 1993, ag fáil nó ag foirgníú foirgnimh nó déanmhais (dá ngairtear “an teachín saoire” ina dhiaidh seo sa choinníoll seo) is foirgneamh nó déanmhas tionscail, nó ar foirgneamh nó déanmhas den sórt sin a bheidh ann, de bhua gur teachín saoire é de réir bhrí an ailt sin 255, más rud é—

(a) go ndearnadh conradh ceangailteach i scríbhinn chun an teachín saoire a fhoirgníú, nó

(b) (i) go ndearnadh conradh ceangailteach i scríbhinn chun talamh a cheannach nó a léasú chun an teachín saoire a fhoirgníú, agus

(ii) go bhfuair údarás pleanála iarratas ar chead pleanála chun an teachín saoire a fhoirgníú,

roimh an 24ú lá d'Aibreán, 1992.

Feidhm alt 241 (caitheamh agus cuimilt innealra, ghléasra, etc.) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus leasú air.

26.—(1) Maidir le hinnealra nó gléasra lena mbaineann an t-alt seo, beidh feidhm ag alt 241 den Acht Cánach Ioncaim, 1967 agus éifeacht leis—

(a) ionann is dá gcuirfí an fo-alt seo a leanas in ionad fho-alt (1) (lena n-áirítear na coinníollacha a ghabhann leis):

“(1) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, i gcás gur thabhaigh duine a sheolann trádáil in aon tréimhse inmhuirearaithe caiteachas caipitiúil ag soláthar innealra nó gléasra chun críocha na trádála—

(a) tabharfar liúntas dó don tréimhse inmhuirearaithe sin mar gheall ar chaitheamh agus cuimilt ar aon chuid den innealra nó den ghléasra ar leis é agus atá in úsáid chun críocha na trádála i ndeireadh na tréimhse inmhuirearaithe sin nó a bonntréimhse agus

atá, fad a úsáidfear chun críocha na trádála é, in úsáid go hiomlán agus go heisiach amhlaidh,

(b) is é méid an liúntais, faoi réir fho-alt (6), méid is ionann agus 15 faoin gcéad den chaiteachas caipitiúil a tabhaíodh mar a dúradh, agus

(c) tabharfar an liúntas le linn an trádáil a chur faoi cháin:

Ar choinníoll, i gcás gurb é atá i dtréimhse inmhuirearaithe nó ina bonntréimhse tréimhse is giorra ná bliain amháin, nach mó an liúntas a thabharfar faoin alt seo ná cibé cuid den mhéid a shonraítear i mír (b) a mbeidh idir í agus an méid sin an chomhréir chéanna atá idir fad na tréimhse inmhuirearaithe nó a bonntréimhse agus tréimhse bliana.”,

agus

(b) ionann is dá scriosfaí fo-ailt (7) agus (8).

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le hinnealra nó gléasra (seachas feithiclí atá oiriúnach chun daoine nó earraí a iompar ar bóthar nó chun feithiclí eile a tharraingt ar bóthar) a sholáthrófar, an 1ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, lena úsáid chun críocha trádála, gairme, fostaíochta nó oifige.

(3) Ní bheidh feidhm ag alt 4 den Acht Airgeadais, 1968, ná éifeacht leis, i ndáil le hinnealra nó gléasra lena mbaineann an t-alt seo.

(4) Leasaítear, leis seo, alt 241 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, maidir le caiteachas caipitiúil a thabhófar an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) Ní thabharfar aon liúntas faoin alt seo maidir le caiteachas caipitiúil a thabhófar ag foirgníú foirgnimh nó déanmhais is foirgneamh nó déanmhas tionscail, nó a meastar gur foirgneamh nó déanmhas den sórt sin é, de réir bhrí alt 255.”.

(5) I ndáil le cás ina raibh éifeacht le *fo-alt (1)*, déanfar aon tagairt sna hAchtanna Cánach do liúntas arna thabhairt faoi alt 241 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, a fhorléiriú mar thagairt don liúntas sin arna chinneadh de bhun an ailt seo, arna chur chun feidhme agus arna leasú leis an alt seo.

27.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 255 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b) d’fho-alt (1):

“(bb) chun críocha trádála arb é atá inti oibriú nó bainistiú aerfoirt agus ar rúidbhealach aerfoirt nó naprún aerfoirt é a úsáidtear go heisiatach nó go formhór ag aerárthaí lena n-iompraítear paisinéirí nó lasta ar fruiliú nó ar luaíocht, nó”.

Leasú ar alt 255 (an bhrí atá le “foirgneamh nó déanmhas tionscail”) den Acht Cánach Ioncaim, 1967.

(2) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)* i ndáil le caiteachas caipitiúil a thabhófar an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis.

Leathnú agus leasú ar alt 17 (cáin a bhaint as íocaíochtaí le fochonraitheoirí sa tionscal foirgníochta) den Acht Airgeadais, 1970.

28.—Amhail ar an agus ón 6ú lá de Dheireadh Fómhair, 1992, leasaítear, leis seo, alt 17 (arna leasú le halt 128 den Acht Airgeadais, 1991) den Acht Airgeadais, 1970—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “deimhniú údarúcháin”:

“ciallaíonn ‘deimhniú údarúcháin’ deimhniú arna eisiúint faoi fho-alt (7), ar deimhniú é a bheidh bailí go ceann cibé tréimhse a fhorálfaidh na Coimisinéirí Ioncaim le rialacháin arna ndéanamh de réir fho-alt (5);”,

- (ii) trí na mínithe ar “conradh foirgníochta”, “cárta íocaíochtaí foirgníochta” agus “cárta cáin-asbhainte foirgníochta” a scríosadh,

- (iii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “oibríochtaí foirgníochta”:

“ciallaíonn ‘oibríochtaí foraoiseachta’ oibríochtaí d’aon tuairisc acu seo a leanas—

- (a) crainn a thanú, a theascadh nó a leagan i gcoillte, i bhforaoisí nó i bhfáschoillte eile;

- (b) crainn thanaithe, theasctha nó leagtha a tharlú nó a aistriú;

- (c) adhmaid ó chrainn thanaithe, theasctha nó leagtha a phróiseáil (lena n-áirítear gearradh agus leasú) i muilte sábhadóireachta nó in áitribh eile dá samhail;

- (d) ábhair, innealra nó gléasra lena n-úsáid, cibé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear iad, in aon cheann de na hoibríochtaí réamhráite, a tharlú ar fruiú;

ciallaíonn ‘oibríochtaí próiseála feola’ oibríochtaí d’aon tuairisc acu seo a leanas—

- (a) eallach, caoirigh nó muca a mharú;

- (b) conablaigh eallaigh, caorach nó muc maraithe nó aon chuid de na conablaigh sin a roinnt (lena n-áirítear gearradh nó díchnámhú), a shórtáil, a phacáistiú (lena n-áirítear folúspacáistiú) nó a bhrandáil nó aon phróis eile dá samhail a fheidhmiú orthu;

- (c) modhanna leasaithe (lena n-áirítear fuarstóráil) a fheidhmiú ar chonablaigh eallaigh, caorach nó muc maraithe, nó ar aon chuid de na conablaigh sin;

- (d) conablaigh eallaigh, caorach nó muc maraithe, nó aon chuid de na conablaigh sin, a luchtú nó a dhíluchtú i mbunaíocht ar bith ina seoltar aon cheann de na hoibríochtaí dá dtagraítear i míreanna (a), (b) agus (c);”,

- (iv) trí “an bhliain roimh an mbliain mheasúnachta arb í an chead bhliain mheasúnachta í den tréimhse a bhfuil deimhniú údarúcháin á iarraidh ina leith” a chur in ionad “an bhliain roimh an mbliain mheasúnachta a bhfuil deimhniú údarúcháin á iarraidh ina leith” sa mhíniú ar “tréimhse cháilitheach”, agus

- (v) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “tréimhse cháilitheach”:

“ciallaíonn ‘conradh iomchuí’ conradh (nach conradh fostaíochta) trína ndlíonn duine (dá ngairtear ‘an conraitheoir’ san alt seo) do dhuine eile (dá ngairtear ‘an príomhaí’ san alt seo)—

(a) oibríochtaí iomchuí a dhéanamh; nó

(b) a bheith freagrach sna hoibríochtaí sin a dhéanamh ag daoine eile, cibé acu faoi chonradh idir iad agus eisean nó faoi chomhshocraíochtaí eile atá déanta aige nó a dhéanfaidh sé; nó

(c) a shaothar féin, nó saothar daoine eile, a sholáthar le linn na hoibríochtaí sin a dhéanamh;

ciallaíonn ‘oibríochtaí iomchuí’ oibríochtaí foirgníochta, oibríochtaí foraoiseachta nó oibríochtaí próiseála feola, de réir mar a bheidh;

tá le ‘cárta íocaíochtaí iomchuí’ an bhrí a shanntar dó le fo-alt (8);

tá le ‘cárta cáin-asbhainte iomchuí’ an bhrí a shanntar dó le fo-alt (5).”,

(b) i bhfo-alt (2)—

- (i) trí “conradh iomchuí” a chur in ionad “conradh foirgníochta” agus “faoi chonradh iomchuí” a chur in ionad “faoi chonradh foirgníochta”,
- (ii) trí “na hoibríochtaí iomchuí” a chur in ionad “na hoibríochtaí foirgníochta” gach áit a bhfuil sé, agus
- (iii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1981):

“(b) duine—

(i) a sheolann gnó ar cuid de foirgnimh a thógáil nó ábhair le húsáid, cibé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear iad, in oibríochtaí foirgníochta, a mhonarú, a chóireáil nó a theibeadh, nó

(ii) a sheolann gnó oibríochtaí próiseála feola i mbunaíocht a bheidh ceadaithe agus iniúchta de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feoil Úr), 1987 (I.R. Uimh. 284 de 1987), nó

(iii) a sheolann gnó ar cuid de adhmaid ó chrainn atá tanaithe nó leagtha a

phróiseáil (lena n-áirítear gearradh agus leasú) i muilinn sábhadóireachta nó in áitribh eile dá samhail nó crainn thanaithe nó leagtha a sholáthar le haghaidh próiseála den sórt sin, nó”,

- (c) i bhfo-alt (4), tríd an gclásal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (A) d’fhomhír (ii) de mhír (c):

“(AA) faoi na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,”

- (d) i bhfo-alt (5)—

- (i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) (i) deimhnithe údarúcháin a eisiúint do bhliain mheasúnachta, nó, i ndáil le fochonraitheoirí de cibé aicme nó aicmí a bheidh sonraithe sna rialacháin, do cibé tréimhse is faide ná sin a bheidh sonraithe amhlaidh,

(ii) diúltú deimhnithe údarúcháin a eisiúint, achomharc i gcoinne diúltú iad a eisiúint, iad a athghairm nó a chealú agus deimhnithe den sórt sin a ghéilleadh, agus

(iii) doiciméid nó ábhar eile a thabhairt ar aird, lena n-áirítear grianghraf den fhochoonraitheoir nó, i gcás nach pearsa aonair an fochonraitheoir, grianghraf den phearsa aonair a thabharfaidh an deimhniú údarúcháin ar aird de réir fho-alt (8)(a), mar thaca le hiarratas ar dheimhniú údarúcháin,”

agus

- (ii) trí “cártaí íocaíochtaí iomchuí” agus “cártaí cáin-asbhainte iomchuí” a chur in ionad “cártaí íocaíochtaí foirgníochta” agus “cártaí cáin-asbhainte foirgníochta”, faoi seach, i mír (b),

- (e) i bhfo-alt (7)—

- (i) trí “conarthaí iomchuí” a chur in ionad “conarthaí foirgníochta” i bhfomhír (i) de mhír (a),

- (ii) trí “leis na hAchtanna Cánach, leis na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil nó leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972,” a chur in ionad “leis na hAchtanna Cánach, nó leis na hAchtanna a bhaineann le cáin bhrabús corparáide” i bhfomhír (iv) de mhír (a), agus

- (iii) trí mhír (c) a scriosadh,

- (f) i bhfo-alt (8)—

- (i) trí “cárta íocaíochtaí iomchuí” a chur in ionad “cárta íocaíochtaí foirgníochta” i mír (a), agus
 - (ii) trí “cárta íocaíochtaí iomchuí” agus “lena mbainfidh an cárta íocaíochtaí iomchuí” a chur in ionad “cárta íocaíochtaí foirgníochta” agus “lena mbainfidh deimhniú údarúcháin fhoichonraitheora”, faoi seach, i mír (b),
- (g) i bhfo-alt (9)—
- (i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii) de mhír (a):
 - “(iii a) i gcás deimhniú a eisíodh chuig cuideachta, gur tháinig athrú ar rialú na cuideachta,”
 - (ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iv) de mhír (a):
 - “(iv) gur mhainnigh duine ar eisíodh deimhniú údarúcháin chuige aon cheann de na hoibleagáidí a chomhlíonadh a chuireann na hAchtanna Cánach, na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, nó aon rialacháin arna ndéanamh fúthu air—
 - (I) i ndáil le hóc nó tarchur na gcánacha nach foláir a íoc nó a tharchur faoi aon cheann de na hAchtanna sin,
 - (II) i ndáil le seachadadh tuairisceán, agus
 - (III) i ndáil le hiarratais go soláthrófaí do chigire cuntais aon ghnó, nó faisnéis eile i dtaobh aon ghnó, a sheolann sé,”
 - (iii) trí “conarthaí iomchuí” a chur in ionad “conarthaí foirgníochta” i bhfomhír (v) de mhír (a),
 - (iv) trí “aon chártaí íocaíochtaí iomchuí” agus “aon chárta cáin-asbhainte iomchuí” a chur in ionad “aon chártaí íocaíochtaí foirgníochta” agus “aon chárta cáin-asbhainte foirgníochta”, faoi seach, i bhfomhír (ii) de mhír (b), agus
 - (v) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):
 - “(d) I mír (a) agus i bhfo-alt (10)(c) tá le ‘rialú’ an bhrí chéanna atá leis in alt 102 den Acht Cánach Corparáide, 1976.”
- agus
- (h) i bhfo-alt (10)—
- (i) trí “nó cárta íocaíochtaí iomchuí” a chur isteach i ndiaidh “deimhniú údarúcháin” i bhfomhír (i) de mhír (a),

- (ii) trí “£1,000” a chur in ionad “£500” i míreanna (a), (b) agus (c),
- (iii) trí “ar chárta íocaíochtaí iomchuí nó ar chárta cáin-asbhainte iomchuí” a chur in ionad “ar chárta íocaíochtaí foirgníochta nó ar chárta cáin-asbhainte foirgníochta” i mír (c)(i), agus trí “an cárta íocaíochtaí iomchuí sin nó an cárta cáin-asbhainte iomchuí sin ”a chur in ionad “an cárta íocaíochtaí foirgníochta sin nó an cárta cáin-asbhainte foirgníochta sin” i mír (c)(ii), agus
- (iv) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iv) de mhír (c):
 - “(v) a mhainneoidh deimhniú asbhainte san fhoirm fhorordaithe, ina mbeidh cibé sonraí a cheanglaítear a thaifeadadh air de bhua aon rialachán arna ndéanamh faoin alt seo, a thabhairt d’fhochoonraitheoir ónar asbhaineadh cáin faoi fho-alt (2), nó
 - (vi) ar cuideachta é a mbeidh deimhniú údarúcháin eisiithe chuici faoi fho-alt (7), a mhainneoidh fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim i dtaobh athrú ar rialú na cuideachta,”.

Leasú ar Chaibidil V (Athnuachan Uirbeach: Faoiseamh ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorporáide) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1986.

29.—Leasaítear, leis seo, Caibidil V de Chuid I den Acht Airgeadais, 1986—

- (a) i bhfo-alt (2) d’alt 41, trí “naoi mbliana” a chur in ionad “cúig bliana” sa mhíniú ar “an tréimhse shonraithe”;
- (b) in alt 42—
 - (i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tréimhse cháilitheach” (dá bhforáiltear le halt 30 den Acht Airgeadais, 1990) i bhfo-alt (1):

“ciallaíonn ‘tréimhse cháilitheach’—

(a) an tréimhse dar tosach an 23ú lá de Dheireadh Fómhair, 1985, agus dar críoch an 31ú lá de Bhealtaine, 1993, nó

(b) i gcás feidhm a bheith ag alt 41(2), an tréimhse shonraithe:

Ar choinníoll, i gcás go dtabhaítear caiteachas caipitiúil ag foirgníú aon áitribh cháilithigh ar leagadh an bhunsraith dó ina hiomláine ar an 31ú lá de Bhealtaine, 1993, nó roimhe, go ndéanfar an tagairt don 31ú lá de Bhealtaine, 1993, i mír (a) den mhíniú seo a fhorléiriú mar thagairt don 31ú lá de Bhealtaine, 1994;”,

agus

- (ii) tríd an gcoinníoll breise seo a leanas le fo-alt (4) a chur isteach san fho-alt sin:

“Ar choinníoll freisin, d’ainneoin alt 51 (arna leasú le halt 80 den Acht Airgeadais, 1990) den Acht Airgeadais, 1988, maidir le haon chaiteachas caipitiúil a thabhófar an 25ú lá d’Eanáir, 1996, nó dá éis, ag foirgníú aon áitribh cháilithigh a bhfuil a shuíomh go hiomlán laistigh de Limistéar Duganna Theach an Chustaim—

- (i) nach mó, san iomlán, aon liúntas arna thabhairt faoi alt 264 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus arna mhéadú faoi mhír (a) d’fho-alt (2) d’alt 25 den Acht Airgeadais, 1978, i leith an chaiteachais sin, cibé acu a éilítear é i dtréimhse inmhuirearaithe amháin nó i mbreis agus aon tréimhse amháin den sórt sin, ná 54 faoin gcéad de mhéid an chaiteachais sin, agus
 - (ii) i gcás go ndéanfar aon liúntas arna thabhairt faoin alt sin 264 i leith an chaiteachais sin a mhéadú faoin alt sin 25 d’aon tréimhse inmhuirearaithe, nach dtabharfar aon liúntas i leith an chaiteachais sin faoi alt 254 den Acht Cánach Ioncaim, 1967.”
- (c) i bhfo-alt (1)(a) d’alt 44, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tréimhse cháilitheach” (dá bhforáiltear le halt 30 den Acht Airgeadais, 1990):
- “ciallaíonn ‘tréimhse cháilitheach’—
- (a) an tréimhse dar tosach an 23ú lá de Dheireadh Fómhair, 1985, agus dar críoch an 31ú lá de Bhealtaine, 1993, nó
 - (b) i gcás feidhm a bheith ag alt 41(2), an tréimhse shonraithe:

Ar choinníoll, i gcás go dtabhaítear caiteachas caipitiúil ag foirgníú aon áitribh cháilithigh ar leagadh an bhunsraith dó ina hiomláine ar an 31ú lá de Bhealtaine, 1993, nó roimhe, go ndéanfar an tagairt don 31ú lá de Bhealtaine, 1993, i mír (a) den mhíniú seo a fhorléiriú mar thagairt don 31ú lá de Bhealtaine, 1994;”;

agus

- (d) i bhfo-alt (1)(a) d’alt 45 (arna leasú le halt 21 den Acht Airgeadais, 1991)—
 - (i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “tréimhse cháilitheach” (dá bhforáiltear le halt 30 den Acht Airgeadais, 1990):
- “ciallaíonn ‘tréimhse cháilitheach’—
- (a) an tréimhse dar tosach an 23ú lá de Dheireadh Fómhar, 1985, agus dar críoch an 31ú lá de Bhealtaine, 1993, nó

(b) i gcás feidhm a bheith ag alt 41(2), an tréimhse shonraithe:

Ar choinníoll, i gcás léasa cháilithigh i ndáil le haon áitreabh cáilitheach ar leagadh an bhunsraith dó ina hiomláine ar an 31ú lá de Bhealtaine, 1993, nó roimhe, go ndéanfar an tagairt don 31ú lá de Bhealtaine, 1993, i mír (a) den mhíniú seo a fhorléiriú mar thagairt don 31ú lá de Bhealtaine, 1994;”,

agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (I) de mhír (i) den mhíniú ar “áitreabh cáilitheach”, amhail ar an agus ón 24ú lá d’Aibreán, 1992:

“(I) is foirgneamh nó déanmhas tionscail de réir bhrí alt 255(1) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus a dtabhaítear caiteachas caipitiúil sa tréimhse cháilitheach maidir leis a mbeidh liúntas le tabhairt ina leith chun críocha cánach ioncaim nó cánach corparáide, de réir mar a bheidh, faoi Chaibidil II de Chuid XV nó faoi Chaibidil I de Chuid XVI den Acht sin, nó”.

Leasú ar alt 27 (limistéir ainmnithe le haghaidh faoisimh maidir le hathnuachan uirbeach) den Acht Airgeadais, 1987.

30.—Leasaítear, leis seo, alt 27 den Acht Airgeadais, 1987 , trí “an 24ú lá d’Eanáir, 1997” a chur in ionad “an 31ú lá de Bhealtaine, 1993” (a cuireadh isteach le halt 31 den Acht Airgeadais, 1990) i bhfo-alt (1)(a)(ii).

Leasú ar alt 4 (faoiseamh maidir le caiteachas ar fhoirgnimh áirithe i limistéir ainmnithe) den Acht Airgeadais, 1989.

31.—Leasaítear, leis seo, alt 4 den Acht Airgeadais, 1989 i bhfo-alt (1), trí “31ú lá de Bhealtaine, 1994” a chur in ionad “31ú lá de Bhealtaine, 1993” (dá bhforáiltear le halt 30 den Acht Airgeadais, 1990) sa mhíniú ar “tréimhse cháilitheach”.

Leasú ar alt 18 (dáta le cáin a íoc) den Acht Airgeadais, 1988.

32.—Leasaítear, leis seo, alt 18 (arna leasú le halt 52 den Acht Airgeadais, 1991) den Acht Airgeadais, 1988, i mír (b) d’fho-alt (3) (a cuireadh isteach le halt 24 den Acht Airgeadais, 1990)—

- (a) trí “i gcás measúnachta i leith cánach ioncaim a dhéanfar ar dhuine inmhuirearaithe” a chur in ionad “i gcás duine inmhuirearaithe ar arb inmhuirearaithe cáin ioncaim” i bhfomhír (ii),
- (b) trí “an cháin ioncaim ab iníoctha” a chur in ionad “an cháin ab iníoctha” gach áit a bhfuil sé i bhfomhír (ii) agus sa dá choinníoll a ghabhann léi, agus
- (c) trí “cánach ioncaim breise” a chur in ionad “cánach breise” agus trí “an cháin ioncaim bhreise” a chur in ionad “an cháin bhreise” sa chéad choinníoll a ghabhann le fomhír (ii),

agus tá an fhomhír sin (ii) (lena n-áirítear na coinníollacha a ghabhann léi), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

- (ii) i gcás measúnachta i leith cánach ioncain a dhéanfar ar duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe sin ar bliain mheasúnachta í, an cháin ioncain ab infoctha don tréimhse inmhuirearaithe díreach roimhe sin:

Ar choinníoll, chun críocha na fomhíre seo—

- (I) i gcás nár dhuine inmhuirearaithe an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe díreach roimhe sin, go measfar gur nialas an cháin ioncain ab infoctha don tréimhse inmhuirearaithe díreach roimhe sin, agus

- (II) más rud é, tar éis an dáta dlite maidir le méid réamhchánach a foc do thréimhse inmhuirearaithe ar bliain mheasúnachta í, go dtiocfaidh méid cánach ioncain breise chun bheith infoctha don tréimhse inmhuirearaithe díreach roimhe sin, nach gcuirfear an cháin ioncain bhreise sin i gcuntas más rud é, agus ar an gcoinníoll amháin, gur tháinig sé chun bheith dlite agus infoctha mí amháin tar éis an mheasúnacht a leasú nó an t-achomharc a chinneadh, de réir mar a bheidh, de bhua na gcoinníollacha (arna leasú le halt 24 den Acht Airgeadais, 1990) a ghabhann le fo-alt (4) nó (5),

Ar choinníoll freisin, chun críche na fomhíre seo, i gcás cáin ioncain a bheith inmhuirearaithe ar an duine inmhuirearaithe do thréimhse inmhuirearaithe arb í an bhliain mheasúnachta 1991-92 nó aon bhliain mheasúnachta dá éis í, go ndéanfar an cháin ioncain ab infoctha don tréimhse inmhuirearaithe díreach roimhe sin a chinneadh gan féachaint d'aon fhaoiseamh a bhfuil an duine inmhuirearaithe, nó a bhféadfadh sé a theacht chun bheith, ina theideal don tréimhse inmhuirearaithe díreach roimhe sin faoi Chaibidil III de Chuid I den Acht Airgeadais, 1984.

33.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 21 den Acht Airgeadais, 1988, trí “na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil” a chur in ionad “na nAchtanna Cánach”—

Leasú ar alt 21 (ilghnéitheach) den Acht Airgeadais, 1988.

- (a) i bhfo-alt (3) (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1991), agus
- (b) sa dá áit a bhfuil sé i bhfo-alt (4), agus tá na fo-ailt sin (3) agus (4), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

- (2) Measfar gur tháinig *fo-alt (1)* i ngníomh an 6ú lá d’Aibreán, 1991.

AN TÁBLA

(3) I gcás go gcuirfidh an cigire, nó aon oifigeach eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncain ag gníomhú dó le fios an chigire, faoi deara go n-eiseofar, de láimh nó trí aon phróiseas leictreonach, fótagrafach nó eile, fógra réamhchánach ar a mbeidh ainm an chigire nó fógra measúnachta nó fógra faoi leasú ar mheasúnacht ar a mbeidh ainm an chigire, measfar, chun críocha uile na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, gur thug an cigire an fógra réamhchánach sin chomh fada lena thuairim agus measfar, chun na gcríoch sin, go ndearna an cigire an mheasúnacht nó an mheasúnacht leasaithe sin lena mbaineann an fógra measúnachta nó na fógra faoi mheasúnacht leasaithe, de réir mar a bheidh, chomh fada lena bhreithiúnas.

(4) Aon mheasúnacht atá críochnaitheach agus dochloíte thairis sin, ní áireofar í, chun críche ar bith de chuid na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, mar mheasúnacht nach bhfuil críochnaitheach agus dochloíte, nó mar mheasúnacht atá scortha de bheith críochnaitheach agus dochloíte, de bhíthin amháin go bhfuil an mheasúnacht leasaithe ag an gcigire, nó go bhféadfaidh sé í a leasú, de bhun fhorálacha alt 14 agus más rud é, i gcás duine inmhuirearaithe, go roghnóidh an cigire faoi alt 13 (4) gan measúnacht a dhéanamh do thréimhse inmhuirearaithe, beidh feidhm ag forálacha na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil ionann is dá mbeadh measúnacht arna déanamh ar an duine inmhuirearaithe don thréimhse inmhuirearaithe sin tagtha chun bheith ina measúnacht chríochnaitheach agus dhochloíte ar an dáta a dtugtar an fógra faoin roghnú.

Leasú ar Chaibidil VII (Athnuachan Uirbeach: Barra an Teampaill agus Limistéir Eile) de Chuid I den Acht Airgeadais, 1991.

34.—Leasaítear, leis seo, Caibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1991—

(a) i bhfo-alt (1)(a) d’alt 56—

(i) tríd an gcoinníoll seo a leanas leis an míniú ar “tréimhse cháilitheach” i bhfomhír (ii) a chur isteach sa mhíniú sin:

“Ar choinníoll, i gcás go dtabhaítear caiteachas iomchuí ar aon áitreabh cáilitheach ar leagadh an bhunsraith dó ina hiomláine ar an 31ú lá de Bhealtaine, 1993, nó roimhe, go ndéanfar an tagairt chéadluaite don 31ú lá de Bhealtaine, 1993, sa mhíniú seo a fhorléiriú mar thagairt don 31ú lá de Bhealtaine, 1994.”,

agus

(ii) tríd an gcoinníoll seo a leanas leis an míniú ar “tréimhse cháilitheach” i bhfomhír (iv) a chur isteach sa mhíniú sin:

“Ar choinníoll—

- (I) faoi réir mhír (II), i gcás go dtabhaítear caiteachas iomchuí ar aon áitreabh cáilitheach ar leagadh an bhunsraith dó ina hiomláine ar an 28ú lá d’Eanáir, 1992, nó roimhe, go ndéanfar an tagairt don 31ú lá de Mhárta, 1992, a fhorléiriú mar thagairt don 31ú lá d’Iúil, 1992, agus
- (II) nach mbeidh feidhm ag mír (I) maidir le caiteachas a gcuirtear forálacha alt 23 den Acht Airgeadais, 1981, i bhfeidhm maidir leis—

(A) de bhua fhorálacha alt 24 den Acht sin, nó

(B) de bhua fhorálacha alt 21 den Acht Airgeadais, 1985;”;

(b) in alt 57, trí “an 31ú lá de Bhealtaine, 1994” a chur in ionad “an 31ú lá de Bhealtaine, 1993” i bhfo-alt (1)(b) (ii) agus sa mhíniú ar “tréimhse cháilitheach” i bhfo-alt (3)(a) (ii); agus

(c) in alt 58, trí “an 31ú lá de Bhealtaine, 1994” a chur in ionad “an 31ú lá de Bhealtaine, 1993” i bhfo-ailt (1)(b)

(ii) agus (3)(b)(i) agus sa mhíniú ar “tréimhse cháilitheach” i bhfo-alt (3)(b)(ii).

35.—Maidir le dáiltí arna bhfáil ag duine an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis, leasaítear, leis seo, an tAcht Cánach Corparáide, 1976, mar a leanas—

Mar a dhéileálfar le dáiltí áirithe arna bhfáil an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis.

(a) i gCuid IV, tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 66—

“Dáiltí arna bhfáil an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis (Cuid IV).

“66A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘an meándáileadh faosaithe coigeartaithe’, i ndáil le dáileadh faosaithe a fhaigheann duine ó chuideachta, cúig cheathrú den mheándáileadh faosaithe i ndáil leis an dáileadh faosaithe a fhaigheann an duine ón gcuideachta;

ciallaíonn ‘an meándáileadh faosaithe’, i ndáil le dáileadh faosaithe a fhaigheann duine ó chuideachta, an ceathrú cuid de mhéid iomlán na ndáiltí faosaithe a fuair an duine ón gcuideachta sna blianta 1987-88, 1988-89, 1989-90 agus 1990-91;

ciallaíonn ‘an méid faosaithe’ an oiread sin de dháileadh lena mbaineann alt 64 agus a chinnfear de réir na foirmle—

$$A - \frac{B \times (100 - C)}{C}$$

i gcás—

gurb é A méid an dáilte,

gurb é B méid an chreidmheasa cánach i leith an dáilte, agus

gurb é C an ráta caighdeánach faoin gcéad chun críocha alt 88(2) i leith na bliana measúnachta a rinneadh an dáileadh;

tá le ‘an dáileadh faosaithe’ an bhrí a shanntar dó i bhfo-alt (2).

(2) D’ainneoin aon fhorála eile de chuid na nAchtanna Cánach—

- (a) maidir le dáiltí arna bhfáil ag duine an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis, d’fhonn a dhliteanas cánach ioncaim, más ann, i leith na ndáiltí sin a chinneadh, agus

(b) maidir le dáiltí a fuair duine sa bhliain 1987-88 agus i mblianta measúnachta dá éis, d’fhonn forálacha fho-alt (3) a chur i bhfeidhm ar dháiltí arna bhfail

ag an duine an 29ú lá d'Eanáir,
1992, nó dá éis,

déileálfar leis an oiread sin de dháileadh lena mbaineann alt 64 arb é an méid faosaithe é mar dháileadh ar leithligh (dá ngairtear 'an dáileadh faosaithe' ina dhiaidh seo san alt seo, go háirithe) arna fháil ag an duine nach mbeidh sé i dteideal creidmheasa cánach ina leith, agus déileálfar leis an gcuid eile, más ann, den dáileadh lena mbaineann alt 64 mar dháileadh ar leithligh arna fháil aige arb é a bheidh sa chreidmheas cánach ina leith an creidmheas cánach i leith an dáilte lena mbaineann alt 64.

(3) Ní bheidh éifeacht le hait 66 agus 67 maidir le haon dáileadh arna fháil ag duine an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis:

Ar choinníoll—

(a) maidir leis an mbliain 1991-92, nach ndéanfar dhá thrían de cibé acu seo a leanas is lú—

(i) méid iomlán na ndáiltí faosaithe arna bhfáil ag duine ó chuideachta an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis, agus roimh an 6ú lá d'Aibreán, 1992, nó

(ii) an méid ar mó an meándáileadh faosaithe coigeartaithe i ndáil leis na dáiltí sin ná méid iomlán, agus féadfaidh gur nialas é, na ndáiltí faosaithe a fuair an duine ón gcuideachta an 6ú lá d'Aibreán, 1991 nó dá éis, agus roimh an 29ú lá d'Eanáir, 1992,

a áireamh mar ioncam chun críoch ar bith de chuid na nAchtanna Cánach Ioncaim seachas chun críocha alt 54 den Acht Airgeadais, 1974;

(b) nach ndéanfar dhá thrían den oiread sin de mhéid iomlán na ndáiltí faosaithe arna bhfáil ag duine ó chuideachta sa bhliain 1992-93 nach mó é ná an meándáileadh faosaithe coigeartaithe i ndáil leis na dáiltí sin a áireamh mar ioncam chun críoch ar bith de chuid na nAchtanna Cánach Ioncaim seachas chun críocha an ailt sin 54; agus

- (c) nach ndéanfar trian den oiread sin de mhéid iomlán na ndáiltí faosaithe arna bhfáil ag duine ó chuideachta sa bhliain 1993-94 nach mó é ná an meándáileadh faosaithe coigeartaithe i ndáil leis na dáiltí sin a áireamh mar ioncam chun críoch ar bith de chuid na nAchtanna Cánach Ioncaim seachas chun críocha an ailt sin 54.

(4) Más rud é, de bhua an ailt seo, nach bhfuil feidhm le bheith ag ailt 66 agus 67 maidir le dáileadh lena mbaineann alt 64, ansin déanfar neamhshuim den dáileadh sin chun críocha alt 54 den Acht Airgeadais, 1974:

Ar choinníoll, i gcás nach bhfuil méid in ionannas do dháilí faosaithe le háireamh mar ioncam chun críoch ar bith de chuid na nAchtanna Cánach Ioncaim de bhua an ailt seo, seachas chun críocha an ailt sin 54, nach ndéanfar neamhshuim de amhlaidh.”,

agus

- (b) i gCuid V, tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 76—

“Dáiltí arna bhfáil an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis (Cuid V).

76A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘an meándáileadh coigeartaithe’, i ndáil le dáileadh a fhaigheann duine ó chuideachta, cúig cheathrú den mheándáileadh i ndáil leis an dáileadh a fhaigheann an duine ón gcuideachta;

ciallaíonn ‘an meándáileadh’ i ndáil le dáileadh a fhaigheann duine ó chuideachta, an ceathrú cuid de mhéid iomlán na ndáiltí a fuair an duine ón gcuideachta sna blianta measúnachta 1987-88, 1988-89, 1989-90 agus 1990-91;

ciallaíonn ‘dáileadh’ aon dáileadh arna dhéanamh as ioncam ó oibríochtaí trádála díolmhaithe de réir bhrí alt 70.

(2) I gcás go bhfaighidh duine aon dáiltí an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis, ní bheidh feidhm ag fómhír (i) de mhír (a) d'fho-alt (2) d'alt 76 maidir leis na dáiltí sin:

Ar choinníoll nach mbeidh éifeacht leis an bhfo-alt seo i leith an mhéid seo a leanas—

- (a) maidir leis an mbliain 1991-92, dhá thrían de cibé acu seo a leanas is lú—

(i) méid iomlán na ndáiltí arna bhfáil ag duine ó chuideachta an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis, agus roimh an 6ú lá d'Aibreán, 1992, nó

(ii) an méid ar mó an meándáileadh coigeartaithe i ndáil leis na dáiltí sin ná méid iomlán, agus féadfaidh gur nialas é, na ndáiltí a fuair an duine ón gcuideachta an 6ú lá d'Aibreán, 1991, nó dá éis, agus roimh an 29ú lá d'Eanáir, 1992,

(b) dhá thrían den oiread sin de mhéid iomlán na ndáiltí arna bhfáil ag duine ó chuideachta sa bhliain 1992-93 nach mó é ná an meándáileadh coigeartaithe i ndáil leis na dáiltí sin, agus

(c) trían den oiread sin de mhéid iomlán na ndáiltí arna bhfáil ag duine ó chuideachta sa bhliain 1993-94 nach mó é ná an meándáileadh coigeartaithe i ndáil leis na dáiltí sin.

(3) Más rud é, de bhua an ailt seo, nach bhfuil feidhm le bheith ag fómhír (i) de mhír (a) d'fho-alt (2) d'alt 76 maidir le méid in ionannas do dháiltí arna bhfáil ag duine ó chuideachta, déanfar neamhshuim de na dáiltí sin chun críocha alt 54 den Acht Airgeadais, 1974, go feadh an mhéid sin.”.

Rogha i ndáil le halt 35 (ní gnóthais chomhinfeistíochta iontaobhais aonad áirithe) den Acht Airgeadais, 1990.

36.—(1) I gcás go mbeidh iontaobhaithe scéime iontaobhais aonad, de réir na brí a shanntar dó le halt 1(1) den Acht um Iontaobhais Aonad, 1990, ar gnóthas comhinfeistíochta chun críocha alt 18 den Acht Airgeadais, 1989 agus an Chéad Sceidil a ghabhann leis an Acht sin a bheadh inti ar leith ó alt 35 den Acht Airgeadais, 1990, tar éis, tráth nach déanaí ná an 1ú lá de Shamhain, 1992, na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(a) an cháin ghnóchan caipitiúil a íoc a bheadh inmhuirearaithe orthu dá mba rud é—

(i) go raibh sócmhainní uile na scéime iontaobhais aonad diúscartha acu an 31ú lá de Mhárta, 1992, agus

(ii) go raibh na gnóchain inmhuirearaithe a eascraíonn as sin inmhuirearaithe i leith cánach de réir leath an ráta ag a mbeidís inmhuirearaithe faoi na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil ar leith ón bhfómhír seo,

agus

- (b) fógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim á rá go bhfuil an cháin sin íoctha acu de réir mhír (a),

ansin, d'ainneoin an ailt sin 35, measfar go bhfuil agus go raibh an scéim iontaobhais aonad (dá ngairtear “an t-iontaobhas aonad iomchuí” ina dhiaidh seo san alt seo) ina gnóthas comhinfheistíochta chun na gcríoch sin a dúradh le héifeacht ón 1ú lá d'Aibreán, 1992.

- (2) (a) I gcás go raibh aonaid in iontaobhas aonad iomchuí á sealbhú ag duine an 31ú lá de Mhárta, 1992, déileálfar leo, d'fhonn na gnóchain inmhuirearaithe a fhabhraíonn chuige an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, a ríomh, mar aonaid a fuair sé an 31ú lá de Mhárta, 1992.

- (b) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (5A) (a cuireadh isteach le halt 34 den Acht Airgeadais, 1977) d'alt 31 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, maidir le diúscairtí aonad in iontaobhas aonad iomchuí a dhéanfar an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis.

(3) I gcás ina bhfuil an chomaoín a fuarthas as sócmhainn a dhiúscairt, nó a tugadh chun sócmhainn a fháil, an 31ú lá de Mhárta, 1992, le cinneadh de thoradh fhorálacha an ailt sin, measfar gurb é atá inti méid is ionann agus margadhluach na sócmhainne ar an lá sin.

(4) Chun críocha an ailt seo tá le “margadhluach”, i ndáil le sócmhainn ar bith, an bhrí a shanntar dó le halt 49 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975.

37.—(1) Beidh éifeacht le halt 25 (arna leasú le halt 38 den Acht Airgeadais, 1990) den Acht Airgeadais, 1989, maidir le díbhinní a íocfar an 6ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, ionann is dá gcuirfí “an 6ú lá d'Aibreán, 1997” in ionad “an 6ú lá d'Aibreán, 1991” i bhfo-alt (3)(a):

Feidhm alt 25 (dáiltí a chur síos do thréimhsí cuntasafóchta) den Acht Airgeadais, 1989, maidir le díbhinní eatramhacha.

Ar choinníoll, faoi réir fho-alt (2), nach mbeidh cuideachta i dteideal, de bhua an ailt seo, a shonrú, de réir fho-alt (1) den alt sin 25, go ndéileálfar le dáileadh, ar díbhinn eatramhach nó cuid di é, mar dháileadh arna dhéanamh don tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar é más rud é—

- (a) gur de chineál iad imthosca na cuideachta, dá ndéileálfar leis an dáileadh nó leis an gcuid de, de réir mar a bheidh, mar dháileadh arna dhéanamh don tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar é, nach mbeadh ar chumas na cuideachta, an tráth a íoctar an díbhinn eatramhach, a chinneadh, gan dul i muinín meastacháin, cé mhéad den dáileadh nó den chuid de, de réir mar a bheidh, a ndéileálfar leis de réir fho-alt (1) d'alt 45 (arna leasú le halt 24 den Acht Airgeadais, 1989) den Acht Airgeadais, 1980, mar dháileadh sonraithe chun críocha fho-alt (2) den alt sin 45, nó
- (b) go n-urasófaí, trí dhéileáil amhlaidh leis an dáileadh nó leis an gcuid de, de réir mar a bheidh, mar dháileadh arna dhéanamh don tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar é, comhshocrú ar bith trínar mhó an creidmheas cánach i leith díbhinne a fuair scairshealbhóir ná an creidmheas cánach, más ann, i leith díbhinne a fuair scairshealbhóir eile, d'ainneoin na cearta céanna, nó cearta atá comhchosúil go substaintiúil, i leith díbhinní agus caipitil

a bheith ag gabháil le scairshealbháin na scairshealbhóirí sin.

(2) Beidh feidhm ag an gcoinníoll a ghabhann le fo-alt (1) maidir le cuideachta—

(a) a bhfuil na brabúis dá cuid a thugtar faoi réim cánach corparáide inchurtha go hiomlán nó go formhór i leith oibríochtaí trádála iomchuí de réir bhrí fho-alt (1) (arna leasú le halt 33 den Acht Airgeadais, 1991) d’alt 39A (a cuireadh isteach le halt 17 den Acht Airgeadais, 1981) nó fho-alt (1) d’alt 39B (a cuireadh isteach le halt 30 den Acht Airgeadais, 1987) den Acht Airgeadais, 1980, agus

(b) (i) (I) atá ina cuideachta thrádála nó shealbhaíochta ar úinéireacht ag comheagras chun críocha mhír (b) d’fho-alt (1) d’alt 44 den Acht Airgeadais, 1983, nó atá ina fochuideachta 51 faoin gcéad do chuideachta a chónaíonn sa Stát, agus

(II) nach bhfuil rogha déanta aici faoin gcoinníoll (a chuirtear isteach le *halt 51*) a ghabhann le fo-alt (1) den alt sin 44,

nó

(ii) a dtagraítear di i bhfomhír (ii) de mhír (a) d’fho-alt (1) d’alt 47 den Acht Airgeadais, 1983, mar an gcéad chuideachta a luaitear,

ionann is dá ndéanfaí mír (b) a scriosadh as an gcoinníoll sin.

Dáiltí chuig neamhchónaitheoirí.

38.—(1) Maidir le dáiltí arna ndéanamh an 6ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, leasaítear, leis seo, alt 83 den Acht Cánach Corparáide, 1976, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) I gcás go bhfaighidh duine nach bhfuil cónaí air sa Stáit dáileadh a rinne cuideachta a bhfuil cónaí uirthi sa Stát, ní áireofar an dáileadh sin mar ioncam de chuid an duine chun aon chríche de chuid na nAchtanna Cánach Ioncaim:

Ar choinníoll, d’fhonn a chinneadh an n-íocfar agus cá mhéad a íocfar creidmheas cánach i leith dáilte le duine, go mbeidh feidhm ag an alt seo ionann is nár achtaíodh alt 38 den Acht Airgeadais, 1992.”.

(2) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, le fógra i scríbhinn, a cheangal ar chuideachta a rinne dáileadh cibé sonraí a thabhairt dóibh, laistigh de cibé tréimhse ama a ordóidh siad, is dóigh leo is gá chun daoine atá ag baint tairbhe as forálacha fho-alt (4) d’alt 83 den Acht Cánach Corparáide, 1976 a aithint.

Forálacha a bhaineann le halt 244 (liúntas i leith taighde eolaíochta) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, etc.

39.—(1) Chun críocha an mhínithe ar thaighde eolaíochta, forléireofar an míniú sin, faoi réir *fho-alt (2)*, mar mhíniú a fholaíonn, agus measfar gur fholaigh sé riamh, foráil a eisiann ó bhrí an mhínithe sin na gníomhaíochtaí seo a leanas, is é sin le rá:

(a) mianraí sonraithe a thaiscéaladh,

(b) taiscéaladh peitрилam, agus

(c) eastóscadh peitriliam.

(2) Maidir le gníomhaíochtaí arna seoladh roimh an 29ú lá d'Eanáir, 1992, ní bheidh éifeacht le *fo-alt (1)* chun aon mhuirear cánach ioncaim nó cánach corparáide a ríomh ar dhuine a rinne éileamh, roimh an 3ú lá de Nollaig, 1991, i leith caiteachais a tabhaíodh le linn mianraí sonraithe a thaiscéaladh nó i leith gníomhaíochtaí taiscéalaíochta peitriliam nó i leith gníomhaíochtaí eastósctha peitriliam.

(3) San alt seo—

ciallaíonn “an míniú ar thaighde eolaíochta” an míniú ar thaighde eolaíochta mar a achtaíodh é in alt 5 den Acht Airgeadais, 1946, is míniú a aisghaireadh agus a athachtaíodh in alt 244 den Acht Cánach Ioncaim, 1967 (ar achtachán comhdhlúthúcháin é) agus a ionadaíodh ina dhiaidh sin (gan leasú) san alt sin 244 le halt 21 den Acht Cánach Corparáide, 1976, agus le mír 9 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin;

ciallaíonn “limistéar ainmnithe” limistéar atá arna ainmniú de thuras na huaire le hordú faoi alt 2 den Acht um an Scairbh Ilchríochach, 1968;

ciallaíonn “mianraí sonraithe a thaiscéaladh” fosuithe mianraí sonraithe a lorg sa Stát nó tástáil a dhéanamh ar na fosuithe sin nó bealach a dhéanamh chucu, agus folaíonn sé limistéir ina bhfuil mianraí sonraithe a lorg go córasach agus lorg a dhéanamh, trí tholladh nó ar shlí eile, laistigh de na limistéir sin ach ní fholáíonn sé oibríochtaí ar oibríochtaí iad a dhéantar le linn mianach a bheith á fhorbairt nó á oibriú;

ciallaíonn “ceadúnas”—

- (a) ceadúnas taiscéalaíochta,
- (b) ceadúnas lorgaireachta peitriliam,
- (c) léas peitriliam, nó
- (d) ceadúnas limistéir fhorchoimeáda, a deonaíodh go cuí roimh an 11ú lá de Mheitheamh, 1968, maidir le limistéar sa Stát, nó an 11ú lá de Mheitheamh, 1968, nó dá éis, maidir le limistéar ainmnithe nó le limistéar sa Stát nó maidir leo araon, agus a deonaíodh nó a fhéadfar a dheonú amhlaidh faoi réir cibé téarmaí ceadúnúcháin a tíolacadh do dhá Theach an Oireachtais agus folaíonn sé aon cheadúnas den sórt sin ar leasaíodh nó ar athraíodh a théarmaí go cuí ó am go ham;

ciallaíonn “limistéar ceadúnaithe” limistéar a bhfuil ceadúnas i bhfeidhm ina leith;

ciallaíonn “mianach” tochailt faoi thalamh chun mianraí sonraithe a fháil;

foláíonn “peitriliam”:

- (a) aon ola mhianrach nó hidreacarbón gaolmhar agus gás nádúrtha agus hidreacarbóin leachtacha nó ghásacha eile agus a ndíorthaigh nó a substaintí comhábhartha atá ina riocht nádúrtha i sraitheanna (lena n-áirítear, gan teorainn, driogáit, comhdhlútháit, gásailín ceann-chásála

agus cibé substaintí eile a tháirgtear de ghnáth ó thuibreacha ola agus gáis), agus

- (b) aon substaint mhianrach eile atá in ola nó i ngás nádúrtha agus a thugtar chun uachtair leo sa ghnáthphróiseas eastósctha, ach ní fholaíonn sé gual agus sceallaí biotúmanacha agus fosuithe srathaithe eile as ar féidir ola a eastóscadh trí dhriogadh,

a ghnóthófar nó is féidir a ghnóthú faoi údarás ceadúnais;

ciallaíonn “gníomhaíochtaí taiscéalaíochta peitiriam” gníomhaíochtaí duine arna seoladh aige nó thar a cheann le linn fosuithe peitiriam a lorg i limistéar ceadúnaithe, le linn na fosuithe sin a thástáil nó a mheas nó le linn bealach a dhéanamh chucu chun an lorg, an tástáil nó an meas sin a dhéanamh, i gcás go seoltar na gníomhaíochtaí sin faoi cheadúnas (seachas léas peitiriam) lena n-údaraítear na gníomhaíochtaí agus atá á shealbhú aige nó, más cuideachta an duine, atá á shealbhú ag an gcuideachta nó ag cuideachta atá i gcomhlachas léi;

ciallaíonn “gníomhaíochtaí eastósctha peitiriam” gníomhaíochtaí duine arna seoladh aige nó thar a cheann faoi léas peitiriam lena n-údaraítear na gníomhaíochtaí agus atá á shealbhú aige nó, más cuideachta an duine, atá á shealbhú ag an gcuideachta nó ag cuideachta atá i gcomhlachas léi—

- (a) le linn peitiriam a ghnóthú ó réimse iomchuí, lena n-áirítear an peitiriam sin a lorg sa réimse sin agus bealach a dhéanamh chuige,
- (b) le linn peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh ó áit nach bhfuil ar an talamh tirim a iompar a fhad leis an talamh tirim,
- (c) le linn cóireáil thosaigh agus stóráil peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh ón réimse iomchuí a chur i gcrích;

ciallaíonn “réimse iomchuí” limistéar a bhfuil ceadúnas, ar léas peitiriam é, i bhfeidhm ina leith;

ciallaíonn “mianraí sonraithe” na mianraí seo a leanas a fhaightear i bhfosuithe neamhleabaithe de na mianraí sin, is é sin le rá, bairít, iathchloch, marmar nathairíneach, carraig ghrianchloiche, cloch shópa, mianta copair, mianta óir, mianta iarainn, mianta luaidhe, mianta mangainéise, mianta molaibdéinim, mianta airgid, mianta sulfair agus mianta since.

CAIBIDIL III

Cáin Chorporáide

Leasú ar alt 84A (teorainn leis an mbrí atá le “dáileadh”) den Acht Cánach Corporáide, 1976.

40.—Leasaítear, leis seo, alt 84A (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1991) den Acht Cánach Corporáide, 1976—

- (a) i mír (b) d’fho-alt (3A) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1990)—
- (i) trí “a íoctar i leith príomhshuime iomchuí a shonraítear sa liosta dá dtagraítear i bhfomhír (iv)” a chur in ionad “a íoctar sa tréimhse sin”,

- (ii) trí “roimh an 25ú lá de Mhárta, 1992, go raibh trádáil shonraithe an iasachtaí san áireamh i liosta, a d’ullmhaigh an tÚdarás Forbartha Tionscail agus a bhí ceadaithe roimh an lá sin” a chur in ionad “go ndéanfaidh an tÚdarás Forbartha Tionscail trádáil shonraithe an iasachtaí a roghnú le bheith san áireamh i liosta, arna cheadú” i bhfomhír (iv),
- (b) Maidir le príomhshuim iomchuí arna hairleacan ag cuideachta an 20ú lá de Nollaig, 1991, nó dá éis, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3B):
- “(3B) (a) D’ainneoin fho-ailt (2), (3) agus (3A), ní áireofar mar dháileadh chun críocha an Achta seo i lámha na cuideachta aon ús a íocfar le cuideachta i leith príomhshuime iomchuí a bheidh airleachta ag an gcuideachta an 20ú lá de Nollaig, 1991, nó dá éis.
- (b) Más rud é, ar leith ón mír seo, nach ndéanfaí aon ús arna íoc le cuideachta i leith príomhshuime iomchuí a bheidh airleachta ag an gcuideachta an 20ú lá de Nollaig, 1991, nó dá éis, a áireamh mar dháileadh chun críocha an Achta seo i lámha na cuideachta de bhua fhorálacha mhír (a) agus dá mbua sin amháin, ansin ní bheidh feidhm ag forálacha na míre sin i ndáil leis an oiread sin den ús sin a íoctar i leith príomhshuime iomchuí a shonraítear sa liosta dá dtagraítear i bhfomhír (ii) den mhír seo, más rud é—
- (i) gurb é atá sa trádáil shonraithe trádáil ar thosaigh an t-iasachtaí ar í a sheoladh tar éis an 31ú lá d’Eanáir, 1990, nó trádáil shonraithe de chuid an iasachtaí a bhfuil sé faoi cheangal, faoi phlean gnó a bheidh ceadaithe ag an Údarás Forbartha Tionscail, ag Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta nó ag Údarás na Gaeltachta, fostaíocht bhreise a chruthú ina leith,
- (ii) roimh an 25ú lá de Mhárta, 1992, go raibh trádáil shonraithe an iasachtaí san áireamh i liosta, a d’ullmhaigh an tÚdarás Forbartha Tionscail agus a bhí ceadaithe roimh an lá sin ag an Aire Tionscail agus Tráchtála agus ag an Aire Airgeadais, ar liosta é ina sonraítear méid áirithe príomhshuime iomchuí maidir le gach trádáil arb é an méid é a mheastar a bheith riachtanach le go mbeidh rath ar an trádáil sin, agus
- (iii) nach cuideachta a thosaigh ar oibríochtaí trádála iomchuí (de réir bhrí alt 39B den Acht Airgeadais, 1980) a sheoladh tar éis an 20ú lá d’Aibreán, 1990, nó cuideachta a bheartaíonn tosú ar oibríochtaí trádála den sórt sin a sheoladh, an t-iasachtaí, nó cuideachta atá bainteach (de réir bhrí alt 157(5)) leis an iasachtaí:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an mír seo maidir le haon ús i leith aon phríomhshuime iomchuí a airleacfar tar éis an trátha ar mó iomlán na méideanna príomhshuime iomchuí lena mbaineann an mhír seo a bheidh airleactha ag na hiasachtóirí go léir a thug airleacain den sórt sin, ná comhiomlán na méideanna seo a leanas—

(a) £250,000,000, agus

(b) an bhreis, más ann, a bheidh ag an méid a shonraítear sa choinníoll a ghabhann le mír (b) d’fho-alt (3A) ar iomlán na méideanna príomhshuime iomchuí lena mbaineann an mhír sin a bheidh airleactha ag na hiasachtóirí go léir a thug airleacain den sórt sin.”,

agus

(c) i mír (b) d’fho-alt (4A)—

(i) tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an bhfomhír seo maidir le haon tréimhse iomchuí dar tosach an 20ú lá de Nollaig, 1991, nó dá éis, más rud é, sa tréimhse iomchuí sin, gur mó an ráta sin ná an ráta ar ar a bhonn a bheadh ús le ríomh dá leanfaí den phríomhshuim iomchuí a ainmniú san airgeadra inar ainmníodh í an 30ú lá d’Eanáir, 1991,”

(ii) i bhfomhír (ii), le héifeacht ar an agus ón 30ú lá d’Eanáir, 1991—

(I) trí “chun críocha trádála sonraithe” a scriosadh, agus

(II) trí “chun críocha trádála sonraithe” a chur isteach roimh “de chuid iasachtaí” i gclásal (II),

agus

(iii) tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an bhfomhír seo i leith aon tréimhse iomchuí dar tosach an 20ú lá d’Eanáir, 1991, nó dá éis—

(a) maidir le cibé méid d’ús arna íoc i leith tréimhse (a measfar gur tréimhse iomchuí ar leithligh í) dar tosach an 20ú lá de Nollaig, 1991, agus dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 1991, ar mó é ná méid a chinnfear faoi threoir an ráta dá dtagraítear i bhfomhír (A) de mhír (b) i gcás gur airleacadh an phríomhshuim iomchuí an 20ú lá de Nollaig, 1991, faoi chomhaontú a rinneadh roimh an lá sin, agus

(b) i gcás aon úis eile, más rud é sa tréimhse iomchuí nó, i gcás feidhm a bheith ag mír (a), sa chuid den tréimhse iomchuí seachas an tréimhse dá dtagraítear sa mhír sin, gur mó an ráta ar ar a bhonn atá ús i leith an urrúis iomchuí le ríomh ná—

(A) ráta a bheidh ceadaithe ag an Aire Airgeadais i gcomhairle leis an Aire Tionscail agus Tráchtála,

nó

(B) i gcás gurb ísle é ná an ráta a ceadáíodh amhlaidh agus gur airleacadh an phríomhshuim iomchuí an 30ú lá d'Eanáir, 1991 nó dá éis, agus roimh an 20ú lá de Nollaig, 1991, an ráta a mbeadh feidhm aige dá leanfaí den phríomhshuim iomchuí a ainmniú san airgeadas inar ainmníodh í nuair a airleacadh í.”.

41.—Leasaítear, leis seo, alt 21 den Acht Airgeadais, 1989, maidir le hús arna íoc ar an 31ú lá de Nollaig, 1991, nó roimhe, tríd an mír seo a leanas a chur in ionaid mhír (b) d’fho-alt (2):

Leasú ar alt 21 (leasú ar Chuid IX (Sceideal F agus dáiltí cuideachtaí) den Acht Cánach Corparáide, 1976) den Acht Airgeadais, 1989.

“(b) ina n-íocfar an t-ús nó an dáileadh eile ar an 31ú lá de Nollaig, 1991, nó roimhe—

(i) i leith tréimhse roimh an dáta sin, agus

(ii) i leith urrúis a eisíodh roimh an 12ú lá d’Aibreán, 1989.”.

42.—(1) Leasaítear, leis seo, Cuid XXXII den Acht Cánach Ioncaim, 1967—

Leasú ar Chuid XXXII (Iasachtaí rialtais agus iasachtaí poiblí eile) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus caillteanais a ríomh.

(a) maidir le hurrúis a gheobhaidh cuideachta tar éis an 29ú lá d'Eanáir, 1992, cibé acu a eisíodh iad roimh an dáta sin nó dá éis, tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur le halt 464:

“Ar choinníoll, d’ainneoin urrús a bheith eisithe fara le coinníoll den sórt sin, i gcás an t-urrús a bheith á shealbhú ag brainse nó gníomhaireacht, nó do bhrainse nó gníomhaireacht, trína seolann cuideachta trádáil nó gnó sa Stát ar trádáil nó gnó, de réir mar a bheidh, í nó é de chineál a d’fhágfadh, dá mba rud é go mbeadh an t-urrús eisithe d’éagmais coinníll den sórt sin, go mbeadh ús ar an urrús nó brabúis nó gnóchain eile ón urrús a d’fhabhródh chuig an gcuideachta inmhuipearaithe i leith cánach corparáide faoi Chás I de Sceideal D nó de réir fhorálacha alt 43 den Acht Cánach Corparáide, 1976, ansin go ndéanfar an t-ús sin agus na brabús nó na gnóchain sin a mhuirearú i leith cánach ionann is dá mbeadh an t-urrús eisithe d’éagmais an choinníll sin.”.

(b) maidir le hurrúis a gheobhaidh cuideachta tar éis an 15ú lá de Bhealtaine, 1992, cibé acu a eisíodh iad roimh an dáta sin nó dá éis, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 470:

“Urrúis de chuid údarás áitiúil Éireannach a eisíodh lasmuigh den Stát.

470.—(1) Aon urrúis arna n-eisiúint (cibé acu roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis) lasmuigh den Stát ag údarás áitiúil sa Stát d’fhonn aon airgead a chruinniú a údaraítear dóibh a fháil ar iasacht, ní bheidh siad faoi dhliteanas i leith cánach, más faoi údarás an Aire Airgeadais a eisíodh iad, ach amháin i gcás go mbeidh siad á sealbhú—

(a) ag daoine a bhfuil sainchónaí orthu sa Stát nó a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát, nó

(b) ag brainse nó gníomhaireacht, nó do bhrainse nó gníomhaireacht, trína seolann cuideachta trádáil nó gnó sa Stát ar trádáil nó gnó, de réir mar a bheidh, í nó é de chineál a d’fhágfadh, dá mba rud é nár achtaíodh an t-alt seo, go mbeadh ús orthu nó brabúis nó gnóchain eile uathu a d’fhabhródh chuig an gcuideachta inmhuirearaithe i leith cánach corparáide faoi Chás I de Sceideal D nó de réir fhorálacha alt 43 den Acht Cánach Corparáide, 1976.

(2) San alt seo, folaíonn ‘údarás áitiúil’ aon chomhlacht poiblí atá aitheanta mar údarás áitiúil chun críche an ailt seo ag an Aire Comhshaoil.”

agus

(c) maidir le hurrúis a gheobhaidh cuideachta tar éis an 15ú lá de Bhealtaine, 1992, cibé acu a eisíodh iad roimh an dáta sin nó dá éis, tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur le fo-alt (2) d’alt 474:

“Ar choinníoll, d’ainneoin urrús a bheith eisithe mar a dúradh fara le ceachtar coinníoll nó leis an dá choinníoll acu sin, i gcás an t-urrús a bheith á shealbhú ag brainse nó gníomhaireacht, nó do bhrainse nó gníomhaireacht, trína seolann cuideachta trádáil nó gnó sa Stát ar trádáil nó gnó, de réir mar a bheidh, í nó é de chineál a d’fhágfadh, dá mba rud é go mbeadh an t-urrús eisithe d’éagmais coinníollacha ar bith den sórt sin, go mbeadh ús ar an urrús, nó brabúis nó gnóchain eile ón urrús, a d’fhabhródh chuig an gcuideachta inmhuirearaithe i leith cánach corparáide faoi Chás I de Sceideal D nó de réir fhorálacha alt 43 den Acht Cánach Corparáide, 1976, ansin go ndéanfar an t-ús sin agus na brabúis nó na gnóchain sin a mhuirearú i leith cánach ionann is dá mbeadh an t-urrús eisithe d’éagmais coinníollacha ar bith den sórt sin.”

(2) D’ainneoin fho-alt (5) d’alt 16 nó fho-alt (3) d’alt 18 den Acht Cánach Corparáide, 1976, nuair a bheifear á fhionnadh chun críocha na n-alt sin cé acu a thabhaigh, agus a mhéid a thabhaigh, cuideachta caillteanas ag seoladh trádála sa Stát trí bhainse nó gníomhaireacht, déileálfar leis an ús ar urrús, agus leis na brabúis nó na gnóchain eile

ó urrús, atá á shealbhú ag an mbrainse nó ag an ngníomhaireacht, nó don bhainse nó don ghníomhaireacht, mar fháltas trádála de chuid na trádála dá ndéileálfai amhlaidh leis an ús sin nó leis na brabúis nó na gnóchain eile sin, nó dá mbeidís ar áireamh i méid a ndéileálfai leis amhlaidh, dá mba rud é nár achtaíodh ailt 464, 470 agus 474 den Acht Cánach Ioncaim, 1967.

(3) Beidh éifeacht le *fo-alt* (2) d'fhonn a fhionnadh cé acu a thabhaigh agus a mhéid a thabhaigh cuideachta caillteanas—

(a) ionann is dá mba rud é nach raibh ailt 470 agus 474 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, luaite san fho-alt sin i gcás go ndéileálfai leis an gcuideachta, ar leith ón bhfo-alt sin, mar chuideachta a thabhaigh caillteanas agus go ndéanfaí an caillteanas sin—

(i) a fhritháireamh in aghaidh an ioncaim nó na ngnóchan ón trádáil (cibé acu de chuid na cuideachta sin nó aon chuideachta eile) do thréimhse chuntasaíochta, nó

(ii) a thabhu i dtréimhse chuntasaíochta,

ar tréimhse chuntasaíochta í atá sa tréimhse ón 1ú lá d'Fheabhra, 1992, go dtí an 15ú lá de Bhealtaine, 1992, agus

(b) i gcás go ndéileálfai leis an gcuideachta, ar leith ón bhfo-alt sin, mar chuideachta a thabhaigh caillteanas agus go ndéanfaí an caillteanas sin—

(i) a fhritháireamh in aghaidh an ioncaim nó na ngnóchan ón trádáil (cibé acu de chuid na cuideachta sin nó aon chuideachta eile) do thréimhse chuntasaíochta, nó

(ii) a thabhu i dtréimhse chuntasaíochta,

dar críoch an 15ú lá de Bhealtaine, 1992 nó dá éis:

Ar choinníoll nach ndéanfar an méid faoisimh in aghaidh ioncaim nó brabús do thréimhse chuntasaíochta—

(I) dar críoch dáta roimh an 1ú lá d'Fheabhra, 1992, i gcás feidhm a bheith ag *mír (a) d'fho-alt (3)*, nó

(II) dar críoch dáta roimh an 15ú lá de Bhealtaine, 1992, i gcás feidhm a bheith ag *mír (b) d'fho-alt (3)*,

i leith caillteanais a laghdú de bhua *fho-alt (2)* murar tabhaíodh an caillteanas i dtréimhse chuntasaíochta dar críoch an dáta lena mbaineann nó dá éis.

(4) (a) Chun críocha fho-ailt (2) agus (3) agus mhír (b), déanfar tréimhse chuntasaíochta a thosaíonn roimh an 15ú lá de Bhealtaine, 1992, agus a chríochnaíonn ar an dáta sin nó dá éis, a roinnt ina cuid amháin, dar tosach an lá a thosaíonn an tréimhse chuntasaíochta agus dar críoch an 14ú lá de Bhealtaine, 1992, agus ina cuid eile dar tosach an 15ú lá de Bhealtaine, 1992, agus dar críoch an lá a chríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta, agus déileálfar leis an dá chuid ionann is dá mba thréimhsí cuntasaíochta ar leithligh iad.

- (b) I gcás ina bhfuil feidhm ag *fo-alt* (2), d'fhonn a fhionnadh cé acu a thabhaigh agus a mhéid a thabhaigh cuideachta caillteanas, de bhua alt 464 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, a bheith luaite san fho-alt sin, ansin, chun críocha *fho-ailt* (2) agus (3) déanfar tréimhse chuntasaíochta a thosaíonn roimh an 1ú lá d'Fheabhra, 1992, agus a chríochnaíonn ar an dáta sin nó dá éis, a roinnt ina cuid amháin, dar tosach an lá a thosaíonn an tréimhse chuntasaíochta agus dar críoch an 31ú lá d'Eanáir, 1992, agus ina cuid eile, dar tosach an 1ú lá d'Fheabhra, 1992, agus dar críoch an lá a chríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta, agus déileálfar leis an dá chuid ionann is dá mba thréimhsí cuntasaíochta ar leithligh iad.

Cumainn
foirgníochta
(cánachas ar
idirbhearta áirithe).

43.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “cumann foirgníochta” cumann foirgníochta atá corpraithe, nó a mheastar le halt 124(2) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989, a bheith corpraithe, faoin Acht sin, agus déanfar tagairtí do “cumann” a fhorléiriú dá réir sin;

ciallaíonn “urrús” sócmhainn nach sócmhainn inmhuirearaithe chun críocha cánach gnóchan caipitiúil de bhua alt 19 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975.

(2) Más rud é, an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis, go ndíolfaidh nó go n-aistroidh cumann urrús agus, ar leith ón bhfo-alt seo, go ndéanfaí an brabús nó an gnóchan nó an caillteanas go léir ar an díol nó ar an aistriú a chur i gcuntas le linn an t-ioncam trádála ó thrádáil an chumainn a ríomh chun críocha measúnachta cánach corparáide, ansin ní chuirfear i gcuntas amhlaidh an oiread sin de mhéid an bhrabúis nó an ghnóchain nó an chaillteanas ar an díol nó ar an aistriú nach mó é—

(a) maidir le díolacháin nó aistrithe sa tréimhse dar thosach an 29ú lá d'Eanáir, 1992, agus dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 1992, ná méid is ionann agus 75 faoin gcéad den bhrabús nó den ghnóchan nó den chaillteanas,

(b) maidir le díolacháin nó aistrithe sa bhliain 1993, ná méid is ionann agus 50 faoin gcéad den bhrabús nó den ghnóchan nó den chaillteanas, agus

(c) maidir le díolacháin nó aistrithe sa bhliain 1994, ná méid is ionann agus 25 faoin gcéad den bhrabús nó den ghnóchan nó den chaillteanas.

- (3) (a) Beidh feidhm ag alt 29 (arna leasú le halt 27 den Acht Airgeadais, 1991), ar leith ó mhír (b) d'fho-alt (2A), den Acht Airgeadais, 1984, maidir le díol nó aistriú urrúis ag cumann an 29ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis, d'ainneoin go ndéantar an brabús nó an gnóchan nó an caillteanas go léir ar dhíol nó ar aistriú an urrúis, nó cuid de, a chur i gcuntas le linn an t-ioncam trádála ó thrádáil an chumainn a ríomh chun críocha measúnachta cánach corparáide:

Ar choinníoll go ndéanfar an méid úis atá, ar leith ón gcoinníoll seo, inmhuirearaithe ar dhíol nó ar aistriú urrúis faoin alt sin 29 de bhua an fho-ailt seo a laghdú—

- (i) maidir le díolacháin nó aistrithe sa tréimhse dar tosach an 29ú lá d'Eanáir, 1992, agus dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 1992, de mhéid is 25 faoin gcéad den mhéid a dúradh,
 - (ii) maidir le díolacháin nó aistrithe sa bhliain 1993, de mhéid is 50 faoin gcéad den mhéid a dúradh, agus
 - (iii) maidir le díolacháin nó aistrithe sa bhliain 1994, de mhéid is 75 faoin gcéad den mhéid a dúradh.
- (b) Ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le díol nó aistriú urrúis tar éis an 31ú lá de Nollaig, 1994.
- (4) Aisghairtear, leis seo, fo-alt (9) (arna leasú le halt 34 den Acht Airgeadais, 1986) d'alt 31 den Acht Cánach Corparáide, 1976, agus measfar nach raibh feidhm aige ná éifeacht leis do thréimhsí cuntasáíochta dar críoch an 1ú lá d'Aibreán, 1989, nó dá éis.

44.—Leasaítear, leis seo, Cuid III den Acht Cánach Corparáide, 1976, maidir le tréimhsí cuntasáíochta dar críoch an 1ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis, chun críocha *mhíreanna* (a), (b), (c) agus (e) agus maidir le tréimhsí cuntasáíochta dar críoch an 1ú lá d'Eanáir, 1993, nó dá éis, chun críocha *mhíreanna* (d) agus (f)—

Leasú ar Chuid III
(aicmí speisialta
cuideachtaí) den
Acht Cánach
Corparáide, 1976.

- (a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a) d'fho-alt (1) d'alt 33:

“(a) go mbainfear as an méid lena ndéileálfar mar chaiteachais bhainistí d’aon tréimhse chuntasáíochta—

- (i) aon aisíocaíocht nó cúiteamh is infhaighte sa tréimhse de shuim iomlán, nó de chuid de shuim, a d’eisíoc an chuideachta (don tréimhse sin nó d’aon tréimhse is luaithe) mar chaiteachais bhainistí, lena n-áirítear coimisiúin (cibé slí ar a dtuairiscítear iad),
- (ii) coimisiúin atharachais a thuill an chuideachta sa tréimhse, agus
- (iii) méid aon fhíneálacha nó táillí is infhaighte sa tréimhse nó brabúis ó fhrithdhílsí sa tréimhse,

agus, le linn brabúis ó fhrithdhílsí a ríomh, féadfaidh an chuideachta aon chaillteanais ó fhrithdhílsí in aon tréimhse chuntasáíochta roimhe sin a raibh aon achtachán a dheonaigh an faoiseamh sin i ngníomh lena linn a fhritháireamh in aghaidh na mbrabús sin a mhéid nach mbeidh siad fritháirithe amhlaidh cheana féin, agus”,

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2) d'alt 33:

“(3) Ní bhainfidh an faoiseamh atá ar fáil faoin alt seo do chuideachta árachais saoil thar lear maidir lena caiteachais bhainistí ach le caiteachais is inchurtha síos don ghnó árachais saoil a sheolann an chuideachta ag a brainse

nó gníomhaireacht, nó trína brainse nó gníomhaireacht, sa Stát.”,

(c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 33:

“Caiteachais fála.

33A.—(1) Chun críocha an ailt seo agus faoi réir fho-alt (2), (3) agus (4), is iad na caiteachais fála, d’aon tréimhse, de chuid cuideachta árachais a sheolann gnó árachais saoil cibé caiteachais bhainistí díobh seo a leanas, lena n-áirítear coimisiúin (cibé slí ar a dtuairiscítear iad) is inchurtha síos do ghnó árachais saoil na cuideachta (gan gnó pinsean ná gnó ginearálta blianachtaí a áireamh) don tréimhse sin, is é sin le rá:

- (a) caiteachais bhainistí a eisíoctar chun gnó a fháil, agus chuige sin amháin, agus
- (b) an oiread sin d’aon chaiteachais bhainistí eile a eisíoctar chun gnó a fháil, go páirteach, agus chun críoch eile, go páirteach, is inchurtha síos go cuí do ghnó a fháil,

arna laghdú—

- (i) d’aon aisíocaíocht nó cúiteamh is infhaighte sa tréimhse de na caiteachais bhainistí go léir, nó de chuid díobh, a thagann faoi réim mhír (a) nó (b) agus a d’eisíoc an chuideachta (don tréimhse sin nó d’aon tréimhse is luaithe), agus
- (ii) de choimisiún athárachais a thuill an chuideachta sa tréimhse sin agus is inchurtha i leith gnó árachais saoil (gan gnó pinsean ná gnó ginearálta blianachtaí a áireamh).

(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le caiteachais fála i leith polasaithe árachais saoil a eisíodh roimh an 1ú lá d’Aibreán, 1992, ach sin gan dochar d’fheidhmiú an fho-alt sin maidir le haon choimisiún (cibé slí ar a dtuairiscítear é) is inchurtha síos d’athrú a dhéantar, an dáta sin nó dá éis, ar pholasaí árachais saoil a eisíodh roimh an dáta sin, agus, chun na críche sin, measfar gur athrú ar pholasaí feidhmiú aon cheart a thugtar leis.

(3) I bhfo-alt (1), folaíonn ‘gnó a fháil’ a áirithiú, an 1ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, go n-íocfar préimheanna méadaithe nó breise i leith polasaí árachais atá eisithe cheana féin roimh an dáta sin, ar an dáta sin nó dá éis.

(4) Chun críocha fho-alt (1), agus i ndáil le haon tréimhse, is iad na caiteachais bhainistí is inchurtha síos do ghnó árachais saoil cuideachta (gan gnó pinsean agus gnó ginearálta blianachtaí a áireamh) caiteachais—

(a) a eisíoctar don tréimhse sin (gan aird a thabhairt ar aon chaiteachais a áirítear mar chaiteachais a eisíocadh amhlaidh le fo-alt (2) d'alt 15), agus

(b) is inasbhainte, gan aird a thabhairt ar fho-alt (5), mar chaiteachais bhainistí de chuid an ghnó árachais saoil sin de réir alt 33.

(5) D'ainneoin aon ní atá in alt 33 agus faoi réir fho-alt (6), ní dhéileálfar ach leis an seachtú cuid de na caiteachais fála d'aon tréimhse chuntasaíochta (dá ngairtear 'an bhuntréimhse' ina dhiaidh seo san alt seo) mar chaiteachais is inasbhainte faoin alt sin don bhuntréimhse, agus i bhfo-ailt (7) agus (8) aon tagairt do mhéid iomlán na gcaiteachas fála don bhuntréimhse is tagairt í don mhéid de na caiteachais sin a bheadh inasbhainte don tréimhse sin ar leith ón bhfo-alt seo.

(6) Beidh éifeacht le fo-alt (5) i gcás caiteachas fála do thréimhse chuntasaíochta nó do chuid de thréimhse chuntasaíochta atá go hiomlán laistigh den bhliain dar críoch—

(a) an 31ú lá de Nollaig, 1992, ionann is dá gcuirfí cúig sheachtú in ionad an seachtú cuid, agus

(b) an 31ú lá de Nollaig, 1993, ionann is dá gcuirfí trí sheachtú in ionad an seachtú cuid.

(7) Más rud é, de bhua fho-alt (5) agus, más cuí, fho-alt (6), nach mbeidh ach codán de mhéid iomlán na gcaiteachas fála don bhuntréimhse inasbhainte faoi alt 33 don tréimhse sin, ansin, faoi réir fho-alt (8), beidh seachtú breise den mhéid iomlán inasbhainte amhlaidh do gach tréimhse chuntasaíochta as a chéile tar éis na buntréimhse go dtí go mbeidh an méid iomlán ar fad tagtha chun bheith inasbhainte amhlaidh, ach amháin go ndéanfar an codán seachtú cuid a laghdú go comhréireach d'aon tréimhse chuntasaíochta is giorra ná bliain.

(8) Maidir le haon tréimhse chuntasaíochta ar mó an codán de mhéid iomlán na gcaiteachas fála don bhuntréimhse a bheadh inasbhainte thairis sin de réir fho-alt (7) ná iarmhéid na gcaiteachas sin nach bhfuil tagtha chun bheith inasbhainte do thréimhsí cuntasaíochta is luaithe, ní bheidh ach an t-iarmhéid sin inasbhainte.”,

(d) trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 46:

“Diúscairt agus athfháil mheasta sócmhainní áirithe.

46A.—(1) San alt seo agus in alt 46B—

ciallaíonn ‘meán’, i ndáil le dhá mhéid, a leath de chomhiomlán an dá mhéid sin;

ciallaíonn ‘dúnta’, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta, an staid i ndeireadh na tréimhse luachála atá comhthráthach leis an tréimhse chuntasaíochta sin nó ina bhfuil an tréimhse chuntasaíochta sin;

tá le ‘gnóthas comhinfheistíochta’ an bhrí a shanntar dó in alt 18 den Acht Airgeadais, 1989;

tá le ‘ciste árachais saoil choigríche’ an bhrí a shanntar dó in alt 42;

ciallaíonn ‘cúlchiste infheistíochta’, i ndáil le cuideachta árachais, an bhreis atá ag luach shócmhainní chiste gnó saoil na cuideachta ar dhliteanais an ghnó saoil;

ciallaíonn ‘ciste gnó saoil’ an ciste a chothabhálann cuideachta árachais maidir lena gnó árachais saoil nó, i gcás go seolann an chuideachta gnáthghnó árachais saoil agus gnó árachais tionscail araon, an dá chiste a chothabháiltear amhlaidh;

ciallaíonn ‘sócmhainní nasctha’ sócmhainní de chuid cuideachta árachais atá sainithe i dtaifid na cuideachta mar shócmhainní ar faoi threoir a luacha atá sochair dá bhforáiltear faoi pholasaí nó conradh le cinneadh;

tá le ‘margadhluach’ an bhrí a shanntar dó in alt 49 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975;

ciallaíonn ‘oscailte’, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta, an staid i dtús na tréimhse luachála atá comhthráthach leis an tréimhse chuntasaíochta sin nó ina bhfuil an tréimhse chuntasaíochta sin;

ciallaíonn ‘cuideachta thrádála’ cuideachta—

(a) arb é atá ina gnó seoladh gnó árachais, nó seoladh aon trádála eile nach é atá inti, go feadh méid ar bith, déileáil i dtráchtearraí, in airgeadra, in urrúis, i bhfiacha nó i sócmhainní eile de chineál airgeadais, nó

(b) arb é atá go hiomlán nó go formhór ina gnó sealbhú scaireanna nó urrúis de chuid cuideachtaí trádála arb iad a fochuideachtaí 90 faoin gcéad iad;

tá le ‘aonaid’ an bhrí chéanna atá leis in alt 18 den Acht Airgeadais, 1989;

ciallaíonn ‘dliteanais le brabúis’ dliteanais i leith polasaithe nó conarthaí faoina bhfuil na sealbhóirí polasaí nó na blianachtóirí cáilithe le bheith páirteach i mbarrachas.

(2) Más rud é, ar an lá a chríochnaíonn tréimhse chuntasaíochta cuideachta árachais, go n-áirítear ar shócmhainní a ciste gnó saoil—

(a) aonaid i ngnóthas comhinfheistíochta, nó

(b) leasanna iomchuí i gciste eischósta,

ansin, faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den alt seo agus alt 46B, measfar, chun críocha cánach corparáide ar ghnóchain chaipitiúla, go ndearna an chuideachta gach ceann de na sócmhainní sin a dhiúscairt, agus a athfháil láithreach, ar a mhargadhluach ar an lá sin a dúradh:

Ar choinníoll, maidir le diúscairt na sócmhainní sin, ar diúscairt í a mheastar a bheith déanta de bhua an ailt seo agus nach diúscairt ar bith eile í, go mbeidh feidhm ag fo-alt (1) d’alt 3 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil (Leasú), 1978, ionann is dá mbeadh mír (b) scriosta as fo-alt (3) den alt sin 3.

(3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le sócmhainní atá nasctha go heisiach le gnó pinsean nó le sócmhainní de chuid an chiste árachais saoil choigríche agus, i ndáil le sócmhainní eile nach sócmhainní atá nasctha go heisiach le gnó árachais saoil (gan gnó pinsean agus gnó ginearálta blianachtaí a áireamh), ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir leis an gcodán innhuirearaithe iomchuí do thréimhse

chuntasaíochta de chuid gach aicme sócmhainne.

(4) I bhfo-alt (3), ciallaíonn ‘an codán inmhuirearaithe iomchuí do thréimhse chuntasaíochta’—

(a) i ndáil le sócmhainní nasctha, an codán—

(i) arb é a ainmneoir meán cibé cuid de na dliteanais ghnó saoil oscailte agus dúnta ar dliteanais iad i leith sochar atá le cinneadh faoi threoir luacha sócmhainní nasctha, seachas sócmhainní atá nasctha go heisiach le gnó árachais saoil (gan gnó pinsean agus gnó ginearálta blianachtaí a áireamh) nó gnó pinsean agus sócmhainní de chuid an chiste árachais saoil choigríche, agus

(ii) arb é a uimhreoir meán cibé cuid de na dliteanais oscailte agus dúnta a thagann faoi réim fhomhír (i) is dliteanais de chuid gnó nach ndéantar na brabúis as a mhuirearú i leith cánach faoi Chás I nó Cás IV de Sceideal D,

agus

(b) i ndáil le sócmhainní ar leith ó shócmhainní nasctha, an codán—

(i) arb é a ainmneoir comhiomlán na méideanna seo a leanas—

(I) meán na ndliteanas gnó saoil oscailte agus dúnta, seachas dliteanais i leith sochar atá le cinneadh faoi threoir luacha sócmhainní nasctha agus dhliteanais an chiste árachais saoil choigríche, agus

(II) meán mhéideanna oscailte agus dúnta an chúlchiste infheistíochta,

agus

- (ii) arb é a uimhreoir
comhiomlán na méideanna
seo a leanas—
 - (I) meán na ndliteanas
oscailte agus dúnta a
thagann faoi réim
fhomhír (i) is
dliteanais de chuid gnó
nach ndéantar na
brabúis as a mhuirearú
i leith cánach faoi
Chás I nó Cás IV de
Sceideal D, agus
 - (II) meán na gcodanna cuí de
mhéideanna oscailte
agus dúnta an
chúlchiste infheistíochta.
- (5) (a) San fho-alt seo, ní fholáíonn
‘dliteanais’ dliteanais an ghnó
árachais saoil choigríche.
- (b) I bhfo-alt (4), ciallaíonn ‘cuid
chuí’ i ndáil leis an gcúlchiste
infheistíochta—
 - (i) i gcás nach dliteanais le
brabúis dliteanais ar bith
de chuid an ghnó saoil, nó
nach dliteanais le brabúis
ach cion beagthábhachtach
de na dliteanais sin, an
chuid sin den chúlchiste sin
a mbeidh idir í agus an
t-iomlán an chomhréir
chéanna atá idir an méid
dliteanas de chuid gnó,
nach ndéantar na brabúis
as a mhuirearú i leith
cánach faoi Chás I nó Cás
IV de Sceideal D, agus
nach dliteanais nasctha iad
agus méid iomlán
dhliteanais an ghnó saoil
nach dliteanais nasctha
iad, agus
 - (ii) in aon chás eile, an chuid
den chúlchiste sin a mbeidh
idir í agus an t-iomlán an
chomhréir chéanna atá idir
an méid dliteanas le
brabúis de chuid gnó, nach
ndéantar na brabúis as a
mhuirearú i leith cánach
faoi Chás I nó Chás IV de
Sceideal D, agus méid
iomlán dhliteanas le
brabúis an ghnó saoil.

(6) Chun críocha an ailt seo, déanfar sócmhainní an chiste árachais saoil choigríche agus dliteanais an ghnó árachais saoil choigríche a fhágáil as cuntas le linn an cúlchiste infheistíochta a chinneadh.

(7) Chun críocha an ailt seo, is leas iomchuí i gciste eischósta leas, más rud é—

(a) gur leas ábhartha i gciste eischósta é chun críocha Chaibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1990, nó

(b) gur leas den sórt sin a bheadh ann dá mbeadh na scaireanna agus na leasanna a eisiatar le fo-ailt (6) agus (8) d'alt 65 den Acht Airgeadais, 1990, teoranta do scaireanna nó leasanna i gcuideachtaí trádála.

Gnóchain nó caillteanais a thig de bhua alt 46A.

46B.—(1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (3), déileálfar, faoi réir mhíreanna (b) agus (c), le gnóchain inmhuirearaithe nó le caillteanais inlamhála a d'fhabhródh thairis sin ar dhiúscairtí a mheastar de bhua alt 46A a bheith déanta i dtréimhse chuntasaíochta cuideachta (seachas tréimhse inar scoir an chuideachta de ghnó saoil a sheoladh) mar ghnóchain nó caillteanais nár fhabhraigh chuici, ach, ina ionad sin—

(a) déanfar amach an difríocht (dá ngairtear 'an glanmhéid' ina dhiaidh seo san alt seo) idir comhiomlán na ngnóchan sin agus comhiomlán na gcaillteanas sin, agus

(b) déileálfar leis an seachtú cuid den ghlanmhéid mar ghnóchan inmhuirearaithe nó, i gcás gurb ionannas é do bhreis ag caillteanais ar ghnóchain, mar chaillteanas inlamhála a fhabhraíonn don chuideachta sa tréimhse chuntasaíochta, agus

(c) déileálfar le seachtú breise mar ghnóchan inlamhála nó, de réir mar a bheidh, mar chaillteanas inlamhála a fhabhraíonn i ngach tréimhse chuntasaíochta as a chéile dá éis sin go dtí go mbeidh an méid iomlán curtha i gcuntas.

(2) Maidir le haon tréimhse chuntasaíochta is giorra ná bliain, déanfar an codán seachtú cuid dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(c) a laghdú go comhréireach; agus i

gcás go raibh éifeacht leis an bhfo-alt seo, i ndáil le haon tréimhse chuntasaíochta roimh an gceann deiridh lena mbaineann fo-alt (1)(c), déanfar an codán a ndéileáiltear leis mar chodán a d'fhabhraigh sa tréimhse chuntasaíochta deiridh sin a laghdú chun a áirithiú nach mbeidh níos mó ná an méid iomlán curtha i gcuntas.

(3) I gcás go scoirfidh cuideachta de ghnó saoil a sheoladh roimh thosach na tréimhse deiridh de na tréimhsí cuntasaíochta a mbainfeadh mír (c) d'fho-alt (1) leo i ndáil le glanmhéid, is é an codán den mhéid sin a ndéileáiltear leis mar chodán a d'fhabhraigh sa tréimhse chuntasaíochta ina scoireann an chuideachta de ghnó saoil a sheoladh cibé codán a áiritheoidh go mbeidh an glanmhéid iomlán curtha i gcuntas.”,

(e) trí alt 47 a scriosadh, agus

(f) trí “lena n-áirítear ailt 46A agus 46B (arna gcur isteach leis an *Acht Airgeadais, 1992*)” a chur isteach i ndiaidh “ailt 33 go 49” i bhfo-alt (1) d'alt 50.

45.—(1) (a) San alt seo—

Creidmheas i leith
tabhaigh bainc.

ciallaíonn “brabús cuntasaíochta” an méid brabúis, tar éis cánachais agus roimh mhíreanna urghnácha—

(i) a thaispeántar sa chuntas sochair agus dochair—

(I) i gcás cuideachta a bhfuil cónaí uirthi sa Stát, a cheanglaítear faoi alt 148 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, a leagan faoi bhráid chruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta, nó a thaispeánfaí amhlaidh murach fo-alt (4) d'alt 149 den Acht sin 1963, agus

(II) i gcás cuideachta nach bhfuil cónaí uirthi sa Stát agus atá ag seoladh trádála sa Stát trí bhrainse nó gníomhaireacht, de chuid an bhrainse nó na gníomhaireachta sin agus atá deimhnithe ag an iniúchóir a ceapadh faoi alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, nó, faoi dhlí an stáit ina bhfuil an chuideachta corpraithe agus a fhreagraíonn don alt sin, mar chuntas a thugann léargas fíorcheart ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas is inchurtha síos don bhrainse nó don ghníomhaireacht sin,

(ii) arna laghdú den mhéid den bhrabús sin inchurtha síos do na nithe seo a leanas, eadhon—

(I) díbhinní a fuarthas ó chuideachtaí a bhfuil cónaí orthu sa Stát agus is comhaltaí de ghrúpa ar comhalta de an chuideachta sin,

(II) gnóchain as diúscairt sócmhainní caipitiúla,

- (III) oibríochtaí trádála iomchuí de réir bhrí alt 39B (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1987) den Acht Airgeadais, 1980,
- (IV) oibríochtaí trádála arna seoladh lasmuigh den Stát a bhfuil an chuideachta inmhuirearaithe i leith cánach corparáide sa Stát, agus i leith cánach ar ioncam i stát eile, maidir leo, agus
- (V) díbhinní a fuarthas ó chuideachtaí nach bhfuil cónaí orthu sa Stát,

agus

(iii) arna mhéadú—

- (I) maidir le hioncam ó fhoinsí a shonraítear i *bhfomhíreanna (III), (IV)* agus *(V)* de *mhír (ii)*, de mhéid a chinnfear de réir na foirmle

$$\frac{100 \times T}{R}$$

R

i gcás—

gurb é T an cháin chorparáide is inmhuirearaithe i leith an ioncaim sin arna ríomh de réir fhorálacha na nAchtanna Cánach Corparáide agus sin tar éis faoiseamh a lamháil faoi Chaibidil VI de Chuid I den Acht Airgeadais, 1980, agus faoi Chuid XXII den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus

gurb é R an ráta cánach corparáide don tréimhse chuntasaíochta atá i gceist agus lena mbaineann alt 1 den Acht Cánach Corparáide, 1976:

Ar choinníoll go mbeidh feidhm, chun críocha na fomhíre seo, leis an gcoinníoll a ghabhann le fo-alt (1B) d'alt 13 (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1988) den Acht Cánach Corparáide, 1976, amhail mar atá feidhm aige chun críocha an ailt sin, agus

- (II) de mhéid na dleachta stampa a muirearaíodh faoi *alt 200*, faoi alt 64 den Acht Airgeadais, 1989, nó faoi alt 108 den Acht Airgeadais, 1990, agus faoi Alt 94 den Acht Airgeadais, 1986, agus a bheidh curtha i gcuntas le linn ríomh a dhéanamh ar an méid brabúis a dúradh, tar éis cánachais agus roimh mhíreanna urghnácha;

ciallaíonn “grúp-bhuncháin choigeartaithe”, i ndáil le tréimhse iomchuí—

(i) méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$\frac{T \times P}{B}$$

B

i gcás—

gurb é T an ghrúp-bhuncháin,

gurb é P grúpbhrabús na tréimhse iomchuí, agus

gurb é B an grúp-bhunbhrabús,

nó

- (ii) más mó é, grúp-luathcháin chorporáide na tréimhse iomchuí;

ciallaíonn “luathcháin chorporáide”, i ndáil le tréimhse iomchuí, comhiomlán na méideanna luathchánach corporáide atá, nó a mheastar a bheith, íoctha ag cuideachta, agus nach bhfuil aisíoctha, faoi Chaibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1983, i leith dáiltí a rinneadh i dtréimhsí cuntasáíochta a thagann go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse iomchuí; agus i gcás go dtagann tréimhse chuntasáíochta go páirteach laistigh de thréimhse iomchuí, áireofar sa chomhiomlán cuid den luathcháin chorporáide a íocadh amhlaidh a bheidh i gcomhréir leis an gcuid den tréimhse chuntasáíochta a thagann laistigh den tréimhse iomchuí sin;

ciallaíonn “bunbhrabús”, i ndáil le cuideachta, a leath de chomhiomlán méideanna brabúis cuntasáíochta cuideachta do thréimhsí cuntasáíochta a tháinig go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse dar thosach an 1ú lá d’Aibreán, 1989, agus dar chríoch an 31ú lá de Mhárta, 1991; agus, i gcás go dtagann tréimhse chuntasáíochta go páirteach laistigh den tréimhse sin, áireofar sa chomhiomlán cuid den bhrabús cuntasáíochta don tréimhse chuntasáíochta a bheidh i gcomhréir leis an gcuid den tréimhse chuntasáíochta a thagann laistigh den tréimhse sin;

ciallaíonn “buncháin” a leath de chomhiomlán na cánach corporáide, is inmhuirearaithe ar chuideachta, gan an chuid sin de bhrabús na cuideachta is inchurtha i leith gnóchan inmhuirearaithe a áireamh agus roimh luathcháin chorporáide a fhritháireamh faoi Chaibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1983, do thréimhsí cuntasáíochta a tháinig go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse dar thosach an 1ú lá d’Aibreán, 1989, agus dar chríoch an 31ú lá de Mhárta, 1991; agus, i gcás go dtagann tréimhse chuntasáíochta go páirteach laistigh den tréimhse sin, áireofar sa chomhiomlán cuid den cháin chorporáide is inmhuirearaithe amhlaidh don tréimhse chuntasáíochta a bheidh i gcomhréir leis an gcuid den tréimhse chuntasáíochta a thagann laistigh den tréimhse sin;

ciallaíonn “grúp-luathcháin chorporáide”, i ndáil le tréimhse iomchuí, comhiomlán méideanna luathchánach corporáide, i ndáil leis an tréimhse iomchuí, cuideachtaí atá, ar feadh na tréimhse iomchuí, ina gcomhaltaí den ghrúpa;

ciallaíonn “grúp-bhunbhrabús” comhiomlán méideanna bunbhrabúis cuideachtaí atá, ar feadh na tréimhse iomchuí, ina gcomhaltaí den ghrúpa;

ciallaíonn “grúp-bhuncháin” comhiomlán méideanna bunchánach cuideachtaí atá, ar feadh na tréimhse iomchuí, ina gcomhaltaí den ghrúpa:

Ar choinníoll, i gcás gurb éard atá i méid na grúp-bhunchánach méid—

(i) ar mó é ná 43 faoin gcéad, nó

(ii) ar lú é ná 10 faoin gcéad,

den ghrúp-bhunbhrabús, arna ríomh de réir an ailt seo ach gan aird a thabhairt ar *fhomhíreanna (III), (IV)* agus *(IV) de mhír (ii)*, ná ar *fhomhír (I) de mhír (iii)*, den mhíniú ar bhrabús cuntasáíochta, go measfar gurb éard atá sa ghrúp-bhuncháin méid is ionann agus 25 faoin gcéad den ghrúp-bhunbhrabús sin arna ríomh amhlaidh;

ciallaíonn “grúpbhrabús”, i ndáil le tréimhse iomchuí, comhiomlán méideanna brabúis, don tréimhse iomchuí, cuideachtaí atá, ar feadh na tréimhse iomchuí, ina gcomhaltaí den ghrúpa;

ciallaíonn “grúpdhliteanas cánach”, i ndáil le tréimhse iomchuí, comhiomlán méideanna dliteanais cánach, don tréimhse iomchuí, cuideachtaí atá, ar feadh na tréimhse iomchuí, ina gcomhaltaí den ghrúpa;

ciallaíonn “íocaíocht tobhaigh” comhiomlán na méideanna a mhuirearaítear sa bhliain 1992 nó in aon bhliain dá éis sin faoi *alt 200* agus a bheidh íoctha ar an dáta, nó roimh an dáta, faoina mbeidh na méideanna iníoctha ag cuideachtaí is comhaltaí de ghrúpa;

ciallaíonn “brabús”, i ndáil le tréimhse iomchuí, comhiomlán an bhrabúis cuntasáíochta, arna ríomh ar an mbonn céanna leis an mbonn ar a ríomhtar bunbhrabús na cuideachta, de chuid cuideachta do thréimhsí cuntasáíochta a thagann go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse iomchuí; agus i gcás go dtagann tréimhse chuntasáíochta go páirteach laistigh de thréimhse iomchuí, áireofar sa chomhiomlán cuid de bhrabús cuntasáíochta na tréimhse cuntasáíochta a bheidh i gcomhréir leis an gcuid den tréimhse chuntasáíocht a thagann laistigh den tréimhse iomchuí sin;

ciallaíonn “tréimhse iomchuí”, i ndáil le híocaíocht tobhaigh, tréimhse dar tosach an 1ú lá d’Aibreán roimh an dáta a mbeidh an íocaíocht tobhaigh le déanamh air nó roimhe agus dar críoch an 31ú lá de Mhárta díreach tar éis an dáta sin;

ciallaíonn “dliteanas cánach”, i ndáil le tréimhse iomchuí, comhiomlán na cánach corparáide a bheadh, ar leith ón alt seo, inmhuirearaithe ar chuideachta, gan an chuid sin de bhrabús na cuideachta is inchurtha i leith gnóchan inmhuirearaithe a áireamh agus roimh luathcháin chorparáide a fhritháireamh faoi Chaibidil VII de Chuid I den Acht Airgeadais, 1983, do thréimhsí cuntasáíochta a thagann go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse iomchuí; agus, i gcás go dtagann tréimhse chuntasáíochta go páirteach laistigh den tréimhse sin, áireofar sa

chomhiomlán cuid den cháin chorparáide is innhuirearaithe amhlaidh don tréimhse chuntasaíochta a bheidh i gcomhréir leis an gcuid den tréimhse chuntasaíochta a thagann laistigh den tréimhse sin.

(b) Chun críocha an ailt seo—

- (i) measfar gur comhaltaí de ghrúpa iad dhá chuideachta más fochuideachta 75 faoin gcéad cuideachta amháin acu don chuideachta eile nó más fochuideachtaí 75 faoin gcéad iad araon do thríú cuideachta:

Ar choinníoll—

- (I) le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an fochuideachta 75 faoin gcéad do chuideachta eile cuideachta, go ndéileálfar leis an gcuideachta eile amhail is nach í an t-úinéir—

(A) ar aon scairchaipiteal atá ar úinéireacht go díreach aici i gcuideachta dá ndéileálfaí le brabús as na scaireanna a dhíol mar fháltas trádála de chuid a trádála, nó

(B) ar aon scairchaipiteal atá ar úinéireacht go neamhdhíreach aici agus atá ar úinéireacht go díreach ag cuideachta arbh fháltas trádála di aon bhrabús as na scaireanna a dhíol,

agus

- (II) nach mbeidh cuideachta is cuideachta árachais de réir bhrí alt 50 den Acht Cánach Corparáide, 1976, ina comhalta de ghrúpa,

- (ii) bheidh feidhm ag ailt 108 go 114 den Acht Cánach Corparáide, 1976, chun críocha na míre seo amhail mar atá feidhm acu chun críocha Chuid XI den Acht sin,

- (iii) is grúpa iad cuideachta agus a cuid fochuideachtaí 75 faoin gcéad go léir, agus i gcás gur comhalta de ghrúpa í an chuideachta sin ós rud é gur fochuideachta 75 faoin gcéad an chuideachta í féin, beidh a cuid fochuideachtaí 75 faoin gcéad go léir ar áireamh sa ghrúpa sin agus measfar nach grúpa é an chéad ghrúpa a luaitear:

Ar choinníoll go ndéileálfar le cuideachta nach comhalta de ghrúpa amhail is dá mba chomhalta í de ghrúpa arb é atá ann an chuideachta sin agus, dá réir sin, déanfar tagairtí do ghrúp-luathcháin chorparáide, do ghrúp-bhunbhrabús, do ghrúp-bhuncháin, do ghrúpbhrabús agus do ghrúpdhliteanas cánach a fhorléiriú amhail is dá mba thagairtí iad, faoi seach, do luathcháin chorparáide, do bunbhrabús, do buncháin, do bhrabús agus do dhliteanas cánach na cuideachta sin,

- (iv) glacfar leis gurb í an chuid de bhrabúis cuideachta is inchurtha síos do ghnóchain innhuirearaithe do thréimhse chuntasaíochta an méid a thugtar faoi

réim bhrabúis na cuideachta don tréimhse sin chun críocha cánach corparáide i leith gnóchan innhuirearaithe sula ndéantar aon asbhaint maidir le muirir ar ioncam, caiteachais bhainisteoireachta nó méideanna eile is féidir a asbhaint ó bhrabúis de bhreis agus tuairisc amháin nó a fhritháireamh in aghaidh na mbrabús sin nó ar féidir déileáil leo mar mhéideanna a laghdaíonn na brabúis sin,

(v) is é an t-ioncam nó an brabús is inchurtha síos d'aon oibríochtaí trádála nó díbhinní cibé méid den ioncam nó den bhrabús sin is dealraitheach don chigire nó, ar achomharc, do na Coimisinéirí Achomhairc, a bheith cóir agus réasúnach, agus

(vi) is í an cháin chorparáide is innhuirearaithe i leith aon ioncaim an cháin chorparáide nach mbeadh innhuirearaithe murach an t-ioncam sin.

(2) Más rud é, do thréimhse iomchuí i ndáil le híocaíocht tobhaigh, gur mó grúpdhliteanas cánach ná grúp-bhuncháin choigeartaithe na tréimhse iomchuí sin, féadfar an íocaíocht tobhaigh go léir nó cuid de, nach mó ná an bhreis atá ag an ngrúpdhliteanas cánach sin ar an ngrúp-bhuncháin choigeartaithe sin, a fhritháireamh in aghaidh an ghrúpdhliteanais cánach don tréimhse iomchuí de réir an ailt seo.

(3) Más rud é gur féidir, faoi *fho-alt (2)*, méid íocaíochta tobhaigh a fhritháireamh in aghaidh an ghrúpdhliteanais cánach do thréimhse iomchuí, déanfar an oiread sin den mhéid a mbeidh idir é agus an méid sin an chomhréir chéanna atá idir dliteanas cánach cuideachta is comhalta den ghrúpa, don tréimhse iomchuí, agus an grúpdhliteanas cánach don tréimhse iomchuí, a chionroinnt ar an gcuideachta sin:

Ar choinníoll go bhféadfaidh na cuideachtaí is comhaltaí den ghrúpa, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don chigire cuí laistigh de thréimhse 9 mí tar éis dheireadh na tréimhse iomchuí, a roghnú go ndéanfar an méid sin a chionroinnt ar cibé slí a bheidh sonraithe san fhógra.

San fho-alt seo, tá le “cigire cuí” an bhrí a shanntar dó in alt 9 den Acht Airgeadais, 1988.

(4) I gcás go ndéantar méid a chionroinnt ar chuideachta faoi *fho-alt (3)*, déanfar an méid sin a fhritháireamh in aghaidh dhliteanas cánach na cuideachta sin don tréimhse iomchuí agus, a mhéid a dhéanfar méid a fhritháireamh amhlaidh, déileálfar leis, chun críocha na nAchtanna Cánach Corparáide, ionann is dá mba íocaíocht cánach corparáide é arna dhéanamh an lá a mbeidh an cháin chorparáide sin le hóc:

Ar choinníoll, maidir le méid, nó cuid de mhéid, a mbeifear le déileáil leis ionann is dá mba íocaíocht cánach corparáide é, nach bhféadfar é a aisíoc le cuideachta de bhua éilimh ar fhaoiseamh faoi na hAchtanna Cánach Corparáide nó ar aon chúis eile.

(5) Más rud é, faoi *fho-alt (4)*, go mbeidh méid le fhritháireamh in aghaidh dliteanais cánach cuideachta do thréimhse iomchuí agus gurb é atá sa dliteanas cánach, don tréimhse iomchuí, comhiomlán na cánach corparáide is innhuirearaithe do bhreis agus tréimhse chuntasaíochta amháin, déanfar an méid a fhritháireamh in aghaidh

na cánach corparáide do gach ceann de na tréimhsí cuntasáíochta sin sa chomhréir atá idir an cháin chorparáide don tréimhse chuntasáíochta nó don chuid den tréimhse chuntasáíochta, de réir mar a bheidh, agus atá ar áireamh sa dliteanas cánach don tréimhse iomchuí, agus an dliteanas cánach don tréimhse iomchuí sin.

(6) Más rud é—

(a) nach mbeidh deireadh tréimhse cuntasáíochta (dá ngairtear “an tréimhse chuntasáíochta chéadluaite” ina dhiaidh seo san fho-alt seo) cuideachta is comhalta de ghrúpa comhthráthach le deireadh na tréimhse iomchuí,

(b) go mbeidh an dliteanas cánach—

(i) do thréimhse chuntasáíochta amháin nó níos mó de chuid na cuideachta dar críoch dáta tar éis dheireadh na tréimhse cuntasáíochta céadluaite, nó

(ii) do thréimhse chuntasáíochta amháin nó níos mó de chuid aon chomhalta eile den grúpa dar críoch dáta tar éis dheireadh na tréimhse cuntasáíochta céadluaite,

le cur i gcuntas le linn an méid den íocaíocht tobhaigh a chinneadh is féidir a fhritháireamh faoin alt seo in aghaidh na cánach corparáide—

(I) don tréimhse chuntasáíochta chéadluaite, nó do thréimhse chuntasáíochta amháin nó níos mó dar críoch dáta roimh dheireadh na tréimhse sin, de chuid na cuideachta, nó

(II) do thréimhse chuntasáíochta amháin nó níos mó de chuid aon chomhalta eile den ghrúpa dar críoch dáta deiridh, nó dáta roimh dheireadh, na tréimhse cuntasáíochta céadluaite,

agus

(c) nach bhfuil sé indéanta, ar an dáta tuairisceáin sonraithe (de réir bhrí alt 9 den Acht Airgeadais, 1988)—

(i) don tréimhse chuntasáíochta chéadluaite, nó d’aon tréimhse chuntasáíochta eile dar críoch dáta roimh dheireadh na tréimhse sin, de chuid na cuideachta, nó

(ii) do thréimhse chuntasáíochta amháin nó níos mó de chuid aon chomhalta eile den ghrúpa dar críoch dáta deiridh, nó dáta roimh dheireadh, na tréimhse cuntasáíochta céadluaite,

an méid den íocaíocht tobhaigh is féidir a fhritháireamh amhlaidh a chinneadh,

ansin, glacfar leis gurb é an méid den íocaíocht tobhaigh is féidir a fhritháireamh faoin alt seo in aghaidh na cánach corparáide do thréimhse chuntasáíochta an méid a bheadh fritháirithe amhlaidh dá mba éard a bhí i dtréimhse áirithe, is é sin le rá, tréimhse 12 mhí dar críoch an lá deiridh den tréimhse chuntasáíochta is déanaí de chuid na máthairchuideachta (is comhalta den ghrúpa nach fochuideachta é d’aon chomhalta eile den ghrúpa), an tréimhse iomchuí:

Ar choinníoll, sa chás nach tar éis an 31ú lá de Mhárta, 1992, ach do chuid den tréimhse 12 mhí sin, go ndéanfar an méid a bheidh le fritháireamh faoin bhfo-alt seo a laghdú go dtí méid atá i gcomhréir leis an gcuid den tréimhse 12 mhí sin ar tar éis an lae sin di.

- (7) (a) Seachadfaidh cuideachta, a luaithe a bheidh siad ar fáil, cibé sonraí a bheidh ag teastáil d'fhonn an méid den íocaíocht tobhaigh a chinneadh a bheidh, ar leith ó *fho-alt (6)*, le fritháireamh in aghaidh cánach corparáide do thréimhse chuntasaíochta.
- (b) I gcás méid íocaíochta tobhaigh a bheith fritháirithe in aghaidh cánach corparáide do thréimhse chuntasaíochta faoi *fho-alt (6)* agus go seachadfaidh an chuideachta cibé sonraí a cheanglaítear a sheachadadh de réir *mhír (a)*, déanfaidh an cigire aon ríomhaireacht nó measúnacht a choigeartú faoi threoir na difríochta idir na méideanna sin agus aisíocfar aon mhéid cánach corparáide a bheidh ró-íochta agus íocfar aon mhéid cánach corparáide a bheidh gearríochta.
- (8) (a) Déanfar méid cánach a bheidh le haisíoc faoi *fho-alt (7)* a aisíoc maille le hús ar gach slí amhail is dá mbá aisíocaíocht réamhchánach é faoi alt 12 (7) den Acht Airgeadais, 1988.
- (b) Ní mhuirearófar ús faoi alt 550 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, ar aon mhéid cánach a bheidh gearríochta faoi fhorálacha an fho-ailt seo ach amháin i gcás nach n-íocfar an méid laistigh de mhí amháin ón dáta a gcuireann an cigire méid na gearríocaíochta in iúl don duine inmhuirearaithe agus ní dhéileálfar leis an méid cánach a bheidh gan íoc amhlaidh mar chuid den cháin is iníochta don tréimhse inmhuirearaithe chun críocha alt 18(3)(b) den Acht Airgeadais, 1988.

Srian le caillteanais áirithe agus le muirir áirithe ar ioncam agus leasuithe iarmhartacha.

46.—(1) Leasaítear, leis seo, Cuid II den Acht Cánach Corparáide, 1976, maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis—

- (a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 10:

“Srian le muirir áirithe ar ioncam.

10A.—(1) (a) San alt seo, tá le ‘trádáil’, ‘ioncam ó dhíol earraí’, ‘muirir ar ioncam a íocadh chun críche earraí a dhíol’ agus ‘earraí agus marsantas a dhíol’ na bríonna céanna, faoi seach, atá leo i bhfo-alt (1) (arna leasú le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*) d’alt 116A (arna chur isteach le *halt 34* den Acht Airgeadais, 1988) chun críocha an ailt sin.

- (b) Chun críocha an ailt seo—

- (i) i gcás go dtosóidh tréimhse chuntasaíochta roimh an 1ú lá d'Aibreán, 1992, agus go gcríochnóidh sí an dáta sin nó dá éis, roinnfear í i gcuid amháin, dar tosach an dáta

a thosóidh an tréimhse chuntasaíochta agus dar críoch an 31ú lá de Mhárta, 1992, agus i gcuid eile, dar tosach an 1ú lá d'Aibreán, 1992, agus dar críoch an lá a chríochnóidh an tréimhse chuntasaíochta agus déileálfar leis an dá chuid den tréimhse chuntasaíochta ionann is dá mba thréimhsí cuntasaíochta ar leithligh iad, agus

- (ii) i gcás go dtosóidh tréimhse chuntasaíochta roimh an 1ú lá d'Eanáir, 2011, agus go gcríochnóidh sí an dáta sin nó dá éis, roinnfear í i gcuid amháin, dar tosach an dáta a thosóidh an tréimhse chuntasaíochta agus dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, agus i gcuid eile, dar tosach an 1ú lá d'Eanáir, 2011, agus dar críoch an lá a chríochnóidh an tréimhse chuntasaíochta, agus déileálfar leis an dá chuid ionann is dá mba thréimhsí cuntasaíochta ar leithligh iad.

(2) D'ainneoin alt 10, ní dhéanfar an oiread sin de mhéid iomlán na muirear ar ioncam a íocadh chun críche earraí a dhíol ag cuideachta, i dtréimhse chuntasaíochta a tharlóidh laistigh den tréimhse ón 1ú lá d'Aibreán, 1992, go dtí an 31ú lá de Nollaig, 2010, i gcúrsa trádála nó trádálacha, de réir mar a bheidh, ar mó é ná an méid iomlán, arna laghdú d'aon fhaoiseamh i leith caillteanais faoi fho-alt (3) d'alt 16A (arna chur isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*), d'ioncam na cuideachta ó earraí a dhíol i gcúrsa na trádála nó na dtrádálacha, de réir mar a bheidh, sa tréimhse, a lamháil mar asbhaint in aghaidh bhrabúis iomlána na cuideachta don tréimhse.

- (3) (a) D'ainneoin fhorálacha fho-alt (3) d'alt 41 den Acht Airgeadais, 1980, le linn ioncam cuideachta, dá dtagraítear san abairt 'an t-ioncam ó dhíol na n-earraí sin', a chinneadh chun críocha fho-alt (2) den alt sin 41, is éard a bheidh ann an tsuim a chinnfear le fo-alt (3) den alt sin 41 don tréimhse sin arna laghdú d'aon mhuirir ar ioncam a íocadh chun críche earraí a dhíol a lamháiltear mar

asbhaint in aghaidh bhrabúis iomlána na cuideachta don tréimhse sin agus a íocfar an lú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis.

(b) Más rud é, maidir le haon tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta—

(i) go mbeidh an cháin chorpáraide is inchurtha i leith ioncam na cuideachta ó dhíol earraí le laghdú faoi alt 41 den Acht Airgeadais, 1980, agus

(ii) go mbeidh muirir ar ioncam a íocadh, an lú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, chun críche earraí a dhíol lamháilte mar asbhaint in aghaidh brabús iomlán,

ansin, d'ainneoin alt 46 den Acht sin, asbhainfear na muirir ar ioncam a íocadh chun críche earraí a dhíol ó mhéid na hasbhainte iomchuí, i ndáil leis an tréimhse, maidir le muirir ar ioncam i bhfo-alt (1) d'alt 46 den Acht sin.”,

(b) trí “nó faoi alt 16A (3) (arna chur isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*)” a chur isteach i ndiaidh “faoi fho-alt (2)” i bhfo-alt (1) d'alt 16, agus

(c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 16:

“Srian le caillteanais áirithe.

16A.—(1) (a) San alt seo, tá le ‘trádáil’ ‘ioncam ó dhíol earraí’, ‘caillteanas ó dhíol earraí’, agus ‘earraí agus marsantas a dhíol’ na bríonna céanna, faoi seach, atá leo i bhfo-alt (1) (arna leasú le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*) d'alt 116A (arna chur isteach le *halt 34* den Acht Airgeadais, 1988).

(b) Beidh éifeacht le mír (b) d'fho-alt (1) d'alt 10A (arna chur isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*) chun críocha an ailt seo amhail mar atá éifeacht léi chun críocha an ailt sin.

(2) D'ainneoin fho-alt (2) d'alt 16, chun críocha an fho-ailt sin measfar méid caillteanais i dtrádáil a thabhaigh cuideachta i dtréimhse chuntasaíochta dar críoch an lú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, a bheith laghdaithe de mhéid caillteanais ó

dhíol earraí, más ann, a thabhaigh an chuideachta sa trádáil sa tréimhse chuntasaíochta.

(3) Más rud é, i dtréimhse chuntasaíochta dar críoch an lú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, go dtabhóidh cuideachta a sheolann trádáil caillteanas ó dhíol earraí, féadfaidh an chuideachta éileamh a dhéanamh á cheangal go ndéanfaí an caillteanas a fhritháireamh chun críocha cánach corparáide in aghaidh a hioncaim ó dhíol earraí—

(a) de chuid na tréimhse cuntasaíochta sin, agus

(b) má bhí sí ag seoladh na trádála céadluaite an tráth sin, agus má cheanglófar amhlaidh leis an éileamh, de chuid tréimhsí cuntasaíochta roimhe sin a chríochnaigh laistigh den tréimhse ama a shonraítear i bhfo-alt (4),

agus, faoi réir aon fhaoisimh i leith caillteanais roimhe sin, sa mhéid gurb é atá in ioncam trádála aon cheann de na tréimhsí cuntasaíochta sin, nó go bhfuil ar áireamh ann, ioncam ó dhíol earraí, ansin déanfar an t-ioncam trádála sin a laghdú den oiread sin den chaillteanas nach féidir faoiseamh a thabhairt ina leith in aghaidh an ioncaim trádála de chuid tréimhse cuntasaíochta is déanaí ná sin.

(4) Chun críocha fho-alt (3), is í an tréimhse ama dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin, an tréimhse ama díreach roimh an tréimhse chuntasaíochta a chéadluaitear i bhfo-alt (3) agus atá ar comhfhad leis an tréimhse chuntasaíochta sin:

Ar choinníoll nach rachaidh méid an laghdaithe a fhéadfá a dhéanamh faoi fho-alt (3) ar an ioncam trádála do thréimhse chuntasaíochta ar roimh an tréimhse ama sin di go páirteach thar cibé cuid den ioncam ó dhíol earraí atá ar áireamh san ioncam trádála sin a mbeidh idir í agus an t-ioncam sin ó dhíol earraí an chomhréir chéanna atá idir an chuid den tréimhse chuntasaíochta a tharla laistigh den tréimhse ama sin agus iomlán na tréimhse cuntasaíochta sin.

(5) (a) I bhfo-alt (3) d'alt 41 den Acht Airgeadais, 1980, agus d'fhonn 'méid' a chinneadh san abairt 'méid ioncam na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta iomchuí ó earraí agus marsantas

a dhíol i gcúrsa na trádála a luaitear san fho-alt sin', déanfar é a chinneadh de réir fho-alt (4) den alt sin 41 amhail is nach ndearnadh aon fhaoiseamh i leith caillteanais i dtrádáil a éileamh faoin alt seo.

- (b) D'ainneoin fhorálacha fho-alt (3) den alt sin 41, d'fhonn 'an t-ioncam' san abairt 'an t-ioncam ó dhíol na n-earraí sin' i dtréimhse chuntasaíochta a chinneadh chun críocha fho-alt (2) den alt sin 41, is éard a bheidh ann an tsuim a chinnfear le fo-alt (3) den alt sin 41 don tréimhse sin arna laghdú d'aon fhaoiseamh i leith caillteanais i dtrádáil a lamháiltear faoin alt seo in aghaidh ioncaim ón trádáil a luaitear i bhfo-alt (2) den alt sin 41 sa tréimhse sin.

(6) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir leis an oiread sin de chaillteanas cuideachta ó dhíol earraí i gcúrsa trádála i dtréimhse chuntasaíochta nach mó é ná méid na liúntas caipitiúil faoi Chuid XIII, XV nó XVI den Acht Cánach Ioncaim, 1967, alt 11 den Acht Airgeadais, 1967, alt 26 den Acht Airgeadais, 1971, nó alt 25 den Acht Airgeadais, 1978, a bheidh le tabhairt maidir leis an tréimhse chuntasaíochta le linn an trádáil a chur faoi cháin:

Ar choinníoll nach gcuirfear i gcuntas, chun críocha an fho-ailt seo, aon liúntais chaipitiúla seachas liúntais chaipitiúla i leith innealra nó gléasra nó i leith foirgnimh nó déanmhais tionscail—

- (a) a sholáthraítear chun críocha tionscadail a bheidh ceadaithe, laistigh den tréimhse dhá bhliain dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 1988, ag an Údarás Forbartha Tionscail,
- (b) a dtabhaítear an caiteachas ar é a sholáthar an 31ú lá de Mhárta, 1995 nó roimhe, agus
- (c) a raibh breis agus a leath den chaiteachas ar é a sholáthar tabhaithe, nó ina ábhar do chonradh ceangailteach a rinneadh, roimh an 1ú lá d'Aibreán, 1992.

(7) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir leis an oiread sin de chaillteanas cuideachta ó dhíol earraí i gcúrsa trádála i

dtréimhse chuntasaíochta nach mó é ná méid na liúntas caipitiúil faoi alt 42 (2) den Acht Airgeadais, 1986, a d'asbhain an chuideachta le linn di an caillteanas a ríomh a thabhaigh sí sa tréimhse sin ag seoladh oibríochtaí trádála a shonraítear i ndeimhniú a bheidh tugtha di, agus nach mbeidh cúlghairthe ina dhiaidh sin, ag an Aire Airgeadais faoi alt 39B (2) den Acht Airgeadais, 1980.”,

agus tá an fo-alt sin (1) d’alt 16, arna leasú le *mír (b)*, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

(2) Leasaítear, leis seo, alt 116A (a cuireadh isteach le halt 34 den Acht Airgeadais, 1988) den Acht Cánach Corparáide, 1976—

- (a) i mír (a) d’fho-alt (1), trí “ná aon fhaoiseamh i leith caillteanais faoi fho-alt (3) d’alt 16A (arna chur isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*)” a chur isteach i ndiaidh “faoi alt seo” i bhfomhír (i) den mhíniú ar “ioncam ó dhíol earraí”,
- (b) i bhfomhír (ii) de mhír (b) d’fho-alt (1), trí “an 1ú lá d’Eanáir, 2011,” a chur in ionad “an 1ú lá d’Eanáir, 2001,” sa dá áit a bhfuil sé agus trí “an 31ú lá de Nollaig, 2010,” a chur in ionad “an 31ú lá de Nollaig, 2000,” agus
- (c) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) D’ainneoin fho-ailt (1) agus (6) d’alt 116 agus alt 117, más rud é, in aon tréimhse chuntasaíochta ar laistigh den tréimhse ón 1ú lá d’Eanáir, 1989, go dtí an 31ú lá de Nollaig, 2010, a thiteann sí, go dtabhóidh an chuideachta ghéillteach caillteanas ó dhíol earraí nó barrachas muirear ar ioncam a íocadh chun críche earraí a dhíol, féadfar an caillteanas sin nó an barrachas sin a fhritháireamh, chun críocha cánach corparáide, in aghaidh ioncaim ó thrádáil de chuid na cuideachta éilimh dá tréimhse chuntasaíochta chomhréire go feadh méid an ioncaim sin nó, más lú é, go feadh méid an ioncaim ó dhíol earraí i gcúrsa na trádála arna laghdú—

- (i) d’aon fhaoiseamh i leith caillteanais faoi fho-alt (3) d’alt 16A (arna chur isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*), agus
- (ii) de mhuirir ar ioncam a íocadh chun críche earraí a dhíol de réir bhrí alt 10A (arna chur isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*),

ach ní thabharfar aon fhaoiseamh eile maidir leis an gcaillteanas sin nó leis an mbarrachas sin d’aon chuideachta seachas an chuideachta ghéillteach.”,

agus tá an fhomhír sin (i) den mhíniú ar “ioncam ó dhíol earraí” agus an fhomhír sin (ii) de mhír (b) d’fho-alt (1),

arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(1) I gcás a mbainfidh caillteanas i dtrádáil in aon tréimhse chuntasaíochta do chuideachta a sheolann an trádáil, féadfaidh an chuideachta a éileamh go ndéanfar an caillteanas a fhritháireamh chun críocha cánach corparáide in aghaidh aon ioncam trádála ón trádáil i dtréimhsí cuntasaíochta dá éis sin; agus (fad a bheidh an chuideachta ag seoladh na trádála) déanfar a hioncam trádála ón trádáil in aon tréimhse chuntasaíochta dá éis sin a áireamh mar ioncam trádála arna laghdú méid an chaillteanais, nó cibé cion den méid sin nach féidir, de bharr an éilimh sin nó éileamh (má rinneadh) faoi fho-alt (2), nó faoi alt 16A (3) (arna chur isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*), faoiseamh a thabhairt ina leith in aghaidh ioncam nó brabúis de chuid tréimhse cuntasaíochta roimhe sin.

- (i) nach raibh aon ghrúpfhaoiseamh faoin alt seo ná aon fhaoiseamh i leith caillteanais faoi fho-alt (3) d'alt 16A (arna chur isteach le *halt 46* den *Acht Airgeadais, 1992*) lamháilte in aghaidh ioncaim ón trádáil sa tréimhse sin.
- (ii) i gcás go dtosóidh tréimhse chuntasaíochta roimh an 1ú lá d'Eanáir, 2011, agus go gcríochnóidh sí ar an dáta sin nó dá éis, roinnfear í i gcuid amháin, dar tosach an dáta a dtosóidh an tréimhse chuntasaíochta agus dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 2010, agus i gcuid eile, dar tosach an 1ú lá d'Eanáir, 2011, agus dar críoch an lá a gcríochnóidh an tréimhse chuntasaíochta, agus déileálfar leis an dá chuid ionann is dá mba thréimhsí cuntasaíochta ar leithligh iad.

Leasú ar alt 39 (an bhrí atá le “*earraí*”) den Acht Airgeadais, 1980.

47.—Leasaítear, leis seo, alt 39 (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1991) den Acht Airgeadais, 1980, maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis—

(a) tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an choinníoll láithrigh a ghabhann le fo-alt (1):

“Ar choinníoll freisin go mbeidh feidhm ag ailt 108 go 113 den Acht Cánach Corparáide, 1976, chun críocha mhír (b) den chéad choinníoll a ghabhann leis an bhfo-alt seo amhail mar atá feidhm acu chun críocha Chuid XI den Acht sin.”,

(b) trí “an ailt seo” a chur in ionad “an mhínithe ar ‘earraí’ i bhfo-alt (1)” i bhfo-alt (5) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1990),

(c) maidir le haon tréimhse chuntasaíochta iomchuí (de réir bhrí alt 38 den Acht Airgeadais, 1980) nó le haon chuid den tréimhse chuntasaíochta sin dar tosach an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1CC7)—

“(1CC8) (a) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘cumann talmhaíochta’ cumann—

(i) a gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas ina leith:

(I) nach lú ná 50 líon comhaltaí a chumainn, agus

(II) gur daoine atá ag gabháil go príomha d'fhearachas agus a fhaigheann an

phríomhchuid dá n-ioncam ó
fhearachas comhaltaí uile an
chumainn nó formhór na gcomhaltaí
sin,

nó

(ii) lena mbaineann deimhniú faoi mhír (b) (i);

ciallaíonn ‘cumann iascaigh’ cumann—

(i) a gcomhlíontar an dá choinníoll seo a
leanas ina leith:

(I) nach lú ná 20 líon comhaltaí an
chumainn, agus

(II) gur daoine atá ag gabháil go príomha
d’iascaireacht agus a fhaigheann an
phríomhchuid dá n-ioncam ó
iascaireacht comhaltaí uile an
chumainn nó formhór na gcomhaltaí
sin,

nó

(ii) lena mbaineann deimhniú faoi mhír (b) (ii);

ciallaíonn ‘earraí cáilitheacha’ earraí arna
gceannach ag cumann óna chuid comhaltaí i
gcás gur earraí chun críocha na Caibidle seo
atá nó a bheadh, murach fo-alt (3) (arna leasú
le halt 32 den Acht Airgeadais, 1991) d’alt 39
den Acht Airgeadais, 1980, sna hearraí sin i
ndáil leis na comhaltaí sin;

ciallaíonn ‘cumann cáilitheach’ cumann
talmhaíochta nó cumann iascaigh—

(i) a sheolann trádáil arb é atá inti go hiomlán
nó go formhór earraí cáilitheacha a
mhórdhíol, agus

(ii) ar cumainn talmhaíochta nó cumainn
iascaigh a chuid comhaltaí go léir nó
formhór a chuid comhaltaí;

ciallaíonn an briathar ‘mórdhíol’ earraí d’aicme
ar bith a dhíol le haon duine a sheolann gnó ag
díol earraí den aicme sin nó a úsáideann earraí
den aicme sin chun críocha trádála nó gnóthais
a sheolann sé;

ciallaíonn ‘cumann’ cumann atá cláraithe faoi
na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus
Soláthair, 1893 go 1978.

(b) (i) Féadfaidh an tAire Airgeadais, ar mholadh
ón Aire Talmhaíochta, deimhniú a
thabhairt a chuirfidh i dteideal do
chumann go ndéileálfar leis, chun críocha
an fho-ailt seo, mar chumann
talmhaíochta d’ainneoin coinníoll amháin

nó an dá choinníoll i mír (a) den mhíniú ar ‘cumann talmhaíochta’ a bheith gan chomhlíonadh i ndáil leis an gcumann.

- (ii) Féadfaidh an tAire Airgeadais, ar mholadh ó Aire na Mara, deimhniú a thabhairt a chuirfidh i dteideal do chumann go ndéileálfar leis, chun críocha an fho-ailt seo, mar chumann iascaigh d’ainneoin coinníoll amháin nó an dá choinníoll i mír (a) den mhíniú ar ‘cumann iascaigh’ a bheith gan chomhlíonadh i ndáil leis an gcumann.

- (iii) Maidir le deimhniú arna thabhairt—

(I) faoi mhír (a) nó (b) d’fho-alt (2) d’alt 70 den Acht Airgeadais, 1963,

(II) faoi mhír (a) nó (b) d’fho-alt (2) d’alt 220 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, nó

(III) faoi mhír (a) nó (b) d’fho-alt (2) d’alt 18 den Acht Airgeadais, 1978,

measfar gur deimhniú faoin mír seo é, mura mbeidh sé cúlghairthe.

- (iv) Maidir le deimhniú faoi fhomhír (i) nó (ii) den mhír seo—

(I) beidh éifeacht leis amhail ó cibé dáta, cibé acu is dáta roimh an dáta nó tar éis an dáta a thabharfar é, a bheidh luaite ann, agus

(II) foilseofar é san Iris Oifigiúil a luaithe is féidir tar éis é a thabhairt.

- (v) Féadfaidh an tAire Airgeadais deimhniú faoin bhfo-alt seo a chúlghairm tráth ar bith agus foilseofar fógra faoi aon chúlghairm den sórt sin a luaithe is féidir san Iris Oifigiúil.

- (c) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas, chun críocha faoisimh faoin gCaibidil seo, i ndáil le cumann cáilitheach:

(i) measfar, maidir le hearraí cáilitheacha arna mórdhíol i gcúrsa a thrádála ag an gcumann cáilitheach, gur mhonaraigh an cumann cáilitheach iad, d’ainneoin go bhfuil an cumann a mhonaraigh na hearraí sin tar éis, nó i dteideal, faoiseamh a éileamh faoin gCaibidil seo i leith dhíol na n-earraí sin aige,

(ii) measfar gur méid is infhaighte ó dhíol earraí aon mhéid is infhaighte ó dhíol earraí cáilitheacha ag an gcumann cáilitheach, agus

- (iii) beidh éifeacht le fo-alt (ID) maidir leis an gcumann i ndáil le héileamh arna dhéanamh aige ar fhaoiseamh ó cháin de bhua an fho-ailt seo amhail mar atá éifeacht leis maidir le cuideachta i ndáil le héileamh arna dhéanamh aici ar fhaoiseamh ó cháin de bhua fho-alt (1B) nó (1C).

(1CC9) (a) San fho-alt seo—

tá le ‘cumann talmhaíochta’ agus le ‘cumann’ na bríonna faoi seach a shanntar dóibh i bhfo-alt (1CC8);

ciallaíonn ‘táirge bainne’ im, im meidhg, uachtar, cáis, bainne comhdhlúite, bainne triomaithe nó púdaraith, bainne bearrtha triomaithe nó púdaraith, meadhg triomaithe nó púdaraith, bruscar seacláide, cáiséin, im-ola, luchtós, agus aon táirge eile atá déanta go hiomlán nó go formhór as bainne nó as aon seachtháirge bainne agus a bheidh formheasta chun críocha an ailt seo ag an Aire Airgeadais tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Talmhaíochta;

ciallaíonn ‘cuideachta cháilitheach’ cuideachta a dtugann an tAire Talmhaíochta, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, deimhniú ina leith á rá gur deimhin leis—

- (i) (I) maidir le cuideachta nach bhfuil tosaithe ar thrádáil a dhéanamh, go bhfuil beartaithe aici trádáil cháilitheach a sheoladh, nó

- (II) maidir le cuideachta a bhfuil trádáil á seoladh aici ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana, go bhfuil trádáil cháilitheach á seoladh aici agus go bhfuil beartaithe aici an trádáil cháilitheach a sheoladh,

ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sí i dteideal deimhniú a fháil faoi mhír (ii) díreach tar éis dheireadh tréimhse 3 bliana dar tosach an dáta a thosaigh sí ar an trádáil sin a sheoladh, nó

- (ii) in aon chás eile, go seolann an chuideachta trádáil ar thrádáil cháilitheach go hiomlán nó go formhór í i leith na tréimhse dar tosach 3 bliana roimh an dáta, agus dar críoch díreach roimh an dáta, óna mbeidh éifeacht leis an deimhniú;

ciallaíonn ‘trádáil cháilitheach’ trádáil arna seoladh ag cuideachta arb é atá inti go hiomlán nó go formhór táirgí bainne a mhonarú agus, i gcás gurb é atá go hiomlán nó go formhór sa trádáil monarú táirgí bainne ag an gcuideachta agus dáileadh na dtáirgí bainne sin aici,

measfar gurb é atá inti go hiomlán nó go formhór táirgí bainne a mhonarú;

ciallaíonn ‘táirge iomchuí’ bainne arna cheannach ag cumann talmhaíochta óna chuid comhaltaí, is bainne a dhíolann an cumann talmhaíochta le cuideachta cháilitheach.

- (b) Aon deimhniú arna thabhairt faoin bhfo-alt seo, beidh éifeacht leis go ceann tréimhse dar tosach cibé dáta, is dáta roimh an dáta nó tar éis an dáta a thabharfar é, a bheidh luaite ann agus dar críoch lá atá 2 bhliain tar éis an dáta sin.
- (c) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas, chun críocha faoisimh faoin gCaibidil seo, i ndáil le díol táirgí iomchuí ag cumann talmhaíochta:
- (i) measfar táirgí iomchuí a bheith monaraithe ag an gcumann talmhaíochta,

(ii) measfar gur méid is infhaighte ó dhíol earraí aon mhéid is infhaighte ó dhíol táirgí iomchuí ag an gcumann talmhaíochta, agus

(iii) beidh éifeacht le fo-alt (1D) maidir leis an gcumann talmhaíochta i ndáil le héileamh arna dhéanamh aige ar fhaoiseamh ó cháin de bhua an fho-ailt seo amhail mar atá éifeacht leis maidir le cuideachta i ndáil le héileamh arna dhéanamh aici ar fhaoiseamh ó cháin de bhua fho-alt (1B) nó (1C).”,

agus

- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) Chun críocha na Caibidle seo, más rud é, i dtréimhse chuntasaíochta iomchuí, go ndéanann cuideachta seirbhísí fógraíochta a thabhairt i gcúrsa trádála a sheolann sí agus gurb é atá go hiomlán nó go formhór inti nuachtán, iris nó táirge eile dá samhail a tháirgeadh, ansin—

- (a) ní mheasfar gur méid is infhaighte ó dhíol earraí aon mhéid is infhaighte mar íocaíocht as na seirbhísí sin a thabhairt, agus
- (b) chun críocha alt 41, ní mheasfar gur ó dhíol earraí agus marsantais amháin a dhíorthaíonn ioncam na cuideachta ón trádáil do thréimhse chuntasaíochta iomchuí.”.

Deireadh le faoiseamh maidir le hidirbhearta áirithe ag cumainn talmhaíochta agus iascaigh.

48.—(1) (a) San alt seo—

tá le “idirbhearta díolmhaithe” an bhrí a shanntar dó le halt 18 den Acht Airgeadais, 1978;

ciallaíonn “cumann” cumann atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 1978, ar cumann talmhaíochta nó cumann iascaigh é de réir bhrí alt 18 den Acht Airgeadais, 1978.

(b) Chun críocha an ailt seo—

- (i) i gcás go dtosóidh tréimhse chuntasaíochta chumainn roimh an 1ú lá d'Aibreán, 1992, agus go gcríochnóidh sí dá éis sin, roinnfear an tréimhse sin i gcuid amháin, dar tosach an dáta a thosóidh an tréimhse chuntasaíochta agus dar críoch an 31ú lá de Mhárta, 1992, agus i gcuid eile, dar tosach an 1ú lá d'Aibreán, 1992, agus dar críoch an lá a chríochnóidh an tréimhse chuntasaíochta, agus déileálfar leis an dá chuid den tréimhse chuntasaíochta ionann is dá mba thréimhsí cuntasaíochta ar leithligh iad, agus
- (ii) measfar gurb é méid an ioncaim trádála is inchurtha i leith idirbhearta ar bith i dtréimhse chuntasaíochta an méid a mbeidh idir é agus méid iomlán an ioncaim trádála don tréimhse an chomhréir chéanna atá idir comhiomlán na méideanna is infhaighte ag an gcumann, de bhua na n-idirbheart sin, ó earraí a dhíol agus ó sheirbhísí a sholáthar agus comhiomlán na méideanna go léir atá faighte ag an gcumann, de bhua idirbheart sa tréimhse, ó earraí a dhíol agus ó sheirbhísí a sholáthar.

(2) I gcás trádáil a sheolann cumann—

- (a) ní dhéanfar idirbheart ar bith ar an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, a áireamh mar idirbheart díolmhaithe chun críocha alt 18 den Acht Airgeadais, 1978, agus
- (b) beidh feidhm ag ailt 16(1), 182 agus 184 den Acht Cánach Corparáide, 1976, maidir le cumann do thréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis—
 - (i) ionann is dá mba nár achtaíodh alt 18, ar leith ó fho-alt (9), den Acht Airgeadais, 1978,
 - (ii) ionann is dá mbeadh na héilimh sin go léir faoi na hailt sin 16(1), 182 agus 184, a bhí sé i dteideal a dhéanamh, déanta ag an gcumann, agus
 - (iii) ionann is dá mbeadh an fritháireamh caillteanas sin, nó an faoiseamh sin i leith caillteanas, déanta go cuí de réir na n-éileamh sin:

Ar choinníoll—

- (I) go ndéanfar cibé cuid d'ioncam trádála cumainn nach ioncam ó dhíol earraí (de réir bhrí alt 41 den Acht Airgeadais, 1980) a laghdú de cibé cion den chuid sin is inchurtha síos d'idirbhearta, ar idirbhearta díolmhaithe a bheadh iontu murach an fo-alt seo, nach mó é—
- (A) maidir le tréimhsí cuntasaíochta a tharlaíonn go hiomlán nó go páirteach sa tréimhse dar tosach an 1ú lá d'Aibreán, 1992, agus dar

críoch an 31ú lá de Nollaig, 1992, ná dhá thrian den ioncam trádála is inchurtha síos amhlaidh, agus

- (B) maidir le tréimhsí cuntasáíochta a tharlaíonn go hiomlán nó go páirteach sa bhliain 1993, ná trian den ioncam trádála is inchurtha síos amhlaidh,

agus

- (II) nach mbeidh feidhm ag *mír (I)* den choinníoll seo chun críocha Chaibidil VI de Chuid I den Acht Airgeadais, 1980.

(3) Chun críocha *fho-alt (2)*, i gcás go dtarlaíonn tréimhse chuntasaíochta go páirteach i mbliain nó i dtréimhse, déanfar an chuid den tréimhse chuntasaíochta a tharlaíonn sa bhliain nó sa tréimhse a áireamh mar thréimhse chuntasaíochta ar leithligh.

Creidmheasanna cánach a ghnóthú ó chuideachtaí.

49.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 25 den Acht Cánach Corparáide, 1976, maidir le haon tréimhse chuntasaíochta dar críoch an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) I gcás go ndéanfaidh cuideachta éileamh faoi fho-alt (5) maidir le tréimhse chuntasaíochta, aon cháin ioncaim is iníochta de bhua an fho-ailt sin, déileálfar léi, agus tuairisceofar í, chun an cháin sin agus aon ús nó pionóis uirthi a mhuirearú, a mheasúnú, a bhailiú agus a ghnóthú ón gcuideachta, mar cháin chorparáide is iníochta ag an gcuideachta sin don tréimhse chuntasaíochta sin, d'ainneoin gur cáin ioncaim í chun gach críche eile de chuid na nAchtanna Cánach.”.

(2) Leasaítear, leis seo, alt 26 den Acht Cánach Corparáide, 1976, maidir le haon tréimhse chuntasaíochta dar críoch an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) I gcás go ndéanfaidh cuideachta éileamh faoi fho-alt (4) maidir le tréimhse chuntasaíochta, aon cháin ioncaim is iníochta de bhua an fho-ailt sin, déileálfar léi, agus tuairisceofar í, chun an cháin sin agus aon ús nó pionóis uirthi a mhuirearú, a mheasúnú, a bhailiú agus a ghnóthú ón gcuideachta, mar cháin chorparáide is iníochta ag an gcuideachta sin don tréimhse chuntasaíochta sin, d'ainneoin gur cáin ioncaim í chun gach críche eile de chuid na nAchtanna Cánach.”.

Grúp-íocaíochtaí.

50.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 105 den Acht Cánach Corparáide, 1976—

- (a) tríd na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) I gcás go bhfaighidh cuideachta aon íocaíochtaí lena mbaineann an t-alt seo ó chuideachta eile (ar cuideachta a chónaíonn sa Stát gach cuideachta díobh), agus—

- (a) an chuideachta a dhéanfaidh an íocaíocht—

(i) a bheith ina fo-chuideachta 51 faoin gcéad don chuideachta eile nó do chuideachta a chónaíonn sa Stát ar fo-chuideachta 51 faoin gcéad di an ceann eile; nó

(ii) a bheith ina cuideachta thrádála nó shealbhaíochta ar úinéireacht ag comheagras ar dá chomhaltai an chuideachta a gheobhaidh na híocaíochtaí, nó

(b) an chuideachta a gheobhaidh an íocaíocht a bheith ina fo-chuideachta 51 faoin gcéad don chuideachta a dhéanfaidh an íocaíocht,

ansin, faoi réir na bhforálacha seo a leanas den alt seo, déanfar na híocaíochtaí sin gan cáin ioncaim a asbhaint agus ní bheidh feidhm ina leith sin ag alt 434 (a bhaineann le híocaíochtaí nach iníoctha as brabúis chánaithe) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, ná ag alt 31 (a bhaineann le híocaíochtaí úis ag cuideachtaí) den Acht Airgeadais, 1974.

(2) Is iad na híocaíochtaí lena mbaineann an t-alt seo aon íocaíochtaí arb é atá iontu, chun críocha cánach corparáide, muirir ar ioncam na cuideachta a dhéanann iad nó ar muirir den sórt sin a bheadh iontu dá mba nárbh inasbhainte iad le linn brabúis, nó brabúis de thuairisc ar bith, a ríomh nó dá mba nár bhain alt 10 (6) (a bhaineann le srian maidir le muirir ar ioncam a lamháil) leo:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an alt seo maidir le híocaíochtaí a gheobhaidh cuideachta ar aon infheistíochtaí, dá ndéileálfai mar fháltas trádála de chuid na cuideachta sin le brabús as na hinfheistíochtaí sin a dhíol.”,

agus

(b) trí “rogha faoi” a scriosadh i bhfo-alt (3).

(2) Aisghairtear, leis seo, alt 106 den Acht Cánach Corparáide, 1976.

(3) Beidh feidhm agus éifeacht leis an alt seo amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

51.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 44 den Acht Airgeadais, 1983—

Leasú ar alt 44
(grúp-dhíbhinní)
den Acht
Airgeadais, 1983.

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí “, féadfaidh an chuideachta atá ag fáil na ndíbhinní agus an chuideachta atá á n-íoc comhrogha a dhéanamh go mbainfidh an fo-alt seo leis na díbhinní atá á bhfáil ag an gcuideachta fála ón gcuideachta íoca, agus fad a bheidh an rogha sin i bhfeidhm” a scriosadh, agus

(ii) tríd an gcoinníoll seo a leanas leis an bhfo-alt sin a chur isteach:

“Ar choinníoll go bhféadfaidh an chuideachta atá ag íoc na ndíbhinní rogha a dhéanamh, trí fhógra i scríbhinn chun an chigire, nach mbeidh feidhm ná éifeacht le forálacha an ailt seo i ndáil le haon mhéid díbhinní a bheidh sonraithe san fhógra.”,

(b) i bhfo-alt (3), trí “rogha faoi” a scriosadh, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Ní bailí do rogha faoin gcoinníoll a ghabhann le fo-alt (1) mura rud é—

(a) go ndéantar é roimh an dáta dlite le haghaidh íoc luathchánach corparáide, ag an gcuideachta atá ag íoc na ndíbhinní, don tréimhse chuntasaíochta ina n-íoctar na díbhinní, agus

(b) gur íocadh an luathcháin chorparáide i leith na ndíbhinní sin.”.

(2) Beidh feidhm agus éifeacht leis an alt seo amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

Leasú ar alt 39A (faoiseamh i ndáil le hioncam ó oibríochtaí trádála áirithe a sheoltar in Aerfort na Sionna) den Acht Airgeadais, 1980.

52.—Leasaítear, leis seo, alt 39A (arna leasú le halt 33 den Acht Airgeadais, 1991) den Acht Airgeadais, 1980—

(a) i bhfo-alt (2), trí “faoi fho-alt (4), (4A) nó (4B)” a chur in ionad “faoi fho-alt (4) nó (4A)”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4A) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1986):

“(4B) Más rud é go gcomhaontóidh an tAire agus cuideachta a mbeidh deimhniú faoi fho-alt (2) tugtha i ndáil léi go gcúlghairfear an deimhniú sin agus go ndéanfar deimhniú eile, a thabharfar don chuideachta faoi fho-alt (2), a chur ina ionad, féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil leis an bpost cláraithe ar an gcuideachta, an deimhniú céadluaite a chúlghairm le héifeacht ó cibé dáta a bheidh sonraithe san fhógra:

Ar choinníoll nach ndéanfaidh forálacha an fho-alt seo difear d’oibriú fho-alt (4) nó (4A).”,

agus tá an fo-alt sin (2), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(2) Faoi réir fho-alt (5) agus (6), féadfaidh an tAire deimhniú a thabhairt á dheimhniú gur oibríochtaí trádála iomchuí chun críche an ailt seo, le héifeacht ó dháta a bheidh sonraithe sa deimhniú, na hoibríochtaí trádála sin de chuid cuideachta cáilithe a bheidh sonraithe sa deimhniú, agus aon deimhniú a thabharfar amhlaidh, mura ndéanfar é a chúlghairm faoi fho-alt (4), (4A) nó (4B), fanfaidh sé i bhfeidhm go dtí an 31ú lá de Nollaig, 2005.

53.—Leasaítear, leis seo, alt 39B (arna leasú le halt 34 den Acht Airgeadais, 1991) den Acht Airgeadais, 1980—

(a) i bhfo-alt (2), trí “faoi fho-alt (4), (5) nó (5A)” a chur in ionad “faoi fho-alt (4) nó (5)”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

Leasú ar alt 39B (faoiseamh i ndáil le hioncam ó oibríochtaí trádála áirithe a sheoltar i Limistéar Duganna Theach an Chustaim) den Acht Airgeadais, 1980.

“(5A) Más rud é go gcomhaontóidh an tAire agus cuideachta a mbeidh deimhniú faoi fho-alt (2) tugtha i ndáil léi go gcúlghairfear an deimhniú sin agus go ndéanfar deimhniú eile, a thabharfar don chuideachta faoi fho-alt (2), a chur ina ionad, féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil leis an bpost cláraithe ar an gcuideachta, an deimhniú céadluaite a chúlghairm le héifeacht ó cibé dáta a bheidh sonraithe san fhógra:

Ar choinníoll nach ndéanfaidh forálacha an fho-ailt seo difear d’oibriú fho-alt (4) nó (5).”,

agus tá an fo-alt sin (2), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(2) Faoi réir fho-ailt (6) agus (7) féadfaidh an tAire deimhniú a thabhairt á dheimhniú gur oibríochtaí trádála iomchuí chun críocha an ailt seo, le héifeacht ó dháta a bheidh sonraithe sa deimhniú, cibé oibríochtaí trádála de chuid cuideachta a bheidh sonraithe sa deimhniú agus beidh aon deimhniú a thabharfar amhlaidh i bhfeidhm, mura gcúlghairfear é faoi fho-alt (4), (5) nó (5A), go dtí an 31ú lá de Nollaig, 2005.

54.—Leasaítear, leis seo, alt 41 (arna leasú le halt 52 den Acht Airgeadais, 1990) den Acht Airgeadais, 1980, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn ‘cáin chorparáide iomchuí’ an cháin chorparáide a bheadh—

(a) ar leith ón alt seo,

(b) ar leith ó ailt 25 agus 26 (arna leasú le halt 49 den Acht Airgeadais, 1992), agus ó ailt 58, 101, 151, 162, 182 agus 184, den Acht Cánach Corparáide, 1974, agus

(c) ar leith ó alt 51 den Acht Airgeadais, 1990,

Leasú ar alt 41 (bonn faoisimh ó cháin chorparáide) den Acht Airgeadais, 1980.

inmhuirearaithe maidir leis an tréimhse chuntasaíochta iomchuí gan an cháin chorparáide a áireamh is inmhuirearaithe ar an gcuid de bhrabúis na cuideachta is inchurtha i leith gnóchain inmhuirearaithe don tréimhse sin; agus measfar gurb éard í an chuid sin an méid a thugtar faoi réim bhrabúis na cuideachta don tréimhse sin chun críocha cánach corparáide i leith gnóchain inmhuirearaithe sula ndéantar aon asbhaint maidir le muirir ar ioncam, caiteachais bhainisteoireachta nó méideanna eile is féidir a asbhaint ó bhrabúis de bhreis agus tuairisc amháin nó a fhritháireamh in aghaidh na mbrabús sin nó ar féidir déileáil leo mar mhéideanna a laghdaíonn na brabúis sin.”.

Tuairisceán a chur
isteach déanach:
srian le héilimh
áirithe ar
fhaoiseamh.

55.—(1) D’ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach, más rud é, i ndáil le tréimhse inmhuirearaithe, go mainneoidh cuideachta tuairisceán ar ioncam don tréimhse inmhuirearaithe a sheachadadh ar nó roimh an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe, beidh feidhm agus éifeacht leis na forálacha seo a leanas, is é sin le rá:

- (a) déanfar aon éileamh i leith na tréimhse inmhuirearaithe faoi alt 14 (6), 16 (2) nó 19 (2) den Acht Cánach Corparáide, 1976, a shrianadh ionas gurb é an méid a mbeidh brabús na cuideachta don tréimhse inmhuirearaithe sin nó d’aon tréimhse inmhuirearaithe eile le laghdú de bhua an éilimh 50 faoin gcéad den mhéid a bheadh ann murach gur achtaíodh an t-alt seo,
- (b) ní rachaidh an méid iomlán grúpfhaoisimh a fhéadfaidh an chuideachta a éileamh i leith na tréimhse inmhuirearaithe thar 50 faoin gcéad de bhrabúis na cuideachta don tréimhse inmhuirearaithe arna laghdú d’aon fhaoiseamh eile ó cháin ar leith ó ghrúpfhaoiseamh,
- (c) déanfar méid iomlán an chaillteanais dá dtagraítear i bhfo-alt (1) d’alt 116 den Acht Cánach Corparáide, 1976, don tréimhse inmhuirearaithe, agus méid iomlán na breise dá dtagraítear i bhfo-alt (2), (3) nó (6) den alt sin 116 don tréimhse sin, a áireamh araon, chun críocha Chuid XI den Acht sin, mar mhéideanna arna laghdú 50 faoin gcéad,
- (d) déanfar aon éileamh i leith na tréimhse inmhuirearaithe faoi alt 39 (2) den Acht Airgeadais, 1983, a shrianadh ionas gurb é an méid luathchánach corparáide a áireofar ionann is dá mba luathcháin chorparáide é a íocadh i leith dáiltí a rinne an chuideachta in aon tréimhse inmhuirearaithe roimhe sin 50 faoin gcéad den mhéid a d’áireofaí amhlaidh murach gur achtaíodh an t-alt seo, agus
- (e) ní ceadmhach don chuideachta níos mó ná 50 faoin gcéad den bhreis a bheidh i méid iomlán na luathchánach corparáide a d’íoc sí (agus nach mbeidh aisíoctha) i leith díbhinne nó díbhinní a d’íoc sí sa tréimhse inmhuirearaithe thar mhéid na luathchánach corparáide sin a dhéantar, faoi alt 39 (1) den Acht sin, a fhritháireamh in aghaidh a dliteanais cánach corparáide don tréimhse inmhuirearaithe, a ghéilleadh faoi alt 45 (1) den Acht Airgeadais, 1983.

(2) (a) San alt seo—

ciallaíonn “tréimhse inmhuirearaithe” tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta;

tá le “grúpfhaoiseamh” an bhrí a shanntar dó le halt 107 den Acht Cánach Corparáide, 1976;

ciallaíonn “tuairisceán ar ioncam” tuairisceán a cheanglaítear ar chuideachta a sheachadadh faoi fhorálacha alt 10 den Acht Airgeadais, 1988;

tá le “dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe” an bhrí a shanntar dó le halt 9 den Acht Airgeadais, 1988.

- (b) Beidh feidhm chun críocha an ailt seo ag fomhíreanna (i) agus (ii), agus ag fomhír (iii) (arna leasú le halt 25 den Acht Airgeadais, 1990), de mhír (b) d’fho-alt (1) d’alt 48 den Acht Airgeadais, 1986, amhail mar atá feidhm acu chun críocha an ailt sin.

(3) Beidh feidhm agus éifeacht leis an alt seo maidir le tréimhsí inmhuirearaithe dar críoch an 1ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis.

56.—(1) San alt seo, ciallaíonn “an chuideachta” an chuideachta a corpraíodh ar an 30ú lá de Dheireadh Fómhair, 1991, mar *The Enterprise Trust Limited*. Faoiseamh i leith bronnntanas don Iontaobhas Fiontair Teo.

(2) Baineann an t-alt seo le bronnntanas airgid—

- (a) arna thabhairt, an 1ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, agus roimh an 31ú lá de Mhárta, 1994, don chuideachta agus arna ghlacadh aici,
- (b) atá le caitheamh ag an gcuideachta faoi chomhair na gcuspóirí atá leagtha amach ina meabhrán comhlachais agus faoina gcomhair sin amháin,
- (c) nach mbeadh, ar leith ó *fho-alt* (3), inasbhainte le linn brabúis nó gnóchain trádála nó gairme a ríomh chun críocha cánach corparáide, agus
- (d) nach ioncam lena mbaineann forálacha alt 439 den Acht Cánach Ioncaim, 1967.

(3) Faoi réir *fho-alt* (2), i gcás go dtugann cuideachta bronnntanas lena mbaineann an t-alt seo agus go n-éileoidh sí faoiseamh ó cháin faoi threoir an bhronntanais sin, déileálfar, chun críocha cánach corparáide, le glanmhéid an bhronntanais sin—

- (a) mar chaiteachas trádála inasbhainte de chuid trádála a sheolann an chuideachta, nó
- (b) mar chaiteachas bainisteoireachta is inasbhainte le linn brabúis iomlána na cuideachta a ríomh, is caiteachas a thabhaigh sí sa tréimhse chuntasaíochta ina dtugtar an bronnntanas:

Ar choinníoll go ndéanfar, le linn glanmhéid an bhronntanais a chinneadh, méid nó luach aon chomaoine a fuair an chuideachta sin mar thoradh ar an mbronnntanas a thabhairt, cibé acu a fuarthas í go díreach nó go neamhdhíreach ón gcuideachta nó ó aon duine eile, a asbhaint ó mhéid an bhronntanais.

(4) Déanfar éileamh faoin alt seo i dteannta an tuairisceáin a cheanglaítear a sheachadadh faoi alt 10 den Acht Airgeadais, 1988, don tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar an íocaíocht.

57.—Leasaítear, leis seo, alt 39 den Acht Airgeadais, 1988, trí “an 31ú lá de Nollaig, 1999” a chur in ionad “an 31ú lá de Nollaig, 1992,” i mír (a). Leasú ar alt 39 (ioncam áirithe de chuid Nítrigin Éireann Teoranta a bheith díolmhaithe) den Acht Airgeadais, 1988.

Leasú ar alt 35 (faoiseamh i leith infheistíochta i scannáin) den Acht Airgeadais, 1987.

58.—Leasaítear, leis seo, alt 35 den Acht Airgeadais, 1987 (arna leasú le halt 28 den Acht Airgeadais, 1989), i bhfo-alt (1), trí “ar an 31ú lá de Mhárta, 1995” a chur in ionad “ar chothrom cúig bliana an dáta sin” sa mhíniú ar “tréimhse cháilitheach”.

CAIBIDIL IV

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Laghdú ar dhíolúine do phearsana aonair.

59.—Maidir leis an mbliain 1992-93 agus blianta measúnachta dá éis, déantar—

(a) fo-alt (4) d’alt 13, agus fo-ailt (1) agus (2) d’alt 16, den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, agus

(b) mír 8 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil (Leasú), 1978,

a leasú, leis seo, trí “£1,000” a chur in ionad “£2,000” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1982) gach áit a bhfuil sé sna forálacha sin, agus tá na forálacha sin, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(4) Más rud é, ar leith ó fho-alt (1), gur lú ná £1,000 an méid ar a mbeidh pearsa aonair inchurtha faoi cháin ghnóchan caipitiúil ina leith faoi alt 5 (1) do bhliain mheasúnachta (dá ngairtear “an méid céadluaite” ina dhiaidh seo san fho-alt seo), agus go bhfuil céile na pearsan aonair (ar bean phósta í a chónaíonn lena fearcéile, nó arb é an fearcéile sin é, aon tráth le linn na bliana measúnachta sin), ar leith ó fho-alt (1), inchurtha faoi cháin ghnóchan caipitiúil ar aon mhéid don bhliain sin, beidh éifeacht le halt 16 (1) i ndáil leis an gcéile ionann is dá ndéanfaí an tsuim £1,000 a luaitear ann a mhéadú méid is ionann agus an difríocht idir an méid céadluaite agus £1,000.

(1) Ní bheidh pearsa aonair inmhuirearaithe i leith cánach gnóchan caipitiúil do bhliain mheasúnachta mura mó ná £1,000 an méid a mbeidh cáin ghnóchan caipitiúil inmhuirearaithe air ina leith faoi alt 5 (1) don bhliain sin.

(2) Más mó ná £1,000 an méid a mbeidh cáin ghnóchan caipitiúil inmhuirearaithe ar phearsa aonair ina leith faoi alt 5 (1) do bhliain mheasúnachta, ní mhuirearófar cáin ghnóchan caipitiúil don bhliain sin ach ar an mbreis a bheidh sa mhéid sin ar £1,000.

8. Chun críocha fho-alt (2) d’alt 16 (gnóchain £1,000 agus faoina bhun) den Phríomh-Acht, más rud é, ar an toimhde nach raibh feidhm ag an bhfo-alt sin, go mbeadh pearsa aonair inmhuirearaithe faoi na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil de réir breis agus ráta amháin cánach do bhliain mheasúnachta, tabharfar an faoiseamh a bheidh le tabhairt faoin bhfo-alt sin i leith an chéad £1,000 de ghnóchan inmhuirearaithe—

- (a) i gcás gur de réir dhá ráta éagsúla a bheadh sé inmhuirearaithe amhlaidh, i leith na ngnóchan inmhuirearaithe ab inmhuirearaithe amhlaidh de réir an ráta is airde de na rátaí sin agus, a mhéid nach féidir faoiseamh a thabhairt amhlaidh, i leith na ngnóchan inmhuirearaithe ab inmhuirearaithe amhlaidh de réir an ráta is ísle de na rátaí sin, agus
- (b) i gcás gur de réir trí ráta nó níos mó a bheadh sé inmhuirearaithe, i leith na ngnóchan inmhuirearaithe ab inmhuirearaithe amhlaidh de réir an ráta is airde de na rátaí sin agus, a mhéid nach féidir faoiseamh a thabhairt amhlaidh, i leith na ngnóchan inmhuirearaithe ab inmhuirearaithe amhlaidh de réir an chéad ráta eile is airde de na rátaí sin, agus mar sin de.

Athrú ar rátaí cánach gnóchan caipitiúil.

60.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 3 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, maidir le gnóchain inmhuirearaithe a fhabhróidh as aon diúscairt a dhéanfar an 6ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3) (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1990):

“(3) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, is é a bheidh sa ráta cánach gnóchan caipitiúil, i leith gnóchan inmhuirearaithe a fhabhraíonn chuig duine as sócmhainn a dhiúscairt 40 faoin gcéad, agus déanfar aon tagairt sna hAchtanna sin don ráta a shonraítear san alt seo a fhorléiriú dá réir sin.”,

agus

- (b) trí fho-alt (4) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1982) a scriosadh.

(2) Leasaítear, leis seo, alt 36 (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1990) den Acht Airgeadais, 1982, trí fho-alt (2), (3) agus (3A) a scriosadh.

61.—I Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, ní bheidh feidhm ag mír 6 maidir le haistriú gnó, an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, ag duine chuig cuideachta, go hiomlán nó go páirteach mar mhalairt ar scaireanna arna n-eisiúint ag an gcuideachta, mura suítear go bhfuil an t-aistriú á dhéanamh ar chúiseanna tráchtála *bona fide* agus nach cuid é d’aon socrú nó scéim arb é an príomhchuspóir, nó ar ceann de na príomhchuspóirí, atá leis nó léi dlíteanas cánach a sheachaint.

Srian le Sceideal 2 (cuideachtaí agus scairshealbhóirí) a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975.

62.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 9 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais), 1982:

Leasú ar alt 9 (comaoín) den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975.

“(5) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le fáil sócmhainne más rud é—

(a) nach ndéantar aon diúscairt chomhréireach ar an tsócmhainn, agus

(b) (i) nach bhfuil aon chomaoín in airgead nó i luach airgid ann, nó

(ii) gur lú méid nó luach na comaoine i leith na sócmhainne ná margadhluach na sócmhainne.”.

(2) Beidh feidhm agus éifeacht leis an alt seo i ndáil le diúscairtí a dhéanfar an 7ú lá de Bhealtaine, 1992, nó dá éis.

63.—Leasaítear, leis seo, alt 47 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, amhail ar an agus ón 7ú lá de Bhealtaine, 1992—

Leasú ar alt 47 (roghanna) den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975.

(a) i bhfo-alt (3), trí “nó tréigean” a scriosadh,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Is ionann tréigean rogha ag an duine a bheidh i dteideal í a fheidhmiú de thuras na huairé agus

diúscairt sócmhainne (eadhon, an rogha) ag an duine sin.

(b) Faoi réir fho-alt (5) agus mhír (a) d’fho-alt (6), ní bheidh tréigean rogha ag an duine a bheidh i dteideal í a fheidhmiú de thuras na huaire ina bhun le caillteanas inlamhála.”,

(c) i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) má thréigtear an rogha, ní bheidh feidhm ag mír (b) d’fho-alt (3A), agus”,

(d) i bhfo-alt (6)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) I gcás go ndéantar—

(i) rogha luaite suibscríobh le haghaidh scaireanna i gcuideachta, nó

(ii) rogha intrádála,

a dhiúscairt nó a thréigean, ansin—

(I) má thréigtear an rogha, ní bheidh feidhm ag mír (b) d’fho-alt (3A), agus

(II) ní bheidh feidhm ag mír 9 de Sceideal 1 (srian le caiteachas inlamhála do shócmhainn chnaoiteach) ná ag fo-alt (4).”,

agus

(ii) trí “i rogha luaite suibscríobh le haghaidh scaireanna i gcuideachta” a chur in ionad “i rogha a luaitear i mír (a)” i mír (b),

agus

(e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

“(11) San alt seo—

ciallaíonn ‘rogha luaite’ rogha atá, tráth an tréigin nó na diúscartha eile, luaite, agus, ar an tslí chéanna le scaireanna, a ndéileáiltear inti ar stocmhalartán sa Stát nó in áit eile;

ciallaíonn ‘rogha intrádála’ rogha atá, tráth an tréigin nó na diúscartha eile, luaite ar stocmhalartán nó ar mhalartán todhchaíochtaí sa Stát nó in áit eile.”,

agus tá an mhír sin (b) den fho-alt sin (6), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(b) I gcás ina ndéileáiltear i rogha luaite suibscríobh le haghaidh scaireanna i gcuideachta laistigh de thrí mhí tar éis d'aon atheagrú, laghdú, comhshó nó cónascadh lena mbaineann míreanna 2, 3, 4 nó 5 de Sceideal 2 a theacht in éifeacht (nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim le fógra i scríbhinn) maidir leis an gcuideachta a thug an rogha, measfar, chun críocha na míreanna sin 2, 3, 4 nó 5, gurb é an rogha na scaireanna a d'fhéadfaí a fháil tríd an rogha a fheidhmiú agus beidh feidhm ag alt 49 (3) lena margadhluach a chinneadh.

CAIBIDIL V

Treoir Uimh. 90/434/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm agus nithe gaolmhara eile

64.—Sa Chaibidil seo—

Léiriú (*Caibidil V*).

ciallaíonn “comhaontú déthaobhach” socruithe ag a bhfuil feidhm dlí de bhua alt 361 den Acht Cánach Ioncaim, 1967;

ciallaíonn “cuideachta” cuideachta as Ballstát;

tá le “cuideachta as Ballstát” an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 3 den Treoir;

ciallaíonn “an Treoir” Treoir Uimh. 90/434/CEE an 23 Iúil 1990 ón gComhairle* maidir leis an gcomhchóras cánachais is infheidhme maidir le cumaisc, rannta, aistrithe sócmhainní agus malartuithe scaireanna a bhaineann le cuideachtaí as Ballstáit éagsúla;

ciallaíonn “Ballstát” Ballstát de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa;

ciallaíonn “cuideachta glactha” an chuideachta ar chuici a dhéantar trádáil iomlán nó cuid de thrádáil a aistriú i gcúrsa aistrithe;

ciallaíonn “urrúis” scaireanna agus bintiúir;

folaíonn “scaireanna” stoc;

ciallaíonn “aistriú” aistriú ag cuideachta ar a trádáil iomlán nó ar chuid dá trádáil sna himthosca atá leagtha amach in *alt 65 (1)* nó in *alt 69 (1)*, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn “cuideachta aistritheach” an chuideachta a dhéanann trádáil iomlán nó cuid de thrádáil a aistriú i gcúrsa aistrithe.

65.—(1) (a) Beidh feidhm ag an alt seo i gcás ina ndéanfaidh cuideachta, an 1ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis, an trádáil iomlán a sheolann sí sa Stát a aistriú chuig cuideachta eile agus gurb é amháin atá sa chomaoín i gcomhair an aistrithe eisiúint urrús (dá ngairtear na “sócmhainní nua” san alt seo) sa chuideachta glactha chuig an gcuideachta aistritheach. Sócmhainní a aistriú i gcoitinne.

(b) Measfar, chun críocha an ailt seo, maidir le cuideachta a dhéanfaidh cuid de thrádáil a aistriú chuig cuideachta eile, go raibh an chuid sin dá trádáil á seoladh aici mar thrádáil leithleach.

*I.O. Uimh. L225, 20 Lúnasa 1990, lch. 1.

(2) (a) Ní mheasfar gur ní an t-aistriú is bun le haon liúntas nó muirear dá bhforáiltear le halt 14 den Acht Cánach Corparáide, 1976.

(b) Déanfar na liúntais agus na muirir go léir, a bheadh le tabhairt don chuideachta aistritheach nó le muirearú uirthi i leith aon sócmhainní arna n-aistriú i gcúrsa an aistrithe dá mba rud é gur lean sí den trádáil a sheoladh agus de na sócmhainní aistrithe a úsáid chun críocha na trádála, a thabhairt don chuideachta glactha nó a mhuirearú uirthi de réir alt 14 den Acht Cánach Corparáide, 1976, agus déanfar méid aon liúntais nó muirir den sórt sin a ríomh amhail is dá mbeadh an chuideachta glactha ag seoladh na trádála ón tráth a thosaigh an chuideachta aistritheach ag déanamh amhlaidh agus amhail is dá mba í an chuideachta glactha a rinne, nó gur uirthi a rinneadh, gach ní a rinne an chuideachta aistritheach nó a rinneadh uirthi.

(c) Ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le sócmhainní arna n-aistriú i gcúrsa aistrithe más rud é, de dhroim an aistrithe, nó idirbhirt ar cuid de an t-aistriú, go bhfuil feidhm le bheith ag an Acht Cánach Corparáide, 1976, faoi réir fho-ailt (2) go (5) d'alt 20 den Acht sin.

(3) Chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil agus, a mhéid a bhaineann sé le cáin ghnóchan caipitiúil, chun críocha an Achta Cánach Corparáide, 1976—

(a) ní mheasfar go ngabhann aon diúscairt ag an gcuideachta aistritheach leis an aistriú, agus

(b) déileálfar leis an gcuideachta glactha amhail is go bhfuair sí na sócmhainní arna n-aistriú chuici i gcúrsa an aistrithe an tráth céanna a fuair an chuideachta aistritheach iad agus ar an gcomaoin chéanna ar a bhfuair an chuideachta aistritheach iad agus amhail is go ndearna sí gach ní a rinne an chuideachta aistritheach i ndáil leis na sócmhainní arna n-aistriú i gcúrsa an aistrithe.

(4) Más rud é, aon tráth laistigh de thréimhse 6 bliana dar tosach an lá a aistríodh na sócmhainní i gcúrsa an aistrithe, go ndiúscróidh an chuideachta aistritheach na sócmhainní nua ansin, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil agus, a mhéid a bhaineann sé le cáin ghnóchan caipitiúil, na nAchtanna Cánach Corparáide, le linn aon ghnóchan inmhuirearaithe a ríomh ar aon sócmhainní nua a dhiúscairt—

(a) déanfar comhiomlán na ngnóchan inmhuirearaithe lúide caillteanais inlamháilte a bheadh, murach *mír (a) d'fho-alt (3)*, inmhuirearaithe ar an gcuideachta aistritheach a chionroinnt idir na sócmhainní nua ina n-iomláine, agus

(b) déanfar na suimeanna is inlamháilte mar asbhaint faoi mhír 3(1)(a) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, a laghdú den mhéid a chionroinntear chuig an tsócmhainn nua faoi *mhír (a)*,

agus mura mbeidh na hurrúis arb iad na sócmhainní nua iad den chineál céanna, beidh an chionroinnt idir na hurrúis faoi *mhír (a)* de réir a margadhluacha an tráth a fuair an chuideachta aistritheach iad.

(5) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt (2)*, *(3)* agus *(4)*, más rud é—

(a) díreach tar éis thráth an aistrithe—

- (i) nach n-úsáidfear na sócmhainní a aistreofar i gcúrsa an aistrithe chun críocha trádála arna seoladh ag an gcuideachta glactha sa Stát,
- (ii) nach mbeadh an chuideachta glactha inmhuirearaithe i leith cánach corparáide nó cánach gnóchan caipitiúil maidir le haon ghnóchain inmhuirearaithe a fhabhraíonn chuici ar dhiúscairt a dhéanamh, dá ndéanfadh sí diúscairt den sórt sin, ar aon sócmhainní (seachas airgead tirim) a bheidh faighte i gcúrsa an aistrithe, nó
- (iii) gur sócmhainní aon sócmhainní díobh ar ina leith a bheidh an chuideachta glactha, de bhua iad a bheith de réir tuairisce a shonraítear i gcomhaontú déthaobhach, le meas mar chuideachta nach bhfuil dliteanas uirthi sa Stát maidir le cáin chorparáide nó cáin ghnóchan caipitiúil ar ghnóchain a fhabhraíonn chuici le linn diúscartha,

nó

- (b) go roghnóidh an chuideachta aistritheach agus an chuideachta glactha amhlaidh i gcomhpháirt le fógra i scríbhinn chuig an gcigire, agus déanfar an fógra sin faoin tráth a bheidh tuairisceán le tabhairt ag an gcuideachta aistritheach faoi alt 10 den Acht Airgeadais, 1988, don tréimhse chuntasaíochta ina dtarlaíonn an t-aistriú.

66.—(1) I gcás ina ndéanfaidh cuideachta sócmhainn a úsáidtear chun críocha trádála arna seoladh aici sa Stát a dhiúscairt chuig cuideachta a shealbhaíonn na hurrúis go léir atá in ionannas dá caipiteal agus nach mbeifí, murach an t-alt seo, chun déileáil leis na cuideachtaí de réir alt 130 den Acht Cánach Corparáide, 1976, i leith na sócmhainne sin, ansin, más rud é—

Cuideachta d'aistriú sócmhainne chuig a máthairchuideachta.

- (a) díreach tar éis na diúscartha, go dtosóidh an chuideachta a gheobhaidh an tsócmhainn ar an tsócmhainn a úsáid chun críocha trádála arna seoladh aici sa Stát, agus
- (b) nach aistriú, nó nach cuid d'aistriú, lena mbaineann *alt 65* an diúscairt,

beidh éifeacht le hait 130, 131 agus 132 den Acht sin de 1976 amhail is dá mbeadh cónaí ar na cuideachtaí sa Stát.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (5) d'alt 65* fara aon choigeartú is gá chun críocha an ailt seo amhail is dá mba thagairtí *d'fho-alt (1)* den alt seo tagairtí san fho-alt sin *d'fho-alt (2), (3)* agus *(4)* den *alt sin 65*.

67.—Más rud é, an 24ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, go ndéanfaidh cuideachta, chun críocha scéime, nó i ndáil le scéim, athchóirithe nó cónasctha (de réir bhrí fho-alt (3) d'alt 127 den Acht Cánach Corparáide, 1976) sócmhainn, ar talamh forbraíochta í (de réir bhrí alt 36 den Acht Airgeadais, 1982), a dhiúscairt chuig cuideachta eile agus—

Athchóiriú nó cónascadh cuideachtaí: talamh forbraíochta a aistriú.

- (a) nach ndéantar an diúscairt i gcúrsa aistrithe lena mbaineann *alt 65*, agus

- (b) dá mba rud é go ndéanfaí an míniú ar ghnóchain inmhuirearaithe i bhfo-alt (1C) d’alt 13 (arna leasú le halt 31 den Acht Airgeadais, 1982) den Acht Cánach Corparáide, 1976, agus fo-alt (4) d’alt 36 den Acht Airgeadais, 1982, a scriosadh, go ndéileálfaí leis an gcuideachta a dhiúscaíonn an tsócmhainn agus leis an gcuideachta a fhaigheann an tsócmhainn de réir fho-alt (1) d’alt 127 den Acht Cánach Corparáide, 1976, i leith na sócmhainne sin,

ansin, déileálfar leis na cuideachtaí amhail is go bhfuair cuideachta amháin an tsócmhainn sin ón gcuideachta eile ar chomaoín de mhéid a áiritheodh nach bhfabhródh gnóchan ná cailteanas, ar an diúscairt a dhéanamh, chuig an gcuideachta a mbeidh an diúscairt á déanamh aici agus, chun críocha alt 3 den Acht Cánach Gnóchan Caipitiúil (Leasú), 1978, déileálfar leis an gcuideachta fála amhail is dá mb’ionann fáil na sócmhainne ag an gcuideachta eile agus an chuideachta fála í a fháil.

Leasú ar alt 36 (gnóchain inmhuirearaithe ar dhiúscairtí talún forbraíochta) den Acht Airgeadais, 1982.

68.—Leasaítear, leis seo, alt 36 (arna leasú le halt 60) den Acht Airgeadais, 1982, maidir le diúscairtí an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis—

- (a) i bhfo-alt (5), trí “ailt 130, 134, 135, 136, 137, 138 agus 139” a chur in ionad “ailt 134, 137, 138 agus 139” agus tá an fo-alt sin (5), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo, agus
- (b) trí fho-alt (7) a scriosadh.

AN TÁBLA

(5) Beidh feidhm ag ailt 130, 134, 135, 136, 137, 138 agus 139 den Acht Cánach Corparáide, 1976, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le cáin ghnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar chuideachta i leith gnóchan inmhuirearaithe a fhaibhreoidh chuici as diúscairt iomchuí amhail mar atá feidhm acu i ndáil le cáin chorparáide ar ghnóchain inmhuirearaithe agus déanfar tagairtí sna hailt sin do cháin chorparáide a fhorléiriú mar thagairtí a fholáionn tagairtí do cháin ghnóchan caipitiúil.

Creidmheas i leith cánach.

69.—(1) Más rud é, an 1ú lá d’Eanáir, 1992, nó dá éis—

- (a) go ndéanfaidh cuideachta a bhfuil cónaí uirthi sa Stát trádáil iomlán, nó cuid de thrádáil, a bhí á seoladh aici, díreach roimh thráth an aistrithe, i mBallstát, seachas an Stát, trí bhraíne nó gníomhaireacht a aistriú chuig cuideachta nach bhfuil cónaí uirthi sa Stát,
- (b) go n-áirítear san aistriú iomlán shócmhainní na cuideachta aistrithí a úsáidtear chun críocha na trádála nó an chuid den trádáil nó iomlán na sócmhainní sin seachas airgead tirim, agus
- (c) gurb é atá sa chomaoín i gcomhair an aistrithe, go hiomlán nó go páirteach, eisiúint urrús sa chuideachta glactha chuig an gcuideachta aistritheach,

ansin, chun críocha Chuid XXII den Acht Cánach Ioncaim, 1967, déileálfar le cáin a shonrófar i ndeimhniú iomchuí arna thabhairt ag údaráis chánach an Bhallstáit ina raibh an trádáil á seoladh amhlaidh, mar cháin—

- (i) is iníoctha faoi dhlí an Bhallstáit sin, agus
- (ii) ar ina leith a fhéadfar creidmheas a lamháil faoi chomhaontú déthaobhach.

(2) Chun críocha an ailt seo—

ciallaíonn “dlí an Bhallstáit arb é is éifeacht leis muirear i leith cánach ar ghnóchan a iarchur” aon dlí de chuid an Bhallstáit áirithe lena bhforáiltear—

- (a) go ndéileálfar leis an ghnóchan a fhabhróidh chuig an gcuideachta aistritheach ar dhiúscairt na sócmhainní i gcúrsa an aistrithe mar ghnóchan nach bhfabhróidh go dtí go ndéanfaidh an chuideachta glactha na sócmhainní a dhiúscairt, nó
- (b) go ndéileálfar leis an gcuideachta glactha mar chuideachta a fuair na sócmhainní ar chomaoín de mhéid a d’áiritheodh, d’fhonn an gnóchan ar an diúscairt a mhuirearú i leith cánach sa Bhallstát sin, nach bhfabhróidh gnóchan ná caillteanas chuig an gcuideachta aistritheach ar an aistriú a dhéanamh agus go ndéileálfar leis an gcuideachta glactha amháil is dá mb’ionann fáil na sócmhainní ag an gcuideachta aistritheach agus an chuideachta glactha iad a fháil, nó
- (c) do cibé iarchur eile i ndáil le muirear i leith cánach a chomhfhreagraíonn do *mhír* (a) nó (b);

ciallaíonn “deimhniú iomchuí arna thabhairt ag údaráis chánach Ballstáit” deimhniú arna thabhairt amhlaidh agus ina luaitear—

- (a) cibé acu a bheadh gnóchain a d’fhabhróidh chuig an gcuideachta aistritheach ar an diúscairt a dhéanamh inmhuirearaithe i leith cánach faoi dhlí an Bhallstáit murach—
 - (i) an Treoir, nó
 - (ii) aon fhoráil de dhlí an Bhallstáit arb é is éifeacht leis muirear i leith cánach ar ghnóchan a iarchur i gcás aistrithe den sórt sin,
- (b) i gcás ina mbeadh na gnóchain sin a d’fhabhróidh inmhuirearaithe amhlaidh, an méid cánach a bheadh iníoctha faoin dlí sin dá mba rud é go ndéanfaí, a mhéid a cheadaítear faoin dlí sin, aon chaillteanas a d’éireodh as an aistriú a fhritháireamh in aghaidh aon ghnóchan a d’éireodh amhlaidh agus aon asbhaintí agus faoisimh a bheadh ar fáil don chuideachta aistritheach faoin dlí sin seachas na forálacha a luaitear i *mír* (a) a éileamh.

70.—D’ainneoin aon fhorála eile de na hAchtanna Cánach nó na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, ní bheidh éifeacht le *hailt* 65, 66, 67, 68 agus 69 maidir le haistriú nó le diúscairt (de réir mar a bheidh) mura suítear go bhfuil an t-aistriú nó an diúscairt á dhéanamh nó a déanamh ar chúiseanna tráchtála *bona fide* agus nach cuid d’aon socrú nó scéim é nó í arb é an príomhchuspóir, nó ar ceann de na príomhchuspóirí, atá leis nó léi dliteanas i leith cánach ioncaim, cánach corparáide nó cánach gnóchan caipitiúil a sheachaint. Cáin a sheachaint.

Tuairisceáin.	71.—(1) I gcás éifeacht a bheith le <i>halt 65, 66, 67, 68</i> nó <i>69</i> maidir le haistriú nó diúscairt (de réir mar a bheidh), déanfaidh an chuideachta aistritheach tuairisceán ar an aistriú nó ar an diúscairt a thabhairt don chigire cuí i cibé foirm a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim. (2) I gcás go mbeidh cáin chorparáide nó cáin ghnóchan caipitiúil is iníoctha ag cuideachta le laghdú de bhua <i>alt 69</i>, áireofar i dtuairisceán faoin alt seo deimhniú iomchuí arna thabhairt ag údaráis chánach an Bhallstáit inar seoladh an trádáil díreach roimh thráth an aistrithe. (3) Déanfaidh cuideachta tuairisceán faoin alt seo a thabhairt laistigh de 9 mí ó dheireadh na tréimhse cuntasáíochta ina dtarlóidh an t-aistriú. (4) San alt seo, beidh le “cigire cuí” an bhrí a shanntar dó in alt 9 den Acht Airgeadais, 1988.
Idirbhirt eile.	72.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ar iarratas a dhéanamh chucu i scríbhinn i leith idirbhirt— (a) de chineál a shonraítear sa Treoir, agus (b) nach bhfuil feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis, cibé faoiseamh a thabhairt a dhealraíonn dóibh a bheith cóir agus réasúnach chun éifeacht a thabhairt d’fhorálacha na Treorach. (2) Déanfar iarratas faoin alt seo i cibé foirm a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim.
Leasú ar alt 132 (diúscairt nó fáil lasmuigh de ghrúpa) den Acht Cánach Corparáide, 1976.	73.—Leasaítear, leis seo, alt 132 (arna leasú le <i>halt 14</i> den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil (Leasú), 1978) den Acht Cánach Corparáide, 1976, tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2)— “Ar choinníoll, más rud é, aon tráth tar éis don ghrúpa, ar iad a áireamh amhlaidh mar dhuine amháin, an tsócmhainn a fháil nó a sholáthar agus roimh an 24ú lá d’Aibreán, 1992, go ndearna comhalta den ghrúpa an tsócmhainn sin a fháil (dá ngairtear ‘an fháil is déanaí’ ina dhiaidh seo sa choinníoll seo) ó chomhalta eile den ghrúpa de thoradh diúscartha iomchuí (de réir bhrí fho-alt (1) d’alt 36 den Acht Airgeadais, 1982), go mbeidh éifeacht leis an bhfo-alt seo amhail is dá mba thagairt don fháil is déanaí nó don fháil is déanaí den sórt sin, i gcás níos mó ná fáil amháin a bheith ann, an tagairt d’fháil nó do sholáthar na sócmhainne ag an ngrúpa.”.
Méideanna a chionroinnt.	74.—Más rud é, chun críocha na Caibidle seo, go mbeidh aon suim le cionroinnt agus gur dealraitheach, tráth na cionroinnte, gur ní ábhartha í maidir le dliteanas dhá chuideachta nó níos mó i leith cánach (do thréimhse ar bith), ansin déanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc aon cheist a éireoidh maidir leis an modh ina mbeidh an tsuim le cionroinnt a chinneadh, chun críocha cháin na gcuideachtaí sin go léir, agus cinnfidh siad an cheist amhail is dá mba achomharc in aghaidh measúnachta í, agus beidh feidhm dá réir sin, fara aon mhodhnuithe is gá, ag na forálacha de na hAchtanna Cánach Ioncaim a bhaineann le hathéisteacht achomhairc agus le sonrú cáis chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar phonc dlí:

Ar choinníoll go mbeidh na cuideachtaí sin go léir i dteideal láithriú agus éisteacht a fháil ó na Coimisinéirí Achomhairc nó uirill a dhéanamh chucu i scríbhinn.

CAIBIDIL VI

Cánachas Peitiriam

75.—(1) Sa Chaibidil seo—

Léiriú (*Caibidil VI*).

ciallaíonn “gníomhaíochtaí tréigin”, i ndáil le réimse iomchuí nó aon chuid de, na gníomhaíochtaí sin de chuid duine, cibé acu a sheolann an duine sin iad nó a sheoltar thar a cheann iad, a chomhlíonann ceanglais léasa peitiriam arna shealbhú aige, nó, más cuideachta an duine, arna shealbhú ag an gcuideachta nó ag cuideachta atá i gcomhlachas léi, i leith an méid seo a leanas—

- (a) an réimse iomchuí nó an chuid de, de réir mar a bheidh, a dhúnadh, a dhíchoimisiúnú nó a thréigean, nó
- (b) iomlán aon déanmhais, gléasra nó innealra, nó cuid de, nach bhfuil suite ar thalamh tirim agus ar baineadh úsáid as chun peitiriam a gnóthaíodh ón réimse iomchuí nó ó chuid de, de réir mar a bheidh, a iompar fad le talamh tirim, a dhíchóimeáil nó a aistriú;

ciallaíonn “caiteachas ar thréigean”, i ndáil le réimse iomchuí nó aon chuid de, caiteachas arna thabhtú maidir le gníomhaíochtaí tréigin i ndáil leis an réimse nó i ndáil leis an gcuid de, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn “tréimhse inmhuirearaithe” tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta nó bliain mheasúnachta;

ciallaíonn “limistéar ainmnithe” limistéar atá arna ainmniú, de thuras na huaire, le hordú faoi alt 2 den Acht um an Scairbh Ilchríochach, 1968;

ciallaíonn “caiteachas ar fhorbairt” caiteachas caipitiúil arna thabhtú i dtaca le réimse iomchuí maidir leis na nithe seo a leanas a sholáthar lena n-úsáid le linn gníomhaíochtaí eastósctha peitiriam a sheoladh—

- (a) innealra nó gléasra,
- (b) aon oibreacha, foirgnimh nó déanmhais, nó
- (c) aon sócmhainní eile ar de chineál iad gur dócha, nuair a scoirfear den réimse iomchuí a oibriú, go mbeidh a luach chomh laghdaithe sin gur beag is fiú nó nach fiú dada iad,

ach ní fholaíonn sé—

- (i) caiteachas ar aon fheithicil atá oiriúnach chun daoine nó earraí a iompar ar bóthar nó chun feithiclí eile a tharlú ar bóthar,
- (ii) caiteachas ar aon fhoirgneamh nó déanmhas atá le húsáid mar theach cónaithe, siopa nó oifig nó chun aon chríche a ghabhann le críocha tí cónaithe, siopa nó oifige,
- (iii) (I) caiteachas arna thabhtú maidir le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta peitiriam, agus

- (II) íocaíochtaí arna ndéanamh leis an Aire Fuinnimh maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas (seachas léas peitiriam), nó i gcomaoin ar cheadúnas den sórt sin a dheonú, nó íocaíochtaí eile a dhéantar leis i leith an cheadúnas a shealbhú,
- (iv) caiteachas ar láithreán réimse iomchuí, nó láithreán aon oibreacha, foirgnimh nó déanmhais, nó cearta in aon láithreán den sórt sin, nó thairis, a fháil,
- (v) caiteachas ar fhosuithe peitiriam, nó cearta sna fosuithe sin nó tharstu, a fháil,
- (vi) caiteachas ar na nithe seo a leanas—
 - (I) innealra nó gléasra, nó
 - (II) oibreacha, foirgnimh nó déanmhais, arna soláthar chun peitiriam a phróiseáil nó a stóráil ar peitiriam é a gnóthaíodh i gcúrsa gníomhaíochtaí eastósctha peitiriam a sheoladh, seachas cóireáil tosaigh agus stóráil peitiriam den sórt sin, nó
- (vii) aon íocaíocht úis,

agus forléireofar “sócmhainní in ionannas do chaiteachas ar fhorbairt” dá réir sin agus folóidh sé aon torthaí a gheofar ó aon lorg nó fiosrú ar i ndáil leis a tabhaíodh an caiteachas;

ciallaíonn “talamh tirim” talamh nach bhfuil clúdaithe go buan le huisce;

ciallaíonn “caiteachas ar thaiscéalaíocht”—

- (a) caiteachas caipitiúil arna thabhtú maidir le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta peitiriam, agus
- (b) íocaíochtaí arna ndéanamh leis an Aire Fuinnimh maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas (seachas léas peitiriam), nó i gcomaoin ar cheadúnas den sórt sin a dheonú, nó íocaíochtaí eile a dhéantar leis i leith an cheadúnas a shealbhú,

ach ní fholaíonn sé aon íocaíocht úis agus forléireofar “sócmhainní in ionannas do chaiteachas ar thaiscéalaíocht” dá réir sin agus folóidh sé aon torthaí a gheofar ó aon lorg, taiscéaladh nó fiosrú ar i ndáil leis a tabhaíodh an caiteachas;

ciallaíonn “cóireáil tosaigh agus stóráil”, i ndáil le peitiriam a gnóthaíodh ó réimse iomchuí, aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh—

- (a) peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh a chur faoi aon phróiseas arb é an t-aon chuspóir atá leis a chumasú an peitiriam a stóráil go sábháilte, a lódáil go sábháilte isteach i dtancaer nó a ghlacadh go sábháilte lena scagadh,
- (b) peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh agus ar gás é a dheighilt ó pheitiriam eile a gnóthaíodh amhlaidh,
- (c) peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh agus ar gás é de chineál a iompraítear agus a dhíoltar le linn gnáthchleachtas

tráchtála a dheighilt ó pheitiriam eile a gnóthaíodh amhlaidh agus ar gás é,

- (d) peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh agus ar gás é de chineál a luaitear i *mír* (c) a leachtú chun é a iompar,
- (e) peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh a chur faoi aon phróiseas lena áirithiú go mbeidh peitiriam a dhiúscrófar gan é a scagadh den cháilíocht is gnách do pheitiriam arna dhiúscairt amhlaidh ón réimse iomchuí, nó
- (f) peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh a stóráil sula ndéanfar é a dhiúscairt nó sula ndéanfar é a leithreasú lena scagadh nó lena úsáid ar aon slí ach amháin é a úsáid—
 - (i) le linn peitiriam a ghnóthú ó réimse iomchuí, lena n-áirítear an peitiriam sin a lorg sa réimse sin agus bealach a dhéanamh chuige, nó
 - (ii) le linn peitiriam a ghnóthaítear in áit nach bhfuil ar thalamh tirim a iompar a fhad le talamh tirim,

ach ní fholaíonn sé aon ghníomhaíocht a sheoltar mar chuid de scagadh peitiriam nó a bhaineann le scagadh peitiriam;

ciallaíonn “ceadúnas”—

- (a) ceadúnas taiscéalaíochta,
- (b) ceadúnas lorgaireachta peitiriam,
- (c) léas peitiriam, nó
- (d) ceadúnas limistéir fhorchoimeádta,

arna dheonú i leith limistéir sa Stát nó limistéir ainmnithe faoin Acht um Fhorbairt Pheitiriliaim agus Mianraí Eile, 1960, agus a deonaíodh faoi réir an mhéid seo a leanas—

- (i) na téarmaí ceadúnúcháin atá leagtha amach san Fhógra dar teideal “Éire. Téarmaí Ceadúnúcháin Eisiataigh do Limistéir amach ón gCladach” arna thíolacadh do gach Teach den Oireachtas ar an 29ú lá d’Aibreán, 1975, nó
- (ii) téarmaí ceadúnúcháin arna dtíolacadh do gach Teach den Oireachtas ar lá nó laethanta tar éis an 29ú lá d’Aibreán, 1975, agus a bhféadfaidh sé gur roimh dháta rite an Achta seo dó nó dóibh, nó ar an dáta sin nó dá éis, nó
- (iii) téarmaí ceadúnúcháin, lena mbaineann *mír* (i) nó (ii), arna leasú nó arna n-athrú go cuí ó am go ham;

ciallaíonn “limistéar ceadúnaithe” limistéar a bhfuil ceadúnas i bhfeidhm ina leith;

ciallaíonn “trádáil mhianadóireachta” trádáil nach bhfuil inti ach mianach is mianach cáilitheach a oibriú nó, i gcás trádála arb é atá inti gníomhaíocht den sórt sin go páirteach agus gníomhaíocht amháin eile nó níos mó go páirteach, an chuid den trádáil nach bhfuil inti ach mianach den sórt sin a oibriú agus a ndéileáiltear léi, de bhua *alt* 76, mar thrádáil leithleach;

ciallaíonn “peitiriam” peitiriam de réir bhrí alt 2 (1) den Acht um Fhorbairt Pheitiriliaim agus Mianraí Eile, 1960, arna ghnóthú, nó is inghnóthaithe, faoi údarás ceadúnais;

ciallaíonn “gníomhaíochtaí peitiriam” aon cheann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas, is é sin le rá:

- (a) gníomhaíochtaí taiscéalaíochta peitiriam,
- (b) gníomhaíochtaí eastósctha peitiriam, agus
- (c) cearta peitiriam a fháil, a theachtadh nó a shaothrú;

ciallaíonn “gníomhaíochtaí taiscéalaíochta peitiriam” gníomhaíochtaí duine arna seoladh aige nó thar a cheann le linn fosuithe peitiriam a lorg i limistéar ceadúnaithe, le linn na fosuithe sin a thástáil nó a mheas nó le linn bealach a dhéanamh chucu chun an lorg, an tástáil nó an meas sin a dhéanamh, i gcás go seoltar na gníomhaíochtaí sin faoi cheadúnas (seachas léas peitiriam) lena n-údaraítear na gníomhaíochtaí agus atá á shealbhú aige nó, más cuideachta an duine, atá á shealbhú ag an gcuideachta nó ag cuideachta atá i gcomhlachas léi;

ciallaíonn “gníomhaíochtaí eastósctha peitiriam” gníomhaíochtaí duine arna seoladh aige nó thar a cheann faoi léas peitiriam lena n-údaraítear na gníomhaíochtaí agus atá á shealbhú aige nó, más cuideachta an duine, atá á shealbhú ag an gcuideachta nó ag cuideachta atá i gcomhlachas léi—

- (a) le linn peitiriam a ghnóthú ó réimse iomchuí, lena n-áirítear an peitiriam sin a lorg sa réimse sin agus bealach a dhéanamh chuige,
- (b) le linn peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh ó áit nach bhfuil ar thalamh tirim a iompar a fhad leis an talamh tirim, nó
- (c) le linn cóireáil tosaigh agus stóráil peitiriam a gnóthaíodh amhlaidh ón réimse iomchuí a chur i gcrích;

ciallaíonn “brabúis pheitiriam”, i ndáil le cuideachta is inmhuirearaithe i leith cánach corparáide ar a brabúis, ioncam na cuideachta ó ghníomhaíochtaí peitiriam agus aon mhéid a bheidh le háireamh ina brabúis iomlána i leith gnóchan inmhuirearaithe a fhabhraíonn chuig an gcuideachta ó dhiúscairtí sócmhainní a bhaineann le peitiriam;

ciallaíonn “sócmhainn a bhaineann le peitiriam” aon cheann de na sócmhainní seo a leanas nó aon chuid de shócmhainn den sórt sin, is é sin le rá:

- (a) aon chearta peitiriam,
- (b) aon sócmhainn in ionannas do chaiteachas ar thaiscéalaíocht nó do chaiteachas ar fhorbairt,
- (c) scaireanna a fhaigheann a luach nó an chuid is mó dá luach, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, ó ghníomhaíochtaí peitiriam, seachas scaireanna a ndéileáiltear iontu ar stocmhalartán;

ciallaíonn “cearta peitiriam” cearta ar pheitiriam a bheidh le heastóscadh nó ar leasanna i bpeitiriam nó ar thairbhe peitiriam agus folaíonn sé leas i gceadúnas;

ciallaíonn “trádáil pheitriliam” trádáil nach bhfuil inti ach gníomhaíochtaí trádála ar gníomhaíochtaí peitriliam iad nó, i gcás trádála arb é atá inti gníomhaíochtaí trádála den sórt sin go páirteach agus gníomhaíochtaí eile go páirteach, an chuid den trádáil nach bhfuil inti ach gníomhaíochtaí trádála ar gníomhaíochtaí peitriliam iad agus a ndéileáiltear léi, de bhua *alt 76*, mar thrádáil leithleach;

tá le “mianach cáilitheach” an bhrí a shanntar dó in *alt 1* den Acht Airgeadais (Cánachas ar Bhrabúis Mhianach Áirithe), 1974;

ciallaíonn “réimse iomchuí” limistéar a bhfuil ceadúnas, ar léas peitriliam é, i bhfeidhm ina leith.

(2) Chun críocha na Caibidle seo, tá dhá chuideachta i gcomhlachas lena chéile más rud é—

- (a) gur fochuideachta 51 faoin gcéad don cheann eile ceann díobh,
- (b) gur fochuideachta 51 faoin gcéad do thríú cuideachta gach ceann díobh, nó
- (c) go bhfuil ceann díobh ar úinéireacht ag comheagras ar comhalta de an ceann eile,

agus chun críocha *mhír (c)* tá cuideachta ar úinéireacht ag comheagras más rud é go bhfuil scairchaipiteal uile na cuideachta sin ar úinéireacht go díreach agus go tairbhiúil eatarthu ag cúig chuideachta nó níos lú ar cuideachtaí iad dá ngairtear “comhaltaí an chomheagrais” sa Chaibidil seo.

76.—(1) I gcás go seolann duine aon ghníomhaíochtaí peitriliam mar chuid de thrádáil agus gur thrádáil a bheadh sna gníomhaíochtaí sin ar leith ó aon ghníomhaíocht eile, ansin déileálfar leis na gníomhaíochtaí sin, chun críocha uile na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, mar thrádáil leithleach, ar leith ó gach gníomhaíocht eile arna seoladh aige mar chuid den trádáil, agus déanfar aon chionroinnt is gá ar fháltais agus ar chaiteachais.

Gníomhaíochtaí trádála a scaradh ó chéile.

(2) I gcás go n-oibríonn duine mianach cáilitheach mar chuid de thrádáil, déileálfar leis an ngníomhaíocht sin, chun críocha na Caibidle seo, mar thrádáil leithleach, ar leith ó gach gníomhaíocht eile arna seoladh aige mar chuid den trádáil, agus déanfar aon chionroinnt is gá ar fháltais agus ar chaiteachais.

77.—(1) San alt seo—

Laghdú ar cháin chorparáide.

ciallaíonn “brabúis pheitriliam ar a mbeidh cáin chorparáide le hiompar faoi dheoidh”, i ndáil le cuideachta, an méid de bhrabúis pheitriliam na cuideachta tar éis na hasbhaintí go léir a dhéanamh agus tar éis gach faoiseamh a thabhairt nó a lamháil a ndéantar, chun críocha cánach chorparáide, iad a bhaint as an méid seo a leanas, nó a thabhairt nó a lamháil in aghaidh an mhéid seo a leanas nó a ndéileáiltear leo mar nithe lena laghdaítear an méid seo a leanas—

- (a) na brabúis sin, nó
- (b) ioncam nó gnóchain inmhuirearaithe, más ann, atá ar áireamh sna brabúis sin;

ciallaíonn “léas peitriliam iomchuí” léas peitriliam i leith réimse iomchuí, ar réimse é a aimsíodh trí ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta peitriliam arna seoladh faoi cheadúnas (seachas léas peitriliam) lena n-údaraítear na gníomhaíochtaí sin a sheoladh ar feadh tréimhse ar tréimhse í, ar leith ó aon fhadú ar thréimhse an cheadúnais nó ó aon athbhreithniú nó athnuachan ar an gceadúnas—

- (a) nach faide ná 10 mbliana, i gcás an léas peitriliam a bheith deonaithe ag an Aire Fuinnimh roimh an 1ú lá de Mheitheamh, 2003,
- (b) is faide ná 10 mbliana agus nach faide ná 15 bliana, i gcás an léas peitriliam a bheith deonaithe ag an Aire Fuinnimh roimh an 1ú lá de Mheitheamh, 2007, nó
- (c) is faide ná 15 bliana, i gcás an léas peitriliam a bheith deonaithe ag an Aire Fuinnimh roimh an 1ú lá de Mheitheamh, 2013.

(2) Déanfar cáin chorparáide is iníoctha ag cuideachta do thréimhse chuntasaíochta a laghdú den mhéid, más ann, a chinnfear de réir na foirmle

I x

R - 25

100

i gcás—

gurb é I an méid, do thréimhse chuntasaíochta, den ioncam lena mbaineann an t-alt seo, agus

gurb é R an ráta faoin gcéad de cháin chorparáide a shonraítear i bhfo-alt (1) d’alt 1 den Acht Cánach Corparáide, 1976, don bhliain nó do na blianta airgeadais ina bhfuil an tréimhse chuntasaíochta:

Ar choinníoll, más rud é go bhfuil cuid den tréimhse chuntasaíochta i mbliain airgeadais amháin (dá ngairtear “an bhliain airgeadais chéadluaite” ina dhiaidh seo sa choinníoll seo) agus go bhfuil an chuid eile sa bhliain airgeadais i ndiaidh na bliana airgeadais céadluaite agus go bhfuil rátaí difriúla cánach corparáide i bhfeidhm faoi fho-alt (1) d’alt 1 den Acht sin do gach bliain de na mblianta sin, ansin gurb é R an ráta faoin gcéad a chinnfear de réir na foirmle

(A x C)

E

+

(B x D)

E

i gcás—

gurb é A an ráta faoin gcéad atá i bhfeidhm don bhliain airgeadais chéadluaite,

gurb é B an ráta faoin gcéad atá i bhfeidhm don bhliain airgeadais i ndiaidh na bliana airgeadais céadluaite,

gurb é C fad an chuid sin den tréimhse chuntasaíochta atá laistigh den bhliain airgeadais chéadluaite,

gurb é D fad an chuid sin den tréimhse chuntasaíochta atá laistigh den bhliain airgeadais i ndiaidh na bliana airgeadais céadluaite, agus

gurb é E fad na tréimhse cuntasáiochta.

(3) Is é an t-ioncam lena mbaineann an t-alt seo ioncam cuideachta do thréimhse chuntasáiochta arna chinneadh de réir na foirmle

$$(F - G) \times \frac{S}{T}$$

i gcás—

gurb é F an méid, don tréimhse chuntasáiochta, de bhrabúis pheitriliam na cuideachta is brabúis pheitriliam ar a mbeidh cáin chorparáide le hiompar faoi dheoidh,

gurb é G an méid atá le háireamh i mbrabúis na cuideachta a thagann faoi réir muirir i leith cánach corparáide don tréimhse chuntasáiochta maidir le gnóchain inmhuirearaithe a fhabhraíonn don chuideachta ó dhiúscairtí sócmhainní a bhaineann le peitriliam,

gurb é S comhiomlán ioncam na cuideachta don tréimhse chuntasáiochta—

- (a) ar ioncam trádála é is inchurtha i leith díolachán peitriliam arna ghnóthú aici, nó
- (b) ar ioncam é, seachas ioncam trádála, ó theachtadh nó saothrú ceart peitriliam,

faoi léas peitriliam iomchuí arna dheonú di nó do chuideachta atá i gcomhlachas léi, agus

gurb é T comhiomlán ioncam na cuideachta don tréimhse chuntasáiochta óna trádáil pheitriliam nó óna gníomhaíochtaí peitriliam eile.

(4) Chun críocha *fho-alt* (3), is é ioncam cuideachta do thréimhse chuntasáiochta, ar ioncam trádála é is inchurtha i leith díolachán peitriliam arna ghnóthú ag an gcuideachta faoi léas peitriliam iomchuí, an t-ioncam, más ann, a chinnfear de réir na foirmle

$$O \times \frac{P}{Q}$$

i gcás—

gurb é O ioncam na cuideachta don tréimhse chuntasáiochta óna trádáil pheitriliam,

gurb é P an comhiomlán airgid nó luacha airgid atá infhaighte ag an gcuideachta ó dhíolacháin peitriliam sa tréimhse chuntasáiochta ar peitriliam é a ghnóthaítear faoin léas peitriliam iomchuí, agus

gurb é Q an comhiomlán airgid nó luacha airgid atá infhaighte ag an gcuideachta ó dhíolacháin peitriliam sa tréimhse chuntasáiochta le linn a trádáil pheitriliam a sheoladh.

78.—(1) D’ainneoin fhorálacha alt 307 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus alt 16 (2) den Acht Cánach Corparáide, 1976— Déileáil le caillteanais, etc.

(a) maidir le caillteanas arna thabhú ag duine i dtrádáil pheitriliam, ní thabharfar faoiseamh—

(i) faoin alt sin 307, in aghaidh aon ioncaim seachas ioncam a eascraíonn as gníomhaíochtaí peitriliam, nó

(ii) faoin alt sin 16 (2), in aghaidh aon bhrabús seachas brabúis pheitriliam,

agus

(b) ní thabharfar faoiseamh

(i) faoin alt sin 307, in aghaidh ioncaim a eascraíonn as gníomhaíochtaí peitriliam, nó

(ii) faoin alt sin 16 (2), in aghaidh brabús peitriliam,

maidir le haon chaillteanas arna thabhú ag duine seachas caillteanas arna thabhú i dtrádáil pheitriliam nó i dtrádáil mhianadóireachta.

(2) D'ainneoin alt 310 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus alt 19 (1) den Acht Cánach Corparáide, 1976, ní dhéanfar méid aon ioncaim de chuid duine atá laistigh de réim cánach faoi Chás IV de Sceideal D, agus ar ioncam é a eascraíonn as gníomhaíochtaí peitriliam, a laghdú de mhéid aon chaillteanais ar féidir faoiseamh a thabhairt ina leith faoin alt sin 310 nó faoin alt sin 19 (1), seachas caillteanas arna thabhú i ngníomhaíochtaí peitriliam; agus ní dhéileálfar, faoi cheachtar de na hait sin, le méid aon chaillteanais arna thabhú amhlaidh mar ní lena laghdaítear méid aon ioncaim seachas ioncam a eascraíonn as gníomhaíochtaí peitriliam.

(3) D'ainneoin an choinníll a ghabhann le fo-alt (1) d'alt 296 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus alt 14 (6) den Acht Cánach Corparáide, 1976, maidir le liúntas caipitiúil a bheidh le tabhairt ar mhodh urscaoileadh nó aisíoc cánach, nó le linn cáin a mhuirearú faoi Chás V de Sceideal D, ní thabharfar éifeacht go feadh aon mhéid dó—

(a) faoin alt sin 296, in aghaidh ioncaim a eascraíonn as gníomhaíochtaí peitriliam, nó

(b) faoin alt sin 14 (6), in aghaidh brabús peitriliam.

Srian le
grúpfhaoiseamh.

79.—(1) Ar éileamh ar ghrúpfhaoiseamh arna dhéanamh ag cuideachta éilimh maidir le cuideachta ghéillte, ní lamhálfar grúpfhaoiseamh in aghaidh aon bhrabús peitriliam de chuid na cuideachta éilimh ach amháin go feadh an mhéid a bhaineann an t-éileamh—

(a) le caillteanas arna thabhú ag an gcuideachta ghéillte i dtrádáil pheitriliam nó mhianadóireachta, nó

(b) le muirir ar ioncam arna n-íoc, seachas le duine bainteach, ag an gcuideachta ghéillte ar muirir iad arb é atá iontu íocaíochtaí arna ndéanamh go hiomlán agus go heisiach chun críocha trádála den sórt sin,

agus ní dhéanfar grúpfhaoiseamh i leith aon chaillteanais den sórt sin arna thabhú ag an gcuideachta ghéillte, nó i leith aon muirir ar ioncam arna íoc ag an gcuideachta ghéillte ar íocaíocht é arna

déanamh go hiomlán agus go heisiach chun críocha trádála den sórt sin, a lamháil in aghaidh aon bhrabús de chuid na cuideachta éilimh seachas a brabúis pheitriliam.

(2) Beidh feidhm ag alt 157 den Acht Cánach Corparáide, 1976, chun críocha an ailt seo, agus, i *bhfo-alt (1)*, tá le “cuideachta éilimh” agus “cuideachta ghéillte” na bríonna a shanntar dóibh, faoi seach, le halt 107 den Acht sin.

80.—(1) D’ainneoin aon fhorálacha de na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil nó de na hAchtanna Cánach Corparáide maidir le hasbhaint caillteanas inlamhála chun críocha cánach gnóchan caipitiúil nó cánach corparáide ar ghnóchain inmhuirearaithe—

Srian le faoiseamh i leith caillteanas ar dhiúscairtí áirithe.

- (a) ní dhéanfar caillteanas inlamhála a fhabhraíonn ar dhiúscairt sócmhainne seachas sócmhainn a bhaineann le peitriliam a asbhaint ó mhéid gnóchain inmhuirearaithe a fhabhraíonn ar dhiúscairt sócmhainne a bhaineann le peitriliam, agus
- (b) ní dhéanfar caillteanas inlamhála a fhabhraíonn ar dhiúscairt sócmhainne a bhaineann le peitriliam a asbhaint ó mhéid gnóchain inmhuirearaithe a fhabhraíonn ar dhiúscairt sócmhainne seachas sócmhainn a bhaineann le peitriliam.

(2) Beidh éifeacht le fo-alt (8) d’alt 28 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, maidir le feidhm an ailt sin maidir le diúscairt sócmhainní a bheidh úsáidte ag an duine a bheidh á ndiúscairt chun críocha trádála peitriliam amhail is dá mba thagairt do “trádáil pheitriliam” nó do “trádálacha peitriliam”, de réir bhrí na dtéarmaí sin chun críocha na Caibidle seo, gach tagairt san fho-alt sin do “trádáil” nó do “trádálacha”, faoi seach.

(3) Ní bheidh éifeacht leis an alt seo maidir le haon diúscairt arna déanamh roimh an 24ú lá d’Aibreán, 1992.

81.—(1) Le linn ríomh a dhéanamh—

Ús agus muirir ar ioncam.

- (a) ar mhéid brabús nó gnóchan duine chun críocha cánach ioncaim, nó
- (b) ar mhéid ioncaim duine chun críocha cánach corparáide,

a eascraíonn as trádáil pheitriliam, ní dhéanfar aon asbhaint i leith na nithe seo a leanas—

- (i) aon ús is iníoctha ag an duine le duine bainteach go feadh an mhéid gur mó, ar chúis ar bith, méid an úis ná an méid a bhféadfaí a bheith ag súil leis, ag féachaint do na téarmaí go léir ar dá réir a fuarthas an t-airgead ar a bhfuil sé iníoctha ar iasacht agus do sheasamh an iasachtaí, go mbeadh sé iníoctha dá mba pháirtithe neamhspleácha a bhí ag déileáil ar neamhthuilleamaí an t-iasachtóir agus an t-iasachtaí,
- (ii) ús is iníoctha ag an duine ar aon airgead a fuarthas ar iasacht chun íoc as caiteachas arna thabhtú ar ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta peitriliam, nó

- (iii) ús is iníoctha ag an duine ar aon airgead a fuarthas ar iasacht chun íoc as caiteachas arna thabhtú le linn cearta peitiriliam a fháil ó dhuine bainteach.

(2) Ní bheidh feidhm ag alt 84 (2) (d) (iv) den Acht Cánach Corparáide, 1976, maidir le cibé méid d’aon ús—

- (a) a bheadh, murach an t-alt sin 84 (2) (d) (iv), inasbhainte le linn ríomh a dhéanamh ar mhéid ioncaim cuideachta ó thrádáil pheitiriliam,
- (b) nach gcoiscfí, le haon fhoráil i *bhfo-alt (1)*, é a asbhaint amhlaidh, agus
- (c) is ús atá iníoctha le cuideachta is cónaitheoir i Stáit Aontaithe Mheiriceá nó i gcríoch a bhfuil comhshocruithe a bhfuil feidhm dlí acu de bhua alt 361 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, déanta lena rialtas,

agus, chun críocha *mhír (c)*, tá le “cónaitheoir i Stáit Aontaithe Mheiriceá” an bhrí a shanntar do “cónaitheoir sna Stáit Aontaithe” leis an gCoinbhinsiún atá leagtha amach i Sceideal 8 a ghabhann leis an Acht Cánach Ioncaim, 1967; agus measfar cuideachta a bheith ina cónaitheoir i gcríoch seachas Stáit Aontaithe Mheiriceá má mheastar amhlaidh í faoi fhorálacha comhshocruithe arna ndéanamh le rialtas na críche sin agus a bhfuil feidhm dlí acu de bhua alt 361 den Acht sin.

(3) D’ainneoin alt 10 den Acht Cánach Corparáide, 1976—

- (a) ní dhéanfar aon asbhaint ón gcuid sin de bhrabúis cuideachta arb é atá iontu brabúis pheitiriliam a lamháil—
 - (i) i leith muirir ar ioncam arna íoc ag an gcuideachta le duine bainteach, nó
 - (ii) i leith aon mhuirir eile ar ioncam arna íoc ag an gcuideachta mura rud é gur íocaíocht í arna déanamh go hiomlán agus go heisiach chun críocha trádála peitiriliam nó mianadóireachta arna seoladh ag an gcuideachta,

agus

- (b) ní dhéanfar aon asbhaint ón gcuid sin de bhrabúis cuideachta arb é atá iontu brabúis seachas brabúis pheitiriliam a lamháil i leith aon mhuirir ar ioncam arna íoc ag an gcuideachta agus ar íocaíocht í arna déanamh go hiomlán agus go heisiach chun críocha trádála peitiriliam arna seoladh ag an gcuideachta.

(4) Le linn alt 433 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, a chur i bhfeidhm maidir le haon íocaíocht bhliantúil arna déanamh ag duine a n-eascraíonn a bhrabúis nó a ghnóchain chun críocha cánach ioncaim go hiomlán nó go páirteach as gníomhaíochtaí peitiriliam—

- (a) ní dhéileálfar leis na brabúis nó na gnóchain a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin mar bhrabúis nó gnóchain ar muirearaíodh cáin ioncaim—
 - (i) i gcás go ndéantar an íocaíocht bhliantúil le duine bainteach, nó

- (ii) mura rud é (ach sin faoi réir *fhomhír (i)*) go ndéantar an íocaíocht go hiomlán agus go heisiach chun críocha trádála peitiriam nó mianadóireachta arna seoladh ag an duine a dhéanann an íocaíocht,

agus

- (b) ní dhéileálfar le brabúis nó gnóchain, seachas brabúis nó gnóchain a eascraíonn as gníomhaíochtaí peitiriam, mar bhrabúis nó gnóchain ar ar muirearaíodh cáin ioncaim i gcás go ndéantar an íocaíocht bhliantúil go hiomlán agus go heisiach chun críocha trádála peitiriam arna seoladh ag an duine a dhéanann an íocaíocht.

(5) Ní lamhálfar faoiseamh—

- (a) faoi alt 16 (7) den Acht Cánach Corparáide, 1976, i leith íocaíochta lena mbaineann *fo-alt (3) (a) (i)*, nó
- (b) faoi alt 316 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, i leith íocaíochta lena mbaineann *fo-alt (4) (a) (i)*,

i gcás go ndéantar an íocaíocht go hiomlán agus go heisiach chun críocha trádála peitiriam.

(6) Beidh feidhm ag alt 157 den Acht Cánach Corparáide, 1976, chun críocha an ailt seo, ach amháin go mbeidh feidhm ag forálacha alt 16 den Acht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 1968, chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil duine bainteach le duine eile a bhfuil na brabúis nó na gnóchain dá chuid a eascraíonn as trádáil pheitiriam inmhuipearaithe i leith cánach ioncaim agus a bhfuil ús lena mbaineann *fo-alt (1) (i)* infoctha aige nó a dhéanann íocaíocht bhliantúil lena mbaineann *fo-alt (4)*.

(7) In aon chás, más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta cuideachta, gurb inlamháilte muirir ar ioncam arna íoc ag an gcuideachta faoi alt 10 den Acht Cánach Corparáide, 1976—

(a) gur mó cibé méid de na muirir sin—

- (i) nach bhfuil, de bhua *fho-alt (3)*, inlamháilte in aghaidh cuid de bhrabúis na cuideachta, ach
- (ii) atá, de bhua *fho-alt (3)*, inlamháilte in aghaidh na coda dá brabúis atá fágtha (dá ngairtear “brabúis eile” san *fho-alt* seo),

ná na brabúis eile, agus

- (b) gur mó méid an bharrachais sin ná an méid (más ann) ar mó ná iomlán bhrabúis na cuideachta iomlán na muirear ar ioncam atá, faoi réir *fho-alt (3)*, inlamháilte don chuideachta faoin alt sin 10,

ansin, chun a chumasú don chuideachta an barrachas dá dtagraítear i *mír (a)* a ghéilleadh ar mhodh grúpfhaoisimh, beidh éifeacht le halt 116 (6) den Acht Cánach Corparáide, 1976—

- (I) amhail is dá mba thagairt do cibé méid den mhéid sin nach bhfuil, de bhua *fho-alt (3)*, inlamháilte ach amháin in aghaidh bhrabúis eile na cuideachta an tagairt san alt sin don mhéid arna íoc ag an gcuideachta ghéillte mar mhuirir ar ioncam, agus

- (II) amhail is dá mba thagairt dá brabúis eile amháin an tagairt san alt sin do bhrabúis na cuideachta géillte.

Srian le
fritháireamh
luathchánach
corparáide.

82.—(1) Beidh éifeacht le halt 39 den Acht Airgeadais, 1983, faoi réir fhorálacha *fho-alt* (2).

(2) I gcás go n-íocfaidh cuideachta (dá ngairtear “an chuideachta dáilte” anseo ina dhiaidh seo san fho-alt seo) luathcháin chorparáide i leith dáilte arna dhéanamh aici chuig cuideachta bhainteach a bhfuil cónaí uirthi sa Stát—

- (a) ní dhéanfar an luathcháin chorparáide sin a fhritháireamh in aghaidh dhliteanas na cuideachta dáilte i leith cánach corparáide ar aon ioncam atá ar áireamh ina brabúis pheitriliam, agus
- (b) má dhéanann an chuideachta dáilte sochar aon mhéid den luathcháin chorparáide sin a ghéilleadh faoi alt 45 den Acht Airgeadais, 1983, chuig cuideachta eile, ní dhéanfar an méid comhréireach de luathcháin chorparáide a áirítear, faoin alt sin chun críocha alt 39 den Acht sin, mar mhéid a d’íoc an chuideachta eile sin a fhritháireamh in aghaidh dhliteanas na cuideachta eile sin i leith cánach corparáide ar aon ioncam atá ar áireamh ina brabúis pheitriliam.

(3) Ní bheidh éifeacht leis an alt seo maidir le haon dáileadh arna dhéanamh roimh an 24ú lá d’Aibreán, 1992.

Caiteachas ar
fhorbairt: liúntais
agus muirir
chaipitiúla.

83.—(1) Faoi réir *fho-alt* (4), beidh éifeacht le forálacha na nAchtanna Cánach a bhaineann le liúntais agus muirir i leith caiteachais chaipitiúil i ndáil le trádáil pheitriliam amhail is dá bhfolódh gach tagairt iontu d’innealra nó do ghléasra tagairt do shócmhainní, nach innealra nó gléasra, in ionannas do chaiteachas ar fhorbairt.

(2) Maidir le sócmhainní in ionannas do chaiteachas ar fhorbairt, beidh éifeacht le fo-alt (1) d’alt 241 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, faoi réir *fho-alt* (3), amhail is dá ndéanfaí “a thabharfar dó, in ionannas don luach laghdaithe de bhíthin chaitheamh agus chuimilt an innealra nó an ghléasra sin le linn na tréimhse inmhuirearaithe, suim ar cóimhéid le luach an innealra nó an ghléasra sin ag tosach na tréimhse inmhuirearaithe, agus tabharfar an liúntas sin le linn an trádáil a chur faoi cháin” a chur in ionad na bhfocal go léir ó “suim ar cóimhéid le cúig cheathrú den mhéid” go dtí deireadh an fho-ailt.

(3) Chun críocha fho-alt (1) d’alt 241 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, ní mheasfar sócmhainní in ionannas do chaiteachas ar fhorbairt a bheith in úsáid chun críocha trádála peitriliam ag deireadh aon tréimhse inmhuirearaithe nó a bonn-tréimhse a chríochnaíonn sula dtosaítear ar tháirgeadh peitriliam i gcainníochtaí tráchtála ón réimse iomchuí ar i dtaca leis a soláthraíodh na sócmhainní.

(4) Ní bheidh éifeacht le Codanna XIV agus XV, ná le Caibidlí I, III agus IV de Chuid XVI den Acht Cánach Ioncaim, 1967, ná le hailt 2 agus 4 den Acht Airgeadais, 1968, maidir le caiteachas ar fhorbairt.

- (5) (a) Chun críocha an ailt seo, measfar go bhfolaíonn sócmhainní in ionannas do chaiteachas ar fhorbairt sócmhainní (dá ngairtear “sócmhainní léasaithe” ina dhiaidh seo san fho-alt seo) a sholáthraítear lena léasú

chuig duine a sheolann trádáil pheitiriam i gcás go mbeadh na sócmhainní léasaithe sin, dá mba é an duine sin a sholáthair iad, ina sócmhainní in ionannas do chaiteachas ar fhorbairt; agus, i gcás go bhfuil feidhm ag an mír seo,

- (i) beidh éifeacht le halt 241 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, amhail is dá mba thrádáil pheitiriam arna seoladh ag an léasóir an trádáil ar chuici atá (nó a mheasfaí, faoi fho-alt (5) den alt sin 241, go bhfuil) na sócmhainní in úsáid, agus
 - (ii) beidh éifeacht le halt 40 den Acht Airgeadais, 1984, amhail is dá bhfolódh gach tagairt san alt sin d'innealra nó do ghléasra tagairt do shócmhainní, nach innealra nó gléasra, in ionannas do chaiteachas ar fhorbairt.
- (b) Chun críocha *fho-alt (4)*, measfar gur caiteachas ar fhorbairt caiteachas caipitiúil ar shócmhainní léasaithe a sholáthar.

84.—(1) Faoi réir *fho-alt (5)* agus (16), i gcás go ndearna duine a sheolann trádáil pheitiriam aon chaiteachas ar thaiscéalaíocht (nach caiteachas arna íoc, nó atá le híoc, ag aon duine eile go díreach nó go neamhdhíreach) a thabhtú, tabharfar dó, i leith na tréimhse inmhuirearaithe a bhaineann leis an gcaiteachas, liúntas a bheidh comhionann le méid an chaiteachais.

Caiteachas ar thaiscéalaíocht: liúntais agus muirir.

(2) I gcás gur thabhaigh duine a sheolann trádáil pheitiriam caiteachas ar thaiscéalaíocht ar tugadh liúntas dó ina leith faoi *fho-alt (1)* agus go ndiúscróidh sé sócmhainní in ionannas d'aon mhéid den chaiteachas sin, déanfar muirear (dá ngairtear “muirear cothromaíochta” ina dhiaidh seo san alt seo) a bheidh comhionann le glanmhéid nó glanluach na comaoine in airgead nó i luach airgid arna fáil aige ar an diúscairt a chur air i leith na tréimhse inmhuirearaithe a bhaineann leis an diúscairt nó, má tharlaíonn an diúscairt tar éis an dáta ar a scoirtear den trádáil go buan, i leith na tréimhse inmhuirearaithe a bhaineann leis an scor:

Ar choinníoll nach mó an méid ar a ndéanfar an muirear cothromaíochta a chur ná méid an liúntais a bheidh tugtha don duine faoi *fho-alt (1)* i leith an mhéid den chaiteachas ar thaiscéalaíocht a bhfuil na sócmhainní a dhiúscaítear amhlaidh in ionannas dó.

(3) I gcás go ndéanfar aon sócmhainní in ionannas do chaiteachas ar thaiscéalaíocht a dhíothú, déileálfar leo, chun críocha *fho-alt (2)*, amhail is dá mba rud é gur diúscaíodh iad díreach sular díothaíodh iad agus déileálfar le haon airgead díola, árachais, tarrthála nó cúitimh a gheofar i leith na sócmhainní amhail is dá mba chomaoin é arna fáil ar an diúscairt sin.

(4) I gcás go ndiúscróidh duine aon sócmhainní in ionannas do chaiteachas ar thaiscéalaíocht arna thabhtú aige i dtaca le limistéar is réimse iomchuí (nó cuid de réimse den sórt sin) tráth an diúscairthe, nó a thagann chun bheith ina réimse iomchuí (nó ina chuid de réimse den sórt sin) dá éis sin, maidir leis an duine a gheobhaidh na sócmhainní, má sheolann sé trádáil pheitiriam arb é atá ann, nó trádáil pheitiriam a chuimsíonn, oibriú an réimse iomchuí (nó, de réir mar a bheidh, oibriú an chuid den réimse iomchuí), measfar, chun críocha an ailt seo, gur thabhaigh sé—

- (a) an lá a fhaigheann sé na sócmhainní, nó
- (b) más déanaí ná sin é, an lá a thosaíonn sé ar an limistéar a bhaineann leis na sócmhainní a oibriú mar réimse iomchuí (nó, de réir mar a bheidh, mar chuid den réimse iomchuí),

méid caiteachais ar thaiscéalaíocht atá comhionann leis an méid is lú díobh seo a leanas—

- (i) an méid den chaiteachas ar thaiscéalaíocht a bhfuil na sócmhainní in ionannas dó, agus
- (ii) méid nó luach na comaoine a thug sé ar na sócmhainní a fháil.

(5) Chun críocha *fho-alt (1)*, déileálfar le haon chaiteachas ar thaiscéalaíocht a thabhóidh duine sula dtosóidh sé ar thrádáil pheitriliam a sheoladh amhail is dá mbeadh sé tabhaithe ag an duine sin ar an gcéad lá a sheolann sé í:

Ar choinníoll nach gcuirfear i gcuntas, chun críocha an fho-ailt seo, caiteachas arna thabhtú i dtaca le limistéar nach réimse iomchuí, nó cuid de réimse den sórt sin, atá á oibriú i gcúrsa an trádáil pheitriliam a sheoladh, má tabhaíodh an caiteachas níos mó ná 25 bliana roimh an gcéad lá sin.

(6) I gcás go dtabhóidh duine caiteachas ar thaiscéalaíocht sula dtosóidh sé ar thrádáil pheitriliam a sheoladh agus go mbeidh éifeacht le *fo-alt (5)* maidir leis an gcaiteachas sin agus go ndéanfaidh sé, sula dtosóidh sé ar an trádáil sin a sheoladh, sócmhainní in ionannas d'aon mhéid den chaiteachas sin a dhiúscairt, déanfar an liúntas a bheidh le tabhairt dó faoin alt seo i leith an chaiteachais sin a laghdú de ghlanmhéid nó de ghlanluach aon chomaoine in airgead nó i luach airgid a gheobhaidh sé ar an diúscairt sin.

(7) Chun críocha an ailt seo, seachas chun críocha *fho-alt (4)* agus *fho-alt (5)* (ar leith ón gcoinníoll a ghabhann leis), measfar gurb é an lá a thabhaítear aon chaiteachas an lá a thagann an tsuim lena mbaineann chun bheith iníoctha

(8) Déanfar aon liúntas nó muirear cothromaíochta a thabharfar do dhuine, nó a chuirfear air, faoin alt seo, a thabhairt dó nó a chur air le linn a thrádáil pheitriliam a chur faoi cháin ach, faoi réir *fho-alt (4)*, ní dhéanfar an liúntas sin a thabhairt i leith an chaiteachais chéanna le linn níos mó ná trádáil amháin den sórt sin a chur faoi cháin.

(9) Beidh feidhm ag alt 241 (3) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, i ndáil le liúntas faoin alt seo mar atá feidhm aige i ndáil le liúntas i leith caitheamh agus cuimilt innealra nó gléasra.

(10) Beidh feidhm ag alt 14 (2) (a) den Acht Cánach Corparáide, 1976, chun críocha an ailt seo, agus beidh éifeacht le mír 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin maidir le léiriú an ailt seo.

(11) Beidh éifeacht le fo-ailt (2) agus (3) d'alt 297 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, le linn an tréimhse inmhuirearaithe (ar bliain mheasúnachta í) ar ina leith a bheidh liúntas nó muirear cothromaíochta le tabhairt nó le cur faoin alt seo a chinneadh.

(12) Measfar nach bhfolóidh tagairtí i gCodanna XIII go XVI den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus in alt 22 den Acht Airgeadais,

1971, do chaiteachas caipitiúil tagairtí do chaiteachas is caiteachas ar thaiscéalaíocht, agus measfar nach caiteachas le fios feasa, chun críocha alt 2 den Acht Airgeadais, 1968, caiteachas ar thaiscéalaíocht.

(13) D’ainneoin *fho-alt (12)*, beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag na forálacha seo a leanas den Acht Cánach Ioncaim, 1967, is é sin le rá:

- (a) alt 299,
- (b) alt 303,
- (c) an míniú ar “airgead díola, árachais, tarrthála nó cúitimh” i bhfo-alt (1) d’alt 304, agus
- (d) fo-ailt (4) agus (5) d’alt 304,

chun críocha an ailt seo mar atá feidhm acu chun críocha Chuid XVI den Acht sin.

(14) Beidh éifeacht le Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975—

- (a) amhail is dá bhfolódh an tagairt i mír 2 (2) do mhuirear cothromaíochta tagairt do mhuirear cothromaíochta faoin alt seo, agus
- (b) amhail is dá bhfolódh tagairtí i mír 5, do liúntas caipitiúil (nó liúntais chaipitiúla) agus do mhuirear cothromaíochta tagairtí, faoi seach, do liúntas (nó liúntais) agus do mhuirear cothromaíochta faoin alt seo.

(15) Beidh éifeacht le halt 29 den Acht Airgeadais, 1975, amhail is dá bhfolódh fo-ailt (1) agus (2) den alt sin tagairtí don alt seo.

(16) Chun críocha an ailt seo, measfar nach trádáil pheitriliam atá á seoladh ag duine mura rud é go mbeidh, agus go dtí go mbeidh, gníomhaíochtaí trádála ar gníomhaíochtaí eastósctha peitriliam iad á seoladh aige i gcúrsa na trádála sin.

(17) Déanfar aon tagairt san alt seo do shócmhainní in ionannas d’aon chaiteachas ar thaiscéalaíocht a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do chuid de na sócmhainní sin nó do sciar iontu; agus déanfar aon tagairt ann do dhiúscairt nó d’fháil aon sócmhainní den sórt sin a fhorléiriú mar thagairt a fholaíonn tagairt do dhiúscairt nó d’fháil cuid d’aon sócmhainní den sórt sin nó sciar iontu.

85.—(1) Chun críocha alt 84, i gcás go dtabhóidh cuideachta (dá ngairtear “cuideachta thaiscéalaíochta” ina dhiaidh seo san alt seo) caiteachas ar thaiscéalaíocht (nach caiteachas arna íoc, nó atá le híoc, ag aon duine eile go díreach nó go neamhdhíreach) agus—

Caiteachas ar thaiscéalaíocht arna thabhtú ag cuideachtaí áirithe.

- (a) gur bhfuil cuideachta eile ina fochuideachta ar lánúinéireacht ag an gcuideachta thaiscéalaíochta, nó
- (b) go bhfuil an chuideachta thaiscéalaíochta, an tráth a thabhaítear an caiteachas ar thaiscéalaíocht, ina fochuideachta ar lánúinéireacht ag cuideachta eile (dá ngairtear “an mháthairchuideachta” ina dhiaidh seo san alt seo), ansin, maidir leis an gcaiteachas, nó maidir le

cibé méid de a shonróidh an chuideachta thaiscéalaíochta—

- (i) sa chás dá dtagraítear i *mír (a)*, féadfar a mheas, de rogha na cuideachta taiscéalaíochta, gurbh í cibé cuideachta eile (ar fochuideachta í ar lánúinéireacht ag an gcuideachta thaiscéalaíochta) a shonróidh an chuideachta thaiscéalaíochta a thabhaigh é, agus
- (ii) sa chás dá dtagraítear i *mír (b)*, féadfar a mheas, de rogha na cuideachta taiscéalaíochta, gurbh í an mháthairchuideachta nó cibé cuideachta eile (ar fochuideachta í ar lánúinéireacht ag an máthairchuideachta) a shonróidh an chuideachta thaiscéalaíochta a thabhaigh é.

(2) Más rud é, faoi *fho-alt (1)*, go measfar caiteachas ar thaiscéalaíocht arna thabhtú ag cuideachta thaiscéalaíochta a bheith tabhaithe ag cuideachta eile (dá ngairtear “an chuideachta eile” ina dhiaidh seo san *fho-alt* seo)—

- (a) measfar an caiteachas a bheith tabhaithe ag an gcuideachta eile an tráth a thabhaigh an chuideachta thaiscéalaíochta é iarbhrí,
- (b) i gcás gur tabhaíodh an caiteachas tráth roimh chorprú na cuideachta eile, measfar an chuideachta sin a bheith ar marthain an tráth a tabhaíodh an caiteachas, agus
- (c) le linn *alt 84* a chur i bhfeidhm maidir le trádáil pheitriliam arna seoladh ag an gcuideachta eile, measfar maidir leis an gcaiteachas—
 - (i) gur thabhaigh an chuideachta eile é chun críocha na trádála sin, agus
 - (ii) nár íoc an chuideachta thaiscéalaíochta é go díreach nó go neamhdhíreach.

(3) Ní dhéanfar an caiteachas céanna a chur san áireamh i ndáil le níos mó ná trádáil amháin de bhua an ailt seo.

(4) Ní dhéanfar asbhaint nó ní thabharfar liúntas i leith an chaiteachais chéanna de bhua an ailt seo agus freisin faoi fhoráil éigin eile de na hAchtanna Cánach.

(5) Chun críocha *fho-alt (1)*, measfar cuideachta a bheith ina fochuideachta ar lánúinéireacht ag cuideachta eile má tá, agus fad atá, a gnáth-scairchaipiteal go léir ar úinéireacht ag an gcuideachta eile sin, cibé acu go díreach nó trí chuideachta eile nó trí chuideachtaí eile, nó i bpáirt go díreach agus i bpáirt trí chuideachta eile nó trí chuideachtaí eile, agus beidh éifeacht le mír 6 den Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1973, chun an fo-alt seo a fhorlíonadh amhail is dá mba thagairt don *fho-alt* seo na tagairtí sa mhír sin d’alt 39 den Acht sin agus don Sceideal sin a ghabhann leis an Acht sin.

Caiteachas ar thréigean: liúntais agus faoisimh i leith caillteanais.

86.—(1) San alt seo, ciallaíonn “caillteanais ar thréigean” cibé méid de chaillteanas i dtrádáil pheitriliam arna thabhtú ag duine i dtréimhse inmhuirearaithe nach mó ná méid iomlán na liúntas—

- (a) a bheidh le tabhairt dó don tréimhse inmhuirearaithe sin faoin alt seo, agus

- (b) atá curtha i gcuntas le linn méid an chaillteanais sin sa trádáil pheitriliam a chinneadh.

(2) Faoi réir *fho-ailt* (5) go (9), más rud é, i dtréimhse inmhuirearaithe, go ndéanfaidh duine, a bhfuil nó a raibh gníomhaíochtaí eastósctha peitriliam á seoladh aige, i ndáil le réimse iomchuí nó le cuid de, is gníomhaíochtaí ar leith ón gcóireáil tosaigh agus stóráil peitriliam a gnóthaíodh ón réimse iomchuí a chur i gcrích, caiteachas ar thréigean (nach caiteachas arna íoc, nó atá le hÍoc, ag aon duine eile go díreach nó go neamhdhíreach) a thabhtú i ndáil leis an réimse nó i ndáil leis an gcuid de, de réir mar a bheidh, déanfar liúntas is comhionann le méid an chaiteachais a thabhairt dó i leith na tréimhse inmhuirearaithe.

(3) Maidir le cibé méid de chaillteanas i dtrádáil pheitriliam arna thabhtú ag duine i dtréimhse inmhuirearaithe ar chaillteanas ar thréigean é—

- (a) beidh an duine i dteideal, ar éileamh a dhéanamh chuige sin, cibé aisíocaíocht cánach ioncaim a fháil is gá chun a áirithiú nach mó méid comhiomlán na cánach ioncaim don tréimhse inmhuirearaithe agus do na trí thréimhse inmhuirearaithe díreach roimh an tréimhse inmhuirearaithe sin ná an méid a d'iompródh sé dá mba rud é go ndearnadh a ioncam as gníomhaíochtaí peitriliam do gach ceann de na tréimhsí inmhuirearaithe sin a laghdú den mhéid is lú díobh seo a leanas—

(i) an caillteanas ar thréigean, nó

- (ii) cibé méid den chaillteanas ar thréigean nach bhféadfaí, ar an éileamh sin a dhéanamh, a áireamh mar mhéid a laghdaíonn ioncam den sórt sin de chuid tréimhse inmhuirearaithe is déanaí ná sin:

Ar choinníoll go measfar, chun críocha uile na nAchtanna Cánach, gurb éard é faoiseamh faoin mír seo i leith caillteanais faoiseamh arna thabhairt faoi fho-alt (1) d'alt 307 den Acht Cánach Ioncaim, 1967—

- (I) ionas nach dtabharfar aon fhaoiseamh eile faoi fho-alt (1) den alt sin 307 i leith cibé méid de chaillteanas ar thréigean arb éard é méid ar ina leith a bhfuil faoiseamh tugtha faoin mír seo, agus

- (II) ionas go mbeidh feidhm ag fo-ailt (2) go (6) d'alt 307 agus ag alt 318 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, maidir le faoiseamh faoin mír seo mar atá feidhm acu maidir le faoiseamh faoin alt sin 307,

agus

- (b) beidh éifeacht le fo-ailt (2) agus (3) d'alt 16 den Acht Cánach Corparáide, 1976, amhail is dá mba é atá san am a shonraítear san fho-alt sin (3) tréimhse trí bliana dar críoch díreach roimh an tréimhse inmhuirearaithe ina dtabhaítear an caillteanas.

(4) Déanfar cibé méid de na caillteanais ar thréigean, más ann, a bheidh tabhaithe ag duine an lá, nó roimh an lá, a scoireann sé go buan de thrádáil pheitriliam (dá ngairtear “an trádáil chéadluaite” ina dhiaidh seo san fho-alt seo) a sheoladh agus nach ndéanfaí, ar

leith ón bhfo-alt seo, a lamháil in aghaidh a ioncaim nó a bhrabús nó in aghaidh ioncaim nó brabús duine eile, nó nach measfaí mar mhéid a laghdaíonn an céanna, a mheas mar chaillteanais arna dtabhú aige sa chéad tréimhse inmhuirearaithe de chuid na chéad trádála peitiriam (dá ngairtear “an trádáil nua” ina dhiaidh seo san alt seo) a sheolann sé tar éis scor go buan den trádáil chéadluaite mar chostas trádála den trádáil nua.

(5) I gcás go mbeidh scortha go buan de thrádáil pheitiriam a bhí á seoladh ag duine, ansin déanfar aon chaiteachas ar thréigean a thabhóidh an duine tar éis an scoir a mheas, chun críocha fho-alt (2), amhail is dá mba chaiteachas ar thréigean é arna thabhú aige an lá deireanach a sheolann sé an trádáil pheitiriam

(6) Chun críocha an ailt seo, seachas chun críocha *fho-ailt* (4) agus (5), measfar gurb é an lá a thagann an tsuim lena mbaineann chun bheith iníoctha an lá a thabhaítear aon chaiteachas.

(7) Déanfar aon liúntas a thabharfar do dhuine faoin alt seo a thabhairt dó le linn a thrádáil pheitiriam a chur faoi cháin ach ní thabharfar an liúntas sin i leith an chaiteachais chéanna le linn níos mó ná trádáil amháin a chur faoi cháin.

(8) Measfar nach bhfoláíonn tagairtí i gCodanna XIII go XVI den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus in alt 22 den Acht Airgeadais, 1971, do chaiteachas caipitiúil tagairtí do chaiteachas is caiteachas ar thréigean:

Ar choinníoll go mbeidh feidhm ag alt 303 agus fo-alt (5) d’alt 304 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, fara aon mhodhnuithe is gá, chun críocha an ailt seo mar atá feidhm acu chun críocha Chuid XVI den Acht sin.

(9) Beidh feidhm ag *fo-ailt* (9), (10), (11) agus (15) d’alt 84 chun críocha an ailt seo mar atá feidhm acu chun críocha an ailt sin.

Peitiriam a luacháil in imthosca áirithe.

87.—(1) Más rud é go ndéanfaidh duine, seachas ar mhodh díola ar neamhthuilleamaí, peitiriam a bheidh faighte aige de bhua gníomhaíochtaí peitiriam arna seoladh aige a dhiúscairt, ansin, chun críocha uile na nAchtanna Cánach, déileálfar le diúscairt an pheitiriam agus fáil an pheitiriam ag an duine ar diúscaíodh dó é mar nithe a rinneadh ar chomaoín a bhí ar cóimhéid le margadhluach an pheitiriam an tráth a rinneadh an diúscairt.

(2) (a) Más rud é go ndéanfaidh duine a sheolann gníomhaíochtaí peitiriam agus gníomhaíochtaí eile, i gcúrsa trádála, leithreasú iomchuí ar aon pheitiriam arna ghnóthú nó arna fháil ar shlí eile aige i gcúrsa na ngníomhaíochtaí peitiriam gan an peitiriam a dhiúscairt, ansin, chun críocha uile na nAchtanna Cánach, measfar maidir leis go ndearna sé, tráth an leithreasaithe—

(i) an peitiriam a dhíol i gcúrsa na trádála peitiriam arna seoladh aige, agus

(ii) é a cheannach i gcúrsa trádála ar leithligh arb é atá inti na gníomhaíochtaí seachas na gníomhaíochtaí peitiriam,

agus go ndearna sé é a dhíol agus a cheannach amhlaidh ar phraghas a bhí ar cóimhéid lena mhargadhluach an tráth a ndearnadh an peitiriam a leithreasú go hiomchuí.

- (b) San fho-alt seo, ciallaíonn “leithreasú iomchuí”, i ndáil le haon pheitiriam arna ghnóthú nó arna fháil ar shlí eile i gcúrsa gníomhaíochtaí peitiriam a bheith á seoladh ag duine, leithreasú an pheitiriam sin lena scagadh nó le haghaidh aon úsáide seachas úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí eastósctha peitiriam a sheolann sé, agus forléireofar “leithreasú go hiomchuí” dá réir sin.

(3) Chun críocha an ailt seo, is é margadhluach aon pheitiriam aon tráth an praghas a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil lena fháil ar an bpeitiriam sin ar é a dhíol an tráth sin dá mba rud é gur pháirtithe neamhspleácha a bheadh ag déileáil ar neamhthuilleamaí na páirtithe san idirbheart.

88.—(1) Beidh éifeacht leis an alt seo, i gcás go ndéanann duine, an 14ú lá d'Eanáir, 1985, nó dá éis, le toiliú an Aire Fuinnimh, leas i limistéar ceadúnaithe a dhiúscairt (lena n-áirítear diúscairt pháirteach leasa den sórt sin nó malartú leasa atá ar úinéireacht aige i limistéar amháin ar leas i limistéar eile) agus go suífear, chun sástacht an Aire sin, go ndearnadh an diúscairt d'aon toisc chun a chinntiú go ndéanfar aon limistéar ceadúnaithe a thaiscéaladh, a dhreachadh nó a fhorbairt go cuí.

Déileáil le diúscairt áirithe.

(2) I gcás éifeacht a bheith leis an alt seo maidir le diúscairt ag duine (nach éard í, nó nach bhfuil ar áireamh inti, malartú den sórt dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*) agus go ndéantar, sa tréimhse iomchuí, an chomaoín a bheidh faighte aige a chur chun feidhme (cibé acu aige féin nó thar a cheann ag an duine a fhaigheann an tsócmhainn a dhiúscaítear) chun críocha ceachtar de na nithe seo a leanas nó chun críocha na nithe sin araon, is é sin le rá:

- (a) gníomhaíochtaí taiscéalaíochta peitiriam, agus
- (b) peitiriam a lorg i réimse iomchuí agus bealach a dhéanamh chuige,

ansin, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, más rud é go ndéanfaidh an duine a mbeidh an diúscairt á déanamh aige éileamh chuige sin, ní dhéileálfar leis an diúscairt mar dhiúscairt lena ngabhann aon diúscairt sócmhainne ach, maidir le haon diúscairt arna déanamh dá éis sin ar aon sócmhainn a gheofar nó a chruthófar nó a bhfeabhsófar a luach tríd an gcomaoín sin a úsáid, ní bheidh an chomaoín inasbhainte ón gcomaoín don diúscairt sin arna déanamh dá éis sin le linn an gnóchan inmhuirearaithe a fhabhraíonn ar an diúscairt sin a ríomh.

(3) Más rud é go mbeidh éifeacht leis an alt seo maidir le malartú den sórt dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ansin, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, más rud é go ndéanfaidh duine a mbeidh malartú den sórt sin á dhéanamh aige éileamh chuige sin, ní dhéileálfar leis an malartú mar mhalartú lena ngabhann aon diúscairt nó fáil sócmhainne aige ach, maidir leis an tsócmhainn arna tabhairt aige agus leis an tsócmhainn arna fáil aige sa mhalartú, measfar gurb iad an tsócmhainn chéanna iad arna fáil mar a fuarthas an tsócmhainn arna tabhairt aige:

Ar choinníoll—

- (a) má fhaigheann an duine aon chomaoín don mhalartú de bhreis ar an leas sa limistéar ceadúnaithe eile, nach mbeidh éifeacht leis an bhfo-alt seo maidir leis an éileamh a bheidh déanta aige mura rud é go n-úsáidfear

an chomaoin bhreise sa tréimhse iomchuí ar an modh dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2) ach, i gcás go n-úsáidtear an chomaoin bhreise amhlaidh agus go ndéanfaidh an duine éileamh gur ceart éifeacht a bheith leis an *bhfo-alt* seo, go mbeidh éifeacht leis amhlaidh amhail is nach raibh sa tsócmhainn arna tabhairt aige mar mhalairt ach cibé cion den tsócmhainn sin arb ionann a luach agus luach an leasa sa limistéar ceadúnaithe eile arna ghlacadh aige sa mhalartú agus beidh éifeacht le *fo-alt* (2) amhail is dá mba rud é go ndearna sé an cion a bhí fágtha den tsócmhainn arna tabhairt aige amhlaidh a dhiúscairt ar an gcomaoin bhreise sin, agus

- (b) más rud é go dtabharfaidh an duine aon chomaoin ar an malartú de bhreis ar an leas i limistéar ceadúnaithe arna thabhairt aige sa mhalartú, go mbeidh éifeacht leis an *bhfo-alt* seo maidir leis an éileamh a bheidh déanta aige amhail is nach raibh sa leas sa limistéar ceadúnaithe eile arna ghlacadh aige sa mhalartú ach cibé cion den leas sin arb ionann a luach agus luach an leasa sa limistéar ceadúnaithe arna thabhairt aige sa mhalartú.

(4) San alt seo, ciallaíonn “tréimhse iomchuí”, maidir le diúscairt, an tréimhse dar tús 12 mhí roimh an diúscairt agus dar críoch 3 bliana dá héis, nó cibé tréimhse is faide ná sin a dhéanfaidh an tAire Fuinnimh, ar iarratas ón duine a mbeidh an diúscairt á déanamh aige, a dheimhniú a bheith réasúnach, ina thuairim, ag féachaint do thaiscéaladh cuí, dreachadh cuí nó forbairt chuí aon limistéir cheadúnaithe.

CUID II

CUSTAIM AGUS MÁL

CAIBIDIL I

Dleacht Mháil ar Bheoir

Léiriú (*Caibidil I*).

89.—(1) Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn “% toirte” an neart alcólach de réir toirte;

ciallaíonn “alcól” alcól eitileach íon;

ciallaíonn “an neart alcólach de réir toirte” an cóimheas idir an toirt alcóil i dtáirge ag teocht 20° Celsius agus toirt iomlán an táirge ag an teocht chéanna, agus an cóimheas sin á léiriú mar chéatadán;

ciallaíonn “stóras ceadaithe” áitreabh a cheadófar faoi *alt* 95;

ciallaíonn “coimeádaí ceadaithe stórais” duine a cheadófar faoi *alt* 95;

folaíonn “beoir” leann, leann dubh, pórtar, beoir sprúis agus beoir dhubh, agus aon chineál eile beorach, agus aon deoch mheisciúil a dhéantar nó a dhíoltar mar chineál beorach nó mar ionadach do bheoir, agus a gcinntear ina leith, tar éis anailís a dhéanamh ar shampla di aon tráth, go bhfuil níos mó ná 1.2% toirte inti;

ciallaíonn “ceadúnas grúdaire” ceadúnas chun beoir a ghrúdú arna eisiúint faoi alt 43 den *Finance* (1909-10) *Act*, 1910;

tá le “grúdaire chun díola” an bhrí a shanntar do “brewer for sale” le halt 19 den *Inland Revenue Act*, 1880;

ciallaíonn “Coimisinéirí” na Coimisinéirí Ioncain;

ciallaíonn “coimeádán”, i ndáil le beoir, umar, casca, ceaig, canna, buidéal nó aon ghabhdán eile ina gcoinnítear beoir;

ciallaíonn “faisnéis” aon léiriú ar fhóras, cibé acu i bhfocail nó ar shlí eile;

folaíonn “faisnéis i bhfoirm neamh-inléite” faisnéis ar mhicreascannán, ar mhicrifís, ar théip mhaighnéadach nó ar dhiosca;

ciallaíonn “grúdaire ceadúnaithe” duine is sealbhóir ar cheadúnas grúdaire;

ciallaíonn “ábhair” aon substaint a bheartaítear a úsáid le linn beoir a tháirgeadh nó a mbeartaítear í a ionchorprú i mbeoir;

folaíonn an abairt “tairiscint chun díola” cuireadh deoch a sheasamh;

ciallaíonn “oifigeach” oifigeach do na Coimisinéirí Ioncain;

ciallaíonn an briathar “pacáistiú”, i ndáil le beoir, beoir a chur in umair, i gcascaí, i gceaigeanna, i gcannaí, i mbuidéil nó in aon ghabhdáin eile de chineál ina ndáiltear beoir ar mhórdhíoltóirí nó ar mhiondhíoltóirí agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn “grúdaire príobháideach” grúdaire beorach nach grúdaire chun díola;

ciallaíonn “forordaithe” a bheith sonraithe i rialacháin, nó cinnte de réir rialachán, arna ndéanamh ag na Coimisinéirí faoi *alt 98*;

folaíonn “taifid” faisnéis i bhfoirm neamh-inléite;

ciallaíonn “bairille caighdeánach” 36 ghalún foirte de shaindlús 1,055 chéim nó 36 ghalún beorach a raibh saindlús 1,055 chéim ina foirt roimh ghiosáil;

ciallaíonn “foirt” an leacht a ghiosáiltear chun beoir a tháirgeadh.

(2) Déanfar tagairtí do neart beorach in aon reacht nó in aon ionstraim arna déanamh faoi reacht a fhorléiriú mar thagairtí dá neart alcólach de réir toirte.

90.—(1) I dteannta aon dleachta eile a bheidh inmhuirearaithe, Dleacht máil ar muirearófar, toibheofar agus íocfar— bheoir.

(a) ar bheoir arna grúdú sa Stát agus ar bheoir arna hallmhairiú isteach sa Stát, agus

(b) ar bheoir a bhféadfaidh na Coimisinéirí an dleacht mháil dá dtagraítear in *alt 93* a loghadh nó a aisíoc ina leith faoin alt sin,

dleacht mháil in aghaidh an heictilítir faoin gcéad d’alcól sa bheoir de réir cibé ráta a shonrófar ó am go ham le hAcht den Oireachtas.

(2) Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo, déanfar an dleacht mháil ar bheoir a fhorchuirtear le *fo-alt (1)* a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir rialachán faoi *alt 98*.

Díolúintí ó dhleacht. **91.**—(1) Faoi réir aon choinníollacha a chomhlíonadh is cuí leis na Coimisinéirí a fhorchur, ní dhéanfar an dleacht mháil a fhorchuirtear le *halt 90* a mhuirearú nó a thobhach ar bheoir—

- (a) nach mó ná 0.5% toirte;
- (b) a tháirgeann grúdaire príobháideach sa Stát, ar choinníoll go ndéanann an grúdaire sin an bheoir sin a ghrúdú d'aon toisc le haghaidh a úsáide baile féin.
- (2) (a) Ní dhéanfaidh aon duine beoir arna grúdú ag grúdaire príobháideach a dhíol nó a thairiscint chun díola.
- (b) Aon duine a sháráidh forálacha *mhír (a)* den fho-alt seo, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós máil £1,000 a chur air.

(3) Aon bheoir a ndearnadh cion faoi *fho-alt (2)* ina leith agus aon soithí, uirlisí agus ábhair le haghaidh grúdaireachta atá i seilbh grúdaire phríobháidigh agus a ndearnadh cion den sórt sin ina leith, dlífear iad a fhorghéilleadh.

Loghadh agus aisíoc dleachta. **92.**—Féadfaidh na Coimisinéirí, faoi réir cibé coinníollacha a chomhlíonadh is cuí leo a fhorchur, an dleacht mháil a fhorchuirtear le *halt 90* ar bheoir a loghadh nó a aisíoc, ar beoir í a suífear ina leith chun a sástachta—

- (a) gur cailleadh í i stóras ceadaithe, ar choinníoll nach aon ní neamhdhleathach nó míchuí ba chúis leis an gcailliúint sin;
- (b) gur úsáideadh í chun beoir nach mó ná 0.5% toirte a ghrúdú nó a mhonarú;
- (c) gur úsáideadh í mar chomhchuid le linn deoch, seachas beoir, nach mó ná 1.2% toirte a tháirgeadh nó a mhonarú;
- (d) gur úsáideadh í chun críocha turgnaimh, rialaithe cáilíochta, eolaíochta nó taighde;
- (e) i gcás beorach arna seachadadh lena hól sa Stát, gur tarraingíodh siar ón margadh í mar go bhfágann a riocht nó a haois nach bhfuil sí oiriúnach lena hól ag daoine;
- (f) gur onnmhairíodh ón Stát í mar mharsantas nó gur loingsíodh í lena húsáid mar stóir.

Dleacht áirithe is inmhuirearaithe roimh an lá ceaptha a loghadh nó a aisíoc. **93.**—(1) Baineann an t-alt seo le stoic beorach, lena n-áirítear foirt, a suífear ina leith chun sástacht na gCoimisinéirí go bhfuil siad ina luí nó á stóráil nó á gcoimeád ag meán oíche ar an lá roimh an lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú faoi *alt 102* mar an lá a thiocfaidh *alt 90* i ngníomh, in áitreabh atá ar úinéireacht nó ar áitiú ag grúdaire ceadúnaithe nó i stóras ceadaithe agus gurb éard iad táirge grúdaireachta arna seoladh ag grúdaire ceadúnaithe ar ina

áitreabh nó ina stóras ceadaithe atá na stoic sin ina luí nó á stóráil nó á gcoimeád.

(2) I gcás go suítear chun sástacht na gCoimisinéirí go ndearnadh an dleacht máil a fhorchuirtear le mír 7 den Ordú d'Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 221) (Dleachtanna Máil), 1975 (I.R. Uimh. 307 de 1975), a mhuirearú roimh an lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú faoi *alt 102* mar an lá a thiocfaidh *alt 90* i ngníomh, i leith stoc beorach, lena n-áirítear foirt, lena mbaineann an t-alt seo, féadfaidh siad, faoi réir *fo-alt (3)* agus cibé coinníollacha a chomhlíonadh is cuí leo a fhorchur, an dleacht sin a loghadh nó a aisíoc.

(3) Féadfaidh grúdaire ceadúnaithe nó coimeádaí ceadaithe stórais, tráth nach déanaí ná an séú lá tar éis an lae a shonraítear i *bhfo-alt (2)*, tuairisceán a thabhairt do na Coimisinéirí i bhfoirm a bheidh ceadaithe acu agus ina dtabharfar cibé faisnéis a cheanglóidh siad leis an bhfoirm sin maidir leis an gcainníocht beorach, lena n-áirítear foirt, arna sloinneadh ina bairillí caighdeánacha, lena mbaineann an t-alt seo, agus ina n-éileofar loghadh nó aisíoc an dleachta máil dá dtagraítear san fho-alt sin agus a bheidh muirearaithe i leith na stoc sin roimh an lá a shonraítear san fho-alt sin.

(4) Déanfaidh grúdaire ceadúnaithe nó coimeádaí ceadaithe stórais—

- (a) na leabhair thrádála agus gach cuntas agus doiciméad is leis an ngrúdaire nó leis an gcoimeádaí stórais sin, nó atá ina sheilbh, a mheasfaidh aon oifigeach a bheith riachtanach chun tuairisceán a fhíorú a tugadh nó a bheidh le tabhairt faoi fhorálacha an ailt seo, a thabhairt don oifigeach má iarrann sé air déanamh amhlaidh, agus
- (b) cibé cúnamh réasúnach a thabhairt don oifigeach sin a iarrfaidh an t-oifigeach air le linn cuntas a ghlacadh ar na stoic beorach, lena n-áirítear foirt, lena mbaineann an tuairisceán.

(5) Gach grúdaire ceadúnaithe nó coimeádaí ceadaithe stórais a thabharfaidh tuairisceán faoin alt seo atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, nó a mhainneoidh nó a dhiúltóidh déanamh de réir iarrata faoin alt seo, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós máil £1,000 a chur air.

(6) Dlífear aon stoic beorach, lena n-áirítear foirt, a mbeidh cion déanta ina leith faoi *fho-alt (5)*, a fhorghéilleadh.

94.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur ar ghrúdaire ceadúnaithe, más rud é go mainneoidh an grúdaire sin aon fhoráil den Chaibidil seo a chomhlíonadh, an ceadúnas a bheidh deonaithe a chúlghairm

Ceadúnas grúdaire a chúlghairm agus cion ag grúdaire chun díola.

(2) Más rud é go ndéanfaidh aon duine, seachas grúdaire príobháideach, beoir a ghrúdú gan ceadúnas grúdaire a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire a shealbhú nó gan an t-áitreabh ina seoltar grúdú beorach a bheith ceadaithe faoi *alt 95*, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós máil £1,000 a chur air.

(3) Dlífear aon bheoir, agus aon soithí, uirlisí agus ábhair le haghaidh grúdaireachta, a mbeidh cion déanta ina leith faoi *fho-alt* (2), a fhorghéilleadh.

Daoine agus áitribh a cheadú chun beoir a ghrúdú, a shealbhú agus a phacáistiú gan dleacht a íoc.

95.—(1) Féadfaidh duine a bheidh ceadaithe ag na Coimisinéirí faoin alt seo beoir ar a ndlitear an dleacht mháil a íoc a fhorchuirtear le *halt 90*, a ghrúdú agus a shealbhú in áitreabh arna cheadú acu faoin alt seo i ndáil leis, gan an dleacht sin a íoc (agus gairtear “coimeádaí ceadaithe stórais” agus “stóras ceadaithe”, faoi seach, den duine sin agus den áitreabh sin anseo ina dhiaidh seo san alt seo).

(2) Féadfaidh coimeádaí ceadaithe stórais freisin, gan dleacht a íoc, cibé oibríochtaí a bheidh forordaithe a dhéanamh i stóras ceadaithe ar cibé méid den bheoir a bheidh forordaithe, nó i ndáil leis.

(3) Ní cheadófar duine faoin alt seo mura rud é gur dealraitheach do na Coimisinéirí go gcomhlíonann sé cibé ceanglais maidir le ceadú is cuí leo a fhorchur.

(4) (a) Ní cheadófar áitreabh faoin alt seo mura rud é—

(i) go n-úsáidtear é, nó go bhfuil sé beartaithe lena úsáid, chun beoir a ghrúdú, a shealbhú nó a phacáistiú, agus

(ii) i gcás go n-úsáidtear é, nó go bhfuil sé beartaithe lena úsáid, chun beoir a ghrúdú, go bhfuil sé ar úinéireacht nó ar áitiú ag grúdaire ceadúnaithe a dhéanfaidh cibé faisnéis a iarrfar air i ndáil leis an áitreabh sin agus i ndáil le gach seomra, áit agus soitheach ann a sheachadadh ar oifigeach ar an modh forordaithe,

agus gur dealraitheach do na Coimisinéirí go gcomhlíonann an t-áitreabh cibé ceanglais maidir le ceadú is cuí leis na Coimisinéirí a fhorchur.

(b) D’ainneoin fhorálacha *mhír (a)* lena gceanglaítear áitreabh a úsáidtear, nó atá beartaithe lena úsáid, chun beoir a ghrúdú a bheith ar úinéireacht nó ar áitiú ag grúdaire ceadúnaithe, agus lena bhforchuirtear oibleagáid ar an ngrúdaire sin cibé faisnéis a iarrfar air i ndáil leis an áitreabh sin agus i ndáil le gach seomra, áit agus soitheach ann a sheachadadh ar oifigeach ar an modh forordaithe, féadfar a mheas go bhfuil na forálacha sin comhlíonta ag an ngrúdaire sin más rud é, ag meán oíche ar an lá roimh an lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú faoi *alt 102* le haghaidh teacht i ngníomh an ailt seo, go mbeidh taifead déanta aige den áitreabh sin agus de gach seomra, áit agus soitheach ann de réir fhorálacha alt 22 den *Inland Revenue Act*, 1880.

(5) Féadfaidh na Coimisinéirí duine nó áitreabh a cheadú faoin alt seo ar feadh cibé tréimhsí agus faoi réir cibé coinníollacha (lena n-airítear urrús a thabhairt) is cuí leo a fhorchur agus comhlíonfaidh an duine ceadaithe nó an t-áitreabh ceadaithe aon choinníollacha den sórt sin

(6) Féadfaidh na Coimisinéirí, mar choinníoll a ghabhfaidh le ceadú áitribh faoin alt seo, déanamh gníomhaíochtaí sonraithe san

áitreabh sin nó in aon chuid nó aon chodanna de a cheadú nó a thoirmeasc.

(7) Féadfaidh na Coimisinéirí aon tráth ar chúis réasúnach—

(a) na téarmaí faoina gceadóidh siad aon duine nó áitreabh faoin alt seo a athrú, nó

(b) méid an áitribh a cheadaítear amhlaidh a shrianadh.

(8) Féadfaidh na Coimisinéirí, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur ar choimeádaí ceadaithe stórais—

(a) más rud é go sáróidh coimeádaí ceadaithe stórais aon choinníoll maidir le ceadú a fhorchuirfidh siad faoin alt seo nó aon fhoráil den Chaibidil seo nó de rialacháin fúithi, nó go mainneoidh sé aon choinníoll nó foráil den sórt sin a chomhlíonadh, nó

(b) más rud é nach gcomhlíonfaidh stóras ceadaithe aon choinníoll maidir le ceadú a fhorchuirfidh siad faoin alt seo,

an ceadú a bheidh deonaithe a chúlghairm.

(9) Beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag na forálacha de na hAchtanna Custam, agus de na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus lena mbainistiú agus d'aon ionstraim a bhaineann le dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht, a bhaineann le stórais agus le hearraí stórasaithe agus lena dtaisceadh agus lena stóráil iontu agus lena n-aistriú chucu agus astu, maidir le háitreabh arna cheadú faoin alt seo agus maidir le beoir a cheadaítear a shealbhú in áitreabh den sórt sin amhail is dá mba stórais agus earraí i stóras de réir bhrí na bhforálacha sin an t-áitreabh sin agus an bheoir sin.

96.—(1) Déanfaidh coimeádaí ceadaithe stórais de chuid stórais cheadaithe, i leith an stórais sin—

Coimeádaí stórais do sholáthar saoráidí agus cumhachtaí iniúchta etc. oifigeach.

(a) cibé fearais a sholáthar agus a chothabháil is gá, i dtuairim na gCoimisinéirí, chun a chumasú d'oifigeach cuntas fíor cruinn a ghlacadh maidir le haon earraí nó beoir;

(b) a cheadú d'oifigeach aon tráth aon ní arna sholáthar amhlaidh a úsáid agus aon fhearais eile a bheidh i seilbh an choimeádaí stórais sin a úsáid, agus gach saoráid eile agus gach cúnamh a sholáthar is gá chun a chumasú don oifigeach sin an cuntas sin a ghlacadh.

(2) Féadfaidh oifigeach, gach tráth réasúnach, dul isteach in áitreabh a bhfuil, nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún go bhfuil, beoir á ghrúdú ann nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún go bhfuil beoir á sealbhú, á stóráil nó á coimeád ann nó ina gcoimeádtar aon leabhair, cuntais nó doiciméid nó taifid eile a bhaineann, nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún ina leith go mbaineann siad, le grúdú, allmhairiú, ceannach, sealbhú, stóráil, pacáistiú, díol nó diúscairt beorach agus féadfaidh sé ansin—

(a) aon ábhair nó beoir a lorg agus a iniúchadh agus cuntas a ghlacadh maidir leo agus, gan íocaíocht, samplaí a ghlacadh díobh,

- (b) a cheangal ar aon duine gach leabhar, cuntas nó doiciméad nó taifead eile a bhaineann le grúdú, allmhairiú, ceannach, sealbhú, stóráil, pacáistiú, díol nó diúscairt beorach a thabhairt ar aird agus, i gcás faisnéise den sórt sin i bhfoirm neamh-inléite (lena n-áirítear faisnéis den sórt sin i ríomhaire), í a thabhairt ar aird i bhfoirm inléite, nó í a atáirgeadh i mbuanfhoirm inléite, agus
- (c) aon leabhair, cuntais nó doiciméid nó taifid eile (lena n-áirítear, i gcás faisnéise den sórt sin i bhfoirm neamh-inléite, cóip den fhaisnéis sin, nó sliocht aisti, i bhfoirm bhuan inléite) a bhaineann, nó a gcreideann an t-oifigeach ina leith go mbaineann siad, le grúdú, allmhairiú, ceannach, sealbhú, stóráil, pacáistiú, díol nó diúscairt beorach a lorg agus a iniúchadh agus cóipeanna díobh nó sleachta astu a thógáil,

agus féadfaidh an t-oifigeach sin na leabhair, na cuntais nó na doiciméid nó na taifid eile sin a thabhairt chun siúil agus a choinneáil ar feadh cibé tréimhse is réasúnach chun iad a scrúdú tuilleadh, agus déanfaidh an duine sin gach saoráid agus cúnamh a sholáthar don oifigeach sin is gá le go bhfeidhmeoidh an t-oifigeach sin aon chumhacht a thugtar dó leis an bhfo-alt seo.

(3) I gás ina rachaidh oifigeach isteach in aon áitreabh faoi *fho-alt* (2) agus go bhfaighfear aon ábhair nó beoir ann nó ina dtabharfar ar aird nó ina bhfaighfear aon leabhair, cuntais nó doiciméid nó taifid eile a shonraítear san *fho-alt* sin, féadfaidh sé aon duine a gheofar ann a cheistiú i ndáil leis na hábhair nó leis an mbeoir sin nó i ndáil leis na leabhair, na cuntais nó na doiciméid nó na taifid eile sin agus déanfaidh aon duine den sórt sin an fhaisnéis go léir a thabhairt don oifigeach sin a iarrfaidh an t-oifigeach sin air agus a bheidh ina sheilbh nó ar fáil aige.

(4) Aon duine a mhainneoidh, gan leithscéal dlíthiúil leordhóthanach, aon cheanglas faoi *fho-alt* (1) nó (2) a chomhlíonadh, nó a mhainneoidh nó a dhiúltóidh aon fhaisnéis a thabhairt a iarrfar air faoi *fho-alt* (3), nó a thabharfaidh aon fhaisnéis den sórt sin a bheidh bréagach nó míthreorach, nó a dhéanfaidh oifigeach a chomhrac, a bhac nó a chosc i bhfeidhmiú aon chumhachta a thugtar dó leis an alt seo, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós £1,000 a chur air, faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh).

Déileáil le farasbarr nó le heasnamh i stoic agus le himghabháil chalaioiseach dleachta.

97.—(1) Más rud é, aon uair a ghlacfaidh oifigeach cuntas maidir le beoir i stóras ceadaithe de réir *fho-alt* (2) *d'alt* 96, go bhfaighfear amach gur mó nó gur lú cainníocht nó neart, nó cainníocht agus neart, na beorach, ná cainníocht nó neart, nó cainníocht agus neart, na beorach, ba cheart a bheith ann de réir aon chuntas a cheanglaítear ar an gcoimeádaí ceadaithe stórais a choimeád de réir rialachán faoi *alt* 98, beidh an coimeádaí ceadaithe stórais ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós a chur air, faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh), ar pionós é is comhionann le dhá oiread na dleachta a fhorchuirtear le *halt* 90 agus a mhuirearófaí ar chainníocht agus ar neart beorach is comhionann leis an bhfarasbarr nó leis an easnamh, de réir mar a bheidh, dá muirearófaí an dleacht a fhorchuirtear leis an alt sin ar chainníocht agus neart beorach den sórt sin, nó ar pionós £1,000 é, a chur air, cibé ceann acu is mó.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, ní dhlífear aon phionós a chur ar an gcoimeádaí ceadaithe stórais faoin bhfo-alt sin más rud é gur féidir leis cuntas sásúil a thabhairt do na Coimisinéirí maidir leis an bhfarasbarr nó leis an easnamh, de réir mar a bheidh, ach i gcás farasbarr a bheith ann agus nach n-ionchúisítear an coimeádaí ceadaithe stórais ina leith, íocfaidh sé dleacht ar an bhfarasbarr.

(3) Más rud é go mbeidh aon duine bainteach go feasach le haon bhearta a ghlacadh d'fhonn an dleacht máil a fhorchuirtear le *halt 90* a imghabháil go calaoiseach, cibé acu ina aonar nó trí dhuine eile, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear—

- (a) ar é a chiontú go hachomair, pionós a chur air, faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh) ar pionós é is comhionann le trí oiread mhéid na dleachta lena mbaineann, nó ar pionós £1,000 é, a chur air, cibé ceann acu is mó, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon, a chur air, nó
- (b) ar é a chiontú ar díotáil, pionós a chur air, faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh), ar pionós é is comhionann le trí oiread mhéid na dleachta lena mbaineann, nó ar pionós £10,000 é, a chur air, cibé ceann acu is mó, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air.

(4) (a) Dlífean an bheoir bhreise (más ann) a gheofar tar éis an chuntais a ghlacfar faoi *fho-alt (1)* a fhorghéilleadh.

(b) Dlífean aon bheoir ar ina leith a rinneadh cion faoi *fho-alt (3)* agus aon deiseanna iompair, coimeádáin nó airceadail eile a úsáidtear i ndáil leis an mbeoir sin nó a bhaineann léi ar aon slí in aon chor, a fhorghéilleadh.

(5) Chun críocha an ailt seo, i gcás nach féidir an neart beorach a shuíomh chun sástacht oifigigh, toimhdeofar gur 7 faoin gcéad an neart sin mura rud é, nó go dtí, go dtabharfaidh an duine lena mbaineann cruthúnas ar a mhalairt don oifigeach.

98.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí rialacháin a dhéanamh d'fhonn an dleacht máil ar bheoir a fhorchuirtear le *halt 90* a bhainistiú, a áirithiú agus a bhailiú nó d'fhonn an t-ioncam a gheofar ón dleacht sin a chosaint. Rialacháin (*Caibidil I*).

(2) Go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar le rialacháin faoin alt seo—

- (a) rialú a dhéanamh ar tháirgeadh (lena n-áirítear an tráth a thosaíonn táirgeadh beorach agus an tráth a chríochnaíonn sé a chinneadh), allmhairiú, cóireáil, pacáistiú, coimeád, sealbhú, stóráil, ábhar agus beorach, ar aistriú ábhar agus beorach ó stóráil agus ar onnmhairiú ábhar agus beorach;
- (b) a cheangal ar ghrúdaire ceadúnaithe tuairisceán fíor cruinn ina ndéanfar cuntas ar na hábhair go léir a bheidh faighte nó táirgthe aige, nó a bheidh úsáidte aige le linn beoir a ghrúdú, agus ina mbeidh comhréiteach idir na hábhair sin agus an bheoir a grúdaíodh, a thabhairt cibé tráthanna agus i cibé foirm a shonrófar;

- (c) rialáil agus, i cibé imthosca a fhorordófar, toirmeasc a dhéanamh ar shubstaintí a chur le beoir, ar bheoir a mheascadh nó ar oibríochtaí eile a dhéanamh ar bheoir nó i ndáil le beoir;
 - (d) socrú a dhéanamh maidir leis an dleacht a áirithiú, a íoc, a bhailiú, a loghadh agus a aisíoc;
 - (e) cinneadh a dhéanamh maidir leis an dleacht is inmhuirearaithe, maidir leis an duine a dhlíonn í a íoc, agus i dtaca leis sin, modh muirearaithe na dleachta a fhorordú, maidir leis an dáta a dhlitear an dleacht a íoc agus maidir leis an modh íoca, agus féadfar a fhoráil le haon rialacháin den sórt sin go ndéanfar dleacht a mhuirearú de réir thoirt agus neart na beorach a bheidh dearbhaithe ag an gcoimeádaí stórais nó ag an allmhaireoir nó de réir na toirte agus an nirt a bheith fionnta ag oifigeach, cibé acu is mó;
 - (f) socrú a dhéanamh maidir le dleacht a mhuirearú, i cibé imthosca a fhorordófar, faoi threoir nirt a d'fhéadfadh le réasún a bheith ag an mbeoir, nó an ráta dleachta a bheidh i bhfeidhm, tráth seachas an tráth a thagann an bheoir chun bheith inmhuirearaithe;
 - (g) socrú a dhéanamh maidir le dleacht a mhuirearú faoi threoir nirt agus toirte a d'fhéadfadh le réasún a bheith ag an mbeoir faoi threoir an nirt agus na toirte arna fhionnadh i leith sampla ionadaithigh den bheoir sin;
 - (h) an modh a fhorordú chun neart agus toirt beorach a fhionnadh, agus féadfar a fhoráil le haon rialacháin den sórt sin go bhféadfar, chun dleacht a mhuirearú ar bheoir, neart agus toirt na beorach a fhionnadh faoi threoir aon fhaisnéise a bheidh tugtha ar an gcoimeádán trí bhíthin lipéid nó ar shlí eile nó faoi threoir aon doiciméad a bhaineann leis an gcoimeádán;
 - (i) gluaiseacht agus iompar beorach a rialáil i cibé imthosca a fhorordófar;
 - (j) a cheangal ar choimeádaí ceadaithe stórais agus ar dhuine a allmhairíonn beoir cibé cuntais agus taifid a bhaineann le táirgeadh, allmhairiú, ceannach, fáil, coimeád, sealbhú, stóráil, pacáistiú, díol, diúscairt nó úsáid ábhar agus beorach aige, de réir mar a bheidh sonraithe, a choimeád ar mhodh sonraithe, agus a chaomhnú ar feadh tréimhse sonraithe, agus aon leabhair, doiciméid nó taifid eile a bhaineann le haon cheann de na nithe réamhráite a choimeád ar feadh tréimhse sonraithe agus a cheadú d'oifigeach na cuntais agus na taifid sin agus aon leabhair, doiciméid nó taifid eile arna gcoimeád aige agus a bhaineann le haon cheann de na nithe réamhráite a iniúchadh agus cóipeanna díobh a thógáil;
 - (k) a cheangal ar choimeádaí ceadaithe stórais agus ar dhuine a allmhairíonn beoir tuairisceáin i ndáil le cibé nithe a shonrófar a thabhairt cibé tráthanna agus i cibé foirm a shonrófar.
- (3) Maidir le beoir ar a bhfuil an dleacht mháil a fhorchuirtear le *halt 90* inmhuirearaithe agus nach bhfuil sí íoctha, féadfar, gan

dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, le rialacháin faoin alt seo foráil a dhéanamh—

- (a) chun ceadú daoine agus áitreabh faoi *alt 95* a rialáil;
- (b) chun grúdú, sealbhú nó pacáistiú aon bheorach den sórt sin, nó déanamh aon oibríochtaí eile ar bheoir den sórt sin nó i ndáil léi i stóras ceadaithe gan an dleacht a íoc, a rialáil;
- (c) chun an dleacht ar aon bheoir den sórt sin a shealbhaítear i stóras ceadaithe a áirithiú agus a bhailiú;
- (d) chun a cheadú aon bheoir den sórt sin a thabhairt chun siúil ó stóras ceadaithe gan an dleacht a íoc, i cibé imthosca agus faoi réir cibé coinníollacha a fhorordófar;
- (e) chun go ndlífear de cibé daoine a fhorordófar an dleacht a íoc ar aon bheoir den sórt sin a shealbhófar i stóras ceadaithe, nó a aistrítear ó stóras ceadaithe gan an dleacht a íoc, agus maidir leis na himthosca agus an tráth a ndlífear díobh déanamh amhlaidh.

(4) Féadfar foráil éagsúil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le daoine, áitribh nó beoir d’aicmí nó de thuairiscí éagsúla, maidir le himthosca éagsúla agus maidir le cásanna éagsúla.

(5) Déanfar rialacháin faoin alt seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithis is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis na rialacháin a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

99.—(1) Aon duine a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh aon cheann d’fhorálacha na Caibidle seo (seachas *fo-alt (2) (b) d’alt 91, alt 93 (5), alt 94 (2), alt 96 (4)* agus *fo-alt (1)* agus (3) *d’alt 97*) nó d’fhorálacha rialacháin faoi *alt 98*, beidh sé, gan dochar d’aon phionós eile a dhlífear a chur air, ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh). Cionta (*Caibidil I*).

(2) Dlífear aon bheoir a ndearnadh cion faoi *fho-alt (1)* ina leith, agus aon ábhair nó airceadail ndearnadh an cion ina leith, a fhorghéilleadh.

100.—(1) (a) Faoi réir *mhír (b)* den *fho-alt* seo, beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag na forálacha de na hAchtanna Custam agus d’aon ionstraim a bhaineann le dleachtanna custam arna déanamh faoi reacht, agus nach gcuirtear i bhfeidhm thairis sin leis an gCaibidil seo, maidir leis an dleacht máil a fhorchuirtear le *halt 90* ar bheoir a allmhairítear isteach sa Stát mar atá feidhm acu maidir le dleachtanna custam. Feidhm achtachán (*Caibidil I*).

(b) Más rud é, maidir leis an dleacht máil a fhorchuirtear le *halt 90*, go bhfuil foráil sa Chaibidil seo ar comhréir le foráil de chuid na nAchtanna Custam nó de chuid aon ionstraime a bhaineann le dleachtanna custam agus a rinneadh faoi reacht, ní bheidh feidhm ag an bhforáil deiridh sin maidir leis an dleacht máil sin.

- (2) (a) Faoi réir *mhír* (b), beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag na forálacha de na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin agus d'aon ionstraim a bhaineann le dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht, agus nach gcuirtear i bhfeidhm thairis sin leis an gCaibidil seo, maidir leis an dleacht mháil a fhorchuirtear le *halt 90* ar bheoir a ghrúdaítear sa Stát mar atá feidhm acu maidir le dleachtanna máil.
- (b) Más rud é, maidir leis an dleacht mháil a fhorchuirtear le *halt 90*, go bhfuil foráil sa Chaibidil seo ar comhréir le foráil de chuid na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil nó de chuid aon ionstraime a bhaineann le dleachtanna custam agus a rinneadh faoi reacht, ní bheidh feidhm ag an bhforáil deiridh sin maidir leis an dleacht máil sin.

Aisghairm agus
Cúlghairm (Caibidil
I).

101.—(1) Déantar, leis seo, gach achtachán a shonraítear i *gcolún* (2) de *Chuid I* den *Tríú Sceideal* a aisghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún* (3) den Chuid sin.

(2) Cúlghairtear, leis seo, mír 7 den Ordú d'Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 221) (Dleachtanna Máil), 1975.

Tosach feidhme
(Caibidil I).

102.—Tiocfaidh an Chaibidil seo agus *Cuid I* den *Tríú Sceideal* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla nó chun críoch éagsúil.

CAIBIDIL II

Treoir Uimh. 92/12/CEE ón gComhairle a Chur i bhFeidhm.

Léiriú (Caibidil II).

103.—(1) Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn “coimeádaí údaraithe stórais” duine a bheidh údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun táirgí inmháil arna míniú in *alt 104* a tháirgeadh, a phróiseáil, a shealbhú, a ghlacadh nó a sheoladh i gcúrsa a ghnó faoi shocrú fionraithe dleachta;

ciallaíonn “Coimisinéirí” na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn “Comhphobal” críoch an Chomhphobail arna míniú leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus, go háirithe, le hAirteagal 227 den Chonradh sin ar leith ó na críocha náisiúnta seo a leanas:

- (a) i gcás na Gearmáine, Oileán Heligoland agus críoch Büsingen,
- (b) i gcás na hIodáile, Livigno, Campione d'Italia agus uiscí na hIodáile de Loch Lugano,
- (c) i gcás na Spáinne, na hOileáin Chanáracha, Ceuta agus Melilla, agus
- (d) i gcás na Fraince, Ranna thar lear na Poblachta;

ciallaíonn “an Treoir” Treoir Uimh. 92/12/CEE an 25 Feabhra 1992 ón gComhairle*;

ciallaíonn “socrú fionraithe dleachta” socrú faoina ndéantar táirgí inmháil a tháirgeadh, a phróiseáil, a shealbhú nó a aistriú, agus an dleacht mháil a bheith ar fionraí;

folaíonn “faisnéis” aon léiriú ar fhíoras, cibé acu i bhfocail nó ar shlí eile;

folaíonn “faisnéis i bhfoirm neamh-inléite” faisnéis ar mhicreascannán, ar mhicrifís, ar théip mhaighnéadach nó ar dhiosca;

ciallaíonn “Ballstát” Ballstát den Chomhphobal;

ciallaíonn “trádálaí neamhchláraithe” duine seachas coimeádaí údaraithe stórais nó trádálaí cláraithe a fhaigheann go hócáideach, i gcúrsa a ghnó, táirgí inmháil ó Bhallstát eile faoi shocrú fionraithe dleachta ach sin faoi réir coinníollacha arna bhforchur ag na Coimisinéirí a chomhlíonadh;

ciallaíonn “díoltóir neamh-Stáit” duine a bhfuil a áit ghnó aige i mBallstát eile agus atá údaraithe ag údaráis an Bhallstáit sin chun táirgí inmháil atá scaoilte cheana sa Bhallstát sin lena dtomhailt a dhíol le daoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát, agus a sheolann nó a iompraíonn na táirgí sin go díreach nó go neamhdhíreach chuig na daoine sin a bhfuil cónaí orthu sa Stát;

ciallaíonn “oifigeach” oifigeach do na Coimisinéirí;

ciallaíonn “Ordú 1975” an tOrdú d’Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 221) (Dleachtanna Máil), 1975 (I.R. Uimh. 307 de 1975);

ciallaíonn an briathar “forordú” sonraithe i rialacháin, nó cinnte de réir rialachán, arna ndéanamh ag na Coimisinéirí faoi *alt 117*;

folaíonn “taifid” faisnéis i bhfoirm neamh-inléite;

ciallaíonn “trádálaí cláraithe” duine, seachas coimeádaí údaraithe stórais, atá údaraithe ag na Coimisinéirí chun táirgí inmháil a fháil, i gcúrsa a ghnó, ó Bhallstát eile faoi shocrú fionraithe dleachta;

ciallaíonn “díoltóir Stáit” duine atá bunaithe sa Stát agus atá údaraithe ag na Coimisinéirí chun táirgí inmháil atá scaoilte cheana lena dtomhailt sa Stát a dhíol le daoine a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit eile, agus a sheolann nó a iompraíonn na táirgí sin go díreach nó go neamhdhíreach chuig na daoine sin i mBallstáit eile;

ciallaíonn “ionadaí cánach” duine atá bunaithe sa Stát agus atá údaraithe ag na Coimisinéirí chun gníomhú sa Stát mar ghníomhaire thar ceann daoine a sheachadann táirgí inmháil ó Bhallstát eile;

ciallaíonn “stóras cánach” áitreabh nó áit atá ceadaithe ag na Coimisinéirí agus ina ndéanann coimeádaí údaraithe stórais, i gcúrsa a ghnó, táirgí inmháil a tháirgeadh, a phróiseáil, a shealbhú, a ghlacadh nó a sheoladh faoi shocrú fionraithe dleachta.

(2) Sa Chaibidil seo, déanfar idirbhearta a thionscnaíonn i gceann amháin, nó atá beartaithe do cheann amháin, de na críocha náisiúnta seo a leanas, a mheas mar idirbhearta—

*I.O. Uimh. L76, an 23 Márta 1992, lch. 1.

- (a) a thionscnaíonn sa Fhrainc nó atá beartaithe di, i gcás Phrionsacht Mhonacó;
- (b) a thionscnaíonn sa Ghearmáin nó atá beartaithe di, i gcás Jungholz agus Mittelberg (Kleines Walsertal);
- (c) a thionscnaíonn sa Ríocht Aontaithe nó atá beartaithe di, i gcás Oileán Mhanann;
- (d) a thionscnaíonn san Iodáil nó atá beartaithe di, i gcás San Mairíne.

Táirgí inmháil.

104.—Chun críocha na Caibidle seo is táirgí inmháil na nithe seo a leanas:

- (a) biotáillí ar arb inmhuipearaithe an dleacht máil a fhorchuirtear le mír 4 (2) d’Ordú 1975,
- (b) fíon ar arb inmhuipearaithe an dleacht máil a fhorchuirtear le mír 5 (2) d’Ordú 1975,
- (c) fíon déanta ar arb inmhuipearaithe an dleacht máil a fhorchuirtear le mír 6 (2) d’Ordú 1975,
- (d) beoir ar arb inmhuipearaithe an dleacht máil a fhorchuirtear le *halt 90*,
- (e) leann úll agus leann piorraí ar arb inmhuipearaithe an dleacht máil a fhorchuirtear le mír 8 (2) d’Ordú 1975,
- (f) ola éadrom hidreacarbóin mhianra ar arb inmhuipearaithe an dleacht máil a fhorchuirtear le mír 11 (1) d’Ordú 1975,
- (g) ola hidreacarbóin, nach ndlitear dleacht máil a chur orthu ar shlí eile, ar arb inmhuipearaithe an dleacht máil a fhorchuirtear le mír 12 (1) d’Ordú 1975,
- (h) hidreacarbóin ghásacha i bhfoirm leachtach ar arb inmhuipearaithe an dleacht máil a fhorchuirtear le *halt 41* (1) den Acht Airgeadais, 1976, agus
- (i) táirgí tobac ar arb inmhuipearaithe an dleacht mháil a fhorchuirtear le *halt 2* den Acht Airgeadais (Dleacht Máil ar Tháirgí Tobac), 1977.

Stórasú.

105.—(1) I gcás nach mbeidh an dleacht mháil íoctha, ní dhéanfar táirgí inmháil a tháirgeadh, a phróiseáil agus a shealbhú ach amháin i stóras cánach.

(2) Féadfaidh duine a bheidh ceadaithe ag na Coimisinéirí faoin alt seo táirgí inmháil a tháirgeadh, a phróiseáil, a shealbhú, a ghlacadh nó a sheoladh, gan dleacht a íoc, ar áitreabh a bheidh ceadaithe acu faoin alt seo (agus gairtear “coimeádaí údaraithe stórais” agus “stóras cánach”, faoi seach, den duine sin agus den áitreabh sin ina dhiaidh seo san alt seo).

(3) Ní dhéanfar duine a cheadú mar choimeádaí údaraithe stórais faoin alt seo mura dealraitheach do na Coimisinéirí go gcomhlíonann sé cibé coinníollacha maidir le ceadú is cuí leo a fhorchur.

(4) Ní dhéanfar áitreabh a cheadú mar stóras cánach faoin alt seo mura rud é—

- (a) go n-úsáidtear é, nó go bhfuil sé beartaithe lena úsáid, chun táirgí inmháil a tháirgeadh, a phróiseáil, a shealbhú, a ghlacadh nó a sheoladh, agus
- (b) i gcás go n-úsáidtear é chun táirgí inmháil a tháirgeadh nó a phróiseáil, go bhfuil sé ar úinéireacht nó ar áitiú ag duine atá ceadúnaithe i gcomhair an táirgthe nó na próiseála sin faoi aon fhoráil de na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus lena mbainistiú agus d'aon ionstraim a bhaineann leis na dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht, agus a dhéanfaidh cibé faisnéis a éileofar air i ndáil leis an áitreabh sin agus i ndáil le gach seomra, áit agus soitheach ann a sheachadadh ar oifigeach,

agus gur dealraitheach do na Coimisinéirí go gcomhlíonann an t-áitreabh cibé ceanglais maidir le ceadú is cuí leo a fhorchur.

(5) D'ainneoin fhorálacha *fho-alt (4)* lena gceanglaítear go mbeidh áitreabh a úsáidtear, nó atá beartaithe lena úsáid, chun táirgí inmháil a tháirgeadh nó a phróiseáil, ar úinéireacht nó ar áitiú ag duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (4) (b)*, agus lena bhforchuirtear oibleagáid ar an duine sin cibé faisnéis a sheachadadh ar oifigeach a éileofar air i ndáil leis an áitreabh sin agus i ndáil le gach seomra, áit agus soitheach ann, féadfaidh na Coimisinéirí a mheas go bhfuil na coinníollacha sin comhlíonta ag an duine sin más rud é, ag meán oíche ar an lá roimh an lá a thiocfaidh an fhoráil seo i ngníomh, go mbeidh taifead maidir leis an áitreabh sin agus maidir le gach seomra, áit agus soitheach ann déanta aige de réir aon fhorála de na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus lena mbainistiú agus d'aon ionstraim a bhaineann leis na dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht.

(6) Féadfaidh na Coimisinéirí duine nó áitreabh a cheadú faoin alt seo ar feadh cibé tréimhsí agus faoi réir cibé coinníollacha (lena n-áirítear urrús a thabhairt) is cuí leo a fhorchur agus comhlíonfaidh an duine ceadaithe nó an t-áitreabh ceadaithe aon choinníollacha den sórt sin.

(7) Féadfaidh na Coimisinéirí, mar choinníoll a ghabhfaidh le ceadú áitribh faoin alt seo, déanamh gníomhaíochtaí sonraithe i ndáil le táirgí inmháil sonraithe san áitreabh sin nó in aon chuid nó aon chodanna de a cheadú nó a thoirmeasc.

(8) Féadfaidh na Coimisinéirí, aon tráth ar chúis réasúnach agus tar éis cibé fógra a thabhairt is réasúnach sna himthosca—

- (a) na téarmaí faoina gceadaíonn siad aon duine nó áitreabh faoin alt seo a athrú, nó
- (b) méid an áitribh a cheadaítear amhlaidh a shrianadh, nó
- (c) ceadú a bheidh deonaithe a chúlghairm.

(9) Féadfaidh na Coimisinéirí, faoi réir cibé coinníollacha breise is cuí leo a fhorchur (lena n-áirítear aon urrús breise a thabhairt), a mheas gur stórais chánach agus coimeádaithe údaraithe stórais, faoi seach, áitribh arna gceadú acu mar stórais ceadaithe agus dílseánaigh agus áititheoirí stóras ceadaithe agus coimeádaithe ceadaithe stórais, faoi aon fhoráil de na reachtanna a bhaineann leis

na dleachtanna máil agus lena mbainistiú agus d'aon ionstraim a bhaineann leis na dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht, roimh an Acht seo a rith nó dá éis sin.

(10) Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Chaibidil seo nó i rialacháin arna ndéanamh fúithi, beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag na forálacha de na hAchtanna Custam, agus de na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus lena mbainistiú agus d'aon ionstraim a bhaineann leis na dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht, a bhaineann le stórais agus le hearraí stórasaithe agus lena dtaisceadh agus lena stóráil iontu agus lena n-aistriú chucu agus astu, maidir le háitreabh arna cheadú faoin alt seo agus maidir le táirgí inmháil a cheadaítear a shealbhú in áitreabh den sórt sin amhail is dá mba stórais agus earraí stórasaithe, de réir bhrí na bhforálacha sin, an t-áitreabh sin agus na táirgí inmháil sin.

(11) Aon duine a dhéanfaidh táirgí inmháil nach mbeidh dleacht mháil íoctha ina leith a tháirgeadh, a phróiseáil nó a shealbhú, seachas i stóras cánach, nó nach gcomhlíonfaidh aon cheann de na coinníollacha a fhorchuirtear leis an alt seo, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur sháraigh sé forálacha an ailt seo nó gur mhainnigh sé iad a chomhlíonadh (de réir mar a bheidh).

(12) Aon duine a sháráidh nó nach gcomhlíonfaidh aon fhoráil den alt seo, beidh sé, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, ciontach i gcion agus dlífear ar é a chiontú go hachomair pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh).

(13) Dlífear aon táirgí inmháil a mbeidh cion déanta ina leith faoin alt seo a fhorghéilleadh.

Déileáil le táirgí inmháil arna scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile.

106.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh feidhm ag na dleachtanna máil a fhorchuirtear ar tháirgí inmháil leis na forálacha dá dtagraítear in *alt 104* agus beidh éifeacht leo maidir le táirgí inmháil arna scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile agus arna n-allmhairiú isteach sa Stát.

(2) Ar leith ó na táirgí inmháil a shonraítear i *míreanna (f)*, *(g)* agus *(h) d'alt 104* agus a bheidh allmhairithe isteach sa Stát (seachas in umar breosla mótarfheithicle nó in umar breosla iniompair nach mó ná 10 lítear a thoilleadh) ní bheidh dleacht mháil inmhuirearaithe sa Stát ar tháirgí inmháil a scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile agus a bheidh faighte ag pearsa aonair phríobháideach i mBallstát eile lena úsáid féin agus ní chun críoch tráchtála, agus, ar táirgí iad a bheidh iompartha ag an bpearsa aonair phríobháideach sin ón mBallstát eile ina bhfuarthas iad.

(3) Chun críche *fho-alt (2)*, déanfar an cheist i dtaobh cibé acu is chun úsáide pearsan aonair príobháidí féin nó chun críoch tráchtála táirgí inmháil dá dtagraítear san *fho-alt* sin a chinneadh de réir rialachán faoi *alt 117*.

(4) Gan dochar d'fhorálacha *fho-alt (2)*, beidh sé neamhdhleathach d'aon duine táirgí inmháil arna scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile a fháil chun iad a allmhairiú isteach sa Stát nó na táirgí a allmhairiú isteach sa Stát mura gcomhlíonfaidh sé an méid seo a leanas, is é sin le rá:

(a) go ndearbhóidh sé d'oifigeach go bhfuil ar intinn aige na táirgí inmháil sin a fháil, agus go n-urróidh sé an dleacht

mháil ina leith, roimh sheoladh nó bailiú na dtáirgí inmháil sin ón mBallstát eile,

(b) go n-íocfaidh sé an dleacht mháil ar na táirgí inmháil sin ar an modh a bheidh forordaithe, agus

(c) go gcomhlíonfaidh sé cibé coinníollacha a bheidh forordaithe i rialacháin faoi *alt 117*.

(5) Gan dochar *d'fho-alt (2)*, i gcás go bhfaighfear sa Stát táirgí inmháil a scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile agus nár comhlíonadh ceanglas a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c) d'fho-alt (4)* i leith na dtáirgí inmháil sin, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur sháraigh aon duine a bhfaighfear na táirgí inmháil sin ina sheilbh nó faoina chúram *fo-alt (4)* nó nár chomhlíon sé é (de réir mar a bheidh).

(6) Aon duine a sháráidh nó nach gcomhlíonfaidh aon fhoráil den alt seo nó d'aon rialacháin arna ndéanamh faoi nó aon duine a ghlacfaidh táirgí inmháil lena mbaineann an t-alt seo ina sheilbh nó faoina chúram agus é ar a eolas aige nach ndearnadh ceanglas a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c) d'fho-alt (4)* a chomhlíonadh i leith na dtáirgí sin, beidh sé, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, ciontach i gcion faoi na hAchtanna Custam agus forghéillfidh sé, in aghaidh gach ciona den sórt sin, trí oiread luach na dtáirgí inmháil lena mbaineann lena n-áirítear aon dleacht nó cáin is inmhuirearaithe orthu, nó £1,000, cibé acu is mó.

(7) Aon táirgí inmháil a mbeidh cion déanta ina leith faoin alt seo, nó aon earraí a bheidh pacáilte in éineacht le táirgí den sórt sin nó a úsáidfear chun iad a cheilt, dlífear iad a fhorghéilleadh agus, i gcás go bhfaighfear aon táirgí den sórt sin in aon fheithicil nó i gcóir iompair eile, nó uirthi, nó i gceangal léi ar aon slí, measfar gur úsáideadh an fheithicil nó an chóir iompair eile sin chun na táirgí sin a iompar agus dlífear í a fhorghéilleadh freisin.

107.—(1) Ní dhéanfaidh aon duine a bhfuil cónaí air sa Stát nó atá bunaithe ann táirgí inmháil arna scaoileadh lena dtomhailt sa Stát a sheoladh nó a iompar go Ballstát eile mura mbeidh sé ceadaithe ag na Coimisinéirí mar dhíoltóir Stáit.

Forálacha a bhaineann le díoltóirí.

(2) (a) Féadfaidh na Coimisinéirí duine a cheadú mar dhíoltóir Stáit.

(b) Déanfar ceadú mar atá réamhráite a dheonú ar feadh cibé tréimhsí agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis na Coimisinéirí a fhorchur agus, go háirithe, ní cheadófar díoltóir Stáit mura rud é—

(i) go ndéanfaidh sé, roimh sheoladh táirgí inmháil, an dleacht a urrú is iníoctha i leith na dtáirgí sin sa Bhallstát cinn scríbe, agus

(ii) go gcomhaontóidh sé cibé cuntais, taifid agus sonraí nó faisnéis eile a choimeád a shonróidh na Coimisinéirí faoi théarmaí a cheadaithe.

(c) Féadfaidh na Coimisinéirí aon tráth ar chúis réasúnach agus tar éis cibé fógra a thabhairt is réasúnach sna himthosca ceadú a chúlghairm nó a théarmaí a athrú.

(3) Ní dhéanfaidh díoltóir neamh-Stáit, nó ní chuirfidh sé faoi deara go ndéanfar, táirgí inmháil arna scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile a sheoladh nó a iompar chuig daoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát nó atá bunaithe ann mura rud é—

- (a) go ndéanfaidh sé ionadaí cánach, dá bhforáiltear in *alt 108*, a cheapadh sa Stát,
- (b) go ndearbhóidh sé d'oifigeach, go díreach nó trí ionadaí cánach arna cheapadh aige, roimh sheoladh na dtáirgí inmháil, go bhfuil ar intinn aige na táirgí sin a sheoladh nó a iompar, nó a chur faoi deara iad a sheoladh nó a iompar, chuig daoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát nó atá bunaithe ann,
- (c) go dtabharfaidh sé fianaise d'oifigeach gur chomhlíon sé ceanglais Airteagal 10.3 den Treoir, agus
- (d) go gcomhlíonfaidh sé cibé coinníollacha eile a fhorordóidh na Coimisinéirí i rialacháin faoi *alt 117*.

(4) I gcás go bhfaighfear sa Stát táirgí inmháil lena mbaineann *fo-alt (3)* agus nár comhlíonadh ceanglas a shonraítear i *mír (a), (b), (c)* nó *(d)* den fho-alt sin i leith na dtáirgí inmháil sin, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur sháraigh aon duine a bhfaighfear na táirgí inmháil sin ina sheilbh nó faoina chúram an fo-alt sin nó nár chomhlíon sé é (de réir mar a bheidh).

(5) Aon duine a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh aon fhoráil den alt seo nó aon duine a ghlacfaidh táirgí inmháil lena mbaineann *fo-alt (3)* ina sheilbh nó faoina chúram agus é ar a eolas aige nach ndearnadh ceanglas a shonraítear i *mír (a), (b), (c)* nó *(d)* den fho-alt sin a chomhlíonadh i leith na dtáirgí sin, beidh sé, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, ciontach i gcion agus dlífear ar é a chiontú go hachomair pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh).

(6) Aon táirgí inmháil a mbeidh cion déanta ina leith faoin alt seo, nó aon earraí a bheidh pacáilte in éineacht le táirgí den sórt sin nó a úsáidfear chun iad a cheilt, dlífear iad a fhorghéilleadh agus, i gcás go bhfaighfear aon táirgí den sórt sin in aon fheithicil nó i gcóir iompair eile, nó uirthi, nó i gceangal léi ar aon slí, measfar gur úsáideadh an fheithicil nó an chóir iompair eile sin chun na táirgí sin a iompar agus dlífear í a fhorghéilleadh freisin.

Ionadaithe cánach.

108.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí duine a cheadú chun gníomhú mar ionadaí cánach thar ceann na ndaoine seo a leanas—

- (a) díoltóir neamh-Stáit dá dtagraítear i *bhfo-alt (3) d'alt 107*, agus
- (b) duine a bheidh údaraithe ag údaráis Ballstáit eile chun stóras cánach a oibriú faoi fhorálacha Airteagal 12 den Treoir.

(2) Déanfar ceadú ionadaí cánach a dheonú ar feadh cibé tréimhsí agus beidh sé faoi réir cibé coinníollacha, lena n-áirítear urrús a thabhairt, a fhorordóidh na Coimisinéirí i rialacháin faoi *alt 117*, agus féadfaidh na Coimisinéirí aon tráth ar chúis réasúnach agus tar éis cibé fógra a thabhairt is réasúnach sna himthosca ceadú a chúlghairm nó a théarmaí a athrú.

(3) Dlífidh ionadaí cánach dleacht mháil a íoc ar tháirgí inmháil arna seachadadh ar an Stát ag na daoine, nó thar ceann na ndaoine, a shonraítear i *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (1)* agus a mbeidh an t-ionadaí cánach sin ag gníomhú thar a gceann, agus déanfar an dleacht mháil sin a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar an modh forordaithe.

(4) Aon ionadaí cánach a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh aon fhoráil den alt seo nó d'aon rialacháin arna ndéanamh faoi, beidh sé, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, ciontach i gcion agus dlífear ar é a chiontú go hachomair pionós custam £1,000 a chur air.

(5) Aon táirgí inmháil a mbeidh cion déanta ina leith faoin alt seo, nó aon earraí a bheidh pacáilte in éineacht le táirgí den sórt sin nó a úsáidfear chun iad a cheilt, dlífear iad a fhorghéilleadh agus, i gcás go bhfaighfear aon táirgí den sórt sin in aon fheithicil nó i gcóir iompair eile, nó uirthi, nó i gceangal léi ar aon slí, measfar gur úsáideadh an fheithicil nó an chóir iompair eile sin chun na táirgí sin a iompar agus dlífear í a fhorghéilleadh freisin.

109.—(1) Baineann an t-alt seo le scaoileadh táirgí inmháil ag coimeádaí údaraithe stórais ó stóras cánach sa Stát lena seachadadh ar Bhallstát eile, lena n-áirítear seachadadh ar Bhallstát eile le haghaidh onnmhairiú chuig áit lasmuigh den Chomhphobal.

Táirgí inmháil a aistriú ón Stát chuig Ballstáit eile faoi shocrú fionraithe dleachta.

(2) Faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis na Coimisinéirí a fhorchur, ní ceadmhach do choimeádaí údaraithe stórais táirgí inmháil lena mbaineann an t-alt seo a scaoileadh ach amháin i gcás go mbeartaítear iad a sheachadadh—

- (a) ar dhuine atá údaraithe ag údaráis Ballstáit eile chun stóras cánach a oibriú faoi fhorálacha Airteagal 12 den Treoir, nó
- (b) ar thrádálaí atá cláraithe le húdaráis Ballstáit eile faoi fhorálacha Airteagal 16.2 den Treoir, nó
- (c) ar thrádálaí dá dtagraítear in Airteagal 16.3 den Treoir a bhfuil a áit ghnó aige i mBallstát eile agus a sholáthraíonn fianaise roimh sheoladh na dtáirgí inmháil sin don choimeádaí stórais údaraithe sin trí bhíthin doiciméid (dá ngairtear “doiciméad dleachta” ina dhiaidh seo sa Chaibidil seo) á dheimhniú—
 - (i) gur dhearbhaigh sé d'údaráis an Bhallstáit ina bhfuil a áit ghnó aige go bhfuil ar intinn aige na táirgí inmháil sin a fháil ón gcoimeádaí údaraithe stórais sin, agus
 - (ii) go ndearna sé an dleacht mháil ar na táirgí inmháil sin a íoc, nó a urrú, lena údaráis de réir nósanna imeachta arna leagan síos ag na húdaráis sin,
 nó
- (d) ar chríoch lasmuigh den Chomhphobal agus go bhfuil siad á n-iompar chuig a gceann scríbe trí Bhallstát eile nó trí Bhallstáit eile.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, i gcás go ndéanfar táirgí inmháil lena mbaineann an t-alt seo a scaoileadh lena seachadadh, dlífidh an

coimeádaí údaraithe stórais an dleacht mháil ar na táirgí inmháil sin a íoc, agus déanfar dleacht a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar an modh forordaithe.

(4) Déanfar an dliteanas i leith dleachta máil faoi *fho-alt (3)* a urscaoileadh agus a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach agus ní bheidh dleacht mháil iníoctha i gcás go mbeidh, agus a mhéid a bheidh, na táirgí inmháil sin faighte go hiomlán nó go páirteach ag an duine nó ag na trádálaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó onnmhairithe ón gComhphobal agus go mbeidh fianaise sa chéill sin faighte laistigh den tréimhse ama forordaithe agus san fhoirm fhorordaithe.

(5) Chun críche *fho-alt (4)*, déanfar fianaise ar fháil a thabhairt trí bhíthin cóip den doiciméad a bheidh i dteannta na dtáirgí inmháil, agus dá dtagraítear in *alt 111*, ar doiciméad é a bheidh curtha ar ais arna fhorhuiniú go cuí—

(a) ag an duine nó ag na trádálaithe sin, agus

(b) i gcás cibé Ballstáit a bheidh sonraithe ag na Coimisinéirí le rialacháin faoi *alt 117*, ag údaráis na mBallstát sin ina bhfuil a n-áit ghnó ag an duine nó ag na trádálaithe sin, nó

(c) i gcás onnmhairí ón gComhphobal, ag údaráis an Bhallstáit atá bunaithe san oifig chustam ag an bpointe imeachta ón gComhphobal,

(de réir mar a bheidh), sa chéill go bhfuarthas nó gur onnmhairíodh (de réir mar a bheidh) na táirgí inmháil sin go cuí.

(6) I gcás go suífear chun sástacht na gCoimisinéirí gur íocadh dleacht mháil i leith táirgí inmháil lena mbaineann an t-alt seo, féadfaidh siad, faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh siad faoi *alt 117* a chomhlíonadh, an dleacht sin a loghadh nó a aisíoc.

(7) Aon choimeádaí údaraithe stórais a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh aon fhoráil den alt seo nó rialacháin arna ndéanamh faoi, beidh sé ciontach i gcion agus, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós máil £1,000 a chur air agus féadfaidh na Coimisinéirí, ar dhuine a chiontú níos mó ná uair amháin, ceadú coimeádaí údaraithe stórais a chúlghairm.

Táirgí inmháil a aistriú chuig an Stát ó Bhallstáit eile faoi shocrú fionraithe dleachta.

110.—(1) Baineann an t-alt seo le fáil táirgí inmháil ag daoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát nó atá bunaithe ann faoi shocrú fionraithe dleachta ó dhuine atá údaraithe ag údaráis Ballstáit eile chun stóras cánach a oibriú faoi fhorálacha Airteagal 12 den Treoir.

(2) Féadfaidh coimeádaí údaraithe stórais táirgí inmháil a fháil ó dhuine atá údaraithe ag údaráis Ballstáit eile chun stóras cánach a oibriú faoi fhorálacha Airteagal 12 den Treoir.

(3) Beidh sé neamhdhleathach d'aon duine, seachas coimeádaí údaraithe stórais, táirgí inmháil a fháil faoi shocrú fionraithe dleachta ó dhuine atá údaraithe ag údaráis Ballstáit eile chun stóras cánach a oibriú faoi fhorálacha Airteagal 12 den Treoir mura rud é—

(a) gur trádálaí cláraithe é, nó

- (b) gur trádálaí neamhchláraithe é agus go gcomhlíonann sé forálacha *fho-alt* (5).
- (4) (a) Baineann an fo-alt seo leis an trádálaí dá dtagraítear i *mír* (a) *d'fho-alt* (3).
- (b) Ní dhéanfaidh trádálaí táirgí inmháil a shealbhú ná a sheoladh faoi shocrú fionraithe dleachta.
- (c) Déanfar clárú trádálaí a dheonú ar feadh cibé tréimhsí agus beidh sé faoi réir cibé coinníollacha (lena n-áirítear urrús a sholáthar, cuntais agus taifid shonraithe a choimeád agus aon cheanglais rialaithe sonraithe eile a chomhlíonadh) a fhorordóidh na Coimisinéirí i rialacháin faoi *alt* 117.
- (d) Féadfaidh na Coimisinéirí aon tráth ar chúis réasúnach agus tar éis cibé fógra a thabhairt is réasúnach sna himthosca aon chlárú arna dheonú amhlaidh a chúlghairm nó a théarmaí a athrú.
- (e) Beidh dleacht mháil inmhuirearaithe an tráth a gheobhaidh an trádálaí sin táirgí inmháil agus déanfar an dleacht sin a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar an modh a bheidh forordaithe.
- (5) (a) Baineann an fo-alt seo leis an trádálaí dá dtagraítear i *mír* (b) *d'fho-alt* (3).
- (b) Ní dhéanfaidh trádálaí táirgí inmháil a shealbhú ná a sheoladh faoi shocrú fionraithe dleachta agus ceanglófar air, i ndáil le gach uile idirbheart a bhaineann le táirgí inmháil a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leo—
 - (i) dearbhú a thabhairt i scríbhinn d'oifigeach á rá go bhfuil an intinn aige táirgí inmháil a fháil faoi shocrú fionraithe dleachta ó Bhallstát eile, roimh sheoladh na dtáirgí inmháil sin ón mBallstát sin, agus ag tabhairt sonraí faoin idirbheart beartaithe ar an modh forordaithe,
 - (ii) urrús cuí a sholáthar chun a dhliteanas a chlúdach i leith íoc na dleachta máil ar na táirgí inmháil sin sa Stát,
 - (iii) an dleacht mháil a íoc ar na táirgí a fháil ar an modh forordaithe, agus
 - (iv) cibé ceanglais eile a fhorordófar a chomhlíonadh.
- (6) I gcás go bhfaighfear sa Stát táirgí inmháil lena mbaineann an t-alt seo agus nach ndearnadh ceanglas nó coinníoll a shonraítear i *bhfo-alt* (4) agus (5) nó i rialacháin arna ndéanamh faoi cheachtar de na fo-ailt sin a chomhlíonadh i leith na dtáirgí inmháil sin, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur sháraigh aon duine a bhfaighfear na táirgí inmháil sin ina sheilbh nó faoina chúram *fo-alt* (4) nó (5), de réir mar is cuí, nó nár chomhlíon sé é (de réir mar a bheidh).
- (7) Aon duine a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh aon fhoráil den alt seo nó aon rialacháin arna ndéanamh faoi nó aon duine a ghlacfaidh táirgí inmháil lena mbaineann an t-alt seo ina sheilbh nó faoina chúram agus é ar a eolas aige nach ndearnadh ceanglas nó

coinníoll a shonraítear i *bhfo-alt* (4) nó (5) nó i rialacháin arna ndéanamh faoi cheachtar de na fo-ailt sin a chomhlíonadh i leith na dtáirgí sin, beidh sé ciontach i gcion agus, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífeair a chur air, dlífeair, ar é a chiontú go hachomair, pionós custam £1,000 a chur air.

(8) Aon táirgí inmháil a mbeidh cion déanta ina leith faoin alt seo, nó aon earraí a bheidh pacáilte in éineacht le táirgí den sórt sin nó a úsáidfear chun iad a cheilt, dlífeair iad a fhorghéilleadh agus, i gcás go bhfaighfear aon táirgí den sórt sin in aon fheithicil nó i gcóir iompair eile, nó uirthi, nó i gceangal léi ar aon slí, measfar gur úsáideadh an fheithicil nó an chóir iompair eile sin chun na táirgí sin a iompar agus dlífeair í a fhorghéilleadh freisin.

Doiciméid a bheidh i dteannta táirgí inmháil.

111.—(1) Ar leith ó tháirgí inmháil dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2) *d'alt 106*, beidh i dteannta táirgí inmháil, i gcúrsa seachadadh—

- (a) ó Bhallstát eile ar aon duine sa Stát,
- (b) ó aon duine sa Stát ar aon duine i mBallstát eile, agus
- (c) tríd an Stát ar Bhallstát nó uaidh ó Bhallstát eile nó air,

gach tráth le linn dóibh a bheith sa Stát i gcúrsa an tseachadta sin doiciméad (dá ngairtear “doiciméad a bheidh i dteannta táirgí inmháil” ina dhiaidh seo sa Chaibidil seo).

(2) I gcás go seolfaidh coimeádaí údaraithe stórais táirgí inmháil faoi shocrú fionraí dleachta lena seachadadh ar dhuine i mBallstát eile—

- (a) nach duine é atá údaraithe ag údaráis Ballstáit eile chun stóras cánach a oibriú faoi fhorálacha Airteagal 12 den Treoir, nó
- (b) nach trádálaí é atá cláraithe le húdaráis Ballstáit eile faoi fhorálacha Airteagal 16.2 den Treoir,

cinnteoidh sé go ndéanfar, de bhreis ar an doiciméad a bheidh i dteannta táirgí inmháil, cóip den doiciméad dleachta dá dtagraítear i *mír* (c) *d'fho-alt* (2) *d'alt 109* a sheoladh in éineacht leis na táirgí inmháil sin, agus go mbeidh sí ina dteannta, i gcúrsa a seachadta.

(3) I gcás go ndéanfaidh duine atá údaraithe ag údaráis Ballstáit eile chun stóras cánach a oibriú faoi fhorálacha Airteagal 12 den Treoir táirgí inmháil a sheoladh faoi shocrú fionraithe dleachta chuig trádálaí dá dtagraítear i *mír* (b) *d'fho-alt* (3) *d'alt 110*, glacfaidh an trádálaí sin gach beart réasúnach chun a chinntiú go mbeidh i dteannta na dtáirgí inmháil sin, de bhreis ar an doiciméad a bheidh i dteannta táirgí inmháil, gach tráth le linn dóibh a bheith laistigh den Stát doiciméad eile á dheimhniú ar an modh forordaithe—

- (a) go ndearnadh an t-idirbheart a bhaineann leis na táirgí inmháil sin a dhearbhu d'oifigeach roimh sheoladh na dtáirgí sin ón mBallstát eile, agus
- (b) go ndearnadh an dleacht ar na táirgí inmháil sin a íoc nó a urrú sa Stát,

agus, i gcás nach mbeidh, ar aon chúis, an doiciméad dá dtagraítear san *fho-alt* seo i dteannta na dtáirgí inmháil sin, is leithscéal leordhóthanach dleathach é don trádálaí sin a shuíomh gur chuir sé

an ceanglas dlíthiúil maidir le doiciméad den sórt sin in iúl don duine a chuir nó a sheol na táirgí inmháil sin.

(4) Chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha an ailt seo, féadfar, gan dochar do ghinearáltacht an ailt sin, foráil a dhéanamh le rialacháin faoi *alt 117*—

- (a) i ndáil leis an doiciméad a bheidh i dteannta táirgí inmháil, ag sonrú an duine a bheidh freagrach as an doiciméad a tharraingt suas agus ag sonrú a fhoirme agus na nithe a bheidh ar áireamh ann agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil lena chomhlánú, lena eisiúint (lena n-airítear an líon cóipeanna a bheidh le heisiúint agus na daoine a n-eiseofar chucu é), lena fháil, lena dheimhniú agus i ndáil le coinníollacha agus ceanglais eile a shonrú is dealraitheach do na Coimisinéirí is gá chun forálacha na Treorach a oibriú go cuí, agus
- (b) i ndáil leis an doiciméad dleachta, ag sonrú aon ghnéithe riachtanacha den doiciméad sin agus ag déanamh socrú maidir le haon cheanglais riachtanacha rialaithe a bhaineann le fíordheimhniú an doiciméid sin.

(5) Aon duine a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh aon fhoráil den alt seo nó aon rialacháin arna ndéanamh faoi, beidh sé ciontach i gcion agus, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh).

(6) Aon táirgí inmháil a mbeidh cion déanta ina leith faoin alt seo, nó aon earraí a bheidh pacáilte in éineacht le táirgí den sórt sin nó a úsáidfear chun iad a cheilt, dlífear iad a fhorghéilleadh agus, i gcás go bhfaighfear aon táirgí den sórt sin in aon fheithicil nó i gcóir iompair eile, nó uirthi, nó i gceangal léi ar aon slí, measfar gur úsáideadh an fheithicil nó an chóir iompair eile sin chun na táirgí sin a iompar agus dlífear í a fhorghéilleadh freisin.

112.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí, i leith na ndleachtanna máil a fhorchuirtear leis na forálacha dá dtagraítear in *alt 104* agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leo a fhorchur agus faoi réir fhorálacha *fho-alt (2)*, aon dleachtanna den sórt sin a bheidh íoctha ar tháirgí inmháil arna scaoileadh lena dtomhailt sa Stát a aisíoc más rud é, maidir leis na táirgí inmháil sin—

Aisíocaíochtaí dleachta máil.

- (a) go bhfuil siad beartaithe lena seachadadh ar Bhallstát eile le haghaidh críoch tráchtála, nó
- (b) gur cheannaigh duine iad i mBallstát eile ó dhíoltóir Stáit.

(2) Déanfaidh na Coimisinéirí, i rialacháin faoi *alt 117*, na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag aon duine a éileoidh aisíocaíocht dleachta máil faoi *fho-alt (1)*, a fhorordú agus, go háirithe—

- (a) déanfaidh siad foirm, modh agus tráth déanta iarratais ar aisíoc na dleachta a fhorordú,
- (b) cinnfidh siad cineál na fianaise ar íoc na dleachta sa Stát a bheidh le tabhairt in éineacht leis an iarratas sin,

- (c) ceanglóidh siad fianaise a thabhairt ar íoc nó ar urrú na dleachta máil sa Bhallstát a bhfuil na táirgí inmháil le seachadadh air,
- (d) ceanglóidh siad go n-úsáidfear doiciméad a bheidh i dteannta táirgí inmháil dá bhforáiltear in *alt 111*,
- (e) cinntfidh siad cineál na fianaise ar sheachadadh na dtáirgí inmháil ón Stát a bheidh le tabhairt in éineacht leis an iarratas sin, agus
- (f) sonróidh siad aon choinníollacha agus ceanglais eile den sórt sin is dealraitheach do na Coimisinéirí is gá.

(3) Aon duine a dhéanfaidh, i dtaca le héileamh ar aisíoc dleachta máil faoin alt seo, aon tuairisceán, ráiteas nó cuntais atá míchruinn a sheachadadh nó aon fhaisnéis mhíchruinn a thabhairt nó a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh aon rialacháin faoi alt seo, beidh sé, gach dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh) agus beidh aon dleacht mháil a aisíocadh iníoctha láithreach ag an duine sin.

Díolúintí.

113.—(1) Faoi réir aon choinníollacha nó teorainneacha a chomhlíonadh is cuí leis na Coimisinéirí a fhorchur, ní dhéanfar na dleachtanna máil a fhorchuirtear leis na forálacha dá dtagraítear in *alt 104* a mhuirearú ná a thobhach ar tháirgí inmháil arna seachadadh—

- (a) faoi shocruithe taidhleoireachta sa Stát,
- (b) ar eagraíochtaí idirnáisiúnta atá aitheanta ag an Stát mar eagraíochtaí den sórt sin, agus ar chomhaltaí eagraíochtaí den sórt sin atá bunaithe sa Stát, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos le coinbhinsiúin idirnáisiúnta ag bunú eagraíochtaí den sórt sin nó le comhaontuithe eile, agus
- (c) lena dtomhailt faoi aon chomhaontú arna dhéanamh idir an Stát agus tír seachas Ballstát i gcás go ndéantar foráil freisin leis an gcomhaontú sin maidir le díolúine ó cháin bhreisluacha.

(2) In aon chás ina gcinntfidh na Coimisinéirí amhlaidh agus faoi réir aon choinníollacha is cuí leo a fhorchur, féadfar éifeacht a thabhairt d'fhorálacha an ailt seo trí bhíthin aisíocaíochta dleachta máil.

(3) Aon duine a dhéanfaidh, i dtaca le héileamh ar dhíolúine ó dhliteanas i leith dleachta máil faoin alt seo, aon tuairisceán, ráiteas nó cuntais atá míchruinn a sheachadadh nó aon fhaisnéis mhíchruinn a thabhairt nó a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh aon fhoráil den alt seo, beidh sé, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh) agus beidh aon dleacht mháil ar éilíodh díolúine ina leith iníoctha láithreach ag an duine sin.

Déileáil le
caillteanais.

114.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí, i leith na ndleachtanna máil a fhorchuirtear leis na forálacha dá dtagraítear in *alt 104* agus, faoi

réir cibé coinníollacha a fhorordófar a chomhlíonadh, loghadh a dhéanamh ar an modh forordaithe ar na dleachtanna den sórt sin ar tháirgí inmháil faoi shocrú fionraithe dleachta a suífear chun a sástachta ina leith gur cailleadh iad—

- (a) le linn iad a tháirgeadh, a phróiseáil nó a shealbhú sa Stát nó le linn iad a iompar chuig ceann scríbe sa Stát, nó
- (b) i gcúrsa iad a iompar chuig an Stát,

agus maidir leis an gcaillteanas sin—

- (i) gur tharla sé de dheasca imeachtaí teagmhasacha nó *force majeure*, nó
- (ii) gur chaillteanas é is gné dhílis de chineál na dtáirgí inmháil i gcúrsa a dtáirgthe, a bpróiseála, a sealbhaithe nó a n-iompair.

(2) Maidir le caillteanais, seachas na caillteanais sin dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, agus le haon ghanntanais táirgí inmháil faoi shocrú fionraí dleachta, dlífear, mura suífear chun sástacht na gCoimisinéirí gur tharla na caillteanais nó na ganntanais lasmuigh den Stát, dleacht máil a chur orthu de réir an ráta a bheidh i bhfeidhm an tráth a tharla na caillteanais nó na ganntanais sin, arna shuíomh chun sástachta oifigigh, nó an tráth a tháinig na caillteanais nó na ganntanais sin ar iúl oifigigh, agus beidh dleacht iníoctha láithreach agus déanfaidh an duine a bheidh údaraithe chun an táirgí inmháil sin a tháirgeadh, a phróiseáil, a shealbhú, a iompar, a sheachadadh nó a ghlacadh (de réir mar a bheidh) í a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar an modh forordaithe.

(3) Aon duine a dhéanfaidh, i dtaca le héileamh ar loghadh dleachta máil faoin alt seo, aon tuairisceán, ráiteas nó cuntais atá míchruinn a sheachadadh nó aon fhaisnéis mhíchruinn a thabhairt nó a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh aon rialacháin faoin alt seo, beidh sé, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh) agus beidh aon dleacht mháil a loghadh iníoctha láithreach ag an duine sin.

115.—(1) Aon duine a bheidh i bhfeighil aon fheithicle nó córa iompair eile a bhfuil táirgí inmháil á n-iompar inti nó uirthi nó a greideann oifigeach ina leith le réasún go bhfuil táirgí inmháil á n-iompar inti nó uirthi, déanfaidh sé an fheithicil nó an chóir iompair eile sin a stopadh ar iarratas ón oifigeach sin agus tabharfaidh sé ar aird don oifigeach sin aon doiciméad a bheidh i dteannta táirgí inmháil, aon doiciméad dleachta nó aon doiciméad eile dá dtagraíonn *alt 111*.

Cumhacht chun feithicilí a stopadh agus táirgí inmháil a choinneáil.

(2) Más rud é go ndéanfaidh duine atá i bhfeighil aon fheithicle nó córa iompair eile feithicil nó cóir iompair den sórt sin a stopadh ar iarratas ó oifigeach, ligfidh sé don oifigeach cibé cuardach a dhéanamh ar an bhfeithicil nó ar an gcóir iompair is dealraitheach don oifigeach sin a bheith riachtanach chun a shuíomh go gcomhfhreagraíonn aon táirgí inmháil atá á n-iompar inti, i ngach ponc ábhartha, do thuairisc aon táirgí inmháil den sórt sin atá sna doiciméid dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

(3) Más rud é, tar éis an chuardaigh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, go bhfaighidh oifigeach aon neamhréireacht ábhartha idir na táirgí

inmháil atá á n-iompar agus na táirgí sin a thuairiscítear sna doiciméid sin agus nach bhfuil an t-oifigeach sásta le haon chúiseanna a thugtar i leith na neamhréireachta sin agus go bhfuil amhras air, dá bhrí sin, go ndlífear na táirgí inmháil a fhorghéilleadh nó i gcás go bhfuil amhras ar an oifigeach go ndlífear na táirgí inmháil sin a fhorghéilleadh ar aon chúis eile, féadfaidh an t-oifigeach sin na táirgí go léir atá á n-iompar, mar aon le haon fheithicil nó cóir iompair eile atá á húsáid le linn iompar na dtáirgí sin, a choinneáil go dtí go mbeidh cibé fiafraithe nó imscrúduithe a mheasann an t-oifigeach sin nó oifigeach eile a bheith riachtanach déanta chun a chinneadh chun sástacht ceachtar oifigeach den sórt sin cibé acu a dhlítear nó nach ndlítear na táirgí sin a fhorghéilleadh.

(4) Chun críocha *fho-alt (3)*, i gcás go bhfaighfear táirgí inmháil in aon fheithicil nó cóir iompair eile, nó uirthi, nó i gceangal léi ar aon slí, measfar gur úsáideadh an fheithicil nó an chóir iompair eile sin chun na táirgí sin a iompar.

(5) Nuair a bheidh cinneadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* déanta i leith aon táirgí inmháil, nó ar dhul in éag do thréimhse aon mhí amháin ón dáta a coinníodh na táirgí sin faoin bhfo-alt sin, cibé acu is luaithe, déanfar na táirgí sin (mar aon le haon fheithicil nó cóir iompair eile, a coinníodh in éineacht leis an táirgí sin de bhua an fho-ailt sin) a urghabháil mar nithe a dhlítear a fhorghéilleadh faoi na hAchtanna Custam nó faoi na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus faoi aon ionstraim a bhaineann leis na dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht agus lena mbainistiú (de réir mar a bheidh), nó a scaoileadh.

(6) Aon duine a chomhracfaidh, a choisfidh nó a bhacfaidh oifigeach le linn dó aon chumhacht a thugtar dó leis an alt seo a fheidhmiú, beidh sé, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh).

Cumhachtaí
oifigeach chun dul
isteach agus
iniúchadh a
dhéanamh, etc.

116.—(1) Féadfaidh oifigeach, gach tráth réasúnach, dul isteach in áitreabh a bhfuil, nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún ina leith go bhfuil, táirgí inmháil á dtáirgeadh, á bpróiseáil, á sealbhú, á stóráil nó á gcoimeád ann nó ina ndéantar aon leabhair, cuntais nó doiciméid nó taifid eile a bhaineann, nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún ina leith go mbaineann siad, le táirgeadh, próiseáil, sealbhú, stóráil, allmhairiú, ceannach, pacáistiú nó cur ar díol, díol nó diúscairt táirgí inmháil a choimeád agus féadfaidh sé ansin—

- (a) aon táirgí inmháil nó aon ábhair, comhchodanna nó substaintí eile a úsáidtear nó a bheidh le húsáid le linn monarú táirgí inmháil a lorg, a iniúchadh agus cuntas a ghlacadh maidir leo agus, gan íocaíocht, samplaí a ghlacadh díobh,
- (b) a cheangal ar aon duine gach leabhar, cuntas nó doiciméad nó taifead eile a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, sealbhú, stóráil, allmhairiú, ceannach, pacáistiú, díol nó diúscairt táirgí inmháil a thabhairt ar aird agus, i gcás faisnéise den sórt sin i bhfoirm neamh-inléite (lena n-áirítear faisnéis den sórt sin i ríomhaire), í a thabhairt ar aird i bhfoirm inléite, nó í a atáirgeadh i mbuanfhoirm inléite, agus
- (c) aon leabhair, cuntais nó doiciméid nó taifid (lena n-áirítear, i gcás aon fhaisnéise den sórt sin i bhfoirm

neamh-inléite, cóip d'fhaisnéis den sórt sin nó sliocht aisti i mbuanfhoirm inléite) a bhaineann, nó a gcreideann an t-oifigeach ina leith go mbaineann siad, le táirgeadh, próiseáil, sealbhú, allmhairiú, ceannach, pacáistiú, díol nó diúscairt táirgí inmháil a lorg agus a iniúchadh agus cóipeanna a thógáil díobh nó sleachta a thógáil astu,

agus féadfaidh an t-oifigeach sin na leabhair, na cuntais nó na doiciméid nó na taifid eile sin a thabhairt chun siúil agus a choinneáil ar feadh cibé tréimhse is réasúnach chun iad a scrúdú tuilleadh, agus déanfaidh an duine sin gach saoráid agus cúnamh a sholáthar don oifigeach sin is gá le go bhfeidhmeoidh an t-oifigeach sin aon chumhacht a thugtar dó leis an bhfo-alt seo.

(2) I gcás go rachaidh oifigeach isteach in aon áitreabh faoi *fho-alt (1)* agus go bhfaighfear ann aon táirgí inmháil nó ábhair, comhchodanna nó substaintí eile a úsáidtear nó a bheidh le húsáid le linn táirgí inmháil a mhonarú, nó go dtabharfar ar aird nó go bhfaighfear ann aon leabhair, cuntais nó doiciméid nó taifid eile a shonraítear san *fho-alt* sin, féadfaidh sé aon duine a gheofar ann a cheistiú i ndáil leis na táirgí inmháil sin nó na hábhair, na comhchodanna nó na substaintí sin nó i ndáil leis na leabhair, na cuntais nó na doiciméid nó na taifid eile sin agus déanfaidh aon duine den sórt sin an fhaisnéis go léir a thabhairt don oifigeach a iarrfaidh an t-oifigeach sin air agus a bheidh ina sheilbh nó ar fáil aige.

(3) Aon duine a mhainneoidh, gan leithscéal dlíthiúil leordhóthanach, aon cheanglas faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, nó a mhainneoidh nó a dhiúltóidh aon fhaisnéis a iarrfar air faoi *fho-alt (2)* a thabhairt, nó a thabharfaidh aon fhaisnéis den sórt sin atá bréagach nó míthreorach, nó a chomhracfaidh, a choisfidh nó a bhacfaidh oifigeach le linn dó aon chumhacht a thugtar dó leis an alt seo a fheidhmiú, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le custaim nó faoin dlí a bhaineann le mál (de réir mar a bheidh).

(4) Aon táirgí inmháil a mbeidh cion déanta ina leith faoin alt seo, nó aon earraí a bheidh pacáilte in éineacht le táirgí den sórt sin nó a úsáidfear chun iad a cheilt, dlífear iad a fhorghéilleadh.

117.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí rialacháin a dhéanamh d'fhonn dleacht mháil ar na táirgí inmháil dá dtagraítear in *alt 104* a bhainistiú, a fháil agus a bhailiú, nó chun an t-ioncam a gheofar ó na dleachtanna sin a chosaint. Rialacháin (*Caibidil II*).

(2) Go háirithe, ach gach dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar, le rialacháin faoin alt seo, foráil a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialú a dhéanamh ar urrú, íoc, bailiú, loghadh agus aisíoc dleachta máil ar tháirgí inmháil;
- (b) rialú a dhéanamh ar na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag duine a gheobhaidh táirgí inmháil arna scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile chun iad a allmhairiú isteach sa Stát;
- (c) rialú a dhéanamh ar na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag díoltóir neamh-Stáit i ndáil le táirgí inmháil a bheidh á seoladh aige, nó thar a cheann, chuig an Stát;

- (d) rialú a dhéanamh ar chlárú trádálaí chláraithe, agus ar na coinníollacha a chuirfear ag gabháil le clárú den sórt sin, lena n-áirítear urrús a thabhairt, na cuntais agus na taifid a bheidh le coimeád agus na ceanglais rialaithe a bheidh le comhlíonadh;
- (e) rialú a dhéanamh ar na coinníollacha a fhorchuirfear ar thrádálaí neamhchláraithe, lena n-áirítear urrús a thabhairt, foirm agus ábhar an dearbhaithe a bheidh le tabhairt roimh sheoladh táirgí inmháil ó Bhallstát eile faoi shocrú fionraithe dleachta agus na ceanglais rialaithe a bheidh le comhlíonadh;
- (f) rialú a dhéanamh ar cheadú ionadaí cánach agus ar na coinníollacha a chuirfear ag gabháil le ceadú den sórt sin, lena n-áirítear urrús a thabhairt, cuntais agus taifid a choimeád agus fógra a thabhairt maidir leis an ionad ina seachadfar táirgí inmháil;
- (g) sonrú a dhéanamh, i ndáil le doiciméad a bheidh i dteannta táirgí inmháil, ar na hoibleagáidí, na ceanglais agus na nósanna imeachta a bheidh le comhlíonadh ag coimeádaí údaraithe stórais i ndáil leis na nithe seo a leanas—
 - (i) tarraingt suas, foirm, ábhar agus eisiúint an doiciméid sin (lena n-áirítear an líon cóipeanna a bheidh le heisiúint agus na daoine a n-eisítear chucu iad),
 - (ii) foirm an fhormhuinithe a nglacfar léi mar fhianaise go bhfuarthas táirgí inmháil i mBallstát eile, lena n-áirítear sonrú i dtaobh an bhfuil deimhniú fála ag údarais Ballstát áirithe le cur san áireamh san fhormhuiniú sin,
 - (iii) cásanna nach bhfaightear fianaise go bhfuarthas táirgí inmháil i mBallstát eile, lena n-áirítear cineál aon ghnímh a bheidh le glacadh laistigh de theorainneacha ama sonraithe;
- (h) sonrú a dhéanamh, i ndáil le doiciméad a bheidh i dteannta táirgí inmháil, ar na hoibleagáidí, na ceanglais agus na nósanna imeachta a bheidh le comhlíonadh ag daoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát, nó atá bunaithe ann, agus a fhaigheann táirgí inmháil faoi shocrú fionraithe dleachta ó Bhallstát eile lena n-áirítear na hoibleagáidí, na ceanglais agus na nósanna imeachta a bheidh le comhlíonadh—
 - (i) ar chóip nó cóipeanna den doiciméad sin a fháil ó Bhallstát eile, nó
 - (ii) i gcás nach bhfaighfear cóip nó cóipeanna den doiciméad sin nó i gcás nach bhfuil aon chóip den sórt sin iomlán nó i gcás nach bhfuil sé i dteannta táirgí inmháil a fhaightear;
- (i) sonrú a dhéanamh, i ndáil le doiciméad a bheidh i dteannta táirgí inmháil, ar na hoibleagáidí, na ceanglais agus na nósanna imeachta a bheidh le comhlíonadh ag daoine—
 - (i) a fhaigheann táirgí inmháil, nó a bheartaíonn táirgí inmháil a fháil, ó Bhallstát eile is táirgí inmháil a scaoiltear lena dtomhailt sa Bhallstát eile sin, nó

- (ii) a sheolann táirgí inmháil, nó a bheartaíonn táirgí inmháil a sheoladh, chuig Ballstát eile is táirgí inmháil a scaoiltear lena dtomhailt sa Stát;
- (j) sonrú a dhéanamh, i ndáil le doiciméad dleachta, ar aon ghnéithe riachtanacha den doiciméad sin agus aon cheanglais rialaithe riachtanacha a bhaineann le fíordheimhniú an doiciméid sin;
- (k) rialacha agus critéir a bhunú i ndáil le táirgí inmháil arna scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile agus arna n-allmhairiú isteach sa Stát ag pearsa aonair phríobháideach, trínar féidir a mheas go bhfuil na táirgí sin á n-allmhairiú chun críoch tráchtála;
- (l) socrú a dhéanamh maidir leis na coinníollacha a bheidh le cur i gceangal, agus na nósanna imeachta a bheidh le comhlíonadh, in aon chás ina n-éileofar aisíoc dleachta máil ar tháirgí inmháil ar ar íocadh dleacht mháil sa Stát a sheachadadh chun críocha tráchtála chuig Ballstát eile nó ar dhuine i mBallstát eile do cheannach na dtáirgí sin ó dhíoltóir Stáit;
- (m) rialú a dhéanamh ar aon choinníollacha a bheidh le comhlíonadh i ndáil le dleacht mháil a loghadh ar chaillteanais táirgí inmháil arna dtabhú le linn na táirgí sin a tháirgeadh, a phróiseáil, a choimeád nó a iompar faoi shocrú fionraithe dleachta, nó ar chaillteanais arna dtabhú i gcúrsa na táirgí sin a iompar chuig an Stát faoi shocrú fionraithe dleachta;
- (n) ceanglas a chur táirgí inmháil a phacáistiú, a mharcáil, nó a chur suas i gcoimeádáin shéailithe chun gur fusa táirgí a bheidh á n-iompar faoi fhionraí dleachta a aithint; agus
- (o) ceanglas a chur táirgí inmháil a scaoiltear lena dtomhailt sa Stát a mharcáil, a stampáil nó a dhéanamh inaitheanta ar shlí eile mar tháirgí a bhfuil dleacht íoctha orthu.

(3) Aon rialacháin a dhéanfar faoin alt seo, leagfar iad faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

118.—(1) Beidh feidhm ag forálacha na nAchtanna Custam agus aon ionstraime a bhaineann le dleachtanna custam arna déanamh faoi reacht, agus nach bhfuil curtha chun feidhme ar shlí eile leis an gCaibidil seo, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le forálacha na Caibidle seo i leith táirgí inmháil a allmhairítear isteach sa Stát mar atá feidhm acu i ndáil le dleachtanna custam.

Feidhm achtachán
(Caibidil II).

(2) Beidh feidhm ag na forálacha de na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus lena mbainistiú agus d'aon ionstraim a bhaineann le dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht, agus nach bhfuil curtha chun feidhme ar shlí eile leis an gCaibidil seo, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le forálacha na Caibidle seo i leith táirgí inmháil a tháirgtear sa Stát mar atá feidhm acu maidir le dleachtanna máil.

Tosach feidhme
(Caibidil II).

119.—Tiocfaidh an Chaibidil seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocróidh an tAire Airgeadais, le hordú, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

CAIBIDIL III

Dleacht Ceadúnais Meaisín Siamsa

Léiriú (Caibidil III). **120.**—(1) Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn “oifigeach” oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

folaíonn “oibritheoir” úinéir, fruilitheoir nó léasaí an mheaisín, agus aon duine atá freagrach—

- (a) don úinéir, don fhruilitheoir nó don léasaí as an meaisín a bhainistiú,
- (b) as boinn airgid nó airíochtaí a eisiúint nó a mhalartú lena n-úsáid chun imirt ar an meaisín sin san áitreabh, agus
- (c) as úsáid aon mheaisín den sórt sin a rialáil,

agus foláíonn sé páirtí in aon chonradh faoina bhféadfaidh nó faoina gceanglófar meaisín siamsa a bheith san áit phoiblí an tráth sin;

ciallaíonn “áit phoiblí” aon áit a bhfuil rochtain ag an bpobal air de cheart nó le cead nó trí chomhaltas agus cibé acu faoi réir muirir nó saor ó mhuirear agus foláíonn sé láithreacha faoin aer agus aon oifigí, aon chúirteanna, clóis agus gairdíní a áitítear i dteannta na háite poiblí agus atá laistigh de chúirtealáiste na háite poiblí, nó i ngarchomharsanacht na háite poiblí ina a bhfuil meaisíní siamsa suite.

(2) Is meaisín siamsa meaisín más rud é—

- (a) go bhfuil sé déanta nó oiriúnaithe chun cluiche a imirt, agus
- (b) go n-íocann an t-imreoir chun imirt ar an meaisín trí bhonn airgid nó airíocht nó cárta a chur isteach nó ar shlí éigin eile, agus
- (c) gur trí oibriú an mheaisín a chinntear toradh an chluiche, cibé acu atá nó nach bhfuil socrú ann maidir le hionramháil an mheaisín nó úsáid scileanna ag an imreoir, agus
- (d) nach dtugann sé don imreoir, nuair a imríonn imreoir uair amháin air agus sin go rathúil, ach deis ar imirt arís (aon uair amháin nó níos mó) gan íoc as an imirt.

(3) Ach amháin i gcás gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus go ndeimhneoidh siad amhlaidh i scríbhinn, nach féidir leis an bpobal imirt ar mheaisín siamsa de bhrí nach bhfuil rochtain ag an bpobal ar an áit ina bhfuil sé á stóráil, measfar maidir le meaisín siamsa (lena n-áirítear aon mheaisín a bhfuiltear scortha dá stóráil amhlaidh), chun críocha an ailt seo, go bhfuil sé ar fáil le haghaidh imeartha d’ainneoin go bhfuil sé i riocht, nó go bhfuil sé suite ar shlí, a fhágann nach féidir imirt air.

121.—(1) Beidh sorcas taistil nó seó taistil eile díolmhaithe ó fhorálacha na Caibidle seo, más rud é— Tarscaoileadh agus díolúintí.

- (a) nach imirt ar mheaisíní siamsa an phríomhghníomhaíocht nó an príomhghnó ag an seó, agus
- (b) nach bhfuil na meaisíní siamsa ar fáil le haghaidh imeartha in áit thar thréimhse is faide ná 19 lá agus nach raibh siad ar fáil amhlaidh i gcaitheamh na dtrí mhí roimhe sin mar chuid den seó nuair a bhí sé ar siúl san áit sin nó in aon áit atá faoi thrí mhíle timpeall ón áit sin.

(2) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, faoi réir comhlíonadh cibé coinníollacha is cuí leo a fhorchur, an dleacht a fhorchuirtear le *halt 123* a aisíoc nó a loghadh i gcás gurb é an t-aon chuspóir amháin atá leis an meaisín siamsa marcaíochtaí a chur ar fáil do leanaí.

122.—(1) Ar iarratas a dhéanamh agus ar an dleacht a fhorchuirtear leis an gCaibidil seo a íoc, deonóidh na Coimisinéirí Ioncaim don iarratasóir (dá ngairtear an sealbhóir san alt seo)— Nós imeachta cead agus ceadúnais.

- (a) cead meaisín siamsa do na háiteanna poiblí éagsúla a bheidh sonraithe san iarratas, agus déanfaidh siad, ar iarratas ó shealbhóir cead meaisín siamsa, an cead a leasú chun go mbeidh feidhm aige i leith áiteanna poiblí seachas na háiteanna sin a sonraíodh sa chead tráth an chéad iarratais, agus
- (b) an líon ceadúnas meaisín siamsa a iarrfar.

(2) Maidir le gach cead meaisín siamsa agus gach ceadúnas meaisín siamsa a dheonófar faoin alt seo, beidh cibé faisnéis ann agus beidh sé i cibé foirm agus modh a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim ó am go ham.

123.—Muirearófar, toibheofar agus íocfar ar dheonú gach ceadúnais meaisín siamsa a dheonaítear faoi alt 122 dleacht mháil de réir na rátaí seo a leanas: Rátaí dleachta.

- (a) ar cheadúnas a mbeidh sé sainráite go bhfanfaidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse nach faide ná bliain amháin agus go dtí an 30ú lá de Mheitheamh sa bhliain lena mbaineann, £100;
- (b) ar cheadúnas a mbeidh sé sainráite go mbeidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse nach faide ná 3 mhí go dtí an 15ú lá de Mheán Fómhair sa bhliain lena mbaineann, £30;

124.—Ní chuirfear meaisín siamsa ar fáil chun imeartha in áit phoiblí mura rud é— Cosc ar imirt gan cead agus ceadúnas.

- (a) go mbeidh cead ag an oibritheoir arna dheonú faoi *alt 122* i leith na háite poiblí sin, agus
- (b) go mbeidh ceadúnas reatha, arna dheonú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi *alt 122*, ar taispeáint i gcónaí in áit shábháilte fheiceálach ar an meaisín.

Imscrúdú, etc. ag oifigigh.	125.—Féadfaidh oifigeach dul isteach, gach tráth réasúnach, in aon áit phoiblí ina bhfuil, nó ina gcreideann an t-oifigeach sin go bhfuil, meaisíní siamsa ar fáil le haghaidh imeartha agus féadfaidh an t-oifigeach sin cibé cuardach agus imscrúdú is cuí leis a dhéanamh san áit sin, agus féadfaidh sé aon leabhair nó doiciméid eile nó aon fhaisnéis i bhfoirm faisnéise ríomhairithe a gheobhaidh sé ann agus a bhaineann, nó a chreideann an t-oifigeach sin a bhaineann, le meaisíní siamsa a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu.
Pionóis (Caibidil III).	126.—(1) Aon oibritheoir a sháróidh <i>alt 124(a)</i>, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil máil £100 i leith gach ciona den sórt sin a chur air. (2) Aon oibritheoir a sháróidh <i>alt 124(b)</i>, beidh sé, i ndáil le gach meaisín siamsa a chuirfear ar fáil le haghaidh imeartha gan cheadúnas, ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil máil £1,000 i leith gach ciona den sórt sin a chur air.
Forghéilleadh (Caibidil III).	127.—Aon mheaisín a ndearnadh cion faoi <i>alt 126(2)</i> ina leith, dlífear é a fhorghéilleadh.
Rialacháin (Caibidil III).	128.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh chun a áirithiú go n-íocfar an dleacht ar cheadúnais meaisín siamsa agus i gcoitinne chun na forálacha den Chaibidil seo a bhaineann leis an dleacht sin a chur in éifeacht. (2) Gach duine a sháróidh nó nach gcomhlíonfaidh rialachán arna dhéanamh faoi <i>fho-alt (1)</i>, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair sa chion, pionós máil £1,000 a chur air.
Feidhm a bheith ag reachtanna máil.	129.—Beidh ag forálacha na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin agus ag forálacha aon ionstraime a bhaineann le dleachtanna máil agus a rinneadh faoi reacht, feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil leis an dleacht a fhorchuirtear leis an gCaibidil seo amhail mar atá feidhm acu maidir le dleachtanna máil.

CAIBIDIL IV

Feithiclí a Chlárú agus Cánachas ar Fheithiclí

Léiriú.	130.—Sa Chaibidil seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— ciallaíonn “otharcharr” feithicil atá deartha, déanta nó oiriúnaithe go speisialta chun daoine atá díobhálaithe nó go dona tinn a iompar chuig ospidéal ar shínteáin agus atá feistithe go buan chun dhá shínteán chaighdeánacha nó níos mó a ghlacadh agus a choinneáil ina n-áit; ciallaíonn “Acht 1952” an tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952; ciallaíonn “duine údaraithe” duine atá údaraithe faoi <i>alt 136</i>; ciallaíonn “bus” feithicil atá deartha, déanta nó oiriúnaithe, chun daoine a iompar agus chun cóiríocht suite a sholáthar i ndaingneáin
---------	---

bhuana do bhreis agus 16 dhuine (agus an tiománaí san áireamh) agus chun críocha an mhínithe seo—

- (a) gach suíochán ar leithligh den sórt sin san fheithicil atá 40 ceintiméadar nó níos mó ar leithead nuair a dhéantar é a thomhas ar a fhad ar thosach an tsuíocháin, measfar gur cóiríocht suite d'aon duine amháin atá ann, agus
- (b) gach suíochán leanúnach den sórt sin (agus folaíonn an leagan cainte sin 2 shuíochán leithleacha nó níos mó atá scartha i gcaoi gur féidir iad a úsáid mar shuíochán leanúnach amháin) measfar gur cóiríocht suite é d'aon duine amháin atá ann i leith gach 40 ceintiméadar de leithead an tsuíocháin nuair a dhéantar é a thomhas ar a fhad ar thosach an tsuíocháin;

ciallaíonn “feithicil de chuid earnáil A” feithicil seachas gluaisrothar nó feithicil liostaithe—

- (a) atá deartha, déanta nó oiriúnaithe, d'aon toisc nó go formhór chun an tiománaí amháin, nó an tiománaí agus duine amháin eile nó níos mó, a iompar, nó
- (b) nach mó ná 3 thona a meáchan neamhualaithe agus ina bhfuil limistéar aici a bhfuil díon air ar chúl shuíochán an tiománaí—
 - (i) atá feistithe le taobhfhuinneog amháin nó níos mó, nó
 - (ii) ina bhfuil nó ina raibh oscailtí corpraithe atá oiriúnach le haghaidh taobhfhuinneoga a fheistiú agus nach bhfuil dúnta ná séalaithe de réir cibé coinníollacha a fhorordófar, nó
 - (iii) ina bhfuil suíochán amháin nó níos mó feistithe nó ina bhfuil daingneáin nó feistí eile curtha ar fáil d'fhonn suíochán amháin nó níos mó a fheistiú, nó
 - (iv) ina bhfuil an t-urlár déanta nó feistithe ar shlí seachas de réir cibé coinníollacha a fhorordófar;

ciallaíonn “feithicil de chuid earnáil B” feithicil (seachas feithicil de chuid earnáil A, gluaisrothar nó feithicil liostaithe) nach mó ná 3 thona a meáchan neamhualaithe agus ag a bhfuil limistéar a bhfuil díon air ar chúl shuíochán an tiománaí is limistéar ar lú ná 2 mhéadar ar fhad a urlár nuair a dhéantar é a thomhas ar cibé modh a cheadóidh na Coimisinéirí:

Ar choinníoll, i gcás nach mó ná 1.3 tona meáchan neamhualaithe mótarfeithicle agus ina bhfuil toirt ualaigh is mó ná 2 mhéadar chiúbacha sa limistéar den fheithicil a bhfuil díon air ar chúl shuíochán an tiománaí nuair a dhéantar é a thomhas ar cibé modh a cheadóidh na Coimisinéirí, nach measfar gur feithicil de chuid earnáil B í an fheithicil;

ciallaíonn “feithicil de chuid earnáil C” feithicil seachas feithicil de chuid earnáil A, feithicil de chuid earnáil B nó gluaisrothar;

ciallaíonn “deimhniú” deimhniú clárúcháin arna eisiúint faoi *alt 131 (5)*;

ciallaíonn “na Coimisinéirí” na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn “athchóiriú” feithicil de chuid earnáil B a mhodhnú ar shlí a dhéanfaidh feithicil de chuid earnáil A di nó feithicil de chuid earnáil C a mhodhnú ar shlí a dhéanfaidh feithicil de chuid earnáil A nó feithicil de chuid earnáil B di agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn “toilleadh sorcórach innill” toilleadh sorcórach innill arna ríomh de réir rialachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire faoi alt 1 (3) d’Acht 1952, chun críche ráta dleachta atá sonraithe sa Sceideal a ghabhann leis an Acht sin;

ciallaíonn an briathar “déileáil” aon feithicil neamhchláraithe amháin nó níos mó nó aon feithicil athchóirithe amháin nó níos mó a thairiscint lena fruiliú nó lena bhfruiliú, lena léasú nó lena díol nó lena ndíol roimh shonraí forordaithe na feithicle nó na bhfeithiclí a thaifead sa chlár, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn “feithicil liostaithe” ceann de na feithiclí seo a leanas, eadhon, otharcharr, eileatram, bus, feithicil shainchuspóireach, tarracóir talmhaíochta, tarracóir dhá roth, inneall dóiteáin, bealach éalaithe dóiteáin, scuabaire bóthair, carráiste easláin, feithicil armúrtha troda, nó feithicil (gan gluaisrothar a áireamh) a suitear chun sástacht na gCoimisinéirí go bhfuil sí breis is 30 bliain d’aois tráth an chláraithe;

ciallaíonn “údarás ceadúnúcháin” comhairle contae nó bardas contaebhuirge a cheadúnaíonn feithicil faoi alt 1 d’Acht 1952;

ciallaíonn an briathar “monaraigh” feithicil a dhéanamh nó a chóimeáil sa Stát agus folaíonn sé í a athchóiriú agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn “feithicil inneallghluaiste” feithicil atá ceaptha nó oiriúnaithe lena tiomáint ar mhodh meicniúil, lena n-áirítear—

- (a) dhárothach, trírothach nó ceathair-rothach a thiomáintear le hinneall nó le mótar nó le gabhálás chun é a thiomáint le cumhacht mheicniúil, cibé acu atá nó nach bhfuil an gabhálás á úsáid, móipéid, scútar agus uathrothar, agus
- (b) feithicil ar modh leictreach nó modh leictreach go páirteach agus modh meicniúil go páirteach an modh tiomána atá aici,

ach gan tram nó feithicil eile a ghluaiseann ar bhuanráillí nó feithicil ar deimhin leis na Coimisinéirí maidir léi go bhfuil sí deartha nó déanta le haghaidh úsáide eisbhóthair (seachas feithiclí rásaíochta, feithiclí streachailte nó feithiclí spóirt eile) a áireamh;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Airgeadais;

ciallaíonn “gluaisrothar” feithicil atá sonraithe i *mír (a)* den mhíniú ar “feithicil inneallghluaiste”;

ciallaíonn “úinéir”—

- (a) i ndáil le feithicil (seachas feithicil atá sonraithe i *mír (b)*), an duine a choimeádann an feithicil,
- (b) i ndáil le feithicil is ábhar do chomhaontú fruilcheannaigh nó do léas, an duine atá i seilbh na feithicle faoin gcomhaontú nó faoin léas;

ciallaíonn “Ordú 1979” an tOrd d’Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 236) (Dleachtanna Máil ar Mhótarfheithiclí, Teilifíseáin agus Ceirníní Gramafóin), 1979 (I.R. Uimh. 57 de 1979);

ciallaíonn “Ordú 1984” an tOrd d’Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 273) (Dleacht Máil ar Ghluaisrothair), 1984 (I.R. Uimh. 354 de 1984);

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag na Coimisinéirí faoi *alt 141*;

ciallaíonn “an clár” an clár feithiclí arna bhunú agus arna choimeád ag na Coimisinéirí faoi *alt 131* agus forléireofar “cláraithe” agus focail ghaolmhara eile dá réir sin;

ciallaíonn “feithicil shainchuspóireach” feithicil atá deartha, déanta nó oiriúnaithe d’aon toisc nó go formhór chun críche seachas daoine nó earraí a iompar;

ciallaíonn “feithicil” feithicil inneallghluaiste.

131.—(1) (a) Déanfaidh na Coimisinéirí clár de na feithiclí uile sa Stát (dá ngairtear “an clár” ina dhiaidh seo sa Chaibidil seo) a bhunú agus a chothabháil. Clárú feithiclí ag na Coimisinéirí Ioncaim.

(b) Féadfaidh na Coimisinéirí cibé sonraí is cuí leo a thaifeadadh sa chlár i ndáil le feithicil agus lena húinéireacht agus le nithe comhghaolmhara.

(c) Féadfaidh na Coimisinéirí taifead sa chlár a leasú nó a scriosadh ón gclár.

(d) Féadfar an clár a bhunú agus a chothabháil i bhfoirm nach bhfuil inléite más féidir é a athrú go foirm inléite.

(2) (a) Déanfar sonraí forordaithe gach feithicle nach feithicil chláraithe, an 1ú lá d’Eanáir, 1993 nó dá éis, a dhearbhu do na Coimisinéirí chun críocha an chlárúcháin.

(b) Measfar gur feithicil chláraithe í feithicil a mbeidh na sonraí forordaithe tugtha i ndáil léi faoin bhfo-alt seo.

(3) (a) I gcás go n-athchóireofar feithicil chláraithe, dearbhófar na sonraí forordaithe do na Coimisinéirí chun sonraí i ndáil leis an athchóiriú a thaifeadadh sa chlár agus féadfaidh na Coimisinéirí cibé sonraí i ndáil leis an athchóiriú is cuí leo a thaifeadadh sa chlár.

(b) Déanfaidh úinéir feithicle a bheidh athchóirithe an deimhniú i ndáil leis an bhfeithicil a sheachadadh ar na Coimisinéirí mar aon leis an dearbhú faoi *mhír (a)* i ndáil leis an athchóiriú agus taifeadfaidh na Coimisinéirí ar an deimhniú cibé sonraí i ndáil leis an athchóiriú is cuí leo.

(4) Ní bheidh feithicil ina sheilbh nó faoina chúram ag duine, tar éis an 1ú lá d’Eanáir, 1993, is feithicil neamhchláraithe nó feithicil athchóirithe nach bhfuil na sonraí forordaithe maidir léi i ndáil leis an athchóiriú dearbhaithe do na Coimisinéirí mura rud é gur duine údraithe an duine nó gur ábhar do dhíolúine faoi *alt 135* a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire an fheithicil.

(5) Sannfaidh na Coimisinéirí sa mhodh forordaithe marc aitheantais uathúil do gach feithicil a bheidh taifeadta sa chlár agus

eiseoidh siad d'úinéir na feithicle deimhniú clárúcháin san fhoirm fhorordaithe i leith gach feithicle den sórt sin.

- (6) (a) Taispeánfar sa mhodh forordaithe ar gach feithicil cláraithe sa Stát an marc aitheantais arna shannadh di faoi *fho-alt* (5).
- (b) Ní dhéanfar marc aitheantais arna shannadh d'fheithicil faoi *fho-alt* (5) a thaispeáint ar aon fheithicil eile.
- (c) Aon mharc a airbheartaíonn gur marc aitheantais é arna shannadh d'fheithicil faoi *fho-alt* (5) ach nach ea, ní thaispeánfar ar fheithicil é.
- (d) Ní bheidh feithicil ina sheilbh ná faoina chúram ag duine (seachas duine údaraithe) a mbeidh sárú ar *mhír* (a) ann ina leith.
- (e) Ní bheidh feithicil ina sheilbh ná faoina chúram ag duine a mbeidh sárú ar *mhír* (b) nó (c) ann ina leith.

(7) Beidh rochtain ag an Aire Comhshaoil ar an gclár agus féadfaidh sé é a iniúchadh agus a scrúdú agus—

- (a) féadfaidh sé cibé faisnéis ón gclár is cuí leis chun críche a fheidhmeanna a thógáil, nó féadfaidh na Coimisinéirí an céanna a sholáthar dó, agus
- (b) féadfaidh sé cóipeanna den chlár nó de cibé sleachta ón gclár is cuí leis chun críche a fheidhmeanna a thógáil, nó féadfaidh na Coimisinéirí an céanna a sholáthar dó,

(8) Leasaítear, leis seo, an *Roads Act*, 1920, le héifeacht ón 1ú lá d'Eanáir, 1993, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 6:

“6.(1) On the first application to a licensing authority for a licence in respect of a vehicle under section 1 of the Finance (Excise Duties) (Vehicles) Act, 1952, the authority shall not issue the licence unless and until the authority is satisfied that the vehicle has been registered in the register maintained under section 131 of the *Finance Act*, 1992.

(2) For the purposes of this section, a certificate of registration under the said section 131 or such other (if any) evidence as the Minister for the Environment may, with the consent of the Minister for Finance, direct shall be sufficient evidence of the registration of the vehicle in the register aforesaid.”.

Dleacht mháil a mhuirearú.

132.—(1) I dteannta aon dleachta eile is inmhuirearaithe, faoi réir fhorálacha na Caibidle seo agus aon rialachán fúithi, déanfar, le héifeacht ar an agus ón 1ú lá d'Eanáir, 1993, dleacht máil, ar a dtabharfar cáin cláraithe feithiclí, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir cibé ceann is cuí de na rátaí sin a bheidh sonraithe de thuras na huair le hAcht den Oireachtas—

- (a) ar fheithicil a chlárú, agus
- (b) ar dhearbhu faoi *alt* 131(3).

(2) Tiocfaidh cáin cláraithe feithiclí chun bheith dlite agus íocfar í an tráth a chláraítear feithicil nó an tráth a dhéantar an dearbhú réamhráite, de réir mar is cuí.

133.—(1) I gcás go ndéanfar an ráta cánach cláraithe feithiclí arna mhuirearú i ndáil le feithicil de chuid earnáil A nó le feithicil de chuid earnáil B a ríomh faoi threoir luach na feithicle, measfar gurb ionann an luach sin agus an praghas díola ar an margadh oscailte don fheithicil an tráth a mhuirearaítear an cháin ar an bhfeithicil. Luach
inmhuirearaithe.

(2) (a) Maidir le feithicil nua a bheidh ar díol sa Stát agus a sholáthraíonn monaróir nó dáileoir mórdhíola aonair, dearbhóidh an monaróir nó an dáileoir sin do na Coimisinéirí, ar an modh forordaithe, an praghas, lena n-áirítear cáin cláraithe feithiclí, is dóigh leis a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis ar fheithicil den mhúnla agus den tsonraíocht sin, lena n-áirítear aon fheabhsuithe nó gabhálais a bheidh feistithe nó i gceangal leis an bhfeithicil, nó a sholáthair an monaróir nó an dáileoir sin in éineacht leis an bhfeithicil, ar í a mhiondíol den chéad uair ar bhonn neamhthuilleamaí ar an margadh oscailte sa Stát.

(b) Aon praghas a bheidh arna dhearbhu de thuras na huaire do na Coimisinéirí de réir an fho-ailt seo i ndáil le feithicil nua, measfar gurb é an praghas díola ar an margadh oscailte do gach feithicil nua den mhúnla agus den tsonraíocht sin:

Ar choinníoll, i gcás go mbeidh feistithe nó i gceangal le feithicil nua tráth a cláraithe, feabhsuithe nó gabhálais nár cuireadh i gcuntas sa phraghas a dearbhaíodh faoin bhfo-alt seo, go measfar gurb é an praghas díola ar an margadh oscailte don fheithicil méid is comhionann leis an bpraghas dearbhaithe, arna mhéadú trí cibé méid a chur leis is dóigh leis an Coimisinéirí gurb é luach miondíola na bhfeabhsuithe nó na ngabhálais é.

(c) D'ainneoin fhorálacha *mhír* (b), i gcás go ndéanfar praghas a dhearbhu i leith feithicle, de réir an fho-ailt seo, ar praghas é is airde nó is ísle, i dtuairim na gCoimisinéirí, ná an praghas díola ar an margadh oscailte ar a bhfuil feithicil dá samhail nó dá cáilíocht á tairiscint lena díol sa Stát tráth an dearbhaithe sin, féadfaidh na Coimisinéirí an praghas díola ar an margadh oscailte a chinneadh chun críocha an ailt seo.

(3) San alt seo—

ciallaíonn “feithicil nua” feithicil atá faoi bhun 3 mhí d’aois nuair a dhéantar í a ríomh ón tráth a chuaigh sí i seirbhís den chéad uair, nó feithicil a thaistil níos lú ná 3,000 ciliméadar;

ciallaíonn “praghas díola ar an margadh oscailte” an praghas, lena n-áirítear cáin cláraithe feithiclí, is dóigh leis na Coimisinéirí a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis ar fheithicil, lena n-áirítear aon fheabhsuithe nó gabhálais a bheidh feistithe nó i gceangal leis an bhfeithicil, nó a dhíoltar in éineacht léi, ar í a mhiondíol den chéad uair ar bhonn neamhthuilleamaí ar an margadh oscailte sa Stát, faoi réir fhorálacha *fho-alt* (2).

Buanfhaoisimh.

134.—(1) Faoi réir aon choinníollacha, srianta nó teorainneacha a fhorordóidh an tAire le rialacháin arna ndéanamh aige faoi *alt 141*, féadfar feithicil a chlárú gan cáin cláraithe feithicilí a íoc, más rud é, maidir leis an bhfeithicil—

- (a) gur maoin phearsanta de chuid pearsan aonair príobháidí í agus go bhfuil sí á tabhairt isteach go buan sa Stát ag an bpearsa aonair tráth atá sé ag aistriú a ghnáth-áite cónaithe ó áit lasmuigh den Stát chuig áit sa Stát,
- (b) go bhfuil sí á tabhairt isteach go buan sa Stát mar chuid d'earraí caipitiúla agus de threalamh eile gnóthais a scoireann go cinntitheach dá ghníomhaíocht lasmuigh den Stát agus a bhogann chuig an Stát chun gníomhaíocht dá samhail a sheoladh ansin,
- (c) gur maoin de chuid duine éagtha í agus go bhfuil sí á tabhairt isteach go buan sa Stát ag duine a bhfuil cónaí air sa Stát, nó ag duine nó comhlacht daoine atá bunaithe sa Stát agus atá ag gabháil do ghníomhaíocht neamhbhrabúsach, ar duine nó comhlacht daoine é nó iad a tháinig trí oidhreacht ar úinéireacht nó ar úinéireacht thairbhiúil na feithicle sin, nó arb ionadaí pearsanta an duine éagtha é nó iad a bhfuil cónaí air nó orthu sa Stát,
- (d) go ndearna comhlacht oifigiúil, údarás poiblí nó grúpa a sheolann gníomhaíocht is seirbhís nó is leas don phobal agus atá suite lasmuigh den Stát, í a thabhairt mar bhronntanas, mar chomhartha cairdis nó dea-thola, do chomhlacht oifigiúil, údarás poiblí nó grúpa a sheolann gníomhaíocht is seirbhís nó is leas don phobal, agus atá suite sa Stát agus go bhfuil sí ceadaithe ag na Coimisinéirí chun críocha na míre seo,
- (e) gur le haghaidh úsáide go hoifigiúil ag foras de chuid na gComhphobal Eorpach,
- (f) gur le haghaidh úsáid phearsanta oifigeach nó comhaltáí eile d'fhoireann forais de chuid na gComhphobal Eorpach a aistríonn a n-áit chónaithe chuig an Stát chun post a thógáil ansin le foras de chuid na gComhphobal Eorpach,
- (g) go soláthraítear í faoi shocruithe taidhleoireachta, consalachta nó socruithe den tsamhail sin de bhua na nAchtanna um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta, 1967 agus 1976, agus orduithe arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin.

(2) Féadfar éifeacht a thabhairt d'fhorálacha *fho-alt (1)* trí cháin cláraithe feithicilí a aisíoc faoi réir aon choinníollacha is cuí leis na Coimisinéirí a fhorchur.

(3) Beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag na faoisimh a lamháiltear faoi na Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe (Lamháiltais Cánach), 1989 (I.R. Uimh. 340 de 1989), maidir le cáin cláraithe feithicilí.

(4) Féadfar feithicil a chlárú, faoi réir cibé coinníollacha, teorainneacha agus srianta (más ann) a fhorchuirfidh na Coimisinéirí, gan cáin cláraithe feithicilí a íoc agus maille le haisíoc aon chánach den sórt sin a bheidh íoctha, i gcás gur deimhin leis na Coimisinéirí go bhfuil an fheithicil sin lena húsáid—

- (i) le linn aersheirbhís idirnáisiúnta a bhunú nó a chothabháil a bhaineann úsáid as aerfort sa Stát nó a mbeidh úsáid aerfoirt sa Stát i gceist léi,
- (ii) le linn seirbhísí raidió nó seirbhísí meitéareolaíocha nó áiseanna aerloingseoireachta eile atá coimhdeach le haon aersheirbhís idirnáisiúnta den sórt sin a bhunú nó a chothabháil, nó
- (iii) chun críocha turgnaimh i dtaca le haon aersheirbhís idirnáisiúnta den sórt sin a bhunú nó a chothabháil.

(5) Aon uair is cuí leis an Aire déanamh amhlaidh, féadfaidh sé a údarú do na Coimisinéirí feithicil a chlárú, faoi réir cibé coinníollacha, teorainneacha nó srianta (más ann) a fhorchuirfidh siad, cibé acu gan cáin cláraithe feithiclí a íoc nó ar an gcáin a íoc de réir ráta is ísle ná an ráta is inmhuirearaithe de ghnáth nó, i gcás go mbeidh an cháin sin íoctha, an cháin a aisíoc, go hiomlán nó go páirteach.

135.—Féadfaidh na Coimisinéirí feithicil a thugtar isteach sa Stát go sealadach a dhíolmhú ón gceanglas í a chlárú, ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha, srianta agus teorainneacha a fhorordóidh an tAire le rialacháin arna ndéanamh aige faoi *alt 141* más rud é, maidir leis an bhfeithicil—

Díolúine shealadach ó chlárú.

- (a) gur duine atá bunaithe lasmuigh den Stát a thugann isteach sa Stát í chun a úsaíde príobháidí nó gnó,
- (b) gur chun críche comórtais, taispeántais, seó, taispeána, nó chun críche dá samhail, agus chun na críche sin amháin, a thugtar isteach sa Stát í agus nach mbeartaítear í a dhíol nó a thairiscint chun díola sa Stát agus go mbeartaítear í a thógáil amach as an Stát ar an gcríoch sin a chomhlíonadh, nó
- (c) go bhfuil sí deartha nó oiriúnaithe go speisialta mar threalamh gairmiúil arna thabhairt isteach sa Stát ag duine atá bunaithe lasmuigh den Stát lena úsáid go heisiach ag an duine sin nó faoina mhaoirsiú pearsanta.

136.—(1) D'ainneoin fhorálacha *alt 131*, féadfaidh na Coimisinéirí duine a údarú chun feithicilí neamhchláraithe a mhonarú nó a dháileadh nó chun déileáil iontu nó iad a sheachadadh, a stóráil, a dheisiú, a mhodhnú agus chun feithicilí cláraithe a athchóiriú.

Údarú monaróirí, dáileoirí agus déileálaithe agus íoc tréimhsiúil dleachta.

(2) Ní bheidh duine údaraithe faoin alt seo mura dealraitheach do na Coimisinéirí go gcomhlíonann sé cibé ceanglais is cuí leo a fhorchur.

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí aon tráth, ar chúis réasúnach (a luafar leis an duine údaraithe) agus tar éis cibé fógra is réasúnach sna himthosca, údarú a bheidh déanta faoin alt seo a chúlghairm nó a théarmaí a athrú.

(4) Ní dhéanfaidh duine údaraithe feithicilí neamhchláraithe a sheachadadh, a chur amach nó a chur ar fáil thairis sin lena húsáid seachas do dhuine údaraithe eile.

(5) Ní dhéanfaidh duine údaraithe feithicilí arbh fheithicilí neamhchláraithe í, murach comhlíonadh an fho-ailt seo, a

sheachadadh, a chur amach nó a chur ar fáil thairis sin lena húsáid do dhuine nach duine údaraithe é, gan na nithe seo a leanas a dhéanamh i dtosach—

(a) sonraí forordaithe na feithicle a dhearbhu do na Coimisinéirí de réir *alt 131*, agus

(b) cáin cláraithe feithiclí a íoc i leith chlárú na feithicle.

(6) Chun críocha *fho-alt (5)*, féadfaidh na Coimisinéirí, faoi réir cibé coinníollacha a chomhlíonadh is cuí leo a fhorchur chun íocaíocht a áirithiú, a cheadú íocaíocht na cánach cláraithe feithiclí a chur siar go dtí lá nach déanaí ná an 15ú lá den mhí i ndiaidh na míosa ina muirearaítear an cháin sin.

(7) D’ainneoin fhorálacha *fho-ailt (4)* agus (5), féadfaidh na Coimisinéirí, faoi réir cibé coinníollacha a chomhlíonadh is cuí leo a fhorchur, ligean do dhuine údaraithe feithicil neamhchláraithe a sheachadadh le haghaidh taispeántais shealadaigh nó taispeána sealadaí.

(8) Ní mheasfar go gceadaítear le haon fhoráil den alt seo feithicil neamhchláraithe a úsáid ar bhóthar poiblí.

Cuntasacht maidir le feithiclí neamhchláraithe agus feithiclí athchóirithe.

137.—Tabharfaidh duine údaraithe cuntas chun sástacht na gCoimisinéirí ar an modh forordaithe maidir leis na feithiclí neamhchláraithe agus na feithiclí athchóirithe go léir a bheidh faighte aige nó monaraithe aige.

Achomhairc.

138.—(1) Féadfaidh aon duine a mbeidh cáin cláraithe feithiclí íoctha aige nó a dhlíonn í a íoc achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí in aghaidh mhéid na cánach a bheidh muirearaithe.

(2) Is i scríbhinn a bheidh achomharc faoin alt seo (dá ngairtear “achomharc” ina dhiaidh seo) agus déanfar na forais achomhairc a leagan amach go mionsonraithe ann.

(3) Déanfar achomharc a thaisceadh leis na Coimisinéirí laistigh de thréimhse 21 lá ón dáta a tháinig an cháin cláraithe feithiclí chun bheith dlite.

(4) Déanfaidh na Coimisinéirí achomharc a chinneadh laistigh de thréimhse 21 lá ón tráth a thaisctear é leis na Coimisinéirí, agus chun na críche sin, déanfar an fheithicil lena mbaineann a thabhairt ar aird do na Coimisinéirí lena hiniúchadh, má cheanglaítear amhlaidh.

(5) Déanfaidh na Coimisinéirí toradh a gcinnidh ar a achomharc a chur in iúl d’achomharcóir i scríbhinn.

(6) I gcás go gcinntídh na Coimisinéirí ar achomharc gur lú an méid atá dlite i leith cánach cláraithe feithiclí ná an méid a íocadh, aisíocfaidh siad an méid a ró-íocadh leis an achomharcóir lena mbaineann.

(7) I gcás go gcinntídh na Coimisinéirí ar achomharc gur mó an méid atá dlite i leith cánach cláraithe feithiclí ná an méid a íocadh, íocfaidh an t-achomharcóir lena mbaineann an méid gearríoctha laistigh den teorainn ama fhorordaithe.

Cionta agus pionóis.

139.—(1) Is cion é ag duine faoin alt seo, i leith feithicle sa Stát—

- (a) dearbhú a dhéanamh faoi *alt 131* atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha nó a cheadú d'aon duine eile dearbhú den sórt sin a dhéanamh thar a cheann,
 - (b) a bheith i seilbh feithicle nach mbeidh marc aitheantais dá dtagraítear in *alt 131 (6)* ar taispeáint uirthi nó nach mbeidh sé ar taispeáint uirthi ar an tslí fhorordaithe,
 - (c) marc aitheantais a thaispeáint ar an bhfeithicil de shárú ar *alt 131 (6)*,
 - (d) deimhniú a scríosadh, a lot, a aghlot, a athrú, a leasú nó cur isteach ar aon slí eile ar dheimhniú gan údarú ó na Coimisinéirí,
 - (e) mainneachtain deimhniú faoi *alt 133 (2) (a)* a dhéanamh, nó é a dhéanamh ar an tslí fhorordaithe, nuair a cheanglaíonn na Coimisinéirí air déanamh amhlaidh, nó
 - (f) trí ghníomh nó neamhghníomh, aon fhoráil eile den Chaibidil seo nó de chuid rialachán faoi *alt 141* a shárú nó mainneachtain é a chomhlíonadh.
- (2) Aon duine a chiontófar i gcion faoi *fho-alt (1)*, dlífear, ar é a chiontú go hachomair, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le mál.
- (3) Is cion é ag duine faoin bhfo-alt seo, i leith feithicle sa Stát—
- (a) a bheith i seilbh feithicle má tá sí neamhchláraithe mura duine údairithe é nó mura rud é gur feithicil is ábhar do dhíolúine faoi *alt 135* atá i bhfeidhm de thuras na huaire í agus go bhfuil an fheithicil á húsáid de réir aon choinníollacha, srianta agus teorainneacha dá dtagraítear in *alt 135*,
 - (b) más rud é gur feithicil is ábhar do dhíolúine faoi *alt 134* í, a bheith i seilbh na feithicle seachas de réir cibé coinníollacha, srianta nó teorainneacha dá dtagraítear in *alt 134*.
 - (c) doiciméad a airbheartaíonn gur deimhniú é, ach nach ea, a eisiúint nó a bheith ina sheilbh,
 - (d) mainneachtain aon cháin cláraithe feithiclí atá dlite de a íoc,
 - (e) más feithicil neamhchláraithe nó feithicil athchóirithe an fheithicil, mainneachtain cuntas a thabhairt maidir léi de réir *alt 137*, nó
 - (f) más feithicil neamhchláraithe an fheithicil nó feithicil athchóirithe nár dearbhaíodh sonraí an athchóirithe i ndáil léi de réir *alt 131* nó feithicil athchóirithe ar dearbhaíodh amhlaidh sonraí an athchóirithe i ndáil léi ach nár íocadh cáin cláraithe feithiclí ar an dearbhú, an fheithicil a sheachadadh ar dhuine seachas duine údairithe.
- (4) Aon duine a chiontófar i gcion faoi *fho-alt (3)*, dlífear, ar é a chiontú go hachomair, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur air, pionós £1,000 a chur air faoin dlí a bhaineann le mál.

(5) Aon fheithicil a mbeidh cion déanta ina leith faoi *fho-alt (3)*, dlífeair í a fhorghéilleadh.

Fianaise.

140.—(1) In aon imeachtaí i leith ciona faoin gCaibidil seo maidir le mainneachtain aon mhéid de cháin cláraithe feithiclí a íoc, toimhdeofar go dtí go suífeair a mhalairt nár íocadh an cháin cláraithe feithiclí i leith na feithicle lena mbaineann an cúiseamh.

(2) Aon deimhniú nó doiciméad a airbheartaíonn a bheith sínithe ag oifigeach do na Coimisinéirí agus sonraí a baineadh as an gclár a bheith ann nó aon doiciméad a airbheartaíonn a bheith sínithe ag oifigeach do na Coimisinéirí agus sonraí a baineadh as aon taifid eile a bhaineann le feithiclí a bheith ann, beidh sé, gan chruthúnas ar shíniú an oifigigh sin, nó go raibh sé ina oifigeach do na Coimisinéirí, ina fhianaise, go dtí go suífeair a mhalairt, ar na sonraí a dúradh agus a luaitear sa deimhniú nó sa doiciméad.

Rialacháin.

141.—(1) (a) Féadfaidh na Coimisinéirí cibé rialacháin a dhéanamh is dóigh leo is gá nó is fóirsteanach chun clárú feithiclí a bhainistiú agus chun cáin cláraithe feithiclí a bhainistiú, a áirithiú agus a bhailiú.

(b) Ní dhéanfaidh na Coimisinéirí rialacháin chun críche atá sonraithe i *bhfo-alt (3)*.

(2) Féadfar go háirithe, ach gan dochar do ghinearálacht *fho-alt (1)*, le rialacháin faoi *fho-alt (1)*—

(a) an modh ar a mbunófar agus ar a gcothabhálfar an clár a fhorordú,

(b) na sonraí a bheidh le dearbhú do na Coimisinéirí faoi *alt 131* a fhorordú,

(c) an modh ar a ndéanfar dearbhú faoi *alt 131* a fhorordú,

(d) foirm agus lánas deimhnithe a fhorordú,

(e) an modh ar a sannfar marcanna aitheantais faoi *alt 131(5)* a fhorordú,

(f) méid, cruth agus cineál na marcanna aitheantais a dúradh agus an modh ar a ndéanfar so-idirdhealaithe iad, cibé acu d'óiche nó de ló, a fhorordú,

(g) a cheangal go marcálfar sonraí sonraithe ar fheithicil agus go mbeidh siad inrochtana agus inléite,

(h) an modh ar a muirearófar, ar a n-áiritheofar agus ar a mbaileofar cáin cláraithe feithiclí a fhorordú,

(i) foráil a dhéanamh i ndáil le daoine a údarú faoi *alt 136*,

(j) foráil a dhéanamh i ndáil le monarú, stóráil, coinníollacha úsáide agus diúscairt feithiclí neamhchláraithe agus feithiclí athchóirithe nach bhfuil aon cháin cláraithe feithiclí íoctha ina leith,

(k) a cheangal ar dhuine údairithe taifid agus cuntais shonraithe a bhainfidh le fáil, monarú, seachadadh agus díol feithiclí neamhchláraithe agus athchóirithe a

choimeád ar mhodh sonraithe, agus a chaomhnú ar feadh tréimhse sonraithe agus ligean d'oifigeach do na Coimisinéirí, a bheidh údaraithe go cuí acu chuige sin, ar a údarú a thabhairt ar aird má iarrann aon duine dá ndéanfaidh sé difear air déanamh amhlaidh, na taifid agus na cuntais sin agus aon leabhair nó aon doiciméid eile a bheidh á gcoimeád aige agus a bhainfidh le haon cheann de na nithe réamhráite a iniúchadh agus cóipeanna díobh nó sleachta astu a thógáil,

- (l) a cheangal ar dhuine údaraithe taifeadadh cuí a dhéanamh leis an oifigeach cuí do na Coimisinéirí maidir leis na háitribh go léir a bheartaíonn sé a úsáid le linn dó a bheith ag seoladh a ghnó agus socrú a dhéanamh maidir leis an modh chun taifeadadh den sórt sin a dhéanamh leis an oifigeach sin,
 - (m) foirm agus lánas dearbhuithe faoi *alt 133* agus na tráthanna ar a ndéanfar iad a fhorordú, agus
 - (n) an modh ar a dtabharfar cuntas maidir le feithiclí faoi *alt 137* a fhorordú.
- (3) Féadfaidh an tAire cibé rialacháin a dhéanamh is dóigh leis is cuí nó is fóirsteanach chun lánéifeacht a thabhairt d'*ailt 134* agus *135*.
- (4) Féadfar go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (3)*, le rialacháin faoi *fho-alt (3)*—
- (a) na critéir chun bheith cáilithe chun loghadh nó aisíoc cánach cláraithe feithiclí a fháil, a fhorordú,
 - (b) an méid cánach cláraithe feithiclí a fhéadfar a loghadh nó a aisíoc i leith feithiclí nó feithiclí sonraithe nó aicmí feithiclí a fhorordú,
 - (c) na teorainneacha ama a shonrú ar laistigh díobh a dhéanfar iarratais chuig na Coimisinéirí ar cháin cláraithe feithiclí a loghadh nó a aisíoc faoi *alt 134*,
 - (d) toirmeasc a chur ar an loghadh nó ar an aisíoc sin mar a dúradh do dhuine i leith feithiclí de bhreis ar líon sonraithe,
 - (e) na tréimhsí ama ar laistigh díobh nach bhféadfar feithicil, a mbeidh cáin cláraithe feithiclí loghtha nó aisíoctha ina leith, a dhiúscairt, a chur ar fruiliú nó a thabhairt ar iasacht, agus
 - (f) foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe eile is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun lánéifeacht a thabhairt don *fho-alt* seo.
- (5) Déanfar rialacháin faoin gCaibidil seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis na rialacháin a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

142.—(1) Féadfaidh oifigeach do na Coimisinéirí, a bheidh údaraithe go cuí ag na Coimisinéirí chuige sin, ar a údarú a thabhairt Cumhachtaí oifigeach.

ar aird má iarrann duine dá ndéanfaidh sé difear air déanamh amhlaidh, gach tráth réasúnach, dul isteach in áitreabh a gcreideann an t-oifigeach le réasún go seoltar monarú, dáileadh, stóráil, deisiú, modhnú, allmhairiú, déileáil, seachadadh nó diúscairt feithiclí ann nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún go stóráiltear nó go gcoimeádtar leabhair, cuntais nó doiciméid nó taifid eile a bhaineann le gníomhaíochtaí den sórt sin ann, agus féadfaidh sé ansin—

- (a) a cheangal ar aon duine na leabhair, na cuntais nó na doiciméid nó na taifid eile go léir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a thabhairt ar aird agus, i gcás faisnéise den sórt sin i bhfoirm neamh-inléite (lena n-áirítear faisnéis den sórt sin i ríomhaire), í a thabhairt ar aird i bhfoirm inléite, nó í a atáirgeadh i mbuanfhoirm inléite,
- (b) cibé cuardach agus imscrúdú a dhéanamh a mheasfaidh an t-oifigeach a bheith cuí,
- (c) aon leabhair, cuntais nó doiciméid nó taifid eile den sórt sin a fhaightear ann agus a gcreideann an t-oifigeach le réasún go mbaineann siad leis na gníomhaíochtaí sin mar a dúradh, a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu, agus
- (d) na leabhair, na cuntais nó na doiciméid nó na taifid eile sin a thabhairt chun siúil agus a choinneáil ar feadh cibé tréimhse a bheidh réasúnach chun iad a scrúdú tuilleadh,

agus déanfaidh an duine sin gach saoráid agus cúnamh a sholáthar don oifigeach sin is gá chun go bhfeidhmeoidh an t-oifigeach sin aon chumhacht a thugtar dó leis an bhfo-alt seo.

- (2) (a) Déanfaidh aon duine a bheidh i bhfeighil feithicle atá ag gluaiseacht, ar iarraidh ó oifigeach do na Coimisinéirí faoi éide, an fheithicil a stopadh.
- (b) Déanfaidh aon duine a bheidh i bhfeighil feithicle, ar iarraidh ó oifigeach do na Coimisinéirí, a bheidh údaraithe go cuí acu chuige sin agus ar údarú an oifigigh a thabhairt ar aird má iarrann aon duine dá ndéanfaidh sé difear air déanamh amhlaidh—
 - (i) a cheadú go ndéanfaidh an t-oifigeach an fheithicil a scrúdú,
 - (ii) an fhaisnéis sin go léir i ndáil leis an bhfeithicil a theastóidh le réasún ón oifigeach agus atá ar seilbh nó ar fáil ag an duine, a thabhairt laistigh de cibé tréimhse ama agus i cibé foirm agus ar cibé slí a shonróidh an t-oifigeach, agus
 - (iii) na leabhair agus na doiciméid sin go léir i ndáil leis an bhfeithicil a theastóidh le réasún ón oifigeach agus a bheidh ar seilbh, i gcoimeád nó ar fáil ag an duine a thabhairt ar aird laistigh de cibé tréimhse ama agus ar cibé slí a shonróidh an t-oifigeach agus a cheadú dó iad a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu.

(3) Aon uair a bhíonn drochamhras ar oifigeach do na Coimisinéirí le réasún—

- (a) nár cláraíodh feithicil, nó
- (b) gur athchóiríodh feithicil agus nach ndearnadh dearbhú i ndáil leis an athchóiriú faoi *alt 131*, nó
- (c) nár íocadh aon cháin cláraithe feithiclí i leith feithicle,

féadfaidh an t-oifigeach, má tá sé údaraithe go cuí chuige sin ag na Coimisinéirí agus ar a údarú a thabhairt ar aird, má iarrann aon duine dá ndéanfaidh sé difear air déanamh amhlaidh, an fheithicil a choinneáil go dtí go ndéanfar cibé scrúdú, fiosruithe nó imscrúduithe a mheasfaidh an t-oifigeach sin, nó oifigeach eile do na Coimisinéirí, is gá d'fhonn a chinneadh chun sástacht ceachtar de na hoifigigh sin cibé acu a cláraíodh an fheithicil, a rinneadh an dearbhú sin a dúradh nó a íocadh an cháin cláraithe feithiclí, de réir mar is cuí.

(4) Nuair a bheidh cinneadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* déanta i leith feithicle, nó ar dhul in éag do thréimhse míosa amháin ón dáta ar ar coinníodh an fheithicil faoin bhfo-alt sin, cibé acu is luaithe, déanfar an fheithicil a urghabháil mar fheithicil a dhlífear a fhorghéilleadh faoi na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistí na ndleachtanna sin agus aon ionstraim a bhaineann le dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht nó scaoilfear í.

143.—(1) Aon fheithicil a bheidh cláraithe ag údarás ceadúnúcháin lena húsáid in áit phoiblí roimh an 1ú lá d'Eanáir, 1993, measfar gur feithicil chláraithe í. Forálacha idirthréimhseacha.

(2) Aon fheithicil ar ar íocadh nó ar ar urraíodh dleacht mháil mótarfeithicle nó dár tugadh faoiseamh i leith dleachta máil mótarfeithicle, nó ar ar loghadh dleacht máil mótarfeithicle, faoi Ordú 1979 nó Ordú 1984 roimh an 1ú lá d'Eanáir, 1993, agus a cheanglaítear a bheith ceadúnaithe faoi Acht 1952 lena húsáid in áit phoiblí ach nach raibh ceadúnaithe amhlaidh roimh an dáta sin, taifeadfar sa chlár í gan an mál a fhorchuirtear le *halt 133* a íoc.

144.—Beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag na forálacha de chuid na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin agus de chuid aon ionstraime a bhaineann le dleachtanna máil agus a rinneadh faoi reacht, agus nach gcuirtear chun feidhme ar shlí eile leis an gCaibidil seo, i ndáil le clárú, cáin cláraithe feithiclí agus dearbhuithe faoi *alt 131(3)* amhail mar atá feidhm acu maidir le dleachtanna máil. Feidhm achtachán.

CAIBIDIL V

Ilghnéitheach

145.—Sa Chaibidil seo, ciallaíonn “Ordú 1975” an tOrdú d'Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 221) (Dleachtanna Máil), 1975 (I.R. Uimh. 307 de 1975). Forléiriú (*Caibidil V*).

146.—(1) San alt seo agus sa *Cheathrú Sceideal*, tá le “toitíní”, “todóga”, “tobac píopa milsiithe”, “tobac cruafháiscithe”, “tobac píopa eile”, “tobac chun a chaite ina dheatach”, “tobac chun a choganta” agus “táirgí tobac” na bríonna céanna atá leo san Acht Airgeadais (Dleacht Máil ar Tháirgí Tobac), 1977, arna leasú leis an Ordú d'Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 243) (Dleacht Máil ar Tháirgí Táirgí tobac.

Cd.II A.146 [Uimh. 9.] An tAcht Airgeadais, 1992. [1992.]

Tobac), 1979 (I.R. Uimh. 296 de 1979), agus leis an Acht Airgeadais, 1988.

(2) Déanfar an dleacht máil ar tháirgí tobac a fhorchuirtear le halt 2 den Acht Airgeadais (Dleacht Máil ar Tháirgí Tobac), 1977, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, amhail ar an agus ón 30ú lá d'Eanáir, 1992, de réir na rátaí leithleacha a shonraítear sa *Cheathrú Sceideal*, in ionad na rátaí leithleacha a shonraítear i gCuid II den Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1991.

Leann úll agus leann piorraí.

147.—(1) Sa *Chúigiú Sceideal*—

ciallaíonn “an neart alcólach iarbhír de réir toirte” an líon toirteanna d’alcól íon atá, ag teocht 20°C, i 100 toirt den táirge ag an teocht sin;

ciallaíonn “% toirte” an neart alcólach de réir toirte.

(2) Déanfar an dleacht máil ar leann úll agus leann piorraí a fhorchuirtear le mír 8(2) d’Ordú 1975 a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, amhail ar an agus ón 30ú lá d'Eanáir, 1992, de réir na rátaí leithleacha a shonraítear sa *Chúigiú Sceideal* in ionad na rátaí leithleacha a shonraítear sa Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1989.

Teilifíseáin.

148.—Ní dhéanfar an dleacht máil ar theilifíseáin a fhorchuirtear le mír 5 (1) den Ordú d’Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 236) (Dleachtanna Máil ar Mhótarfheithiclí, Teilifíseáin agus Ceirníní Gramafóin), 1979 (I.R. Uimh. 57 de 1979) a mhuirearú ná a thobhach an 30ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis.

Fís-seinnteoirí.

149.—Ní dhéanfar an dleacht máil ar fhís-seinnteoirí a fhorchuirtear le mír 4 den Ordú d’Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 260) (Dleacht Máil ar Fhís-Seinnteoirí), 1982 (I.R. Uimh. 49 de 1982) a mhuirearú ná a thobhach an 30ú lá d'Eanáir, 1992, nó dá éis.

Hidreacarbóin.

150.—(1) Déanfar an dleacht máil a fhorchuirtear ar ola éadrom hidreacarbóin mhianra le mír 11 (1) d’Ordú 1975 a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, amhail ar an agus ón 1ú lá de Bhealtaine, 1992, de réir ráta £28.70 an heictilítear in ionad an ráta a shonraítear in alt 40(1) den Acht Airgeadais, 1989.

(2) Chun críocha an lacáiste dleachta ar ola éadrom hidreacarbóin mhianra dá bhforáiltear in alt 56 (3) den Acht Airgeadais, 1988, beidh feidhm ag alt 89 den Acht Airgeadais, 1990, amhail ar an agus ón 1ú lá de Bhealtaine, 1992, amhail is dá mba éard í an tagairt san alt sin d’alt 40 (1) den Acht Airgeadais, 1989, tagairt ina hionad sin *d’fho-alt (1)*.

(3) Le héifeacht ón 1ú lá d’Iúil, 1992, leasaítear, leis seo, alt 42 (2) den Acht Airgeadais, 1976, trí “£0.085” a chur in ionad “£0.08” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1983), agus, dá réir sin, scoirfidh mír 5(10) (a fhorálann go bhfuil éifeacht le bheith ag an £0.08 sin ionann is dá gcuirfí £0.17 ina ionad) den Ordú d’Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 285) (Dleachtanna Máil), 1987 (I.R. Uimh. 19 de 1987) d’éifeacht a bheith leis ón dáta sin.

Mótarfheithiclí.

151.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “na hiar-mhótarfheithiclí de chuid earnáil B” na mótarfheithiclí a scoireann, de bhua *fho-alt* (2), de bheith ina mótarfheithiclí de chuid earnáil B chun críocha Ordú 1979;

ciallaíonn “Ordú 1979” an tOrdú d’Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 236) (Dleachtanna Máil ar Mhótarfheithiclí, Teilifíseáin agus Ceirníní Gramafóin), 1979 (I.R. Uimh. 57 de 1979);

ciallaíonn “Ordú 1984” an tOrdú d’Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 272) (Dleachtanna Máil ar Mhótarfheithiclí), 1984 (I.R. Uimh. 353 de 1984).

(2) Leasaítear, leis seo, Ordú 1979 i mír 3 (a)—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “mótarfheithiclí de chuid earnáil B”:

“ciallaíonn ‘mótarfheithiclí de chuid earnáil B’ mótarfheithiclí (gan mótarfheithiclí de chuid earnáil A, otharcharranna, eileatraim, busanna agus feithiclí sainchuspóireacha a áireamh) nach mó ná 3 thonna a meáchan neamhualaithe agus ag a bhfuil limistéar a bhfuil díon air ar chúl shuíochán an tiománaí is limistéar ar giorra ná 2 mhéadar ar fhad a urlár nuair a dhéantar é a thomhas ar cibé modh a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim:

Ar choinníoll maidir le mótarfheithiclí—

(a) a mbeadh, murach an coinníoll seo, an dleacht a fhorchuirtear le mír 4 (1) den Ordú seo le muirearú orthu tar éis *an tAcht Airgeadais*, 1992 a rith,

(b) nach mó ná 1.3 tonna a meáchan neamhualaithe, agus

(c) a bhfuil toirt ualaigh is mó ná 2 mhéadar ciúbach sa limistéar iontu a bhfuil díon air ar chúl shuíochán an tiománaí nuair a dhéantar é a thomhas ar cibé modh a cheadóidh na Coimisinéirí,

nach measfar gur mótarfheithiclí de chuid earnáil B iad;”,

(b) trí “mótarfheithiclí eile” a chur in ionad “mótarfheithiclí dá dtagraítear i mír 4 (4) den Ordú seo” sa mhíniú ar “monaraigh”, agus

(c) trí “mótarfheithicle atá feistithe le hinneall seachas mótarfheithicil earnáil A” a chur in ionad “mótarfheithicil earnáil B atá feistithe le hinneall” sa mhíniú ar “mótarfheithicil”.

(3) Déanfar an dleacht máil a fhorchuirtear le mír 4 (1) d’Ordú 1979 a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, amhail ar an agus ón 30ú lá d’Eanáir, 1992—

(a) de réir ráta is ionann agus 20 faoin gcéad den luach inmhuirearaithe a mhéid is inmhuirearaithe í ar mhótarfheithiclí áirithe de chuid earnáil A (is mótarfheithiclí de chuid earnáil A ag a bhfuil innill ar lú a dtoilleadh sorcórach ná 2012 ceintiméadar ciúbach, nó

a bhfuil sé ar cóimhéid leis) in ionad an ráta a shonraítear in alt 76 (ii) den Acht Airgeadais, 1986,

- (b) de réir ráta is ionann agus 12.5 faoin gcéad den luach inmhuirearaithe a mhéid is inmhuirearaithe í ar mhótarfheithiclí de chuid earnáil B in ionad an ráta a shonraítear i mír 5 d'Ordú 1984, agus
- (c) de réir ráta is ionann agus nialas faoin gcéad den luach inmhuirearaithe a mhéid is inmhuirearaithe í ar mhótarfheithiclí seachas mótarfheithiclí de chuid earnáil A nó mótarfheithiclí de chuid earnáil B in ionad an ráta a shonraítear i leith na n-iarmhótarfheithiclí de chuid earnáil B i mír 5 d'Ordú 1984.

Deireadh a chur le dleachtanna máil ar uiscí boird agus ar cheadúnas monaróra uiscí boird.

152.—(1) Ní dhéanfar an dleacht máil ar uiscí boird a fhorchuirtear le fo-mhír (2) (a cuireadh isteach le halt 37 (1) den Acht Airgeadais, 1981) de mhír 9 d'Ordú 1975 a mhuirearú nó a thobhach ar an 1ú lá de Shamhain, 1992 nó dá éis.

(2) Le héifeacht amhail ar an agus ón 1ú lá de Shamhain, 1992, scoirfidh alt 9 den *Finance Act*, 1916, a mhéid a bhaineann sé le huiscí boird, d'éifeacht a bheith leis.

Deireadh a chur le dleacht mháil ar cheadúnas monaróra lasán.

153.—Le héifeacht amhail ar an agus ón 1ú lá de Mheitheamh, 1992, scoirfidh forálacha alt 3 (2) den *Finance Act (New Duties)*, 1916 d'éifeacht a bheith leo.

Méadú ar dhleachtanna ar cheadúnais deochanna meisciúla áirithe.

154.—Déanfar na dleachtanna máil a fhorchuirtear—

- (a) le halt 43 den *Finance (1909-10) Act*, 1910, ar na ceadúnais chun deochanna meisciúla a shonraítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin a mhonarú nó a dhíol, seachas ar-chedúnas miondíoltóra atá le baint amach gach bliain ag miondíoltóir biotáille, agus
- (b) le halt 10 (3) den Acht Airgeadais, 1940, ar cheadúnas atá le baint amach gach bliain ag gach duine a dhéanann leann úll nó leann piorraí lena dhíol,

maidir le haon cheadúnas den sórt sin a dheonófar an 1ú lá d'Iúil, 1992, nó dá éis, i leith tréimhsí dar críoch laethanta tar éis an 30ú lá de Mheán Fómhair, 1992, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, ar gach cheadúnas den sórt sin, de réir an ráta a shonraítear i *gcolún (3)* de *Chuid I* den *Séú Sceideal* ag an uimhir thagartha ag a bhfuil an cheadúnas sin luaite i *gcolún (2)* den Sceideal sin, in ionad an ráta a shonraítear i gCuid I den Seachtú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1980 (maidir le ceadúnais monaróirí a bheidh le baint amach gach bliain ag driogaire biotáille nó ag grúdaire beorach lena ndíol), agus i gCuid I den Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1989 (maidir le haon cheadúnas eile den sórt sin); agus ní lamhálfar ná ní dhéanfar aon laghdú, loghadh, lacáiste ná aisíoc maidir le haon cheadúnas den sórt sin ach féadfar aon dleacht a íocadh trí dhearmad ar aon cheadúnas den sórt sin a aisíoc.

Ar-chedúnais miondíoltóirí biotáille.

155.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “láimhdeachas bliantúil” an méid—

- (a) ar a bhfuil cáin bhreisluacha inmhuirearaithe de bhua alt 10 den Acht Cánach Breisluacha, 1972, nó
- (b) ar a mbeadh cáin bhreisluacha inmhuirearaithe mura mbeadh feidhm ag an eisiámh atá in alt 8 (3) den Acht Cánach Breisluacha, 1972,

i leith tréimhse leanúnaí nach giorra ná 12 mhí dar críoch an dáta céanna i ngach bliain ach sin san aon chás amháin go dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse tráth nach luaithe ná an 31ú lá de Dheireadh Fómhair roimh thosach na bliana a mbeidh an ceadúnas curtha chun feidhme ina leith, ach ní fholaíonn sé láimhdeachas a thig de ghníomhaíocht gnó eisiata le linn na tréimhse céanna;

ciallaíonn “gníomhaíocht gnó eisiata” gníomhaíocht gnó a sheoltar i gcuid den áitreabh ceadúnaithe agus nach mbaineann le deochanna alcólacha a dhíol:

Ar choinníoll go measfar go mbaineann soláthar siamsaíochta nó díol scroidbhianna, deochanna nó béilí lena gcaitheamh san áitreabh nó táirgí tobac le deochanna alcólacha a dhíol ach amháin, i gcás ceadúnais arna dheonú i leith óstáin atá cláraithe faoi láthair i gclár na n-óstán a chothabhálann agus a choimeádann Bord Fáilte Éireann faoi na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 go 1987, nach measfar maidir le soláthar béilí i seomra bia a bheidh ar leithligh ó aon réimse ina bhfuil beár atá deartha go hiomlán nó go príomha chun deochanna alcólacha a dhíol, go mbaineann sé le deochanna meisciúla a dhíol.

- (2) (a) Déanfar na dleachtanna máil a fhorchuirtear le halt 43 den *Finance (1909-10) Act*, 1910, ar ar-theadúnais miondfoltóirí biotáille, maidir le haon cheadúnas den sórt sin a dheonófar an 1ú lá de Dheireadh Fómhair, 1992 nó dá éis, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar gach cheadúnas den sórt sin de réir an ráta atá sonraithe i *mír (b)*, in ionad an ráta chuif atá sonraithe i gCuid I den Séú Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1989, agus, faoi réir *fho-alt (3)*, ní lamhálfar ná ní dhéanfar aon laghdú, loghadh, lacáiste nó aisíoc i leith aon cheadúnais den sórt sin ach féadfar aon dleacht a íocadh trí dhearmad ar aon cheadúnas den sórt sin a aisíoc.
- (b) Is mar seo a leanas do na rátaí dleachta a fhorchuirtear le *mír (a)*—
 - (i) i gcás go ndeonófar ceadúnas ar athnuachan faoi alt 9 den Acht Deochanna Meisciúla, 1988, ráta dleachta £200;
 - (ii) i gcás go ndeonófar ceadúnas faoi alt 7 den *Excise Act*, 1835, ráta dleachta £200;
 - (iii) i gcás go ndeonófar ceadúnas in aon chás eile, an ráta cuif dleachta atá luaite i *gcolún (2)* den Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo i leith leibhéal láimhdeachais bhliantúil an áitribh cheadúnaithe atá luaite os coinne an ráta sin i *gcolún (1)* den Tábla sin:

Ar choinníoll—

- (I) más rud é, i leith áitribh atá ceadúnaithe faoi láthair nó a bhíodh ceadúnaithe roimhe seo, go ndéanfar ceadúnas a dheonú i gcás

nach mbeidh láimhdeachas bliantúil suite fós faoi *fho-alt (1)*, ráta dleachta is comhionann leis an tsuim a íocadh an tráth deireanach a bhí an t-áitreabh ceadúnaithe, faoi réir ráta íosta dleachta £200;

(II) i gcás go ndeonófar ceadúnas, i leith áitribh nach raibh ceadúnaithe roimhe sin, ráta dleachta £200.

(c) Déanfar fianaise ar láimhdeachas gníomhaíochta gnó eisiata le linn na tréimhse céanna, faoi réir na Coimisinéirí Ioncaim a bheith deimhin de, a sholáthar ar mhodh cuntais bhliantúil iniúchta a chuimseoidh an tréimhse chéanna a úsáideadh i leith láimhdeachais bhliantúil.

AN TÁBLA

An Leibhéal Láimhdeachais Bhliantúil	Rátaí Dleachta
(1)	(2)
Faoi £150,000	£200
£150,000 ach níos lú ná £300,000	£400
£300,000 ach níos lú ná £500,000	£900
£500,000 ach níos lú ná £750,000	£1,400
£750,000 ach níos lú ná £1,000,000	£2,000
£1,000,000 nó níos mó	£3,000

(3) Más rud é, tar éis an dleacht a íoc, go mbeidh athrú ar an láimhdeachas bliantúil de bhua aon fhorála san Acht Cánach Breisluacha, 1972, agus de bhua an athraithe sin go mbeidh sé suite—

- (a) gur mó an méid dleachta máil a íocadh ar dheonú an cheadúnais ná an méid ab iníoctha go cuí, aisíocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim méid an bharrachais sin;
- (b) gur lú an méid dleachta máil a íocadh ar dheonú an cheadúnais ná an méid ab iníoctha go cuí, íocfar méid an easnaimh sula mbeidh an ceadúnas in-athnuaite agus ní bheidh an ceadúnas in-athnuaite mura mbeidh méid an easnaimh íoctha amhlaidh.

(4) Gach duine a mhainneoidh an leibhéal láimhdeachais bhliantúil a shuíomh chun críche *fho-alt (2)* nó a fhailleoidh an tsuim chuí is iníoctha aige i leith na dleachta a fhorchuirtear leis an alt seo a íoc, beidh sé ciontach i gcion faoin alt seo agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, pionós máil £1,000 a chur air.

(5) Leasaítear, leis seo, alt 50 den *Finance (1909-10) Act*, 1910, arna leasú le halt 69 den Acht Airgeadais, 1983, trí “£1,000” a chur in ionad “£500” i bhfo-alt (3), agus tá an fo-alt sin (3), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

AN TÁBLA

(3) If any person sells by retail any intoxicating liquor, for the retail sale of which he is required to take out a licence under this Act, without taking out such a licence, he shall be liable in respect of each offence to an excise penalty of £1,000.

(6) Aisghairtear, leis seo, na hachtacháin a shonraítear i *gCuid II* den *Triú Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den *Sceideal* sin.

156.—Leasaítear, leis seo, alt 49 den *Finance (1909-10) Act, 1910*—

Leasú ar alt 49
(ceadúnais a
dheonú agus dáta
éagtha ceadúnas)
den *Finance (1909-10) Act, 1910*.

(a) tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur le fo-alt (1):

“Provided that, notwithstanding anything to the contrary in any other enactment, in particular, section 5 of the Licensing (Ireland) Act, 1833, section 7 of the Excise Act, 1835, the Licensing (Ireland) Act, 1902, sections 13 and 14 of the Intoxicating Liquor Act, 1960, section 4 of the Courts (No. 2) Act, 1986 and section 9 of the Intoxicating Liquor Act, 1988, any licence commencing on or after the 1st day of October, 1992, which is a spirits retailer’s on-licence, a spirits retailer’s off-licence or a wine retailer’s on-licence as is specified in the First Schedule to this Act shall not be granted by the Commissioners unless a tax clearance certificate in relation to that licence has been issued in accordance with *section 242* of the *Finance Act, 1992*.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) (a) Where an application in accordance with section 242 of the Finance Act, 1992, for a tax clearance certificate in respect of a licence to which the proviso to subsection (1) of this section has been refused and an appeal against such refusal has been made and accepted in accordance with subsection (6) of the said section 242 and the licence could, but for the provisions relating to a tax clearance certificate, have been issued, then—

(i) in a case where a licence has been granted in respect of the previous licensing year, such licence may continue in force beyond its latest expiry date pending the final determination of the appeal, and

(ii) in a case where a licence has not been granted in respect of the previous licensing year, a licence may be issued temporarily and remain in force pending the final determination of the appeal:

Provided that the amount of the duty that would be payable on the granting of the licence is duly deposited with the proper officer of Customs and Excise.

(b) Every licence issued in accordance with paragraph (a) (ii) of this subsection shall, while it remains in force, be a licence within the meaning of this section.

- (c) On the final determination of an appeal referred to in paragraph (a) of this subsection—
- (i) iin a case where the determination is to the effect that the application for a tax clearance certificate in relation to a licence is an acceptable application and where the tax clearance certificate has been issued, the duty deposited shall be set against the appropriate duty payable on the grant of the licence, and

(ii) in a case where the determination is to the effect that the refusal of the application for a tax clearance certificate in relation to a licence is a valid refusal, the licence continued in force or issued temporarily under this subsection shall expire not later than seven days after the determination of such appeal, and the amount of any duty deposited in excess of the proportion of that duty attributable to the period when the licence was temporarily in force shall be repaid.”.

Méadú ar dhleachtanna ar cheadúnas rince phoiblí, ar cheadúnas ócáideach, ar ordú díolúine speisialta agus ar údarú do chlub.

157.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 78 (2) (arna leasú le halt 44 (1) den Acht Airgeadais, 1989) den Acht Airgeadais, 1980 , trí “£20” agus “£125” a chur in ionad “£15” agus “£100”, faoi seach, agus tá an fo-alt sin (2), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

AN TÁBLA

(2) Muirearófar, toibheofar agus íocfar ar gach ceadúnas rince phoiblí a dheonófar faoi alt 2 den Acht um Hallaí Rinnce Puiblí, 1935, dleacht máil—

i gcás gur do thréimhse shonraithe nach faide ná mí an cheadúnas	£20
in aon chás eile	£125

(2) Leasaítear, leis seo, alt 78 den Acht Airgeadais, 1980, trí “£90” a chur in ionad “£70” (a cuireadh isteach le halt 44(2) den Acht Airgeadais, 1989) i bhfo-ailt (3), (4) agus (5), agus tá na fo-ailt sin (3), (4) agus (5), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo.

AN TÁBLA

(3) Muirearófar, toibheofar agus íocfar ar gach ceadúnas ócáideach a dheonófar faoi alt 11 nó 13 den Acht Deochanna Meisciúla, 1962, dleacht máil £90.

(4) Muirearófar, toibheofar agus íocfar ar gach ordú díolúine speisialta a dheonófar faoi alt 5 den Acht Deocha Meisciúla, 1927, nó faoi alt 13 den Acht Deochanna Meisciúla, 1962, dleacht máil £90.

(5) Muirearófar, toibheofar agus íocfar ar gach údarú a dheonófar do chlub faoi alt 21 den Acht Deocha Meisciúla (Generálta), 1924, nó faoi alt 14 den Acht Deochanna Meisciúla, 1962, dleacht máil £90.

(3) Beidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le gach ceadúnas, ordú agus údarú lena mbaineann an t-alt seo agus a dheonófar ar dháta an Achta seo a rith nó dá éis i leith dátaí tar éis an 1ú lá de Lúnasa, 1992.

158.—(1) Déanfar an dleacht máil a fhorchuirtear le mír 12 (12) d'Ordú 1975 ar cheadúnas a bheidh le baint amach gach bliain ag duine a dhíolann nó a sheachadann ola hidreacarbóin is inchurtha faoin dleacht a fhorchuirtear le mír 12 (1) den Ordú sin, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, amhail ar an agus ón 1ú lá d'Iúil, 1992, de réir ráta £30 in ionad an ráta a shonraítear in alt 45 (1) den Acht Airgeadais, 1989.

Méadú ar dhleachtanna ar cheadúnais díoltóirí hidreacarbóin.

(2) Déanfar an dleacht máil a fhorchuirtear le halt 42(4)(a) den Acht Airgeadais, 1976, ar cheadúnas a bheidh le baint amach gach bliain ag duine a dhíolann nó a sheachadann gás mótarfheithicle in aon áitreabh, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, amhail ar an agus ón 1ú lá d'Iúil, 1992, de réir ráta £30 in ionad an ráta a shonraítear in alt 45 (2) den Acht Airgeadais, 1989.

(3) Déanfar an dleacht máil a fhorchuirtear le halt 45 (3) (b) den Acht Airgeadais, 1989, ar cheadúnas a bheidh le baint amach gach bliain ag duine a dhíolann nó a sheachadann in aon áitreabh aon ola éadrom hidreacarbóin lena dó in inneall mótarfheithicle, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, amhail ar an agus ón 1ú lá d'Iúil, 1992, de réir ráta £30 in ionad an ráta a shonraítear san alt sin 45 (3) (b).

(4) Amhail ar an agus ón 1ú lá d'Iúil, 1992, beidh feidhm ag forálacha alt 45 (4) den Acht Airgeadais, 1989, agus beidh éifeacht leo, amhail is dá mba éard í an tagairt ann d'fho-alt (1) agus dá mba éard iad na tagairtí ann d'fho-alt (3) tagairtí don fho-alt sin (1) arna leasú le *fo-alt (1)* agus don fho-alt sin (3) arna leasú le *fo-alt (3)*, faoi seach, agus amhail is dá mba thagairt do £30 an tagairt do £20 san alt sin 45 (4).

159.—(1) Déanfar an dleacht máil ar dhuine a chlárú i gclár de dhéileálaithe arm tine is dleacht máil a fhorchuirtear le fo-alt (1) (arna leasú le halt 46 (1) den Acht Airgeadais, 1989) d'alt 41 den Acht Airgid, 1925, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir ráta £60 in ionad an ráta a shonraítear san fho-alt sin (1).

Méadú ar dhleachtanna ar chlárú déileálaithe arm tine.

(2) Déanfar an dleacht máil ar dhuine a chlárú i gclár de dhéileálaithe arm tine is dleacht máil a fhorchuirtear le fo-alt (3) (a cuireadh isteach le halt 52 (c) den Acht Airgeadais, 1971) d'alt 41 den Acht Airgid, 1925, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir ráta £10 in ionad an ráta a shonraítear chun críoch an fho-ailt sin (3) in alt 46 (2) den Acht Airgeadais, 1989.

160.—(1) Déanfar an dleacht máil ar dheimhniú airm tine a fhorchuirtear le halt 18 (2) den Acht Airgeadais, 1964, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, i gcás aon deimhniú den sórt sin a thiocfaidh i bhfeidhm trí dheonú nó athnuachan an 1ú lá de Lúnasa, 1992, nó dá éis, de réir na rátaí a shonraítear i *gCuid II* den *Séú Sceideal* in ionad na rátaí a shonraítear i *gCuid II* den *Séú Sceideal* a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1989.

Méadú ar dhleachtanna ar cheadúnais áirithe eile, etc.

(2) Déanfar an dleacht máil a fhorchuirtear le halt 17 den Acht Airgeadais, 1956, ar cheadúnais chearrbhachais a eiseofar faoi alt 19 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar cheadúnais den sórt sin a eiseofar an 1ú lá de Mheitheamh, 1992, nó dá éis, de réir na rátaí a shonraítear i *gCuid III* den *Séú Sceideal* in ionad na rátaí a shonraítear i *gCuid III* den *Séú Sceideal* a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1989.

(3) (a) Déanfar alt 74 (1) den Acht Airgeadais, 1980, a leasú, maidir le ceadúnais mheaisín cearrbhachais a dheonú an 1ú lá de Mheitheamh, 1992, nó dá éis, trí “£100”, “£200”, “£300” agus “£400”, faoi seach, a chur in ionad “£80”, “£160”, “£240” agus “£320” (a cuireadh isteach le halt 47 (3) (a) den Acht Airgeadais, 1989).

(b) Déanfar mír (aa) (a cuireadh isteach le halt 74 (2) den Acht Airgeadais, 1980) d’fho-alt (7) d’alt 43 den Acht Airgeadais, 1975, a leasú, maidir le ceadúnais mheaisín cearrbhachais a dheonú an 1ú lá de Mheitheamh, 1992, nó dá éis, trí “£60”, “£120”, “£180” agus “£240”, faoi seach, a chur in ionad “£50”, “£100”, “£150” agus “£200” (a cuireadh isteach le halt 47 (3) (b) den Acht Airgeadais, 1989).

(4) Déanfar an dleacht máil maidir le ceadúnas, cead nó deimhniú, de réir mar a bheidh, a luaitear i *gcolún (2)* de *Chuid IV* den *Séú Sceideal* ag aon uimhir thagartha agus a fhorchuirtear leis an aachtachán a shonraítear i *gcolún (3)* den *Chuid sin IV* ag an uimhir thagartha sin, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, amhail ar an agus ón dáta a shonraítear i *gcolún (4)* den *Chuid sin IV* ag an uimhir thagartha sin, de réir an ráta a shonraítear i *gcolún (5)* den *Chuid sin IV* ag an uimhir thagartha sin in ionad na rátaí a shonraítear i *gCuid IV* den *Séú Sceideal* a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1989.

Méadú ar dhleacht ar chlárú clubanna.

161.—Déanfar an dleacht máil ar dheimhniú clárúcháin club a fhorchuirtear le halt 48 (2) den Acht Airgeadais, 1989, i gcás aon deimhniú den sórt sin a thiocfaidh i bhfeidhm, cibé acu trí dheonú nó athnuachan, an 1ú lá de Mheán Fómhair, 1992, nó dá éis, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, de réir ráta £400 in ionad an ráta a shonraítear san alt sin 48 (2).

Srian le halt 29 (forálacha i ndáil le custaim, dleachtanna custam agus tobhaigh CEE) den Acht Airgeadais, 1978.

162.—(1) Chun críocha alt 29 den Acht Airgeadais, 1978, déanfar tagairtí do “tobhach” a fhorléiriú ar shlí nach n-áireofar iontu méideanna cúitimh airgeadaíochta is inmhuirearaithe ar earraí a onnmhairítear ón Stát chuig aon stát nach ball de na Comhphobail Eorpacha.

(2) San alt seo, ciallaíonn “méideanna cúitimh airgeadaíochta” an córas méideanna cúitimh airgeadaíochta a rialaítear le Rialachán (CEE) Uimh. 1677/85 an 11 Meitheamh 1985, ón gComhairle*, nó le haon Rialachán ón gComhairle dá éis sin a bhfuil an éifeacht chéanna leis.

Leasú ar an Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952.

163.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1952” an tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952.

(2) Leasófar Acht 1952, maidir le ceadúnais faoi alt 1 den Acht sin a bhainfear amach in aghaidh tréimhsí dar tosach an 1ú lá d’Aibreán, 1992, nó dá éis, i gCuid I den Sceideal (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991) a ghabhann le hAcht 1952:

(a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach in ionad mhír 1:

“1. Feithiclí de na tuairiscí seo a leanas nach mó ná 500 cileagram a meáchan gan ualach:

*I.O. Uimh. L164, 24 Meitheamh 1985, lch. 6.

- (a) rothair nó trírothaigh (seachas trírothaigh nach bhfuil déanta ná oiriúnaithe lena n-úsáid, ná nach n-úsáidtear, chun paisinéir a iompar) £20
- (b) feithiclí ag a bhfuil trí roth nó níos mó nach bhfuil déanta ná oiriúnaithe lena n-úsáid, ná nach n-úsáidtear, chun tiománaí ná paisinéir a iompar £20.”
- (b) trí “£50” a chur in ionad “£40” i bhfomhíreanna (a), (c) agus (d) de mhír 2,
- (c) trí “£400” a chur in ionad “£300” i bhfomhír (b) de mhír 2,
- (d) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (a) de mhír 3:
- “(a) Feithiclí atá déanta nó oiriúnaithe chun breis agus 8 nduine a iompar is feithiclí le heagraíocht don aos óg nó eagraíocht phobail nach n-úsáideann ach an eagraíocht iad agus sin chun daoine a iompar ar thurais a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun na críche sin amháin, agus a bhfuil cóiríocht shuite iontu—
- (i) do líon daoine is mó ná 8 nduine ach nach mó ná 20 duine £150
- (ii) do líon daoine is mó ná 20 duine ach nach mó ná 40 duine £220
- (iii) do líon daoine is mó ná 40 duine ach nach mó ná 60 duine £300
- (iv) do bhreis agus 60 duine £375.”,
- (e) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (b) de mhír 3:
- “(b) Feithiclí (seachas na feithiclí sin dá dtagraítear i bhfomhír (c) den mhír seo) a úsáidtear mar mhórfheithiclí seirbhíse poiblí de réir bhrí an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1961, agus a bhfuil cóiríocht shuite iontu—
- (i) do líon daoine is mó ná 8 nduine ach nach mó ná 20 duine £150
- (ii) do líon daoine is mó ná 20 duine ach nach mó ná 40 duine £220
- (iii) do líon daoine is mó ná 40 duine ach nach mó ná 60 duine £300
- (iv) do bhreis agus 60 duine £375.”,
- (f) trí “£45” a chur in ionad “£35” i bhfomhíreanna (a), (b) agus (c) de mhír 4,
- (g) trí “£120” a chur in ionad “£90” i bhfomhír (d) de mhír 4,
- (h) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 5:

“5. Feithiclí (lena n-áirítear trírothaigh ar mó ná 500 cileagram a meáchan gan ualach) atá déanta nó oiriúnaithe lena n-úsáid, agus a úsáidtear, chun earraí nó ualach d’aon tuairisc eile a iompar i gcúrsa trádála nó gnó (lena n-áirítear talmhaíocht agus comhlíonadh a fheidhmeanna ag údarás áitiúil nó ag údarás poiblí) agus feithiclí atá déanta nó oiriúnaithe lena n-úsáid, agus a úsáidtear, chun meaisín, ceardlann, acra nó deis a iompar, lena ndéantar nó ina ndéantar earraí atá á n-iompar ag feithiclí den sórt sin a phróiseáil nó a mhonarú le linn do na feithiclí a bheith ag gluaiseacht:

- (a) is feithiclí a thiomáintear le leictreachas agus nach mó ná 1,500 cileagram a meáchan gan ualach

£50
- (b) is feithiclí nach feithiclí a thiomáintear le leictreachas den chineál a dúradh agus a bhfuil meáchan gan ualach iontu—

(i) nach mó ná 3,000 cileagram

£150

(ii) is mó ná 3,000 cileagram ach nach mó ná 4,000 cileagram

£190

(iii) is mó ná 4,000 cileagram ach nach mó ná 5,000 cileagram

£245

(iv) is mó ná 5,000 cileagram ach nach mó ná 6,000 cileagram

£340

(v) is mó ná 6,000 cileagram ach nach mó ná 7,000 cileagram

£460

(vi) is mó ná 7,000 cileagram ach nach mó ná 8,000 cileagram

£580

(vii) is mó ná 8,000 cileagram

£580 móide £135 in aghaidh gach 1,000 cileagram, nó cuid de 1,000 cileagram, de bhreis ar 8,000 cileagram.”,
- (i) trí “£60” a chur in ionad “£50” i bhfomhír (a), (b) agus (c) de mhír 6, agus

(j) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (d) de mhír 6:

“(d) feithiclí eile lena mbaineann an mhír seo—

- | | | |
|--------|--|--|
| (i) | nach mó ná 1,000
ceintiméadar ciúbach
toilleadh a n-innill | £92 |
| (ii) | ar mó ná 1,000
ceintiméadar ciúbach ach
nach mó ná 1,500
ceintiméadar ciúbach
toilleadh a n-innill | £12.50 ar gach
100 ceintiméadar
ciúbach nó cuid
den chéanna |
| (iii) | ar mó ná 1,500
ceintiméadar ciúbach ach
nach mó ná 1,700
ceintiméadar ciúbach
toilleadh a n-innill | £14.50 ar gach
100 ceintiméadar
ciúbach nó cuid
den chéanna |
| (iv) | ar mó ná 1,700
ceintiméadar ciúbach ach
nach mó ná 2,000
ceintiméadar ciúbach
toilleadh a n-innill | £16.00 ar gach
100 ceintiméadar
ciúbach nó cuid
den chéanna |
| (v) | ar mó ná 2,000
ceintiméadar ciúbach ach
nach mó ná 2,500
ceintiméadar ciúbach
toilleadh a n-innill | £19.50 ar gach
100 ceintiméadar
ciúbach nó cuid
den chéanna |
| (vi) | ar mó ná 2,500
ceintiméadar ciúbach ach
nach mó ná 3,000
ceintiméadar ciúbach
toilleadh a n-innill | £22.00 ar gach
100 ceintiméadar
ciúbach nó cuid
den chéanna |
| (vii) | ar mó ná 3,000
ceintiméadar ciúbach
toilleadh a n-innill | £800 |
| (viii) | a thiomáintear le
leictreachas | £92: |

Ar choinníoll, más ionann in aon chás an ráta dleachta a shonraítear amhlaidh agus líon de phuint iomlána mar aon le codán de phunt, go measfar gur punt iomlán an codán de phunt”.

(3) Déanfar Acht 1952 a leasú, maidir le ceadúnais faoi alt 1 den Acht sin a bhainfear amach in aghaidh tréimhsí dar tosach an 1ú lá d'Aibreán, 1992, nó dá éis, trí “£90 nó níos lú” a chur in ionad “£70 nó níos lú” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991) i bhfomhír (b) d’fho-alt (2) d’alt 1.

CUID III

CÁIN BHREISLUACHA

Léiriú (*Cuid III*).

164.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn “An Príomh-Acht” agus an tAcht Cánach Breisluacha, 1972;

ciallaíonn “Acht 1973” an tAcht Airgeadais, 1973;

ciallaíonn “Acht 1976” an tAcht Airgeadais, 1976;

ciallaíonn “Acht 1978” an tAcht Cánach Breisluacha (Leasú), 1978;

ciallaíonn “Acht 1981” an tAcht Airgeadais, 1981;

ciallaíonn “Acht 1982” an tAcht Airgeadais, 1982;

ciallaíonn “Acht 1983” an tAcht Airgeadais, 1983;

ciallaíonn “Acht 1984” an tAcht Airgeadais, 1984;

ciallaíonn “Acht 1985” an tAcht Airgeadais, 1985;

ciallaíonn “Acht 1986” an tAcht Airgeadais, 1986;

ciallaíonn “Acht 1987” an tAcht Airgeadais, 1987;

ciallaíonn “Acht 1990” an tAcht Airgeadais, 1990;

ciallaíonn “Acht 1991” an tAcht Airgeadais, 1991.

Leasú ar alt 1
(léiriú) den
Phríomh-Acht.

165.—Leasaítear, leis seo, alt 1 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1):

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “gníomhaíocht díolmhaithe”:

“ciallaíonn ‘earraí a onnmhairiú’ earraí a onnmhairiú go dtí ceann scríbe lasmuigh den Chomhphobal agus, i gcás ina gceadaíonn an comhthéacs é, forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;”,

(ii) tríd an míniú ar “údarás cuain” a scriosadh,

(iii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “earraí do-chorraithe”:

“ciallaíonn ‘earraí a allmhairiú’ earraí a allmhairiú ón taobh amuigh den Chomhphobal isteach i mBallstát cibé acu—

(a) go díreach, nó

(b) trí aon Bhallstát eile amháin nó níos mó i gcás nach raibh cáin bhreisluacha dá dtagraítear i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle^(a) inmhuirearaithe ar na hearraí sa Bhallstát eile sin nó sna Ballstáit eile sin i leith an idirbhirt lena mbaineann,

agus, i gcás go gceadaíonn an comhthéacs é, forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;”,

(iv) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “cigire cánach”:

“tá le ‘earraí a fháil laistigh den Chomhphobal’ an bhrí a shanntar dó le halt 3A;”,

(v) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “an tAire”:

“tá le ‘ráiteas rialúcháin míosúil’ an bhrí a shanntar dó le halt 17;”,

(vi) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “earraí so-chorraithe”:

“ciallaíonn ‘córacha nua iompair’ feithiclí talún mótarthreallmhaithe ar mó ná 48 gceintiméadar chiúbacha toilleadh sorcórach a n-inneall nó ar mó ná 7.2 cileavata a gcumhacht, soithí is mó ná 7.5 méadar ar fhad agus aerárthaí ar mó ná 1,550 cileagram a meáchan ar thurghbáil agus—

(a) atá beartaithe chun daoine nó earraí a iompar, agus

(b) (i) a soláthraíodh trí mhí nó tréimhse is giorra ná sin tar éis an dáta a tháinig siad i seirbhís den chéad uair iad, nó

(ii) a thaistil 3,000 ciliméadar nó níos lú i gcás feithiclí talún, a seoladh ar feadh 100 uair an chloig nó níos lú i gcás soithí nó a eitlódh ar feadh 40 uair an chloig nó níos lú i gcás aerárthaí,

seachas soithí agus aerárthaí den chineál dá dtagraítear i mír (v) den Dara Sceideal;”,

(vii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “córacha nua iompair”:

“ciallaíonn ‘duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha’, i ndáil le Ballstát eile, duine a bhfuil uimhir aitheantais eisithe chuige faoi láthair sa Stát sin chun cuntas a thabhairt i leith cánach breisluacha dá

^(a)I.O. Uimh. L145, 13 Meitheamh 1977, lch. 1.

dtagraítear i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle agus, i ndáil leis an Stát, ciallaíonn sé duine cláraithe;”,

- (viii) trí “i ndáil haon soláthar, fáil laistigh den Chomhphobal nó allmhairiú” a chur in ionad “maidir le haon soláthar nó allmhairiú” sa mhíniú ar “earraí inchánach”,
- (ix) trí “a soláthar;” a chur in ionad “a soláthar.” sa mhíniú ar “seirbhísí inchánach”, agus
- (x) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “seirbhísí inchánach”:

“ciallaíonn ‘soitheach’, i ndáil le hiompar, ártach snámha d’aon chineál, cibé acu uathghluaisteach di nó nach ea, agus folaíonn sé sciorrárthach.”,

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, tá le tagairt do chríoch Ballstáit an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 3 (a cuireadh isteach le Treoir Uimh. 91/680/CEE an 16 Nollaig 1991 ón gComhairle^(b)) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle, agus forléireofar tagairtí do Bhallstáit agus tagairtí gaolmhara dá réir sin.”.

Leasú ar alt 2 (cáin bhreisluacha a mhuirearú) den Phríomh-Acht.

166.—Leasaítear, leis seo, alt 2 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Gan dochar d’fho-alt (1), le héifeacht ar an agus ón 1ú lá d’Eanáir, 1993, faoi réir an Achta seo agus rialachán, muirearófar, toibheofar agus íocfar cáin bhreisluacha—

- (a) ar earraí, seachas córacha nua iompair, a fháil laistigh den Chomhphobal, is fáil arna déanamh laistigh den Stát ar chomaoín ag duine inchánach,

agus

- (b) ar chóracha nua iompair a fháil laistigh den Chomhphobal is fáil arna déanamh laistigh den Stát ar chomaoín.”.

Leasú ar alt 3 (soláthar earraí) den Phríomh-Acht.

167.—Leasaítear, leis seo, alt 3 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1):

- (i) i mír (e) (arna chur isteach le hAcht 1978):

^(b)I.O. Uimh. L367, 31 Nollaig 1991, Ich. 1.

- (I) trí “, a d’allmhairigh nó a fuair sé ar shlí eile” a chur in ionad “nó a d’allmhairigh sé” agus
- (II) tríd an bhfocal “agus” a scriosadh,
- (ii) i mír (f) (arna chur isteach le hAcht 1978):
 - (I) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):
 - “(i) ar iad a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú ag an duine inchánach, nó”,
 - (II) i bhfomhír (ii) trí “, a allmhairiú” a scriosadh, agus
 - (III) trí “agus” a chur isteach i ndiaidh “alt 12,”, agus
- (iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f)—
 - “(g) duine d’aistriú earraí óna ghnó sa Stát go dtí críoch Ballstáit eile chun críocha a ghnó, seachas chun críocha aon cheann díobh seo a leanas:
 - (i) na hearraí lena mbaineann a aistriú faoi na himthosca a shonraítear i mír (b) nó (d) d’fho-alt (6),
 - (ii) na hearraí dá dtagraítear i míreanna (i), (v), (va) agus (x) den Dara Sceideal a aistriú,
 - (iii) earraí a aistriú chun a chur faoi deara obair chonartha a dhéanamh orthu,
 - (iv) úsáid shealadach na n-earraí lena mbaineann le linn dó seirbhís a sholáthar sa Bhallstát eile sin,
 - (v) úsáid shealadach na n-earraí lena mbaineann, ar feadh tréimhse nach faide ná 24 mhí, sa Bhallstát eile sin, i gcás go mbeifí i dteideal díolúine iomlán a fháil ó dhleachtanna ar allmhairí ar na hearraí céanna sin a allmhairiú isteach sa Bhallstát eile sin d’fhonn iad a úsáid go sealadach,”
 - (b) i bhfo-alt (1A) (arna chur isteach le hAcht 1978) trí “de bhua mhír (e), (f) nó (g)” a chur in ionad “de bhua mhír (e) nó (f)”, agus
 - (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6)—
 - “(6) Measfar, chun críocha an Achta seo, gurb é an áit a soláthraítear earraí—
 - (a) i gcás earraí arna seoladh nó arna n-iompar agus nach bhfuil feidhm ag mír (d) maidir leo, an áit

a dtosóidh an seoladh nó an t-iompar go dtí an duine dá ndéanfar iad a sholáthar,

- (b) i gcás earraí arna suiteáil nó arna gcóimeáil ag an soláthróir nó thar a cheann, maille le turas trialach nó gan é, an áit a suiteáiltear nó a gcóimeáiltear na hearraí,
- (c) i gcás earraí nach seoltar nó nach n-iompraítear, an áit a mbeidh na hearraí tráth an tsoláthair,
- (d) d'ainneoin mhír (a) nó (b), i gcás earraí, seachas córacha nua iompair, arna seoladh nó arna n-iompar ag an soláthróir nó thar a cheann—

(i) (I) ó chríoch Ballstáit eile, nó

(II) ó áit lasmuigh den Chomhphobal trí chríoch Ballstáit eile a ndearnadh na hearraí sin a allmhairiú isteach ann,

chuig duine nach duine inchánach sa Stát é, nó

- (ii) ó dhuine inchánach sa Stát go dtí duine i mBallstát eile nach bhfuil cláraithe le haghaidh cánach breisluacha, an áit a mbeidh na hearraí nuair a chríochnóidh an seoladh nó an t-iompar:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an mír seo (mura rud é go roghnaíonn an soláthróir, de réir rialachán, go mbeidh feidhm aici) maidir le soláthar earraí, seachas earraí a bheidh faoi réir dleachta máil, i gcás nach mó nó nach dócha gur mó an chomaoin iomlán i leith na soláthairtí sin—

(A) i gcás earraí lena mbaineann fomhír (i), ná £27,000 i mbliain féilire, agus

(B) i gcás earraí lena mbaineann fomhír (ii), ná an méid a bheidh sonraithe sa Bhallstát lena mbaineann de réir Airteagal 28b. B(2) (arna chur isteach le Treoir Uimh. 91/680/CEE an 16 Nollaig 1991 ón gComhairle) de Threoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle.”.

Earraí a fháil laistigh den Chomhphobal.

168.—Leasaítear, leis seo, an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 3:

“3A.(1) San Acht seo, ciallaíonn ‘earraí a fháil laistigh den Chomhphobal’—

- (a) fáil earraí sochorraithe, seachas córacha nua iompair, arna soláthar ag duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát do dhuine i mBallstát eile (seachas pearsa aonair nach duine inchánach nó nach bhfuil i dteideal roghnú a bheith ina dhuine

inchánach) agus a seoladh nó a iompraíodh ó chríoch Ballstáit go dtí críoch Ballstáit eile mar thoradh ar an soláthar sin, nó

- (b) fáil córacha nua iompair arna seoladh nó arna n-iompar ó chríoch Ballstáit go dtí críoch Ballstáit eile.
- (2) (a) Measfar gurb é an áit ina mbeidh na hearraí nuair a chríochnóidh an seoladh nó an t-iompar an áit a ndéanfar earraí a fháil laistigh den Chomhphobal.
- (b) Gan dochar do mhír (a), nuair a luafaidh an duine a bheidh ag fáil na n-earraí a uimhir chláráithe cánach breisluacha chun críche na fála, measfar, gur laistigh de chríoch an Bhallstáit a d'eisigh an uimhir chláráithe sin atá an áit a ndéantar earraí a fháil laistigh den Chomhphobal.
- (3) Chun críocha an ailt seo—
 - (a) measfar gur tharla soláthar i gcríoch Ballstáit más rud é go dtarlódh soláthar sa Stát faoi alt 3 in imthosca dá samhail, agus
 - (b) measfar gur duine inchánach nó duine atá i dteideal roghnú a bheith ina dhuine inchánach i mBallstát eile duine más rud é go mbeadh an duine ina dhuine inchánach nó i dteideal roghnú a bheith ina dhuine inchánach sa Stát de réir alt 8 in imthosca dá samhail.
- (4) I gcás go ndéanfar earraí a sheoladh nó a iompar ó áit lasmuigh den Chomhphobal go dtí duine sa Stát nach bhfuil cláráithe le haghaidh cánach agus nach pearsa aonair é, agus go mbeidh cáin bhreisluacha dá dtagraítear i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle inmhuirearaithe ar allmhairiú na n-earraí sin isteach i mBallstát eile ansin, chun críocha fho-alt (1), measfar go bhfuil an duine cláráithe le haghaidh cánach breisluacha sa Bhallstát eile sin agus measfar gur seoladh nó gur iompraíodh na hearraí ón mBallstát eile sin.”.

169.—Leasaítear, leis seo, alt 5 (a cuireadh isteach le hAcht 1978) den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 5
(seirbhísí a
sholáthar) den
Phríomh-Acht.

- (a) i bhfo-alt (3A) (a cuireadh isteach le hAcht 1986) trí “a shonraítear i míreanna (f) agus (g) d’fho-alt (6) nó sa Cheathrú Sceideal” a chur in ionad “a shonraítear sa Cheathrú Sceideal”, agus
- (b) i bhfo-alt (6):
 - (i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) Measfar, chun críocha an Achta seo, maidir le seirbhísí iompair, ar leith ó earraí a iompar laistigh den Chomhphobal, go soláthraítear iad san áit a ndéantar an t-iompar.”,
 - (ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii) de mhír (c):

- “(ii) gníomhaíochtaí cumhalda iompair ar nós luchtú, díluchtú agus láimhsiú, ar leith ó ghníomhaíochtaí is gníomhaíochtaí cumhalda maidir le hearraí a iompar laistigh den Chomhphobal ar earraí iad arna bhfáil ag duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha in aon Bhallstát,” agus
- (iii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e) (a cuireadh isteach le hAcht 1986):
- “(f) Measfar, chun críocha an Achta seo, maidir leis an áit a soláthraítear na seirbhísí seo a leanas arna bhfáil ag duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát, go bhfuil sé laistigh de chríoch an Bhallstáit a chláraigh an duine amhlaidh i leith cánach breisluacha, is é sin le rá:
- (i) earraí a iompar laistigh den Chomhphobal,
- (ii) gníomhaíochtaí atá cumhalda d’earraí a iompar laistigh den Chomhphobal ar nós luchtú, díluchtú agus láimhsiú,
- (iii) seirbhísí gníomhaire ag gníomhú in ainm agus thar ceann duine eile le linn seirbhísí a eagrú seachas na seirbhísí sin a shonraítear i mír (vii) den Cheathrú Sceideal.
- (g) Measfar, chun críocha an Achta seo, maidir leis an áit a soláthraítear na seirbhísí seo a leanas arna soláthar do dhaoine seachas iad sin a shonraítear i mír (f), —
- (i) gurb í an áit imeachta í—
- (I) i gcás earraí a iompar laistigh den Chomhphobal,
- (II) i gcás seirbhísí gníomhaire ag gníomhú in ainm agus thar ceann duine eile le linn eagrú a dhéanamh i leith earraí a iompar laistigh den Chomhphobal, agus
- (ii) gurb é an áit a ndéantar iad go fisiciúil i gcás seirbhísí gníomhaire ag gníomhú in ainm agus thar ceann duine eile le linn seirbhísí a eagrú seachas na seirbhísí sin a shonraítear i bhfomhír (i)(II) den mhír seo agus i mír (vii) den Cheathrú Sceideal.
- (h) San fho-alt seo—
- ciallaíonn ‘earraí a iompar laistigh den Chomhphobal’ iompar i gcás go bhfuil an áit imeachta agus an áit teachta suite laistigh de chríocha dhá Bhallstát éagsúla;

ciallaíonn ‘an áit imeachta’ an áit a dtosaítear ar earraí a iompar iarbhr, gan an fad a thaistealaítear iarbhr go dtí an áit a bhfuil na hearraí a áireamh;

ciallaíonn ‘an áit teachta’ an áit a gcríochnaítear le hearraí a iompar iarbhr.”.

170.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 8 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 8
(daoine inchánach)
den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (3) (a cuireadh isteach le hAcht 1978) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) feirmeoir nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoín iomlán i leith seirbhísí talmhaíochta arna soláthar aige, seachas seirbhísí inseamhnaithe, fosaíocht stoic nó tógáil stoic, thar £15,000 in aon tréimhse leanúnach 12 mhí,”

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3B) (a cuireadh isteach le hAcht 1984):

“(3C) (a) Measfar, maidir le ceadúnaí aon áitribh (is áitreabh a ndearnadh ina leith ceadúnas chun deochanna meisciúla a dhíol san áitreabh sin nó lasmuigh de a dheonú), gurb é is tionscnóir aon rince a sheolfar, le linn ré an cheadúnais sin, san áitreabh sin agus measfar go bhfuair sé an t-airgead go léir, gan cáin a áireamh, arna íoc acu siúd a ligeadh isteach chun an rince mar aon le haon chomaoín eile a bheidh faighte nó is infhaighte i dtaca leis an rince.

(b) Chun críocha an fho-ailt seo, ciallaíonn ‘ceadúnaí’—

(i) i gcás go bhfuil an ceadúnas á shealbhú ag ainmní comhlachta corpraithe, an comhlacht corpraithe, agus

(ii) in aon chás eile, sealbhóir an cheadúnais.”.

(2) Déantar, leis seo, alt 8 den Phríomh-Acht a leasú tuilleadh—

(a) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le hAcht 1978) trí “(1A),” a chur isteach i ndiaidh “i bhfo-ailt”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás go ngabhfaidh duine d’earraí a fháil laistigh den Chomhphobal is duine inchánach é agus beidh sé cuntasach sa cháin is inmhuirearaithe agus dlífidh sé í a íoc.”,

(c) i bhfo-alt (2) (a cuireadh isteach le hAcht 1978) trí “de bhua fhomhír (ii), (iii) nó (iv) de mhír (e), nó mhír (f),

d'fho-alt (6) d'alt 5" a chur in ionad "de bhua alt 5 (6) (e) (ii), (iii) nó (iv)",

- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2A) (a cuireadh isteach le hAcht 1978):

"(2B) D'ainneoin fhorálacha fho-alt (1A), ní bheidh duine aonair nach ngabhann d'earraí nó seirbhísí a sholáthar i gcúrsa nó ag bisiú gnó ina dhuine inchánach i ndáil le hearraí a fháil laistigh den Chomhphobal, seachas córacha nua iompair:

Ar choinníoll, go measfar maidir le duine aonair is duine inchánach de bhua fho-alt (1A) agus an fho-ailt seo, i ndáil le córacha nua iompair a fháil laistigh den Chomhphobal, nach duine inchánach é chun críocha cláraithe faoi alt 9.",

- (e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3) (a cuireadh isteach le hAcht 1978):

"(3) D'ainneoin fhorálacha fho-ailt (1) agus (1A), ní daoine inchánach na daoine seo a leanas mura roghnóidh siad a mhalairt agus ní hea ansin féin ach in imeacht na tréimhse a bheidh éifeacht leis an rogha sin—

- (a) feirmeoir nach ndeachaigh agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoín iomlán i leith seirbhísí talmhaíochta arna soláthar aige, seachas seirbhísí inseamhnaithe, fosaíocht stoic nó tógáil stoic, thar £15,000 in aon tréimhse leanúnach dhá mhí dhéag

- (b) duine arb é a bheidh go heisiatach in earraí nó seirbhísí inchánach a sholáthróidh sé—

- (i) soláthairtí éisc (nach bhfuil ag céim phróiseála is faide anonn ná glanadh, sailleadh agus cuisniú), a ghabh sé i gcúrsa gnó iascaireachta mara, do dhaoine inchánach agus do dhaoine lena mbaineann alt 13 (3), nó

- (ii) soláthairtí den chineál a shonraítear i bhfomhír (i) agus de cheachtar díobh seo a leanas, nó iad araon, is é sin le rá:

- (I) soláthairtí innealra, gléasra nó trealaimh a d'úsáid sé i gcúrsa gnó iascaireachta mara, agus

- (II) soláthairtí earraí agus seirbhísí eile nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoín iomlán ina leith thar £15,000 in aon tréimhse leanúnach 12 mhí,

- (c) (i) faoi réir fhomhír (ii), duine nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoín iomlán i leith earraí (seachas soláthairtí den sórt dá dtagraítear in alt 3 (6) (d) (i)) agus seirbhísí inchánach arna soláthar aige thar £32,000 in aon tréimhse leanúnach 12 mhí,

- (ii) beidh feidhm ag fomhír (i) más rud é, agus amháin más rud é, gur ó sholáthar earraí inchánach (nach earraí is inmhuipearaithe de réir aon cheann de na rátaí a shonraítear i míreanna (a), (c), (d) agus (e) d'fho-alt (1) d'alt 11 agus a tháirg nó a mhonaraigh sé go hiomlán nó go formhór as ábhair is inmhuipearaithe de réir an ráta a shonraítear i mír (b) den fho-alt sin) a fhaightear cuid nach lú ná 90 faoin gcéad den chomaoin iomlán dá dtagraítear i bhfomhír(i),
- (d) duine nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith earraí arna bhfáil laistigh den Chomhphobal aige, seachas córacha nua iompair agus earraí atá faoi réir dleachta máil, thar £32,000 in aon tréimhse leanúnach 12 mhí,
- (e) duine, seachas duine lena mbaineann mír (a), (b) nó (c), nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith earraí agus seirbhísí inchánach arna soláthar aige thar £15,000 in aon tréimhse leanúnach dhá mhí dhéag:

Ar choinníoll—

- (i) más rud é, i gcás go bhfeidhmíonn duine amháin de dhá dhuine nó níos mó rialú ar dhuine amháin nó níos mó de na daoine eile, go ndéanfaidh dhá dhuine nó níos mó de na daoine sin earraí den aicme chéanna nó seirbhísí den ghné chéanna a sholáthar, go ndéileálfar, chun críocha fheidhmiú mhíreanna (c) agus (e) i ndáil le gach duine de na daoine sin a dúradh a rinne an soláthar sin, le hiomlán na comaoine a bhaineann leis an soláthar sin ionann is dá ndearna gach duine de na daoine sin is deireanaí a luaitear gach soláthar atá i gceist;
- (ii) i gcás duine a shonraítear i mír (a), (b), (c) nó (e) nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith earraí arna bhfáil laistigh den Chomhphobal aige, seachas córacha nua iompair agus earraí atá faoi réir dleachta máil, thar £32,000 in aon tréimhse leanúnach 12 mhí.”,

agus

- (f) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) Féadfar, de réir rialachán, chun críocha an Achta seo, déileáil le duine inchánach, seachas duine lena mbaineann fo-alt (5), mar dhuine nach duine inchánach más deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim nach mbeadh sé, mura ndéanann sé rogha faoi fho-alt (3), ina dhuine inchánach.”.

Leasú ar alt 9
(clárú) den
Phríomh-Acht.

171.—Leasaítear, leis seo, alt 9 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1) (arna chur isteach le hAcht 1978):

“(1A) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim uimhir chláraithe a shannadh do gach duine a bheidh cláraithe de réir fho-alt (1).”.

Leasú ar alt 10 (an méid ar ar inmhuipearaithe cáin) den Phríomh-Acht.

172.—Leasaítear, leis seo, alt 10 (arna chur isteach le hAcht 1978) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Faoi réir an ailt seo, is é an méid ar a mbeidh cáin inmhuipearaithe ar earraí a fháil laistigh den Chomhphobal de bhua alt 2 (1A) an chomaoín iomlán lena n-áirítear gach uile cháin, coimisiún, costas agus muirear ar bith, ach gan cáin bhreisluacha a áireamh is inmhuipearaithe i leith an tsoláthair sin.”,

(b) i bhfo-alt (2) trí “i bhfo-alt (1) nó (1A)” a chur in ionad “i bhfo-alt (1)”,

(c) sa choinníoll a ghabhann le fo-alt (2) trí “, maidir le fo-alt (1),” a chur isteach i ndiaidh “Ar choinníoll”,

(d) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a) d’alt (3):

“(a) Más rud é ar aon chúis nach cúis ghnó gur lú an chomaoín iarbhir—

(i) i ndáil le soláthar aon earraí nó seirbhísí, nó

(ii) i ndáil le haon earraí a fháil laistigh den Chomhphobal,

ná an margadh-phraghas oscailte nó más rud é nach bhfuil comaoín ar bith ann, is é an méid ar ar inmhuipearaithe cáin an margadh-phraghas oscailte.”,

(e) i bhfo-alt (4) trí “an duine ag soláthar nó ag fáil na n-earraí” a chur in ionad “an duine ag soláthar na n-earraí”,

(f) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4A) (arna chur isteach le hAcht 1982):

“(4B) Is é an méid ar ar inmhuipearaithe cáin i ndáil leis na hearraí dá dtagraítear i bhfo-alt 3 (1) (g) an margadh-phraghas oscailte.”,

(g) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) Más rud é,

- (a) go meastar gur tharla fáil laistigh den Chomhphobal i gcríoch Ballstáit eile de réir alt 3A (2) (a),
- (b) gur tháinig an fháil laistigh den Chomhphobal faoi réir cánach breisluacha, dá dtagraítear i dTreoir Uimh. 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 ón gComhairle, sa Bhallstát eile sin, agus
- (c) go meastar freisin gur tharla an fháil laistigh den Chomhphobal sa Stát, de réir alt 3A (2) (b),

ansin déanfar an chomaoín i leith na fála laistigh den Chomhphobal lena mbaineann mír (c) a laghdú go nialas.”,

agus

- (h) trí “nó earraí a fháil laistigh den Chomhphobal” a chur isteach sa mhíniú ar “margadh-phraghas oscailte” i bhfo-alt (10) i ndiaidh “i ndáil le soláthar aon earraí nó seirbhísí”.

173.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 11 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) (arna chur isteach le hAcht 1985)— Leasú ar alt 11 (rátaí cánach) den Phríomh-Acht.

- (a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c) (arna leasú le hAcht 1991):

“(c) (i) 12.5 faoin gcéad den mhéid ar ar inmhuirearaithe cáin i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear i bhfomhíreanna (a), (aa), (b) agus (c) de mhír (i), míreanna (xia) go (xif) agus míreanna (xiiif), (xiiih), (xiiij) agus (xiv) den Séú Sceideal,

- (ii) 16 faoin gcéad den mhéid ar ar inmhuirearaithe cáin i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear sa Séú Sceideal seachas na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann fomhír (i) den mhír seo, agus”,

agus

- (b) trí “2.7 faoin gcéad” a chur in ionad “2.3 faoin gcéad” (arna chur isteach le hAcht 1990) i mír (d).

(2) Déantar, leis seo, alt 11 den Phríomh-Acht a leasú tuilleadh—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna chur isteach le hAcht 1985):

“(1) Muirearófar cáin, i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí inchánach agus le hallmhairiú earraí, de réir cibé ceann de na rátaí seo a leanas is iomchuí in aon chás áirithe—

- (a) 21 faoin gcéad den mhéid ar ar inmhuipearaithe cáin seachas i ndáil le hearraí nó seirbhísí ar ar inmhuipearaithe cáin de réir aon cheann de na rátaí a shonraítear i míreanna (b), (c), (d), (e) agus (f),
 - (b) nialas faoin gcéad den mhéid ar ar inmhuipearaithe cáin i ndáil le hearraí sna himthosca a shonraítear i mír (i) den Dara Sceideal nó d'earraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear i míreanna (iii) go (xx) den Sceideal sin,
 - (c) 10 faoin gcéad den mhéid ar ar inmhuipearaithe cáin i ndáil le hearraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear sa Tríú Sceideal,
 - (d) 12.5 faoin gcéad den mhéid ar ar inmhuipearaithe cáin i ndáil le hearraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear sa Séú Sceideal,
 - (e) 16 faoin gcéad den mhéid ar ar inmhuipearaithe cáin i ndáil le hearraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear sa Seachtú Sceideal, agus
 - (f) 2.7 faoin gcéad den mhéid ar ar inmhuipearaithe cáin i ndáil le soláthar beostoic agus cúnna beo agus le fruiliú capall.”,
- (b) trí fho-alt (7) (a cuireadh isteach le hAcht 1976) a scriosadh , agus
- (c) i bhfo-alt (8), trí “an Dara, an Tríú, an Séú nó an Seachtú Sceideal” a chur in ionad “an Dara, an Tríú nó an Séú Sceideal” i mír (a) (a cuireadh isteach le hAcht 1973).
- (3) Déantar, leis seo, alt 11 den Phríomh-Acht a leasú tuilleadh—
- (a) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le *fo-alt* (2) den alt seo) trí “, le hearraí a fháil laistigh den Chomhphobal” a chur isteach i ndiaidh “le soláthar earraí nó seirbhísí inchánach”,
 - (b) trí “faoi fho-alt (1)(a) nó (1A) d’alt 2” a chur in ionad “faoi alt 2(1)(a)”, agus trí “de réir fho-alt (1), (1A) nó (2)” a chur in ionad “de réir fho-alt (1) nó (2)” i bhfo-alt (1A)(a) (a cuireadh isteach le hAcht 1973),
 - (c) i bhfo-alt (1B) (a cuireadh isteach le hAcht 1973):
 - (i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii) i mír (a):
 - “(ii) i dtaobh an ráta ar dá réir is inmhuirir cáin i ndáil le soláthar nó fáil earraí d’aon chineál laistigh den Chomhphobal ag an duine, le soláthar nó fáil earraí laistigh den

Chomhphobal in aon imthosca áirithe
nó le soláthar seirbhísí d'aon chineál
ag an duine.”,

- (ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír
(ii) i mír (b):

“(ii) i dtaobh an ráta ar dá réir is inmhuirir
cáin i ndáil le soláthar nó fáil hearraí
d'aon chineál laistigh den
Chomhphobal, le soláthar nó fáil
earraí laistigh den Chomhphobal in
aon imthosca áirithe nó le soláthar
seirbhísí d'aon chineál.”, agus

- (iii) trí “a sholáthróidh earraí nó a dhéanfaidh earraí a
fháil laistigh den Chomhphobal, nó a sholáthróidh
seirbhísí,” a chur in ionad “a sholáthróidh earraí nó
seirbhísí” i mír (g),

agus

- (d) i bhfo-alt (3) (a cuireadh isteach le hAcht 1978):

- (i) trí “i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí” a chur
isteach i ndiaidh “alt 10(8)”,
- (ii) trí “nó earraí nó seirbhísí a fháil laistigh den
Chomhphobal” a chur isteach i ndiaidh “soláthairtí”
an chéad áit a bhfuil sé agus “nó earraí nó seirbhísí
arna bhfáil laistigh den Chomhphobal” a chur
isteach i ndiaidh “soláthairtí” gach áit eile a bhfuil sé,
- (iii) trí “do na hearraí a fháil laistigh den Chomhphobal”
a chur isteach i ndiaidh “don soláthar earraí nó
seirbhísí inchánach ” i mír (c), agus
- (iv) trí “, nó d'aon earraí a fháil laistigh den
Chomhphobal” a chur isteach i ndiaidh “do
sholáthar aon earraí nó seirbhísí inchánach” i mír
(d).

174.—Leasaítear, leis seo, alt 12 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 12
(asbhaint i leith
cáin a iompraíodh
nó a íocadh) den
Phríomh-Acht.

- (a) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le hAcht 1987) trí na
fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír
(ii) de mhír (a):

“(iia) faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a
shonrófar i rialacháin, an cháin ab
inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin
a dhlíonn sé a íoc maidir le hearraí a fháil
laistigh den Chomhphobal,

(iib) faoi réir agus de réir rialachán, maidir le
hearraí arna soláthar faoi alt 3 (1) (g) méid
is comhionann le haon cháin iarmharach
atá ar áireamh sa chomaoin don
soláthar,”

agus

(b) i bhfo-alt (3) (a cuireadh isteach le hAcht 1978):

- (i) trí “mótarfheithiclí a cheannach, a fhruiliú, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú” a chur in ionad “mótarfheithiclí a fháil (lena n-áirítear iad a fhruiliú)” i bhfomhír (iii) de mhír (a), agus
- (ii) trí “, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú ” a chur isteach i bhfomhír (iv) de mhír (a) i ndiaidh “cheannach”.

Leasú ar alt 12A (forálacha speisialta i leith cánach arna sonrasc ag feirmeoirí cothrom-ráta) den Phríomh-Acht.

175.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 12A (a cuireadh isteach le hAcht 1978) den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) trí “2.7 faoin gcéad” a chur in ionad “2.3 faoin gcéad” (a cuireadh isteach le hAcht 1990).

(2) Déantar, leis seo, alt 12A den Phríomh-Acht a leasú tuilleadh i bhfo-alt (1) trí “, agus beidh an duine, más duine inchánach é, i dteideal an breisiú cothrom-ráta a áireamh mar cháin is inasbhainte faoi alt 12 faoi réir, áfach, aon sriantachtaí a fhorchuirtear le fo-alt (3) nó (4) den alt sin nó faoi” a scriosadh.

Leasú ar alt 13 (loghadh cánach ar earraí a onnmhairítear, etc.) den Phríomh-Acht.

176.—Leasaítear, leis seo, alt 13 (a cuireadh isteach le hAcht 1978) den Phríomh-Acht—

- (a) i mír (c) d’fho-alt (3), trí “cáin is inmhuireachaithe (lena n-áirítear aon bhreisiú cothrom-ráta) i leith earraí nó seirbhísí a úsáideann sé” a chur isteach in ionad “cáin is inmhuireachaithe i leith earraí nó seirbhísí a úsáideann sé”,
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Aisíocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, de réir rialachán, le duine lena mbaineann an fo-alt seo, an cháin iarmharach atá ar áireamh sa chomaoín i leith cóir nua iompair a sholáthar, i gcás go ndéantar an chóir nua iompair sin a sheoladh nó a iompar go dtí Ballstát eile dá éis sin.

(b) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le duine nach bhfuil teideal aige faoi alt 12 chun asbhainte as an gcáin a d’iompair sé nó a d’íoc sé ar na hearraí atá i gceist a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú.”.

Leasú ar alt 14 (an cháin a bheidh dlite a chinneadh faoi threoir fáltais airgid) den Phríomh-Acht.

177.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 14 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt 1—
 - (i) trí “ó sholáthairtí inchánach” a chur isteach in ionad “ó earraí nó seirbhísí inchánach a sholáthar” agus
 - (ii) trí mhír (b) a scriosadh,
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás nach mbeidh údarú lena mbaineann fo-alt (1) cealaithe faoi fho-alt (2), ansin—

(a) is é an ráta cánach ab inmhuirearaithe tráth na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar an ráta cánach a bheidh dlite den duine lena mbaineann i leith soláthair,

(b) más rud é go raibh cáin ar sholáthar dlite agus iníoctha cheana féin faoi aon fhorálacha eile den Acht seo roimh an údarú sin a eisiúint, ní bheidh cáin dlite arís i leith aon soláthair den sórt sin de thoradh fheidhm fho-alt (1), agus

(c) más rud é nach bhfuil cáin dlite nó iníoctha ar sholáthar arna dhéanamh roimh an údarú sin a eisiúint, ní bheidh cáin dlite i leith aon soláthair den sórt sin de thoradh fheidhm fho-alt (1).”,

(c) i bhfo-alt (2) trí “nó (b)” agus “agus (b)” a scriosadh,

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cáin dá bhforáiltear le fo-alt (1) (b) d’alt 2”.

(2) Déantar, leis seo, alt 14 den Phríomh-Acht a leasú tuilleadh i bhfo-alt (3) (a cuireadh isteach le *fo-alt (1)* den alt seo) trí “nó (1A)” a chur isteach i ndiaidh “fo-alt (1) (b)”.

178.—Leasaítear, leis seo, alt 15 (a cuireadh isteach le hAcht 1978) den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 15
(cáin a mhuirearú
ar earraí
allmhairithe) den
Phríomh-Acht.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a cuireadh isteach le hAcht 1985):

“(1) Muirearófar cáin ar allmhairiú earraí de réir cibé ceann de na rátaí a shonraítear in alt 11 (1) arb é an ráta cuí é i leith na n-earraí sin.”,

(b) trí fho-alt (2) a scriosadh,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, de réir rialachán, an cháin is inmhuirearaithe ar allmhairiú earraí a aisíoc i gcás go ndearnadh na hearraí a sheoladh nó a iompar:

(a) go dtí Ballstát eile ón taobh amuigh den Chomhphobal, agus

(b) go dtí duine, seachas pearsa aonair, nach bhfuil cláraithe le haghaidh cánach breisluacha sa Bhallstát eile sin:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an bhfo-alt seo ach amháin i gcás go suítear chun sástacht na gCoimisinéirí

Ioncaim go raibh na hearraí atá i gceist faoi réir cánach breisluacha dá dtagraítear i dTreoir Uimh. 77/388/CEE, an 17 Bealtaine 1977, ón gComhairle sa Bhallstát eile sin.”.

Leasú ar alt 16 (dualgas taifid a choimeád) den Phríomh-Acht.

179.—Leasaítear, leis seo, alt 16 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2) trí “agus, maidir le hearraí a d’allmhairigh sé cóipeanna, agus iad stampáilte thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim, de na hiontrálacha custam iomchuí” a scriosadh, agus
- (b) i bhfo-alt 3—
 - (i) trí “, agus iad stampáilte thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim,” a scriosadh,
 - (ii) trí “le hearraí a fháil laistigh den Chomhphobal” a chur isteach i ndiaidh “soláthar earraí nó seirbhísí,”
 - (iii) trí “ráitis rialúcháin mhíosúla” a chur isteach i ndiaidh “sonraisc” sa chéad áit a bhfuil sé,
 - (iv) trí “na taifid, na sonraisc, na ráitis rialúcháin mhíosúla” a chur in ionad “na taifid nó na sonraisc”, agus
 - (v) trí “ráiteas rialúcháin míosúil,” a chur isteach i ndiaidh “sonrasc,”.

Leasú ar alt 17 (sonraisc) den Phríomh-Acht.

180.—Leasaítear, leis seo, alt 17 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1):
 - (i) trí “nó earraí do dhuine, seachas pearsa aonair, i mBallstát eile den Chomhphobal” a chur isteach i ndiaidh “duine inchánach eile”
 - (ii) trí “, lena n-áirítear ráta nialas faoin gcéad,” a scriosadh, agus
 - (iii) trí “an duine eile sin” a chur in ionad “an duine inchánach eile sin”,
- (b) i bhfo-alt (1A) (a cuireadh isteach le hAcht 1986), trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (b) agus (c):
 - “(b) Aon sonrasc nó doiciméad eile a cheanglaítear a eisiúint faoin alt seo, ní mheasfar faoi mhír (a) é a bheith eisithe mura mbeidh an duine, ar a gceanglaítear an sonrasc nó an doiciméad eile sin, de réir mar a bheidh, a eisiúint údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun an sonrasc nó an doiciméad eile sin a eisiúint chuig faighteoir atá údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim de réir mhír (c), agus mura gcomhlíonfaidh sé cibé coinníollacha a shonrófar le rialacháin.
 - (c) Aon duine a gheobhaidh na traiseoltaí dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) ní mheasfar

sonrasc nó doiciméad eile, de réir mar a bheidh, a cheanglaítear a eisiúint faoin alt seo, a bheith eisithe chuige mura mbeidh sé údaraithe ina leith sin ag na Coimisinéirí Ioncaim agus mura gcomhlíonfaidh sé cibé coinníollacha a shonrófar le rialacháin.

(d) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, de réir rialachán, údarú faoi mhír (b) nó (c) a chealú.”,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A) (a cuireadh isteach le hAcht 1986):

“(1B) Aon duine inchánach a sholáthróidh earraí do dhuine inchánach eile in imthosca de shórt a thugann go bhfuil cáin inmhuirearaithe de réir aon cheann de na rátaí a shonraítear in alt 11 (1), eiseoidh sé don duine inchánach eile sin doiciméad aonair (dá ngairtear ráiteas rialúcháin míosúil san Acht seo) i leith gach soláthair den sórt sin don duine inchánach eile sin le linn gach míosa féilire, agus beidh gach ráiteas den sórt sin i cibé foirm, beidh cibé sonraí ann, agus eiseofar é laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar le rialacháin:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le daoine inchánach nár mhó a láimhdeachas inchánach i leith soláthairtí earraí do dhaoine inchánach eile ná £2,000,000 sa tréimhse 12 mhí roimhe sin.”,

(d) i bhfo-alt (2) (a cuireadh isteach le hAcht 1978), trí “ceannaitheoir” a chur in ionad “duine inchánach”, gach áit a bhfuil sé,

(e) i bhfo-alt 3—

(i) trí “do dhuine eile” a chur in ionad “do dhuine inchánach”,

(ii) i mír (a), trí “don duine eile sin” a chur in ionad “don duine inchánach”, agus

(iii) i mír (b):

(I) trí “don duine eile sin” a chur in ionad “don duine inchánach”, sa chéad áit a bhfuil sé, agus

(II) trí “agus, más duine inchánach an duine eile sin, déanfar an méid” a chur in ionad “agus déanfar an méid”,

(f) i mír (b) d’fho-alt (4) (a cuireadh isteach le hAcht 1978):

(i) trí “, más duine inchánach an duine a ndearnadh an soláthar chuige,” a scriosadh, agus

(ii) trí “agus déanfar an méid a fhéadfaidh an duine a asbhaint faoi alt 12 nó a mbeidh sé i dteideal go n-aisíocfar leis é faoi alt 13 a laghdú” a chur in ionad “agus déanfar an méid is ceadmhach don duine inchánach a asbhaint faoi alt 12 a laghdú”,

(g) i bhfo-alt (8), trí “, seachas soláthairtí den chineál a shonraítear i bhfomhír (b) nó (c) de mhír (i) den Dara

Sceideal,” a chur isteach i ndiaidh “earraí nó seirbhísí a sholáthar”, agus

(h) i bhfo-alt (12):

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(ai) Déanfaidh feirmeoir cothrom-ráta, má iarrann duine eile i scríbhinn air agus má deirtear san iarraidh go bhfuil an duine eile i dteideal aisíoc an bhreisithe cothrom-ráta faoi alt 13, na sonraí a shonrófar i rialacháin chun críche fho-alt (2) a thabhairt i scríbhinn don duine eile sin i leith na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthair an feirmeoir cothrom-ráta don duine eile sin agus a bheidh sonraithe san iarraidh.”,

agus

(ii) trí “nó (ai)” a chur isteach i ndiaidh “faoi mhír (a)” i mír (b).

Leasú ar alt 18
(taifid a iniúchadh
agus a thabhairt
chun siúil) den
Phríomh-Acht.

181.—Leasaítear, leis seo, alt 18 den Phríomh-Acht—

(a) i mír (a) d’fho-alt 1—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas (iia) a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iia) féadfaidh sé, má tá cúis aige lena chreidiúint go bhfuil ar iompar ag duine nó ina sheilbh ag duine aon taifid a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil mar fhianaise in imeachtaí coiriúla de réir alt 94 (arna leasú le *hált 243* den *Acht Airgeadais, 1992*) den Acht Airgeadais, 1983, i ndáil leis an gcáin, a iarraidh ar an duine aon taifid den sórt sin a thabhairt ar aird, agus i gcás go mainníonn an duine sin déanamh amhlaidh, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána an duine sin a chuardach:

Ar choinníoll—

(A) go gcinnteoidh an t-oifigeach nó an comhalta den Gharda Síochána a bheidh ag déanamh an chuardaigh, a mhéid is indéanta, go dtuigeann an duine an chúis atá leis an gcuardach,

(B) go ndéanfar an cuardach ag féachaint go cuí do phríobháideacht an duine sin,

(C) nach gcuardóidh oifigeach nó comhalta den Gharda Síochána den ghnéas eile an duine atá á chuardach, agus

(D) nach n-iarrfar ar an duine atá á chuardach aon éadaí a bhaint de ar leith ó cheannbheart nó cóta, seaicéad, lámhainn nó ball éadaigh eile dá samhail.”,

(ii) trí “chun pionós a ghnóthú” i mír (iii) a scriosadh,

(iii) trí “, earraí a fháil laistigh den Chomhphobal” a chur isteach i ndiaidh “soláthairtí” i mír (iv),

(iv) trí “, lena n-áirítear fianaise agus mínithe a sholáthar agus doiciméid a thabhairt i dtaca leis an ngnó, de réir mar a cheanglóidh an t-oifigeach údaraithe” a chur isteach i ndiaidh “gach cúnamh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe” i mír (v),

agus

(b) tríd na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Déanfaidh duine inchánach, ar iarraidh ó oifigeach údaraithe, an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt don oifigeach sin, i leith tréimhse sonraithe:

(a) ainm agus seoladh gach duine dá chustaiméirí agus an chomaoin iomlán is iníoctha i leith soláthairtí earraí agus seirbhísí arna ndéanamh aige le gach custaiméir agus an cháin ar an gcéanna, agus

(b) ainm, seoladh agus uimhir chláraithe gach duine dá sholáthróirí agus an chomaoin iomlán is iníoctha i leith earraí agus seirbhísí arna soláthar dó ó gach soláthróir agus an cháin ar an gcéanna.

(1B) San alt seo, ciallaíonn ‘taifid’ aon doiciméad, nó aon ábhar scríofa nó clóite eile i bhfoirm ar bith, lena n-áirítear aon fhaisnéis arna stóráil, arna cothabháil nó arna caomhnú trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu atá nó nach bhfuil sí á stóráil, á cothabháil nó á caomhnú i bhfoirm inléite, agus a cheanglaítear ar dhuine a choimeád, a choinneáil, a eisiúint nó a thabhairt ar aird lena hiniúchadh nó a fhéadfar a iniúchadh faoi aon fhoráil a bhaineann le cáin.”.

182.—Leasaítear, leis seo, alt 19 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 19
(cáin atá dlite agus
iníoctha) den
Phríomh-Acht.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Beidh cáin is inmhuirearaithe faoi alt 2 (1A) dlite—

- (a) an cúigiú lá dhéag den mhí tar éis na míosa a ndéantar na hearraí a fháil laistigh den Chomhphobal lena linn;
- (b) i gcás go ndéanfaidh soláthróir i mBallstát eile sonrasc a eisiúint roimh an dáta a shonraítear i mír (a) chuig an duine a bheidh ag fáil na n-earraí, an tráth a eisítear an sonrasc sin.”,
- (b) i bhfo-alt (2), trí “, seachas cáin is inmhuireacha i leith soláthairtí den chineál a shonraítear i bhfomhír (b) nó (c) de mhír (i) den Dara Sceideal,” a chur isteach i ndiaidh “faoi alt 2 (1) (a)”, agus
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3) (a cuireadh isteach le hAcht 1983):

“(4) D’ainneoin fho-alt (3), más rud é—

- (a) go ndéanfaidh duine inchánach mótarfheithicil a fháil laistigh den Chomhphobal nach bhfuil teideal aige laghdú a fháil ar cháin ina leith faoi alt 12, nó
- (b) go ndéanfaidh pearsa aonair is duine inchánach de réir fho-ailt (1A) agus (2B) d’alt 8 cóir nua iompair a fháil laistigh den Chomhphobal,

beidh an cháin iníoctha tráth agus ar mhodh a chinnfear le rialacháin.”.

Ráiteas i dtaobh soláthairtí laistigh den Chomhphobal.

183.—Leasaítear, leis seo, an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 19:

“19A.(1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (3), déanfaidh duine inchánach, faoin lá deireanach den mhí díreach i ndiaidh dheireadh gach ráithe féilire, ráiteas i dtaobh a sholáthairtí laistigh den Chomhphobal sa ráithe sin, arna ullmhú de réir rialachán, agus ina mbeidh cibé sonraí eile a shonrófar i rialacháin, a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim.

(2) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ar é á iarraidh orthu, a údarú do dhuine inchánach ráiteas i dtaobh a sholáthairtí laistigh den Chomhphobal sa mhí roimhe sin, arna ullmhú de réir rialachán, agus ina mbeidh cibé sonraí eile a shonrófar i rialacháin, a thabhairt dóibh faoin lá deireanach de gach mí.

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ar é á iarraidh orthu, a údarú do dhuine inchánach, nach dtéann, nó nach dócha go rachaidh, a chuid soláthairtí, i mbliain féilire, thar mhéid nó méideanna a shonraítear i rialacháin, ráiteas i dtaobh na soláthairtí sin laistigh den Chomhphobal, arna ullmhú de réir rialachán, agus ina mbeidh cibé sonraí eile a shonrófar i rialacháin, a thabhairt dóibh faoin lá deireanach d’Eanáir i ndiaidh na bliana féilire sin.

(4) D’ainneoin fhorálacha fho-ailt (1), (2) agus (3), déanfaidh duine inchánach nach ndearna aon soláthairtí laistigh den Chomhphobal sa tréimhse iomchuí, ach a dhligh ráiteas a thabhairt i leith tréimhse roimhe sin, mura rud é go mbeidh sé

údaráithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, ráiteas a thabhairt dóibh laistigh den teorainn ama iomchuí a thaispeánfaidh nach ndearna sé aon soláthairtí den sórt sin sa tréimhse sin.

(5) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, de réir rialachán, údarú faoi fho-alt (2) nó (3) a chealú.

(6) San alt seo, ciallaíonn ‘soláthairtí laistigh den Chomhphobal’:

(a) soláthairtí earraí do dhuine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát eile, agus

(b) aistrithe den chineál dá dtagraítear in alt 3 (1) (g) (iii).”.

184.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 20 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 20
(aisíoc cánach) den
Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le hAcht 1981), trí “Faoi réir fho-ailt (1A) agus (1B)” a chur in ionad “Faoi réir fho-alt (1A)”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A) (a cuireadh isteach le hAcht 1991):

“(1B) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás inar dealraitheach dóibh gur gá déanamh amhlaidh chun an t-ioncam a chosaint, a cheangal, mar choinníoll chun aisíoc a dhéanamh de réir fho-alt (1), go dtabharfar urrús ina mbeidh cibé méid agus i cibé modh agus foirm a chinntí siad:

Ar choinníoll nach rachaidh méid an urrúis sin, in aon chás áirithe, thar an méid a bheidh le haisíoc.”,

(c) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Féadfaidh an tAire le hordú a fhoráil go mbeidh duine a chomhlíonann, chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, cibé coinníollacha a shonrófar san ordú i dteideal go n-aisíocfar leis cibé méid, mar a shonrófar san ordú, d’aon cháin a d’iompair nó a d’íoc sé, is cáin nach bhfuil cáilithe i leith asbhaint faoi alt 12.”,

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) (a) Má íocann duine méid cánach nach raibh dlite uaidh go cuí, féadfaidh sé aisíoc den mhéid a éileamh agus déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, faoi réir fhorálacha an ailt seo, an méid sin a aisíoc leis.

- (b) Is cosaint é, i ndáil le héileamh ar aisíoc, faoin bhfo-alt seo nó faoi aon fhoráil eile den Acht seo nó de rialacháin, go ndéanfaidh íoc an aisíoca an t-éilitheoir a shaibhriú go héagórach.”.

(2) Gach ordú arna dhéanamh faoi alt 20(3) (a) den Phríomh-Acht ar ordú marthanach é díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh sé, ar an tosach feidhme sin, de bheith i bhfeidhm amhail is dá mba faoin alt sin 20 (3) (a), arna leasú leis an alt seo, a rinneadh é.

Leasú ar alt 23 (an cháin a bheidh dlite a chinneadh) den Phríomh-Acht.

185.—Leasaítear, leis seo, alt 23 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1):

(i) trí “measúnacht” a chur in ionad “meastachán”, agus

(ii) trí “arna mheasúnú” a chur in ionad “arna mheas”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) I gcás go ndéanfaidh duine measúnacht faoi fho-alt (1) a achomharc, laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear i bhfo-alt (2), déanfaidh sé an méid a chreidfídh sé a bheidh dlite a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus más rud é—

(a) gur mó an méid a íocadh ná 80 faoin gcéad de mhéid na cánach a chinnfear a bheith dlite ar an achomharc a chinneadh, agus

(b) go n-íocfar iarmhéid an mhéid a chinnfear a bheith dlite ar an achomharc a chinneadh laistigh de mhí amháin ó dháta an chinnidh sin,

ní bheidh ús de réir alt 21 inmhuirearaithe ón dáta a ardófar an mheasúnacht.”.

Urrús le tabhairt ag daoine inchánach áirithe.

186.—Leasaítear, leis seo, an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 23:

“23A.(1) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás inar dealraitheach dóibh gur gá déanamh amhlaidh chun an t-ioncam a chosaint, a cheangal ar dhuine inchánach, mar choinníoll a bhainfidh le soláthar earraí nó seirbhísí aige faoi sholáthar inchánach, urrús, nó urrús breise, a thabhairt, de cibé méid agus ar cibé modh agus i cibé foirm a chinnfidh siad, chun aon cháin a íoc a bheidh, nó a d’fhéadfadh teacht chun bheith, dlite uaidh, ón dáta a sheirbheálfar fógra i scríbhinn air á rá sin.

(2) I gcás go seirbheálfar fógra ar dhuine de réir fho-alt (1), féadfaidh an duine, ar fhógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse lá is fiche ón dáta a seirbheáladh an fógra, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc i gcoinne an cheanglais aon urrús a thabhairt faoi fho-alt (1).”.

- 187.**—Leasaítear, leis seo, alt 25 den Phríomh-Acht—
Leasú ar alt 25
(achomhairc) den
Phríomh-Acht.
- (a) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (aa) (a cuireadh isteach le hAcht 1991):
- “(ab) meas maidir le duine, de réir alt 37, go ndearna sé soláthairtí i gcúrsa nó ag bisiú gnó,”
- agus
- (b) i bhfo-alt (2), trí “faoi alt 11 (1B), 23 nó 23A” a chur in ionad “faoi alt 11 (1B) nó 23”.
- 188.**—Leasaítear, leis seo, alt 26 den Phríomh-Acht—
Leasú ar alt 26
(pionóis i gcoitinne)
den Phríomh-Acht.
- (a) i bhfo-alt (1) (a cuireadh isteach le hAcht 1982):
- (i) trí “, 19 nó 19A” a chur isteach in ionad “nó 19”, agus
- (ii) trí “£1,200” a chur in ionad “£800”,
- (b) i bhfo-alt (2), trí “£750” a chur in ionad “£500”,
- (c) i bhfo-alt (2A) (a cuireadh isteach le hAcht 1982), trí “£750” a chur in ionad “£500”,
- (d) i bhfo-alt (3), trí “£750” a chur in ionad “£500”,
- (e) i bhfo-alt (3A) (a cuireadh isteach le hAcht 1973), trí “£1,000” a chur in ionad “£800”, agus
- (f) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A):
- “(3B) Aon duine a sholáthróidh earraí nó seirbhísí inchánach de shárú ar an gceanglas maidir le hurrús a shonraítear in alt 23A, dlífidh sé pionós £1,200 a íoc i leith gach soláthair den sórt sin.”.
- 189.**—Leasaítear, leis seo, alt 27 den Phríomh-Acht—
Leasú ar alt 27
(tuairisceáin
chalaoiseacha, etc.)
den Phríomh-Acht.
- (a) i bhfo-alt (1):
- (i) trí “uimhir chláraithe, ráiteas rialúcháin míosúil, éileamh,” a chur isteach i ndiaidh “sonrasc,” agus
- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):
- “(b) méid na difríochta nó, i gcás calaoise, dhá oiread mhéid na difríochta idir—
- (i) an méid cánach ab iníoctha ag an duine sin, nó ab inaisíoctha leis, go cuí dá mba rud é gurbh é an ceart a bhí sa tuairisceán, sa sonrasc, san uimhir chláraithe, sa ráiteas rialúcháin míosúil, san éileamh, sa nóta sochair, sa nóta dochair, san admháil, sa chuntas, sa dearbhán, sa ráiteas bainc, sa mheastachán, sa ráiteas, san

fhaisnéis, sa leabhar, sa doiciméad, sa taifead nó sa dearbhú sin, agus

- (ii) an méid cánach (más ann) a íocadh, nó a éilíodh ar mhodh aisíoca.”,

(b) i bhfo-alt (3), trí “an uimhir chláraithe, an ráiteas rialúcháin míosúil, an t-éileamh,” a chur isteach i ndiaidh “an sonrasc,” agus i bhfo-ailt (3) agus (7), trí “uimhir chláraithe, ráiteas rialúcháin míosúil, éileamh,” a chur isteach i ndiaidh “sonrasc,” gach áit eile a bhfuil sé,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(9A) (1) Más rud é, maidir le hearraí—

(a) gur soláthraíodh iad de réir ráta nialas faoin gcéad faoi réir an choinníll go raibh siad le seoladh nó le hiompar lasmuigh den Stát de réir fhomhír (a), (b) nó (c) de mhír (i) den Dara Sceideal agus nach ndearnadh na hearraí a sheoladh nó a iompar amhlaidh,

(b) go bhfuarthas iad gan an cháin bhreisluacha dá dtagraítear i dTreoir Uimh. 77/388/CEE, an 17 Bealtaine 1977, ón gComhairle, a íoc i mBallstát eile mar thoradh ar uimhir chláraithe mhícheart a dhearbhu, nó

(c) go bhfuil siad á soláthar ag duine inchánach nár chomhlíon forálacha alt 9(2),

dlífeair na hearraí a fhorghéilleadh.

(2) Aon uair a bhfuil amhras réasúnach ar oifigeach arna údarú ag na Coimisinéirí Ioncaim go ndlitear earraí a fhorghéilleadh de réir fho-alt (1), féadfaidh an t-oifigeach sin na hearraí a choinneáil go dtí go mbeidh cibé scrúdú, fiosruithe nó imscrúduithe, a mheasfaidh an t-oifigeach sin nó oifigeach údaráithe eile do na Coimisinéirí Ioncaim, a bheith riachtanach, déanta chun a chinneadh chun sástacht ceachtar oifigeach cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh na hearraí a sholáthar nó a fháil amhlaidh.

(3) Nuair a bheidh cinneadh dá dtagraítear i bhfo-alt (2) déanta i leith aon earraí, nó ag deireadh tréimhse dhá mhí ón dáta a coinníodh na hearraí sin faoin bhfo-alt sin, cibé acu is luaithe, déanfar na hearraí sin a urghabháil mar earraí a dhlitear a fhorghéilleadh nó déanfar iad a scaoileadh.”,

(d) i bhfo-alt (10):

(i) trí “faoi fho-alt (9) nó (9A)” a chur in ionad “faoi fho-alt (9)”, agus

(ii) trí “chun críocha na bhfo-alt sin agus beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag aon fhorálacha i ndáil le cionta faoi na hAchtanna sin i ndáil leis na fo-ailt sin” a chur in ionad “chun críocha an fho-ailt sin”,

agus

- (e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

“(11) I gcás forais réasúnacha a bheith ag oifigeach arna údarú ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha an fho-alt seo nó ag comhalta den Gharda Síochána chun amhras a bheith air go ndearna duine nach bhfuil bunaithe sa Stát, nó a gcreideann an t-oifigeach nó an comhalta ina leith gur dóigh dó an Stát a fhágáil, cion coiriúil faoi fhorálacha alt 94 (arna leasú le *halt 243* den *Acht Airgeadais, 1992*) den Acht Airgeadais, 1983, i ndáil le cáin, féadfaidh sé an duine sin a ghabháil.”.

190.—Leasaítear, leis seo, alt 28 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 28 (cabhrú le tuairisceáin neamhchearta a dhéanamh) den Phríomh-Acht.

- (a) trí “ráiteas rialacháin míosúil, éileamh,” a chur isteach i ndiaidh “sonrasc,” agus
- (b) trí “£750” a chur in ionad “£500”.

191.—Leasaítear, leis seo, alt 30 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 30 (teorainneacha ama) den Phríomh-Acht.

- (a) trí “nó measúnacht” a chur isteach i ndiaidh “meastachán”, aon áit a bhfuil sé,
- (b) trí “nó measúnacht” a chur isteach i ndiaidh “aon mheastachán”, aon áit a bhfuil sé, agus
- (c) trí “ráiteas rialacháin míosúil,” a chur isteach i ndiaidh “sonrasc,” i bhfo-alt (4) (b).

192.—Leasaítear, leis seo, alt 32 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1):

Leasú ar alt 32 (rialacháin) den Phríomh-Acht.

- (a) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):
 - “(aa) laghdú ar an gcáin is inmhuirearaithe i leith earraí a fháil laistigh den Chomhphobal;
 - (ab) an modh ar a ríomhfar agus ar a n-asbhainfear cáin iarmharach dá dtagraítear in alt 12 (1) (a) (iib);
 - (ac) an modh ar a ríomhfar agus ar a n-aisíocfar cáin iarmharach dá dtagraítear in alt 13 (3A);
 - (ad) cáin is inmhuirearaithe ar allmhairiú earraí a aisíoc de réir alt 15 (5A);
 - (ae) an tráth a íocfar, agus an modh ar a n-íocfar, cáin i leith na n-earraí dá dtagraítear in alt 19 (4);
 - (af) an fhoirm ina mbeidh ráiteas a cheanglaítear a thabhairt de réir alt 19A, na sonraí a shonrófar ann agus an méid nó na méideanna a úsáidfear chun críocha alt 19A (3);

(ag) soláthar earraí ag siopaí saor ó cháin de réir mhír (ia) den Dara Sceideal;

(ah) allmhairiú earraí a choinsíníodh do Bhallstát eile de réir mhír (iiib) den Dara Sceideal;

(ai) na himthosca ina bhféadfaidh duine a roghnú gan an coinníoll a ghabhann le fo-alt (6) (d) d’alt 3 a chur i bhfeidhm;”,

agus

(b) trí “an ráitis rialacháin mhíosúil,” a chur isteach i ndiaidh “an tsonraisc” agus “ráiteas rialacháin míosúil” a chur isteach i ndiaidh “sonrasc” i mír (i) (a cuireadh isteach le hAcht 1978).

Daoine áirithe a chur in ionad daoine nach bhfuil bunaithe sa Stát.

193.—Leasaítear, leis seo, an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionadh alt 37:

“37. I gcás go ndéanann duine nach bhfuil bunaithe sa Stát earraí nó seirbhísí a sholáthar, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás inar dealraitheach dóibh gur gá déanamh amhlaidh chun ioncam a chosaint, a mheas, maidir le duine—

(a) a ghníomhaíonn nó a ghníomhaigh thar ceann an duine inchánach i ndáil leis na soláthairtí sin, nó

(b) a cheadaíonn nó a cheadaigh na soláthairtí sin a dhéanamh ar thalamh atá ar úinéireacht nó ar áitiú nó faoi stiúradh aige,

go ndearna sé na soláthairtí sin i gcúrsa nó ag bisiú gnó ón dáta ar seirbheáladh fógra i scríbhinn air á rá sin.”.

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

194.—(1) Leasaítear, leis seo, an Chéad Sceideal (a cuireadh isteach le hAcht 1978) a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) i mír (iv), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (b) (a cuireadh isteach le Acht 1991):

“(bi) soláthar saoráidí den chineál dá dtagraíonn mír (viiia) den Séú Sceideal,”

(b) i mír (viii) (a cuireadh isteach le hAcht 1985), trí “lena mbaineann alt 11 (7)” a scriosadh i bhfomhír (a),

(c) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (xvii):

“(xvii) imeachtaí spóirt a chur chun cinn (seachas i gcúrsa saoráidí a sholáthar den chineál a shonraítear i mír (viiia) den Séú Sceideal) nó lucht féachana a ligean isteach chucu,”

(d) i mír (xviii) trí “, a sholáthar agus a allmhairiú” a chur in ionad “agus a sholáthar”, agus

(e) i mír (xxiii) trí “dá gcomhaltaí” a scriosadh.

(2) Déantar, leis seo, an Chéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht a leasú tuilleadh—

- (a) i mír (xviii) (arna leasú le *fo-alt (1)* den alt seo) trí “a sholáthar, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú” a chur in ionad “a sholáthar agus a allmhairiú”, agus
- (b) i mír (xxiv) trí “, seachas soláthar earraí de chineál a shonraítear in alt 3 (1)(g),” a chur isteach i ndiaidh “earraí a sholáthar”.

195.—(1) Leasaítear, leis seo, an Dara Sceideal (a cuireadh isteach le hAcht 1976) a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

- (a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (v) (a cuireadh isteach le hAcht 1978):

“(va) trealamh atá ar áireamh in aerárthaí, nó a úsáidtear in aerárthaí, lena mbaineann fomhír (b) de mhír (v), a sholáthar, a dheisiú, a chothabháil agus a fhrúiliú;”, agus

- (b) i mír (xii) (a cuireadh isteach le hAcht 1985):

- (i) trí “i mír (iv) den Séú Sceideal” a chur in ionad “i mír (xíc) den Séú Sceideal”,

- (ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (b):

“(b) deochanna eile, lena n-áirítear uisce agus síoróipí, tiubhacháin, úscraí, púdair, criostail nó táirgí eile chun deochanna a ullmhú, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(I) tae agus ullmhóidí tae,

(II) cócó, caife agus siocaire agus caife tacair rósta eile, agus ullmhóidí agus eastóscáin díobh,

(III) bainne agus ullmhóidí agus eastóscáin bainne, nó

(IV) ullmhóidí agus eastóscáin feola, gabhála nó uibheacha,”

- (iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (c):

“(c) uachtar oighir, súracáin oighir, oighir uisce, milseoga reoite, iógairt reoite agus táirgí reoite comhchosúla, agus meascáin agus púdair ullmhaithe chun aon táirge den sórt sin nó aon táirge comhchosúil den sórt sin a dhéanamh,”

- (iv) i bhfomhír (d):

(I) i gclásal (I) trí “, cibé acu bruite nó neamhbhruite,” a chur isteach i ndiaidh “agus báicéireachta eile”, agus

(II) i gclásal (II) trí “, friochta” a chur isteach i ndiaidh “le linn bÁCála”, agus

(v) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (e):

“(e) aon ábhar díobh seo a leanas nuair a sholáthraítear iad mar bhia don duine gan a thuilleadh ullmhúcháin, eadhon—

(I) brioscaí prátaí, sceallóga prátaí, séideoga prátaí agus táirgí dá samhail, as prátaí nó as plúr prátaí nó as stáirse prátaí,

(II) táirgí blasta as gránach nó grán, nó as plúr nó stáirse a fhaightear as gránach nó grán, scrabháin craicinn muiceola agus táirgí dá samhail,

(III) grán rósta, agus

(IV) cnónna saillte nó rósta i mblaoscanna nó gan blaoscanna;”.

(2) Déantar, leis seo, an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht a leasú tuilleadh—

(a) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (i) (a cuireadh isteach le hAcht 1985):

“(i) Soláthar earraí—

(a) faoi réir coinníll go bhfuil siad le hiompar díreach ag an duine nó thar ceann an duine a dhéanann an soláthar—

(I) lasmuigh den Chomhphobal, nó

(II) chuig duine cláraithe laistigh den aerfort neamhchustam,

(b) arna seoladh nó arna n-iompar ón Stát chuig duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát eile,

(c) ar córacha nua iompair iad arna seoladh nó arna n-iompar go díreach ag an soláthróir nó thar ceann an tsoláthróra chuig duine i gcríoch de chuid Ballstáit eile,

(d) ag duine cláraithe laistigh de shaorphort do dhuine cláraithe eile laistigh de shaorphort,

(e) ag duine cláraithe laistigh den aerfort neamhchustam do dhuine cláraithe eile laistigh den aerfort neamhchustam nó laistigh de shaorphort;

(ia) soláthar earraí ag siopaí saor ó cháin, i cibé méideanna agus faoi réir cibé coinníollacha a

shonrófar i rialacháin, do thaistealaithe a bheidh ag imeacht as an Stát;”,

(b) i mír (iii) trí “lasmuigh den Chomhphobal” a chur in ionad “lasmuigh den Stát”,

(c) trí na míreanna seo a leanas a chur in isteach i ndiaidh mhír (iii):

“(iii*a*) seirbhísí iompair laistigh den Chomhphobal a bhaineann le hearraí a iompar chuig na hAsóir nó Maidéara nó ó na hAsóir nó ó Mhaidéara;

(iii*b*) faoi réir agus de réir rialachán, allmhairiú earraí a bheidh, tráth an allmhairithe sin, coinsínithe do Bhallstát eile;”,

(d) i mír (vi) (a cuireadh isteach le hAcht 1978):

(i) trí “as an Stát” a scriosadh i bhfomhír (a),

(ii) trí “(iii*a*)” a chur isteach i ndiaidh “(iii)” i bhfomhír (b), agus

(iii) trí “den Chomhphobal” a chur in ionad “den Stát” i bhfomhír (c),

agus

(e) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (xvi) (a cuireadh isteach le hAcht 1978):

“(xvi) seirbhísí arb éard iad obair ar earraí sochorraithe a fuarthas, nó a allmhairíodh chun an obair sin a dhéanamh orthu laistigh den Chomhphobal, agus a onnmhairíodh dá éis sin, a sholáthar do dhuine nach bhfuil bunaithe sa Chomhphobal;”.

196.—Leasaítear, leis seo, an Tríú Sceideal (a cuireadh isteach le hAcht 1991) a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

Leasú ar an Tríú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

(a) trí “mír (xi) den Séú Sceideal nó mír (xi) (b) den Seachtú Sceideal” a chur in ionad “míreanna (xi*b*) (b) nó (xiv) den Séú Sceideal” i mír (ii), agus

(b) trí “(seachas i gcúrsa saoráidí a sholáthar den chineál a shonraítear i mír (vii*a*) den Séú Sceideal)” a chur isteach i ndiaidh “earraí dochorraithe a ligean” i bhfomhír (a) de mhír (vi).

197.—(1) Leasaítear, leis seo, an Séú Sceideal (a cuireadh isteach le hAcht 1985) a ghabhann leis an bPríomh-Acht i mír (i)—

Leasú ar an Séú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

(a) trí “ach gan gás a áireamh de chineál a shonraítear i bhfomhír (b*i*) ná gás” a chur in ionad “ach gan gás a áireamh” i bhfomhír (b), agus

(b) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (b):

“(bi) gás mótarfheithicle de réir bhrí alt 42(1) den Acht Airgeadais, 1976.”.

(2) Déantar, leis seo, an Príomh-Acht a leasú tuilleadh tríd an Sceideal seo a leanas a chur in ionad an Séú Sceideal:

“AN SÉÚ SCEIDEAL

EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ IS INMHUIREARAITHE DE RÉIR AN RÁTA A SHONRAÍTEAR IN ALT 11 (1) (d)

(i) (a) Gual, móin agus substaintí soladacha eile ar mar bhreosla amháin a chuirtear ar díol iad,

(b) leictreachas: Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an bhfomhír seo maidir le himdháileadh aon leictreachais i gcás gur imdháileadh é a dhéantar go hiomlán nó go formhór i dtaca le himdháileadh comharthaí cumarsáide,

(c) gás de chineál a úsáidtear le haghaidh téacháin nó soilsiúcháin i dtithe nó i dtionscail i bhfoirm ghásach nó i bhfoirm leachtach, ach gan gás a áireamh de chineál a shonraítear i mír (i) den Seachtú Sceideal ná gás de chineál a úsáidtear de ghnáth le miotail a tháthú agus a ghearradh ná gás a dhíoltar mar bhreosla lastóra,

(d) ola hidreacarbóin de chineál a úsáidtear le haghaidh téacháin i dtithe nó i dtionscail gan ola gáis (de réir bhrí na Rialachán um Ola (Trom) Hidreacarbóin, 1989 (I.R. Uimh. 121 de 1989)) a áireamh, seachas ola gáis atá marcáilte go cuí de réir Rialachán 6 (2) de na Rialacháin sin;

(ii) soláthar bia agus dí de chineál a shonraítear i mír (xii) den Dara Sceideal i bhfoirm atá oiriúnach lena gcaitheamh ag daoine gan a thuilleadh ullmhúcháin—

(a) le meaisín díola,

(b) le linn óstán, bialann, caife, teach úrúcháin, ceaintín, bunaíocht atá ceadúnaithe chun deochanna meisciúla a dhíol lena n-ól san áitreabh, gnó lónadóireachta nó gnó dá shamhail a bheith á oibriú nó á hoibriú, nó

(c) le linn aon ghnó eile a bheith á oibriú a bhfuil saoráidí ann i ndáil le seoladh an ghnó sin chun an bia nó an deoch a sholáthraítear a chaitheamh;

(iii) soláthar earraí, le linn béile a bheith á chur ar fáil, is earraí de chineál a shonraítear i bhfomhír (c), (d) nó (e) de mhír (xii) den Dara Sceideal, agus sunna torthaí seachas sunna torthaí is inchurtha faoi dhleacht máil—

(a) le linn óstán, bialann, caife, teach úrúcháin, ceaintín, bunaíocht atá ceadúnaithe chun deochanna meisciúla a dhíol lena n-ól san áitreabh, gnó lónadóireachta nó gnó dá shamhail a bheith á oibriú nó á hoibriú, nó

- (b) le linn aon ghnó eile a bheith á oibriú a bhfuil saoráidí ann i ndáil le seoladh an ghnó sin chun an bia nó an deoch a sholáthraítear a chaitheamh;
- (iv) soláthar bia agus dí (seachas deochanna a shonraítear i bhfomhír (a) nó (b) de mhír (xii) den Dara Sceideal) arb é atá ann nó inti, nó ar cuid de nó di, bia agus deoch—
 - (a) atá téite chun gur féidir é nó í a chaitheamh ag teocht is airde ná teocht aeir na timpeallachta, nó
 - (b) a coinníodh te tar éis cócaireachta chun gur féidir é nó í a chaitheamh ag teocht is airde ná teocht aeir na timpeallachta, nó
 - (c) a sholáthraítear, agus é nó í fós bogthe tar éis cócaireachta, chun gur féidir é nó í a chaitheamh ag teocht is airde ná teocht aeir na timpeallachta,
 agus atá os cionn teocht aeir na timpeallachta tráth an tsoláthair;
- (v) taibhithe cineamatagrafacha a sheoladh agus daoine a ligean isteach chucu;
- (vi) taibhithe beo amharclainne nó ceoil a sheoladh agus daoine a ligean isteach chucu, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—
 - (a) damhsaí, agus
 - (b) taibhithe a shonraítear i mír (viii) den Chéad Sceideal;
- (vii) seirbhísí siamsaíochta, seachas damhsaí agus sorcais, arna gcur ar fáil i bpáirceanna aonaigh ag fir seó taistil i gcás, in aon chás áirithe, nach mó ná 19 lá as a chéile an tréimhse iomlán a chaitear in aon ionad amháin i ndáil le sraith taibhithe i ndiaidh a chéile agus go mbeidh mí amháin ar a laghad caite sula seolfar an chéad taibhiú eile san ionad céanna;
- (viii) seirbhísí arb éard iad dramhábhar a ghlacadh lena dhiúscairt;
- (ix) daoine a ligean isteach chuig taispeántais de chineál a sheoltar de ghnáth i músaeim agus i ndánlanna, is taispeántais d'ábhair is díol spéise ó thaobh staire, cultúir, ealaíne nó eolaíochta, nach seirbhísí iad den chineál a shonraítear i mír (viii a) den Chéad Sceideal;
- (x) seirbhísí a sholáthraíonn tréidlianna i gcúrsa a ngairme;
- (xi) seirbhísí talmhaíochta arb éard iad—
 - (a) obair mhachaire, buaint, baint, bualadh, cornadh, fómharaíocht, curaíocht agus plandáil,
 - (b) táirgí talmhaíochta a dhíghalrú agus a shadhlasú,
 - (c) fiaile agus loitmhíola a dhíothú agus barraí agus talamh a dhustáil agus a spréail,
 - (d) teascadh, crainn a leagan agus seirbhísí foraoiseachta dá samhail.”.

(3) Déantar, leis seo, an Séú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht (arna leasú leis an Acht seo) a leasú tuilleadh—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (vii):

“(vii*a*) duine seachas eagraíocht neamhbhrabúsmhar do sholáthar saoráidí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt;”,

agus

(b) i mír (xi) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (a):

“(a*i*) fosaíocht stoic, tógáil stoic, seirbhísí faoisimh feirme agus seirbhísí comhairliúcháin feirme (nach seirbhísí iad den chineál a shonraítear i mír (xxii) den Seachtú Sceideal).”.

An Seachtú
Sceideal a chur
isteach sa Phríomh-
Acht.

198.—Leasaítear, leis seo, an Príomh-Acht tríd an Sceideal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an Séú Sceideal (a chuirtear isteach leis an Acht seo):

“AN SEACHTÚ SCEIDEAL

EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ IS INMHUIREARAITHE DE RÉIR AN RÁTA A SHONRAÍTEAR IN ALT 11(1)(E)

(i) Gás mótarfheithicle de réir bhrí alt 42(1) den Acht Airgeadais, 1976;

(ii) gach saothar ealaíne arb é atá ann—

(a) péintéireacht, líníocht nó pastal, nó aon chumasc den chéanna, ar de láimh go hiomlán a rinneadh é, gan earraí monaraithe lámh-mhaisithe, ná pleananna agus líníochtaí chun críocha ailtireachta, innealtóireachta, tionsclaíochta, tráchtála nó topagrafaíochta, nó chun críocha dá samhail, a áireamh,

(b) liteagraf, greanadh nó prionta bunaidh, nó aon chumasc den chéanna, arna tháirgeadh go díreach as clocha liteagrafacha, plátaí nó dromchlaí greanta eile, agus atá déanta go hiomlán de láimh,

(c) dealbhóireacht nó dealbh bhunaidh, gan atáirgí olltáirgthe ná saothair cheardaíochta de chineál tráchtála a áireamh, nó

(d) faoi réir agus de réir rialachán, ball troscáin, airgid, gloine nó poircealláin, cibé acu lámh-mhaisithe nó nach ea, a bheidh sonraithe sna rialacháin sin, i gcás ina suífear chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur sine ná 100 bliain d’aois é, seachas earraí a shonraítear i bhfomhír (a), (b) nó (c);

(iii) lámhscríbhinní liteartha a mbeidh sé deimhnithe ag Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann gur lámhscríbhinní iad a bhfuil tábhacht mhór náisiúnta leo

agus a bhfuil tábhacht leo ó thaobh an chultúir nó na healaíne de;

- (iv) seirbhísí teileachumarsáide (lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí a chomhghabhann leis an gcéanna) arna soláthar ag Bord Telecom Éireann nó ag aon duine a bheidh ceadúnaithe de réir fho-alt (1) d'alt 111 den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983, seachas seirbhísí den chineál a shonraítear i mír (d), (e) nó (f) d'fo-alt (3) d'alt 87 den Acht sin;
- (v) earraí éadaí pearsanta agus ciarsúir theicstíleacha, seachas—
 - (a) earraí éadaí atá déanta go hiomlán nó go páirteach as seithí fionnaidh, ach amháin baill éadaí nach bhfuil orthu ach ciumhsóga de sheithí fionnaidh mura rud é gur mó na ciumhsóga sin ná an cúigiú cuid d'achar an ábhair sheachtraigh, agus
 - (b) earraí éadaí pearsanta de chineál a shonraítear i míreanna (xvii) agus (xviii) den Dara Sceideal;
- (vi) (a) faibricí, abhras, snáth agus leathar de chineál a úsáidtear de ghnáth i monarú éadaí, lena n-áirítear leaisticí, téip agus ábhair stuála san fhoirm a sholáthraítear le haghaidh monarú éadaí, agus
 - (b) abhras de chineál a úsáidtear de ghnáth i monarú faibricí éadaí;
- (vii) earraí coisbhirt phearsanta, ach amháin earraí coisbhirt phearsanta de chineál a shonraítear i mír (xix) den Dara Sceideal;
- (viii) leathar boinn agus uachtair de chineál a úsáidtear de ghnáth chun coisbheart a mhonarú agus a dheisiú, agus freisin boinn, sála agus boinn istigh d'ábhar ar bith;
- (ix) spéaclaí ceartaitheacha agus lionsaí tadhaill ceartaitheacha, lena n-áirítear páirteanna den chéanna;
- (x) seirbhísí arb é atá iontu —
 - (a) deisiú nó cothabháil earraí sochorraithe,
 - nó
 - (b) athchóiriú earraí athlámhe sochorraithe, seachas seirbhísí den sórt sin a shonraítear i mír (v), (va) nó (xvi) den Dara Sceideal, ach gan soláthar na nithe seo a leanas i gcúrsa aon seirbhíse deisithe, cothabhála nó athchóiriúcháin den sórt sin a áireamh, eadhon—
 - (I) gabhálais, aidhlicí nó batairí, nó
 - (II) boinn, cásanna boinn, tráchtanna boinn idirmhalartacha, lamhnáin agus flapaí boinn, do rothaí de gach cineál;
- (xi) (a) seirbhísí arb é atá iontu obair ar earraí dochorraithe, seachas seirbhísí a shonraítear —

- (i) i mír (xi) den Séú Sceideal nó i bhfomhír (b),
- (ii) i mír (ii) den Tríú Sceideal,
- nó
- (b) seirbhísí arb é atá iontu gnáthghlanadh earraí dochorraithe;
- (xii) seirbhísí arb éard iad aire do chorp an duine, gan na seirbhísí sin a shonraítear sa Chéad Sceideal a áireamh, ach lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraítear i gcúrsa gnó stiúideo sláinte nó gnó dá shamhail;
- (xiii) seirbhísí a sholáthraíonn marcaigh i gcúrsa a ngairme;
- (xiv) dearbhchlónna fótagrafacha (seachas earraí a táirgeadh trí phróiseas fótachóipeála), sleamhnáin nó claonchlónna, a táirgeadh ó earraí a chuir duine ar fáil, a sholáthar don duine sin;
- (xv) earraí arb éard iad—
 - (a) dearbhchlónna fótagrafacha (seachas earraí a táirgeadh trí phróiseas fótachóipeála), gléasta nó neamhghléasta, ach iad neamhfhrámáilte,
 - (b) sleamhnáin agus claonchlónna, agus
 - (c) scannán cineamatagrafach agus fíis-scannán,
 - a dhéanann taifeadadh ar dhaoine, ar rudaí nó ar theagmhais áirithe, arna soláthar faoi chomhaontú grianghraif a dhéanamh de na daoine, de na rudaí nó de na teagmhais sin;
- (xvi) na nithe seo a leanas a sholáthar ag grianghrafadóir, eadhon—
 - (a) claonchlónna a táirgeadh ó scannán a nochtadh chun críocha a ghnó, agus
 - (b) scannán a nochtadh chun críocha a ghnó;
- (xvii) dearbhchlónna fótagrafacha a táirgeadh trí mheaisín díola a bhfuil ceamara agus trealamh réalta agus clóite ann;
- (xviii) seirbhísí arb éard iad—
 - (a) eagarthóireacht a dhéanamh ar scannán fótagrafach, scannán cineamatagrafach agus fíis-scannán, agus
 - (b) micreascannánú;
- (xix) seirbhísí gníomhaireachta i ndáil le soláthar a shonraítear i mír (xiv);
- (xx) teagasc i dtiomáint feithiclí bóthair inneallghluaiste, nach oideachas, oiliúint ná athoiliúint de na cineálacha a shonraítear i mír (ii) den Chéad Sceideal;
- (xxi) seirbhísí ceantálaí, aturnae, gníomhaire eastáit nó gníomhaire eile, a bhaineann go díreach le soláthar earraí

dochorraithe a úsáidtear chun críocha gníomhaíochta de chuid Iarscríbhinn A;

(xxii) seirbhísí cuntaíochta feirme nó bainistithe feirme.”.

CUID IV

DLEACHTANNA STAMPA

199.—Sa Chuid seo—

Mínithe (*Cuid IV*).

ciallaíonn “Acht 1891” an *Stamp Act*, 1891;

ciallaíonn “na Coimisinéirí” na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn “an Chéad Sceideal” an Chéad Sceideal (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1970, agus le hachtacháin dá éis) a ghabhann le hAcht 1891.

200.—(1) San alt seo—

Tobhach ar bhainc.

ciallaíonn “méid inmheasúnaithe” an méid a thaispeántar mar an méid inmheasúnaithe sa ráiteas a sheachadfar ar na Coimisinéirí de bhun alt 89 den Acht Airgeadais, 1991;

ciallaíonn “banc” duine ar shealbhóir é, an 1ú lá de Mheán Fómhair, 1990, ar cheadúnas a deonaíodh faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Cheannais, 1971, nó comharbaí nó sannaithe an duine sin.

(2) Déanfaidh banc, tráth nach déanaí ná an 12ú lá de Mheán Fómhair i ngach bliain de na blianta 1992, 1993 agus 1994, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim a thaispeánfaidh an méid inmheasúnaithe le haghaidh an bhainc sin.

(3) Ar gach ráiteas a sheachadfar de bhun *fho-alt* (2), muirearófar dleacht stampa ar cóimhéid lena gcomhshuim seo a leanas:

(a) 0.26 faoin gcéad den chuid sin den mhéid inmheasúnaithe a thaispeántar ann nach mó ná £135,000,000, agus

(b) 0.3865 faoin gcéad den chuid sin den mhéid inmheasúnaithe a thaispeántar ann is mó ná £135,000,000:

Ar choinníoll, in aon chás nach mó ná £135,000,000 an méid inmheasúnaithe a thaispeántar sa ráiteas, go muirearófar dleacht stampa ar cóimhéid le 0.26 faoin gcéad den mhéid inmheasúnaithe a thaispeántar ann.

(4) Déanfaidh an banc an dleacht a mhuirearófar le *fo-alt* (3) ar ráiteas a sheachadfaidh banc de bhun *fho-alt* (2) a íoc an tráth a sheachadfar an ráiteas.

(5) Tabharfaidh banc cibé sonraí do na Coimisinéirí a mheasfaidh na Coimisinéirí is gá i ndáil le haon ráiteas a cheanglaíonn an t-alt seo ar an mbanc a sheachadadh.

(6) I gcás go mainneoidh banc aon ráiteas a cheanglaítear le *fo-alt* (2) a sheachadadh laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san *fho-alt* sin nó go mainneoidh sé an dleacht is inmhuirearaithe ar aon ráiteas den sórt sin a íoc, tráth a sheachadta, dlífidh an banc, amhail

ó dháta rite an Achta seo go dtí an lá a íocfar an dleacht, ús de réir 15 faoin gcéad sa bhliain a íoc uirthi mar phionós, i dteannta na dleachta, agus ina theannta sin, dlífidh sé, mar phionós breise ón 12ú lá de Mheán Fómhair i ngach bliain de na blianta 1992, 1993 agus 1994, de réir mar a bheidh, suim a íoc is ionann agus 1 faoin gcéad den dleacht in aghaidh gach lae a fhanfaidh an dleacht gan íoc agus beidh gach pionós inghnóthaithe ar an tslí chéanna amhail is dá mba chuid den dleacht an pionós.

(7) Féadfaidh na Coimisinéirí seachadadh aon ráitis a cheanglaítear le *fo-alt* (2) a fhorfheidhmiú faoi alt 47 den *Succession Duty Act*, 1853, ar gach cuma amhail is dá mba chuntas mar a luaitear san alt sin an ráiteas sin agus amhail is dá mba fhaillí mar a luaitear san alt sin an mhainneachtain an ráiteas sin a sheachadadh.

(8) Ach amháin mar a fhoráiltear le *halt* 45, ní dhéanfar an dleacht stampa a mhuirearaítear leis an alt seo a lamháil mar asbhaint chun aon cháin nó dleacht (is cáin nó dleacht atá faoi chúram agus faoi bhainisteoireacht na gCoimisinéirí) is iníoctha ag an mbanc a ríomh.

(9) Más rud é, maidir le cuideachta ar bhanc í an 1ú lá de Mheán Fómhair, 1990, agus a bhí nó atá ina comhalta de ghrúpa de réir bhrí *alt* 45, go scoirfidh sí de bheith ina banc, aon dleacht stampa is iníoctha ag an gcuideachta sin de bhua *fho-alt* (4) agus a fhanfaidh gan íoc beidh sí iníoctha ag aon bhanc eile is comhalta den ghrúpa, ar an tslí chéanna amhail is dá mba chuid de dhliteanas an bhainc sin é:

Ar choinníoll, i gcás go mbeidh níos mó ná banc amháin sa ghrúpa, go ndlífidh gach banc den sórt sin cuid den dleacht neamhíoctha sin a íoc, arb éard a bheidh inti méid a mbeidh idir é agus an dleacht neamhíoctha an chomhréir chéanna a bheidh idir dliteanas gach bainc sa ghrúpa agus dliteanas iomlán an ghrúpa, ach, i gcás gach dliteanais den sórt sin, gan an dleacht neamhíoctha sin a áireamh.

Dleachtanna
stampa, pionóis
áirithe a loghadh.

201.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le hionstraim—

(a) a céad-fhorghníomhaíodh roimh an 1ú lá de Shamhain, 1991, agus

(b) nach raibh stampáilte nó nach raibh stampáilte go leordhóthanach an 30ú lá d'Eanáir, 1992.

(2) I gcás go ndéanfar ionstraim lena mbaineann an t-alt seo a sheachadadh ar na Coimisinéirí lena stampáil, mar aon leis an dleacht neamhíoctha—

(a) ar an 30ú lá de Mheitheamh, 1992, nó roimhe, stampálfar an ionstraim sin gan pionós a íoc, nó

(b) ar an 1ú lá d'Iúil, 1992, nó dá éis, ach ar an 30ú lá de Mheán Fómhair, 1992, nó roimhe, stampálfar an ionstraim sin ar phionós a íoc is pionós arna ríomh amhail is dá mba ar an 1ú lá de Mheitheamh, 1992, a céad-fhorghníomhaíodh an ionstraim.

(3) I gcás go ndéanfar ionstraim lena mbaineann an t-alt seo a sheachadadh ar na Coimisinéirí mar aon le dleacht neamhíoctha atá neamhdhóthanach, nó a fhionnfar a bheith neamhdhóthanach, de bhua maoin lena mbaineann an ionstraim a athluacháil nó ar aon chúis eile, ansin—

- (a) beidh feidhm ag forálacha *fho-alt (2) (a)* maidir le haon dleacht bhreise a íocfar má íoctar í ar an 30ú lá de Mheitheamh, 1992, nó roimhe,
- (b) beidh feidhm ag forálacha *fho-alt (2) (b)* maidir le haon dleacht bhreise a íocfar má íoctar í ar an 1ú lá d'Iúil, 1992, nó dá éis, ach ar an 30ú lá de Mheán Fómhair, 1992, nó roimhe.

202.—Leasaítear, leis seo, alt 17 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 1981 le héifeacht amhail ar an agus ón 1ú lá de mhí Feabhra, 1992—

Leasú ar alt 17 (dleacht stampa i leith cártaí creidmheasa agus cártaí muirir) den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 1981.

- (a) trí “£15” a chur in ionad “£10” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1984) i bhfo-alt (1)(c),
- (b) trí “£7.50” a chur in ionad “£5” (arna chur isteach amhlaidh) i bhfo-alt (2)(c), agus
- (c) trí “£15” a chur in ionad “£10” (arna chur isteach amhlaidh) i mír (d)(ii) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1983) d’fho-alt (2).

203.—(1) San alt seo—

Dleacht stampa i leith cártaí airgid.

tá le “tréimhse chuntasaíochta” an bhrí chéanna atá leis chun críocha alt 9 den Acht Cánach Corparáide, 1976;

ciallaíonn “banc” duine a shealbhaíonn, an 15ú lá de Mheitheamh in aon bhliain (arb í an bhliain 1992 nó bliain dá éis sin í), ceadúnas arna dheonú faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971;

ciallaíonn “cumann foirgníochta” cumann foirgníochta atá, an 15ú lá de Mheitheamh in aon bhliain (arb í an bhliain 1992 nó bliain dá éis sin í), arna chorprú, nó a mheastar le halt 124 (2) den Acht Cumann Foirgníochta, 1989, a bheith corpraithe faoin Acht sin agus folaíonn sé cuideachta atá cláraithe faoi alt 106 den Acht sin;

ciallaíonn “cuntas cárta” cuntas arna chothabháil ag tionscnóir ar a muirearaítear méideanna airgid a fhaigheann duine ar mhodh cárta airgid;

ciallaíonn “cárta airgid” cárta arna eisiúint ag tionscnóir chuig duine ag a bhfuil seoladh sa Stát lena bhféadfaidh an duine airgead a fháil sa Stát ó uathmheaisín bainc;

ciallaíonn “dáta foilsithe” dáta foilsithe an Bhille Airgeadais, 1992;

ciallaíonn “dáta dlite”—

- (a) i gcás na bliana 1992, an 1ú lá de Mheán Fómhair, nó dáta dheireadh na tréimhse cuntasaíochta a chríochnaíonn i 1992, cibé acu is déanaí, agus
- (b) i gcás na bliana 1993 agus gach bliana dá éis sin, dáta dheireadh na tréimhse cuntasaíochta a chríochnaíonn sa bhliain sin;

ciallaíonn “tionscnóir” banc nó cumann foirgníochta.

(2) Déanfaidh tionscnóir, laistigh de mhí amháin ón dáta dlite, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh ar na Coimisinéirí ina dtaispeánfar

an líon cártaí airgid a bheidh eisithe ag an tionscnóir aon tráth agus a bheidh bailí—

- (a) i gcás na bliana 1992, aon tráth i gcaitheamh na tréimhse ón dáta foilsithe go dtí an dáta dlite, agus
- (b) i gcás na bliana 1993, aon tráth i gcaitheamh na tréimhse—
 - (i) ón 1ú lá de Mheán Fómhair, 1992, nó
 - (ii) ó dháta dheireadh na tréimhse cuntasáíochta a chríochnaíonn sa bhliain 1992, más dáta tar éis an 1ú lae de Mheán Fómhair, 1992 é
 go dtí an dáta dlite, agus
- (c) i gcás na bliana 1994 agus gach bliana dá éis sin, aon tráth i gcaitheamh na tréimhse cuntasáíochta a chríochnaíonn sa bhliain sin:

Ar choinníoll—

- (I) más rud é nach n-úsáidfear an cárta airgid aon tráth i gcaitheamh aon cheann de na tréimhsí dá dtagraítear i *mír (a), (b) nó (c)*, nó
- (II) más rud é go n-eiseofar an cárta airgid i leith cuntais cárta—
 - (A) is cuntas taisce, agus
 - (B) nach mó ná £10 meán na n-iarmhéideanna dearfacha laethúla sa chuntas in aon cheann de na tréimhsí dá dtagraítear i *mír (a), (b) nó (c)*,

ansin ní áireofar é sa ráiteas a bhainfidh leis an tréimhse sin.

(3) Muirearófar ar gach ráiteas a sheachadfar de bhun *fho-alt (2)* dleacht stampa de réir ráta £2 i leith gach cárta a áireofar ar an líon cártaí a thaispeánfar sa ráiteas.

(4) Déanfaidh tionscnóir an dleacht a mhuirearófar le *fo-alt (3)* ar ráiteas a sheachadfaidh an tionscnóir de bhun *fho-alt (2)* a íoc ar an ráiteas a sheachadadh.

(5) Tabharfaidh tionscnóir do na Coimisinéirí cibé sonraí a mheasfaidh na Coimisinéirí is gá i ndáil le haon ráiteas a cheanglaíonn an t-alt seo ar an tionscnóir a sheachadadh.

(6) I gcás go mainneoidh tionscnóir aon ráiteas a cheanglaítear le *fo-alt (2)* a sheachadadh laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san *fho-alt* sin nó go mainneoidh sé an dleacht is inmhuirearaithe ar aon ráiteas den sórt sin a íoc, tráth a sheachadta, dlífidh an tionscnóir, ón dáta lena mbainfidh an ráiteas (dá ngairtear an dáta dlite anseo ina dhiaidh seo) go dtí an dáta a íocfar an dleacht, ús de réir ráta 1.25 faoin gcéad in aghaidh na míosa nó cuid de mhí a íoc uirthi mar phionós, i dteannta na dleachta, agus, ina theannta sin, dlífidh sé mar phionós breise, suim is ionann agus £300 in aghaidh gach lae a fhanfaidh an dleacht gan íoc tar éis aon mhí amháin a bheith caite ón dáta dlite agus beidh gach pionós inghnóthaithe ar an tslí chéanna amhail is dá mba chuid den dleacht an pionós.

(7) Féadfaidh na Coimisinéirí seachadadh aon ráitis a cheanglaítear le *fo-alt* (2) a fhorfheidhmiú faoi alt 47 den *Succession Duty Act*, 1853, ar gach cuma amhail is dá mba chuntas mar a luaitear san alt sin an ráiteas sin agus amhail is dá mba fhaillí mar a luaitear san alt sin an mhainneachtain an ráiteas sin a sheachadadh.

(8) Beidh tionscnóir i dteideal méid na dleachta stampa is iníoctha i leith an chárta airgid de bhua an ailt seo a mhuirearú ar an gcuntas cárta agus féadfaidh sé na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear an cuntas sin a chur chun feidhme maidir le hús ar an gcuntas sin.

(9) Maidir le cuntas, le cárta muirir, le cárta muirir cuideachta nó le cárta forlíontach de réir na brí, i ngach cás, a shanntar dó le halt 17 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 1981, agus a tharraingíonn íocaíocht na dleachta stampa is iníoctha de bhua fhorálacha an ailt seo, ní tharraingeoidh sé íocaíocht na dleachta stampa is iníoctha de bhua fhorálacha an ailt seo.

204.—Maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 1ú lá d’Fheabhra, 1992 nó dá éis, déantar, leis seo—

Dleachtanna stampa ar ionstraimí ilghnéitheacha.

- (a) an Chéad Sceideal, seachas an Ceannteideal “CONVEYANCE or TRANSFER on sale of any property other than stocks or marketable securities.” agus an Ceannteideal “LEASE”,
- (b) ailt 56, 59, 62 agus 106 den *Stamp Act*, 1891,
- (c) alt 9 den *Finance Act*, 1902,
- (d) alt 42 den *Finance Act*, 1920,
- (e) alt 30 den Acht Airgeadais, 1961,

a leasú trí “£10” a chur in ionad “£5” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1982) gach áit a bhfuil sé.

205.—(1) Déantar, leis seo, an Ceannteideal atá leagtha amach i *gCuid I* den *Seachtú Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a chur in ionad an Cheannteidil “CONVEYANCE or TRANSFER on sale of any stocks or marketable securities.” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1990) sa Chéad Sceideal.

Leasú ar an gCéad Sceideal.

(2) Déantar, leis seo, an Ceannteideal atá leagtha amach i *gCuid II* den *Seachtú Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a chur isteach i ndiaidh an Cheannteidil “CONVEYANCE or TRANSFER on sale of any stocks or marketable securities.” agus roimh an gCeannteideal “CONVEYANCE or TRANSFER on sale of any property other than stocks or marketable securities.” sa Chéad Sceideal.

(3) Déantar, leis seo, an Ceannteideal atá leagtha amach i *gCuid III* den *Seachtú Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a chur in ionad an Cheannteidil “CONVEYANCE or TRANSFER of any kind not hereinbefore described” (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1982) sa Chéad Sceideal.

(4) Déantar, leis seo, an Ceannteideal atá leagtha amach i *gCuid IV* den *Seachtú Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a chur in ionad an Cheannteidil “DEED of any kind whatsoever, not described in this Schedule (other than an award, a charter-party or an agreement

or contract made or entered into pursuant to the Highways Acts for or relating to the making, maintaining or repairing of highways).” (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1982) sa Chéad Sceideal.

(5) Déantar, leis seo, an Ceannteideal atá leagtha amach i *gCuid V* den *Seachtú Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a chur in ionad an Ceannteidil “MORTGAGE, BOND, DEBENTURE, COVENANT (except a marketable security) and WARRANT OF ATTORNEY to confess and enter up judgment.” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991) sa Chéad Sceideal.

(6) Leasaítear, leis seo, an Chéad Sceideal trí na Ceannteidil seo a leanas agus na forálacha a ghabhann leo a scriosadh, is é sin le rá:

- (a) “BOND, COVENANT, or INSTRUMENT of any kind whatsoever” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991),
- (b) “BOND of any kind whatsoever not specifically charged with any duty or specifically exempted from any duty.” (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1982), agus
- (c) “WARRANT OF ATTORNEY to confess and enter up a judgment given as a security for the payment or repayment of money, or for a transfer or retransfer of stock.” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1970).

(7) Leasaítear, leis seo, an Chéad Sceideal trí na focail “or a policy of insurance or a policy of life insurance.” a chur isteach i ndiaidh an fhocail “securities” sa Ceannteideal “CONVEYANCE or TRANSFER on sale of any property other than stocks or marketable securities.” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1990).

(8) Leasaítear, leis seo, an Chéad Sceideal trí na focail “which relates to immovable property situated in the State or to any right over or interest in such property.” a chur isteach i ndiaidh an fhocail “described” i Mír (5) den Ceannteideal “LEASE” (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1991).

(9) Leasaítear, leis seo, an Chéad Sceideal trí na focail “where the risk to which the policy relates is located in the State” a chur isteach i ngach ceann de na Ceannteidil seo a leanas (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1982) —

- (a) i ndiaidh an fhocail “INSURANCE” sa Ceannteideal “POLICY OF LIFE INSURANCE”,
- (b) i ndiaidh an fhocail “years” sa Ceannteideal “POLICY OF LIFE INSURANCE made for a period not exceeding two years”, agus
- (c) i ndiaidh an fhocail “Insurance” sa Ceannteideal “POLICY OF INSURANCE other than Life Insurance.”.

(10) Faoi réir fhorálacha alt 4 d’Acht 1891, maidir le haon ionstraim, a mbeadh, murach *fo-alt* (3), (4), (5) nó (6), dleacht stampa inmhuipearaithe uirthi faoi aon cheann de na Ceannteidil dá dtagraítear sna fo-ailt sin i leith aon fhorála áirithe atá san ionstraim, ní bheidh dleacht stampa inmhuipearaithe uirthi i leith na forála sin faoi aon Ceannteideal eile sa Chéad Sceideal.

206.—Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon tíolacas ná ar aon aistriú—

Stoic agus urrúis
inmhargaidh áirithe
a bheith
díolmhaithe ó
dhleacht stampa.

- (a) aonad i ngnóthas comhinfheistíochta de réir bhrí alt 18 den Acht Airgeadais, 1989, nó
- (b) aonad de chuid iontaobhais aonaid lena mbaineann fo-alt (5A) (a cuireadh isteach le halt 34 den Acht Airgeadais, 1977) d’alt 31 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, nó
- (c) stoc nó urrús inmargaidh de chuid cuideachta nach bhfuil cláraithe sa Stát agus a ndéileáiltear iontu agus a luaitear ar stocmhalartán aitheanta:

Ar choinníoll nach mbaineann an tíolacas nó an t-aistriú stoc nó urrús inmargaidh sin le ceachtar díobh seo a leanas—

- (i) aon mhaoín dhochorraithe atá suite sa Stát nó aon cheart thar aon mhaoín den sórt sin nó aon leas in aon mhaoín den sórt sin, nó
- (ii) aon stoic nó urrús inmargaidh de chuid cuideachta a bhfuil clár sa Stát aici.

207.—(1) San alt seo—

Ionstraimí seirbhísí
airgeadais áirithe a
bheith díolmhaithe
ó dhleacht stampa.

ciallaíonn “tráchtearraí” sócmhainní inláimhsithe (seachas airgeadra, urrúis, fiacha nó sócmhainní eile de chineál airgeadais) a ndéileáiltear iontu ar mhalartán tráchtearraí aitheanta;

ciallaíonn “comhaontú fachtóireachta féich” comhaontú chun fiach nó cuid d’fhiach a dhíol nó a aistriú ar dhíol i gcás go dtarlaíonn an díol sin i ngnáthchúrsa gnó an díoltóra nó an cheannaitheora;

ciallaíonn “taiscí” duine a shealbhaíonn stoic nó urrúis inmargaidh, a ndéileáiltear iontu agus a luaitear ar stocmhalartán aitheanta, ar iontaobhas do shealbhóirí admhálacha taiscí nó thar a gceann agus a choinníonn clár úinéireachta admhálacha taiscí den sórt sin;

ciallaíonn “admháil taiscí Mheiriceánach” ionstraim—

- (a) lena n-admhaítear—
 - (i) go bhfuil taiscí nó ainmnitheach a bheidh ag gníomhú ar a shon i seilbh stoc nó urrús inmargaidh a ndéileáiltear iontu agus a luaitear ar stocmhalartán aitheanta, agus
 - (ii) go bhfuil cearta ag sealbhóir na hionstraime sna stoic nó sna hurrúis inmargaidh sin nó i ndáil leis an gcéanna, lena n-áirítear an ceart na stoic nó na hurrúis inmargaidh sin a fháil ón taiscí nó óna ainmnitheach,

agus

- (b) is ionstraim—
 - (I) a ndéileáiltear inti agus a luaitear ar stocmhalartán aitheanta atá suite i Stáit Aontaithe Mheiriceá, nó

- (II) atá in ionannas stoc nó urrús inmhargaidh a ndéileáiltear iontu agus a luaitear amhlaidh;

ciallaíonn “comhaontú todhchaíochtaí airgeadais” réamhchomhaontú a ndéileáiltear ann agus a luaitear de thuras na huaire ar mhalartán todhchaíochtaí aitheanta nó ar stocmhalartán aitheanta;

ciallaíonn “réamhchomhaontú”—

- (a) comhaontú faoina gcomhaontaíonn páirtí sa chomhaontú—

- (i) tráchtearraí, airgeadra, stoic nó urrúis inmhargaidh a cheannach nó a dhíol, nó

- (ii) suim airgid a íoc nó a fháil (cibé acu a bheidh nó nach mbeidh an t-airgead sin íoctha nó faighte iarbhrí),

ar dháta sonraithe nó laistigh de thréimhse ama shonraithe nó inchinnte agus ar dá bhun a chinnteofar nó is inchinnte an praghas nó an ráta malairte airgeadra lena mbaineann, nó, i gcás suime airgid, an t-ús (más ann) is iníoctha nó is sainráite a bheith iníoctha ar an tsuim airgid sin, tráth forghníomhaithe an chomhaontaithe, nó

- (b) comhaontú lena dtugtar an ceart íocaíochtaí áirithe a fháil agus lena bhforchuirtear an dliteanas íocaíochtaí áirithe a dhéanamh, a mbeidh fáil agus déanamh na n-íocaíochtaí ag brath ar ghluaiseachtaí áirithe agus ag baint le gluaiseachtaí áirithe in innéacs stocmhalartáin sonraithe nó in innéacsanna stocmhalartáin sonraithe;”

ciallaíonn “comhaontú rogha” comhaontú faoina dtugtar ceart do pháirtí sa chomhaontú ceachtar den dá rud seo a leanas, nó iad araon, a dhéanamh, de rogha an pháirtí, is é sin le rá:

- (a) na nithe seo a leanas a cheannach ó pháirtí eile sa chomhaontú, nó iad a dhíol leis, nó na nithe seo a leanas a cheannach ó pháirtí eile sa chomhaontú agus iad a dhíol leis—

- (i) stoic shonraithe, urrúis inmhargaidh, tráchtearraí nó airgeadra,

- (ii) comhaontú lena dtugtar an ceart íocaíochtaí áirithe a fháil agus lena bhforchuirtear an dliteanas íocaíochtaí áirithe a dhéanamh, a mbeidh fáil agus déanamh na n-íocaíochtaí ag brath ar ghluaiseachtaí áirithe agus ag baint le gluaiseachtaí áirithe in innéacs stocmhalartáin sonraithe nó in innéacsanna stocmhalartáin sonraithe,

ar dháta sonraithe nó roimhe ar phraghas a chinnteofar nó is inchinnte tráth forghníomhaithe an chomhaontaithe,

- (b) airgead a fháil ar iasacht ó pháirtí eile, nó a thabhairt ar iasacht do pháirtí eile, sa chomhaontú, ar feadh tréimhse sonraithe nó laistigh de thréimhse shonraithe i gcomaoin an páirtí a fhaigheann an iasacht airgid nó dá dtugtar an iasacht airgid d’íoc úis leis an bpáirtí eile lena mbaineann

de réir ráta a chinnteofar nó a bheidh inchinnte tráth forghníomhaithe an chomhaontaithe;

ciallaíonn “comhaontú babhtála” comhaontú faoina malartaíonn na páirtithe sa chomhaontú íocaíochtaí nó aisíocaíochtaí airgid a bhfuil oibleagáidí ar na páirtithe sin agus cearta acu ina leith, is íocaíochtaí nó aisíocaíochtaí atá ainmnithe in airgeadra sonraithe nó atá faoi réir ráta sonraithe úis a íoc, nó a bhaineann le praghas tráchtearraí, stoc nó urrús inmhargaidh sonraithe ar íocaíochtaí nó aisíocaíochtaí den chineál céanna atá ainmnithe in airgeadra sonraithe eile nó atá faoi réir ráta éagsúil sonraithe úis a íoc nó a bhaineann le praghas tráchtearraí, stoc nó urrús inmhargaidh sonraithe eile.

(2) Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon ionstraim arb éard í—

- (a) comhaontú fachtóireachta féich, nó
- (b) comhaontú babhtála, nó
- (c) réamhchomhaontú, nó
- (d) comhaontú todhchaíochtaí airgeadais, nó
- (e) comhaontú rogha, nó
- (f) teaghlaim d’aon dá cheann nó níos mó de na hionstraimí a shonraítear i míreanna (a) go (e), nó
- (g) aistriú na nithe seo a leanas nó comhaontú iad a aistriú —
 - (i) aon ionstraim a shonraítear i míreanna (a) go (e), nó teaghlaim d’aon dá ionstraim nó níos mó den sórt sin,
 - (ii) léas, seachas léas a bhfuil feidhm ag aon Cheannteideal sa Chéad Sceideal maidir leis, nó
 - (iii) admháil taiscí Mheiriceánach:

Ar choinníoll nach mbaineann an ionstraim sin, seachas ionstraim is aistriú admhála taiscí Meiriceánaí, nó is comhaontú an céanna a aistriú, le ceachtar díobh seo a leanas—

- (I) maoin dhochorraithe atá suite sa Stát nó aon cheart thar mhaoín den sórt sin, nó aon leas i maoin den sórt sin, nó
- (II) stoic nó urrúis inmhargaidh cuideachta a bhfuil clár sa Stát aici.

(3) D’ainneoin ionstraim a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa faoi fhorálacha an ailt seo i leith aon fhorála áirithe atá inti, i gcás go ndlífeadh dleacht stampa a chur ar an ionstraim i leith aon fhorála eile atá inti faoi aon Cheannteideal sa Chéad Sceideal, beidh an dleacht stampa dheireanach sin inmhuirearaithe ar an ionstraim.

208.—Chun dleacht stampa a mhuirearú, measfar an fiontar lena mbaineann polasaí árachais nó polasaí árachais saoil a bheith suite sa Stát—

Suíomh fiontar árachais chun críocha dleachta stampa.

- (a) más rud é go mbaineann an polasaí le foirgnimh nó foirgnimh agus a n-inneachair, sa mhéid go mbeidh an

t-inneachar cumhdaithe leis an bpolasaí céanna, má tá an mhaoin suite sa Stát;

- (b) más rud é go mbaineann an polasaí le feithiclí d’aon chineál, má tá na feithiclí sin cláraithe sa Stát;
- (c) i gcás polasaithe a mhairfidh ceithre mhí nó níos lú lena gcumhdaítear fiontair taistil nó saoire, más rud é gur sa Stát a thóg an sealbhóir polasaí an polasaí amach;
- (d) in aon chás eile, má tá a ghnáthchónaí ag an sealbhóir polasaí sa Stát.

Ionstraimí áirithe a bhaineann le maoin dhochorraithe choigríche a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

209.—D’ainneoin fhorálacha alt 1 d’Acht 1891 agus fhorálacha an Chéad Sceidil, ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon ionstraim is tíolacas, aistriú, sannadh, léas nó ceadúnas aon mhaoine dochorraithe atá suite lasmuigh den Stát:

Ar choinníoll nach mbaineann an ionstraim sin—

- (a) le haon mhaoin dhochorraithe atá suite sa Stát, nó le aon cheart thar aon mhaoin den sórt sin nó le haon leas in aon mhaoin den sórt sin, nó
- (b) le haon stoic nó urrúis inmhargaidh de chuid cuideachta ag a bhfuil clár sa Stát.

Ionstraimí áirithe de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus den Aire Airgeadais, a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

210.—Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon ionstraim arna forghníomhú—

- (a) ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, nó thar a ceann, nó
- (b) ag an Aire Airgeadais, nó thar a cheann, i leith feidhme arna feidhmiú aige agus is feidhm ar féidir í a tharmligean chun na Gníomhaireachta sin faoi alt 5 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990,

nó ar aon diúscairt ar ionstraim den sórt sin nó aon diúscairt ar aon cheart nó leas arna chruthú ag ionstraim den sórt sin.

Cúlghairm (*Cuid IV*).

211.—Cúlghairtear, leis seo, An tOrdú Dleachta Stampa (Athrú), 1991 (I.R. Uimh. 277 de 1991).

Forálacha a bhaineann le haistrithe ag céilí a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

212.—(1) D’fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear, leis seo, nach mbeidh feidhm ag alt 14 d’Acht Airgeadais, 1990 ach amháin maidir le maoin arna haistriú ag ceachtar céile nó ag an mbeirt chéile chuig ceachtar acu nó chuig an mbeirt acu agus nach mbeidh i gceist san aistriú aon chuid den mhaoin sin nó leas tairbhiúil inti a aistriú chuig duine eile.

(2)

(a)

Ní bheidh feidhm ag alt 74 (2) den *Finance* (1909-10) *Act*, 1910, maidir le haistriú lena mbaineann alt 114 d’Acht Airgeadais, 1990 nó alt 14 den Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976.

(b) Measfar gur tháinig an fo-alt seo i ngníomh an 30ú lá de Bhealtaine, 1990.

213.—Leasaítear, leis seo, an tAcht Airgeadais, 1991 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad alt 104:

An nós imeachta a mbeidh feidhm aige i gcás nach féidir comaoin etc. a fhionnadh.

“104.—(1) I gcás nach féidir—

(a) an chomaoin i leith díola, nó

(b) an meánchíos bliantúil nó an mheánchomaoin seachas cíós i leith léasa,

a fhionnadh ar dháta forghníomhaithe tíolacais nó léasa agus go mbeadh an chomaoin nó an cíós sin, dá mbeadh sí nó sé infhionnta, inmhuirearaithe le dleacht *ad valorem* i leith an díola nó an léasa sin, ansin muirearófar dleacht stampa ar an díol nó ar an léas sin bunaithe ar mhéid nó luach na comaoine nó an chíos a d’fhéadfaí a fháil ó cheannaitheoir nó tionónta a mbeadh comaoin nó cíós iomlán á híos nó á íoc aige ar an díol nó ar an léas sin.

(2) Más rud é, i gcás léasa lena mbainfeadh forálacha *fho-alt (1)* murach nach féidir an cíós agus an chomaoin seachas an cíós is iníoctha a fhionnadh, ansin muirearófar dleacht stampa ar an léas sin bunaithe ar mhéid nó ar luach na comaoine seachas cíós a d’fhéadfaí a fháil ó thionónta a mbeadh comaoin iomlán á híos aige i leith an léasa sin i gcás gur mhéid nialais an cíós a bhí forchoimeádta sa léas.

(3) (a) Ní bheidh feidhm ag forálacha fho-alt (2) agus (3) d’alt 56 d’Acht 1891 maidir le haon ionstraim a bhfuil feidhm ag fo-alt (1) i ndáil léi.

(b) Ní bheidh feidhm ag forálacha an ailt seo maidir le haon ionstraim a bhfuil feidhm ag fo-alt (3) (a) d’alt 112 den Acht Airgeadais, 1990 i ndáil léi.”.

214.—Leasaítear, leis seo, alt 45 den Acht Airgeadais, 1972, i bhfo-alt (1)—

Leasú ar alt 45 (faoiseamh ó dhleachtanna áirithe (leanaí uchtaithe)) den Acht Airgeadais, 1972.

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) gur uchtaíodh leanbh faoi uchtáil choigríche (is uchtáil choigríche de réir bhrí alt 1 den Acht Uchtála, 1991) a mheastar faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991, a bheith déanta le hordú uchtála bailí, agus”,

agus

(b) trí “faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991,” a chur in ionad “faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 agus 1964,” i mír (b).

215.—(1) Déantar, leis seo, na forálacha seo a leanas a aisghairm, a mhéid a dheonaíonn siad díolúine ó dhleacht stampa ar aistrithe aon stoc nó urrús inmhargaidh de chuid Ghobharnóir agus Chuideachta Bhanc na hÉireann, is é sin le rá:

Forálacha áirithe a bhaineann le Gobharnóir agus Cuideachta Bhanc na hÉireann a aisghairm.

(a) alt 7 den Reacht Éireannach réamh-Aontachta dar teideal “An Act to enable the proprietors of debentures issued by Government, to convert them into stock, transferable at the Bank of Ireland” (37 Geo. 3, c. 54) agus a ritheadh sa bhliain 1797, agus

(b) alt 4 den *Bank of Ireland Act*, 1821.

(2) Ach amháin i gcás aistriú a bhaineann le ceannach stoc nó urrús inmhargaidh a tharla roimh an 27ú lá d’Aibreán, 1992, beidh feidhm ag forálacha an ailt seo maidir le haon aistriú stoc nó urrús inmhargaidh de chuid Ghobharnóir agus Chuideachta Bhanc na hÉireann a tharlóidh an dáta sin nó dá éis.

Ionstraimí áirithe a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa (*Temple Bar Properties Limited*).

216.—(1) Ní bheidh aon dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon ionstraim faoina bhfaighfear aon talamh, nó aon leas ann, éasúint, cead slí, ceart uisce nó aon cheart eile i limistéar Bharra an Teampaill ag *Temple Bar Properties Limited*, nó aon fochuideachta dá chuid.

(2) Chun críocha an ailt seo, measfar gur fochuideachta de chuid *Temple Bar Properties Limited* cuideachta más rud é—

(a) go bhfuil *Temple Bar Properties Limited*—

(i) ina chomhalta den chuideachta agus rialú aige ar chomhdhéanamh leath ar a laghad de bhord stiúrthóirí na cuideachta,

(ii) ina shealbhóir ar leath ar a laghad, de réir luacha ainmniúil, de scairchaipiteal cothromais na cuideachta, nó

(iii) ina shealbhóir ar leath ar a laghad, de réir luacha ainmniúil, de na scaireanna sa chuideachta a ngabhann cearta vótála leo (seachas cearta vótála nach dtagann i gceist ach in imthosca sonraithe),

nó

(b) gur fochuideachta í an chuideachta d’aon chuideachta is fochuideachta de chuid *Temple Bar Properties Limited*.

(3) San alt seo, ciallaíonn “limistéar Bharra an Teampaill” “an limistéar” mar a thuairiscítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra an Teampaill, 1991.

(4) Aisghairtear, leis seo, alt 18 den Acht um Athnuachan agus Forbairt Limistéar Bharra an Teampaill, 1991.

(5) Beidh éifeacht leis an alt seo maidir le hionstraimí a fhorghníomhófar an lú lá d’Iúil, 1991, nó dá éis.

Leasú ar alt 44 (stoc áirithe a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa) den Acht Airgeadais, 1970.

217.—Leasaítear, leis seo, alt 44 (arna leasú le halt 71 den Acht Airgeadais, 1989) den Acht Airgeadais, 1970, trí “, Bhord Gáis Éireann” a chur isteach i ndiaidh “Bhord Telecom Éireann”.

CUID V

CÁIN MHAOINE CÓNAITHE

218.—Beidh feidhm ag an gCuid seo, agus éifeacht léi, i gcás go mbeidh cáin innhuirearaithe ar dháta luachála (mar a mhínítear le halt 95 (1) den Acht Airgeadais, 1983) i ndáil le haon bhliain dar tosach an bhliain 1992.

Feidhm (*Cuid V*).

219.—Leasaítear, leis seo, alt 100 den Acht Airgeadais, 1983, i bhfo-alt (1) (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1990)—

Leasú ar alt 100 (teorainn díolúine mhargadhluacha) den Acht Airgeadais, 1983.

- (a)

trí “£90,000” a chur in ionad “£65,000” agus “1992” a chur in ionad “1983” sa mhíniú ar “teorainn díolúine ghinearálta”, agus
- (b)

trí “1980” a chur in ionad “1973” sa mhíniú ar “an treoir-uimhir praghsanna do thithe nua”,

agus tá na mínithe sin, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

ciallaíonn “teorainn díolúine ghinearálta” an teorainn díolúine mhargadhluacha ghinearálta a bheidh i bhfeidhm ar dháta luachála, is é sin le rá, an méid a gheofar trí £90,000 a iolrú ar an treoir-uimhir praghsanna do thithe nua a bhaineann leis an dáta luachála sin agus tríd an iolrach a roinnt ar an treoir-uimhir praghsanna do thithe nua a bhaineann leis an dáta luachála arb é an 5ú lá d’Aibreán, 1992, é:

Ar choinníoll go ndéanfar an méid a gheofar amhlaidh a shlánú suas go dtí an chéad £1,000 eile;

ciallaíonn “an treoir-uimhir praghsanna do thithe nua” an Treoir-Uimhir do Threoghluaiseachtaí i bPragsanna Tithe Nua Príobháideacha a thiomsaíonn an Roinn Comhshaoil agus ciallaíonn an treoir-uimhir praghsanna do thithe nua a bhaineann le haon dáta luachála an treoir-uimhir praghsanna do thithe nua do na trí mhí dar chríoch an 31ú lá de Nollaig díreach roimh an dáta luachála sin á lua ar an mbonn gur 100 an treoir-uimhir praghsanna do thithe nua do na trí mhí dar chríoch an 31ú lá de Mhárta, 1980.

220.—Leasaítear, leis seo, alt 101 den Acht Airgeadais, 1983—

Leasú ar alt 101 (teorainn díolúine ioncaim) den Acht Airgeadais, 1983.

- (a)

trí “£27,500” a chur in ionad “£20,000” agus “1992” a chur in ionad “1983” i bhfo-alt (2) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1990), agus
- (b)

trí “1989” a chur in ionad “1982” i bhfo-alt (3),

agus tá na fo-ailt sin (2) agus (3), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(2) Is é a bheidh sa teorainn díolúine ioncaim a bheidh i bhfeidhm ar dháta luachála an méid a gheofar trí £27,500 a iolrú ar an treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí a bhaineann leis an dáta luachála sin agus tríd an iolrach a roinnt ar an treoiruimhir praghsanna do thomhaltóirí a bhaineann leis an dáta luachála arb é an 5ú lá d’Aibreán, 1992, é:

Ar choinníoll go ndéanfar an méid a gheofar amhlaidh a shlánú suas go dtí an chéad £100 eile.

(3) San alt seo ciallaíonn “an treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí” an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí — Gach Ítim a thiomsaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh agus ciallaíonn an treoiruimhir praghsanna do

thomhaltóirí a bhaineann le haon dáta luachála an treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí i lár mhí Feabhra díreach roimh an dáta luachála sin á lua ar an mbonn gur 100 an treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí i lár mhí na Samhna, 1989.

Leasú ar alt 102 (faoisimh imeallacha) den Acht Airgeadais, 1983.

221.—Leasaítear, leis seo, alt 102 den Acht Airgeadais, 1983, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) den léiriú ar an bhfocal “leanbh” i bhfo-mhír (4) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1990):

- “(b) leanbh—
- (i) a uchtaíodh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991, nó
 - (ii) a uchtaíodh faoi uchtaíl choigríche a mheastar, de bhua alt 2, 3, 4 nó 5 den Acht Uchtála, 1991, a bheith déanta le hordú uchtála bailí de réir bhrí alt 1 den Acht sin,
- agus”,

agus tá an léiriú sin, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

folaíonn “leanbh”, i ndáil le duine inmheasúnaithe—

- (a) leasleanbh,
 - (b) leanbh—
 - (i) a uchtaíodh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991, nó
 - (ii) a uchtaíodh faoi uchtaíl choigríche a mheastar, de bhua alt 2, 3, 4 nó 5 den Acht Uchtála, 1991, a bheith déanta le hordú uchtála bailí de réir bhrí alt 1 den Acht sin,
- agus
- (c) duine atá, don bhliain mheasúnachta dar críoch an dáta luachála, faoi choimeád ag an duine inmheasúnaithe nó ag céile an duine inmheasúnaithe sin, nó acu araon, agus é á chothabháil ar chostas cheachtar de na daoine sin nó iad araon;

CUID VI

CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

Léiriú (Cuid VI).

222.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht um Cháin Fháltas Caipitiúil, 1976.

Leasú ar alt 2 (léiriú) den Phríomh-Acht.

223.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 2 den Príomh-Acht (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1989) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an léirithe ar an bhfocal “leanbh” i bhfo-alt (1):

- “folaíonn ‘leanbh’
- (a) leasleanbh;
 - (b) leanbh a uchtaíodh—

- (i) faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1991; nó

(ii) faoi uchtáil choigríche a mheastar de bhua alt 2, 3, 4 nó 5 den Acht Uchtála, 1991, a bheith déanta le hordú bailí uchtála de réir bhrí alt 1 den Acht sin;”.
- (2) Beidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le bronnánais agus oidhreachtaí arna nglacadh an 30ú lá de Bhealtaine, 1991, nó dá éis.

224.—(1) Leasaítear, leis seo, alt 106 den Acht Airgeadais, 1984—

(a) i bhfo-alt (1) (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1985), trí “21 bhliain” a chur in ionad “25 bliana” i mír (c), agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2)—

“(2A) Aon mhaoín atá, faoi réim nó de dhroim aon diúscartha, faoi réir iontaobhais lánroghnaigh an 31ú lá d’Eanáir, 1993, measfar, chun críocha *fo-alt (1)*, gur ar an dáta sin a thagann sí faoi réir an iontaobhais.”.

(2) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)(a)* i ndáil le maoin a thiocfaidh chun bheith faoi réir iontaobhais lánroghnaigh an 31ú lá d’Eanáir, 1993 nó dá éis.

Leasú ar alt 106 (fáltais ag iontaobhais lánroghnacha) den Acht Airgeadais, 1984.

225.—(1) Leasaítear, leis seo, an míniú ar “iontaobhas lánroghnach inmhuirearaithe” in alt 102 den Acht Airgeadais, 1986, trí “21 bhliain” a chur in ionad “25 bliana” i mír (b).

(2) Beidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le haon dáta inmhuirearaithe a thitfidh an 5ú lá d’Aibreán, 1994 nó dá éis.

Leasú ar alt 102 (léiriú (Cuid V)) den Acht Airgeadais, 1986.

CUID VII

FRITHSHEACHAINT AGUS FRITHIMGHABHÁIL

226.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “cigire cuí”, i ndáil le duine lena mbaineann an t-alt seo—

(a) an cigire is deireanaí a thug fógra i scríbhinn don duine sin á rá gurb é an cigire a gceanglaítear ar an duine an tuairisceán a shonraítear i *bhfo-alt (3)* a sheachadadh air,

(b) i gcás nach ann d’aon chigire den sórt dá dtagraítear i *mír (a)*, an cigire ar gnách don duine tuairisceán nó ráiteas ar ioncam nó brabúis a sheachadadh air, nó

(c) i gcás nach ann d’aon chigire den sórt dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(b)*, an cigire tuairisceán a shonraítear in alt 9 den Acht Airgeadais, 1988;

tá le “tréimhse inmhuirearaithe” an bhrí chéanna atá leis i mír 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Corparáide, 1976;

ciallaíonn “tréimhse inmhuirearaithe iomchuí”—

Tuairisceáin faisnéise áirithe.

233

- (a) i gcás gur bliain mheasúnachta an tréimhse inmhuirearaithe, an bhliain 1992-93 agus aon bhliain mheasúnachta dá éis sin, nó
- (b) i gcás gur tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta an tréimhse inmhuirearaithe, tréimhse chuntasaíochta dar críoch an 6ú lá d'Aibreán, 1993, nó dá éis sin;

tá le “duine iomchuí” an bhrí a shanntar dó le *fo-alt* (2);

ciallaíonn “forálacha sonraithe”—

- (a) ailt 94 (d) (arna leasú le *halt* 227), 173 (arna leasú amhlaidh), 175 agus 176 (arna leasú amhlaidh) den Acht Cánach Ioncaim, 1967,
- (b) alt 21 den Acht Airgeadais, 1983, agus
- (c) alt 19 den Acht Airgeadais, 1989;

ciallaíonn “dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe”, i ndáil le tréimhse inmhuirearaithe iomchuí—

- (a) i gcás gur bliain mheasúnachta an tréimhse inmhuirearaithe, an 31ú lá d'Eanáir sa bhliain mheasúnachta tar éis na bliana sin, agus
 - (b) i gcás gur tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta an tréimhse inmhuirearaithe, an lá deiridh den tréimhse 9 mí dar tosach an lá díreach i ndiaidh dheireadh na tréimhse cuntasaíochta.
- (2) (a) Faoi réir fhorálacha eile an fho-ailt seo, san alt seo, ciallaíonn “duine iomchuí” aon duine—
- (i) a bhfuil faisnéis aige de chineál,
 - (ii) a dhéanann íocaíocht de chineál,
 - (iii) a íocann nó a chreidiúnaíonn ús de chineál, nó
 - (iv) atá ag fáil airgid nó luacha nó brabús nó gnóchan de chineál,
- dá dtagraítear i bhforáil shonraithe.
- (b) Faoi réir fhorálacha *mhír* (e), ní duine iomchuí aon duine a bheadh eisiata ó thuairisceán a thabhairt faoi fhoráil shonraithe i leith tréimhse inmhuirearaithe iomchuí.
 - (c) Aon duine a mbeidh faisnéis aige den chineál dá dtagraítear in alt 21 den Acht Airgeadais, 1983, is duine iomchuí é, faoi réir fhorálacha *mhír* (e), sa chás amháin nach é úinéir tairbhiúil na n-urrús dá dtagraítear san alt sin 21.
 - (d) Aon duine a mbeidh faisnéis aige den chineál dá dtagraítear in alt 19 den Acht Airgeadais, 1989, is duine iomchuí é, faoi réir fhorálacha *mhír* (e), sa chás amháin gur idirghabhálaí é chun críocha an ailt sin 19.
 - (e) Aon duine nach duine iomchuí é de bhua aon cheann d'fhorálacha *mhíreanna* (b) go (d), ní eisiatar é ó bheith

ina dhuine iomchuí de bhua aon fhorála eile den fho-alt seo.

(3) Déanfaidh gach duine iomchuí, maidir le tréimhse inmhuirearaithe iomchuí, tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh ar an gcigire iomchuí, ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe nó roimhe, maidir leis na nithe agus na sonraí sin go léir a cheanglófaí a bheith san áireamh i dtuairisceán arna sheachadadh de bhun fógra arna tabhairt don duine iomchuí ag an gcigire, faoi aon cheann de na forálacha sonraithe, don tréimhse inmhuirearaithe iomchuí.

(4) Féadfaidh cigire aon duine a eisiamh ó fhorálacha an ailt seo trí fhógra i scríbhinn a thabhairt dó á rá go bhfuil sé eisiata ó na forálacha sin, agus beidh éifeacht leis an bhfógra maidir le cibé tréimhse nó tréimhsí inmhuirearaithe nó go dtí cibé tréimhse inmhuirearaithe nó go dtí go dtarlóidh cibé teagmhas a bheidh sonraithe san fhógra.

(5) I gcás go ndealraíonn sé do chigire gurb iomchuí é, féadfaidh sé a chur in iúl d'aon duine iomchuí go bhféadfar tuairisceán a bheidh le tabhairt faoi fhorálacha an ailt seo a theorannú do chineál nó do chatagóir áirithe faisnéise, íocaíochta nó fáltais agus, i gcás go mbeidh fógra tugtha amhlaidh don duine iomchuí, déanfaidh tuairisceán a dhéantar ar an mbonn sin forálacha an ailt seo a chomhlíonadh.

(6) Ní dhéanfaidh an t-alt seo difear do chigire do thabhairt fógra faoi aon cheann de na forálacha sonraithe ná ní scaoilfidh sé aon duine ó aon oibleagáid ná ceanglas a forchuireadh ar dhuine le fógra den sórt sin agus má thugtar fógra do dhuine faoi aon cheann de na forálacha sonraithe ní scaoilfidh sé sin an duine sin ó aon oibleagáid chun tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh faoi fhorálacha an ailt seo.

(7) Beidh feidhm ag ailt 500 agus 503 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, maidir le mainneachtain ag duine iomchuí tuairisceán a cheanglaítear le *fo-alt (3)* a sheachadadh agus maidir le gach uile mhainneachtain den sórt sin, mar atá feidhm acu maidir le mainneachtain tuairisceán dá dtagraítear san alt sin 500 a sheachadadh agus déantar, leis seo, Sceideal 15 a ghabhann leis an Acht sin a leasú trí “an tAcht Airgeadais, 1992, alt 226(3).” a chur isteach i gColún 2.

227.—Leasaítear, leis seo, an tAcht Cánach Ioncaim, 1967—

Forálacha
d'fhorlíonadh *alt*
226.

(a) in alt 94 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) ar aon duine a dhéanann mar ghníomhaire áitreabh a bhainistí nó cíós nó íocaíochtaí eile as áitreabh a ghlacadh tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh ar an gcigire, ina mbeidh—

(i) seoladh iomlán gach áitreabh den sórt sin,

(ii) ainm agus seoladh gach duine ar leo na háitribh sin,

(iii) ráiteas maidir le gach cíós agus gach íocaíocht eile den sórt sin as na háitribh sin, agus

- (iv) cibé sonraí eile a bhainfidh le gach áitreabh den sórt sin agus a shonrófar san fhógra.”,

(b) in alt 173—

- (i) trí “(a measfar, chun críocha an ailt seo, go bhfolaíonn sé Aire den Rialtas agus aon chomhlacht arna bhunú le reacht nó faoi reacht)” a chur isteach i ndiaidh an téarma “comhlacht daoine”, sa chéad áit a bhfuil sé i bhfo-alt (2), agus tá an fo-alt sin (2), seachas míreanna (a) agus (b), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo,
- (ii) trí “agus uimhir thagartha cánach” a chur isteach, i ndiaidh an fhocail “ainm” sa chéad áit a bhfuil sé i bhfo-alt (4), agus tá an fo-alt sin (4), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo,

- (iii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Beidh i dtuairisceán faoin alt seo íocaíochtaí a rinne an duine nó an comhlacht daoine i gcúrsa na trádála, an ghnó nó na gníomhaíochta sin thar ceann aon duine eile.”,

- (iv) trí “£500” a chur in ionad “£15” i mír (b) d’fho-alt (5), agus tá an mhír sin (b), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo,

agus

- (v) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

“(10) (a) San alt seo—

- (i) folaíonn tagairtí d’íocaíochtaí i leith seirbhísí tagairtí d’íocaíochtaí ar mhodh coimisiúin d’aon sórt agus tagairtí d’íocaíochtaí i leith costais a tabhaíodh i ndáil le seirbhísí a thabhairt, agus

- (ii) folaíonn tagairtí d’íocaíocht a dhéanamh tagairtí d’aon chomaoín luachmhar a thabhairt, agus déanfar an ceanglas a fhorchuirtear le fo-alt (4) méid íocaíochta a lua a fhorléiriú, maidir le haon chomaoín a thabharfar ar shlí seachas in airgead, mar cheanglas sonraí a thabhairt i dtaobh na comaoine.

- (b) San alt seo, tá le ‘uimhir thagartha cánach’, i ndáil le duine, an bhrí chéanna a shanntar dó le halt 22 den Acht Airgeadais, 1983, i ndáil le duine sonraithe de réir bhrí an ailt sin.”,

agus

(c) in alt 176, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis, i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní cheanglófar ar aon duine faoin alt seo sonraí fáltas (lena mbaineann fo-alt (1)) de chuid aon duine amháin a thabhairt i dtuairisceán i gcás nach mó ná £500 iomlán na bhfáltas a bhaineann leis an duine sin agus a bheadh, thairis sin, le cur sa tuairisceán.

AN TÁBLA

(2) Gach comhlacht daoine (a measfar, chun críocha an ailt seo, go bhfolaíonn sé Aire den Rialtas agus aon chomhlacht arna bhunú le reacht nó faoi reacht) a sheolann aon ghníomhaíocht nach trádáil nó gnó, déanfaidh sé, agus tabharfaidh sé do chigire, má éilítear sin air trí fhógra ón gcigire, tuairisceán i dtaobh na n-íocaíochtaí uile d’aon sórt a shonrófar san fhógra agus a rinneadh i rith tréimhse a shonrófar amhlaidh, agus—

(4) Beidh i dtuairisceán faoin alt seo ainm agus uimhir thagartha cánach (arna mhíniú in alt 22 den Acht Airgeadais, 1983) an duine lena ndearnadh gach íocaíocht, méid na híocaíochta agus cibé sonraí eile (lena n-áirítear sonraí maidir leis na seirbhísí nó na cearta ar ina leith a rinneadh an íocaíocht, an tréimhse ar tugadh aon seirbhísí ar a feadh agus aon ghnó-ainm agus aon ghnósheoladh nó seoladh baile leis an duine lena ndearnadh an íocaíocht) a shonrófar san fhógra.

(b) sonraí íocaíochtaí a rinneadh le haon duine amháin áirithe i gcás nach mó ná £500 iomlán na n-íocaíochtaí leis an duine sin a bheadh thairis sin le cur sa tuairisceán, nó

228.—(1) San alt seo—

Ceart cigire
fiosruithe a
dhéanamh.

ciallaíonn “forálacha sonraithe”—

- (a) ailt 94 (d), 173 agus 176 (arna leasú faoi seach le *halt* 227) den Acht Cánach Ioncaim, 1967,
- (b) alt 21 den Acht Airgeadais, 1983,
- (c) alt 19 (arna leasú le *halt* 229) den Acht Airgeadais, 1989, agus
- (d) *alt* 226.

(2) Féadfaidh cigire cibé fiosruithe nó gníomhartha a dhéanamh, go feadh mhéid a chumhachtaí, is dóigh leis is gá chun a dheimhniú dó féin go bhfuil nó nach bhfuil aon tuairisceán, liosta, ráiteas nó sonraí a ullmhófar agus a sheachadfar faoi fhoráil shonraithe cruinn.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (2) i leith tuairisceáin arna thabhairt faoi *alt* 226 agus a bhainfidh le cibé nithe agus sonraí a gceanglófaí iad a bheith i dtuairisceán arna sheachadadh de bhun fógra arna thabhairt ag an gcigire cuí do dhuine iomchuí faoi alt 175 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, i leith na tréimhse inmhuirearaithe iomchuí.

229.—Maidir le saoráidí iomchuí arna soláthar ag idirghabhálaí an 1ú lá de Meitheamh, 1992, nó dá éis, leasaítear, leis seo, alt 19 den Acht Airgeadais, 1989—

Leasú ar alt 19
(tuairisceáin ó
idirghabhálaithe
áirithe i ndáil le
UCITS) den Acht
Airgeadais, 1989.

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh an mhínithe ar “UCITS iomchuí”:

“tá le ‘uimhir thagartha cánach’, i ndáil le duine, an bhrí chéanna a shanntar dó in alt 22 den Acht Airgeadais, 1983, i ndáil le duine sonraithe de réir bhrí an ailt sin;”,

(b) trí “agus uimhir thagartha cánach”, a chur isteach i ndiaidh “seoladh” i mír (a) d’fho-alt (2) , agus

(c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) I gcás go mbainfidh duine a chónaíonn sa Stát leas as saoráidí iomchuí arna soláthar ag idirghabhálaí i ndáil le UCITS iomchuí, tabharfaidh sé don idirghabhálaí sonraí a cheanglaítear ar an idirghabhálaí a thabhairt i dtuaisceán chuig an gcigire de réir fho-alt (2), nó a cheanglófaí air a chur i dtuaisceán den sórt sin dá mba rud é gur seirbheáladh fógra faoin bhfo-alt ar an idirghabhálaí, agus glacfaidh an t-idirghabhálaí gach cúram réasúnach (lena n-áirítear, más gá, fianaise dhoiciméadach a iarraidh) chun a dhaingniú go bhfuil na sonraí a tugadh ceart cruinn.

(4) Leasaítear, leis seo, Sceideal 15 a ghabhann leis an Acht Cánach Ioncaim, 1967—

(a) trí ‘an tAcht Airgeadais, 1989, alt 19 (2)’, a chur isteach i gcolún 2, agus

(b) trí ‘an tAcht Airgeadais, 1989, alt 19(3)’, a chur isteach i gcolún 3.”,

agus tá an mhír sin (a) (ar leith ó fhomhíreanna (i), (ii) agus (iii) den mhír sin), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(a) ainm agus seoladh agus uimhir thagartha cánach gach duine a chónaíonn sa Stát a ndearna an t-idirghabhálaí aon ní acu seo a leanas ina leith i gcúrsa saoráidí iomchuí a sholáthar i ndáil le UCITS iomchuí le linn cibé tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra, eadhon—

Tuaisceáin i ndáil le cuntais choigríche.

230.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “cigire cuí”, i ndáil le hidirghabhálaí nó, de réir mar is cuí, cónaitheoir—

(a) an cigire is deireanaí a thug fógra i scríbhinn don idirghabhálaí nó, de réir mar a bheidh, don chónaitheoir, á rá gurb é an cigire a gceanglaítear ar an idirghabhálaí nó, de réir mar a bheidh, ar an gcónaitheoir tuairisceán nó ráiteas ar ioncam nó brabúis a sheachadadh air,

(b) i gcás nach ann d’aon chigire den sórt dá dtagraítear i mír (a), an cigire ar gnách don idirghabhálaí nó, de réir mar a bheidh, don chónaitheoir tuairisceán nó ráiteas den sórt sin a sheachadadh air, nó

(c) i gcás nach ann d’aon chigire den sórt dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b), an cigire tuairisceán a shonraítear in alt 9 den Acht Airgeadais, 1988;

tá le “tréimhse inmhuirearaithe” an bhrí chéanna atá leis i mír 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Corparáide, 1976;

ciallaíonn “taisce” suim airgid a íoctar le duine ar théarmaí faoina n-aisíocfar é i dteannta nó d’éagmais úis agus sin ar éileamh nó ag tráth nó in imthosca ar a gcomhaontófar idir an duine nó thar ceann an duine a dhéanfaidh an íocaíocht agus an duine lena ndéanfar í;

ciallaíonn “cuntas coigríche” cuntas ina sealbhaítear taisce i suíomh lasmuigh den Stát;

ciallaíonn “idirghabhálaí” aon duine a sheoladh sa Stát trádáil nó gnó a soláthraíonn sé seirbhís iomchuí i ngnáthchúrsa a hoibríochtaí nó a oibríochtaí;

ciallaíonn “tréimhse inmhuirearaithe iomchuí”—

- (a) i gcás gur bliain mheasúnachta an tréimhse inmhuirearaithe, an bhliain 1992-93 agus aon bhliain mheasúnachta dá éis sin, nó
- (b) i gcás gur tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta an tréimhse inmhuirearaithe, tréimhse chuntasaíochta dar críoch an 1ú lá de Mheitheamh, 1992, nó dá éis sin;

ciallaíonn “duine iomchuí” duine a fhaigheann nó a shealbhaíonn taiscí i ngnáthchúrsa a thrádála nó a ghnó;

ciallaíonn “seirbhís iomchuí” gníomhú sa Stát mar idirghabhálaí le linn oscailt cuntais choigríche, nó i dtaca le hoscailt cuntais choigríche, le daoine iomchuí ag cónaitheoirí nó thar ceann cónaitheoirí;

ciallaíonn “cónaitheoir” duine a chónaíonn sa Stát;

ciallaíonn “dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe”, i ndáil le tréimhse inmhuirearaithe iomchuí—

- (a) i gcás gur bliain mheasúnachta an tréimhse inmhuirearaithe, an 31ú lá d’Eanáir sa bhliain mheasúnachta i ndiaidh na bliana sin, agus
- (b) i gcás gur tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta an tréimhse inmhuirearaithe, an lá deiridh den tréimhse 9 mí dar tosach an lá díreach i ndiaidh dheireadh na tréimhse cuntasaíochta;

tá le “uimhir thagartha cánach”, i ndáil le cónaitheoir, an bhrí chéanna a shanntar dó in alt 22 den Acht Airgeadais, 1983, i ndáil le duine sonraithe de réir bhrí an ailt sin.

(2) Déanfaidh gach idirghabhálaí, maidir le tréimhse inmhuirearaithe iomchuí, ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe sin, nó roimhe, tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh ar an gcigire cuí ina sonróf, i leith gach cónaitheora ar ghníomhaigh sé ina leith sa tréimhse inmhuirearaithe mar idirghabhálaí le linn cuntas coigríche a oscailt—

- (a) ainm iomlán agus seoladh buan an chónaitheora,
- (b) uimhir thagartha cánach an chónaitheora,

- (c) ainm iomlán agus seoladh an duine iomchuí lenar osclaíodh an cuntas coigríche,
- (d) an dáta a osclaíodh an cuntas coigríche, agus
- (e) méid na taise a rinneadh le linn an cuntas coigríche a oscailt.

(3) I gcás go n-iarrfaidh cónaitheoir ar idirghabhálaí seirbhís iomchuí a sholáthar dó, tabharfaidh sé don idirghabhálaí na sonraí a cheanglaítear ar an idirghabhálaí a thabhairt sa tuairisceán don chigire cuí de réir *fho-alt (2)* agus glacfaidh an t-idirghabhálaí gach cúram réasúnach (lena n-áirítear, más gá, fianaise dhoiciméadach a iarraidh) chun a dhaingniú go bhfuil na sonraí a tugadh ceart cruinn.

(4) (a) I gcás go mainneoidh idirghabhálaí—

- (i) tuairisceán a thabhairt i leith aon tréimhse inmhuirearaithe iomchuí a cheanglaítear air a thabhairt de réir *fho-alt (2)*,
- (ii) sonraí aon chónaitheora ar sholáthair sé seirbhís dó le linn na tréimhse inmhuirearaithe sin a thabhairt i dtuairisceán den sórt sin, nó
- (iii) cúram réasúnach a ghlacadh chun na sonraí den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* arna dtabhairt dó ag cónaitheoir ar sholáthair sé seirbhís iomchuí dó le linn tréimhse inmhuirearaithe iomchuí a dhaingniú,

dlífeair, i leith gach mainneachtana den sórt sin, pionós £2,000 a chur air.

(b) Más rud é—

- (i) go mainneoidh cónaitheoir sonraí den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a thabhairt d'idirghabhálaí a sholáthair seirbhís iomchuí dó, nó
- (ii) go ndéanfaidh sé, go feasach nó go toiliúil, sonraí den chineál sin atá míchruinn a thabhairt don idirghabhálaí sin,

dlífeair pionós £2,000 a chur air.

(5) Féadfar, gan dochar d'aon mhodh gnóthaithe eile, imeachtaí a shaothrú i leith gach pionóis faoi *fho-alt (4)* agus iad a ghnóthú go hachomair amhail mar dhéantar in imeachtaí achoimre chun aon fhíneáil nó pionós a ghnóthú faoi aon Acht a bhaineann leis an mál.

(6) Más rud é, i dtréimhse inmhuirearaithe iomchuí, go ndéanfaidh cónaitheoir, go díreach nó go neamhdhíreach, cuntas coigríche a oscailt, nó a chur faoi deara cuntas coigríche a oscailt, arb é, i ndáil leis, úinéir tairbhiúil na taise a shealbhaítear sa chuntas sin, measfar, d'ainneoin aon ní dá mhalairt in alt 48 den Acht Airgeadais, 1986, nó alt 9 den Acht Airgeadais, 1988, gur duine inmhuirearaithe é nó í, i leith na tréimhse inmhuirearaithe iomchuí sin, chun críocha alt 48 den Acht Airgeadais, 1986, agus alt 10 den Acht Airgeadais, 1988, agus beidh ar áireamh sa tuairisceán ioncaim (de réir bhrí an ailt sin 48) a bheidh le seachadadh aige i leith na tréimhse inmhuirearaithe sin na sonraí seo a leanas i ndáil leis an gcuntas, is é sin le rá—

- (a) ainm agus seoladh an duine iomchuí lenar osclaíodh an cuntas,
- (b) an dáta a osclaíodh an cuntas,
- (c) méid na taisce a rinneadh le linn an cuntas a oscailt, agus
- (d) ainm agus seoladh an idirghabhálaí, más ann, a sholáthair seirbhís iomchuí i ndáil leis an gcuntas a oscailt.

(7) Beidh feidhm ag an alt seo agus éifeacht leis maidir le cuntais choigríche a osclófar an 1ú lá de Mheitheamh, 1992, nó dá éis.

231.—Leasaítear, leis seo, Cuid 1 den Acht Airgeadais, 1968, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 6: Oibleagáid taifid áirithe a choimeád.

“6.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘doiciméid nasctha’ doiciméid a tharraingítear suas le linn cuntais a dhéanamh suas agus a thaispeánann sonraí na ríomhaireachtaí a nascann na taifid leis na cuntais;

folaíonn ‘taifid’ cuntais, leabhair chuntais, doiciméid agus aon sonraí eile a chothabháiltear de láimh nó trí aon phróiseas leictreonach, fótagrafach nó eile a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

- (a) na suimeanna airgid go léir a fhaightear agus a chaitear i gcúrsa trádáil, gairm nó gníomhaíocht eile a sheoladh nó a fheidhmiú agus na nithe arb ina leith a tharlaíonn an fháil agus an caitheamh,
 - (b) gach díolachán agus ceannach earraí agus seirbhísí i gcás ina ngabhann ceannach nó díolachán earraí nó seirbhísí le trádáil, gairm nó gníomhaíocht eile a sheoladh nó a fheidhmiú,
 - (c) sócmhainní agus dliteanais na trádála, na gairme nó na gníomhaíochta eile dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)*, agus
 - (d) na hidirbhearta go léir arb éard iad fáil nó diúscairt sócmhainne chun críocha cánach gnóchan caipitiúil.
- (2) (a) Gach duine a sheolann nó a fheidhmíonn thar a cheann féin nó thar ceann aon duine eile, aon trádáil, gairm nó gníomhaíocht eile arb inmhuireachaí faoi Sceideal D na brabúis nó na gnóchain uaithi, nó ar arb inmhuireachaí cáin faoi Sceideal D nó Sceideal F i leith aon bhunaidh ioncaim eile, nó ar arb inmhuireachaí cáin ghnóchan caipitiúil i leith gnóchan inmhuireachaí, coimeádfaidh sé, nó cuirfidh sé faoi deara go gcoimeádfar thar a cheann, cibé taifid a chumasóidh tuairisceáin chearta a thabhairt, chun críocha cánach ioncaim agus cánach gnóchan caipitiúil, ar na brabúis nó na gnóchain nó na gnóchain inmhuireachaí sin.
- (b) Coimeádfar na taifid ar bhonn leanúnach comhréireach, is é sin le rá, déanfar na hiontrálacha iontu ar mhodh tráthúil agus beidh siad i gcomhréir lena chéile ó bhliain go chéile.

(c) I gcás go ndéantar cuntais amach chun na brabúis nó na gnóchain ó aon trádáil, gairm nó gníomhaíocht den sórt sin nó i ndáil le bunadh ioncaim de chuid aon duine a thaispeáint, coimeádfaidh an duine sin doiciméid nasctha, nó cuirfidh sé faoi deara go gcoimeádfar doiciméid nasctha thar a cheann.

(d) I gcás go seoltar i gcomhpháirtíocht aon trádáil, gairm nó gníomhaíocht eile den sórt sin, measfar, chun críocha an ailt seo, gurb é an comhpháirtí tosaíochta, de réir bhrí alt 69 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, an duine a sheolann an trádáil, an ghairm nó an ghníomhaíocht eile sin.

(3) Déanfar taifid a cheanglaítear a choimeád nó a choinneáil de bhua an ailt seo a choimeád—

(a) i bhfoirm scríofa i dteanga oifigiúil de chuid an Stáit, nó

(b) faoi réir alt 113 (2) den Acht Airgeadais, 1986, trí aon phróiseas leictreonach, fótagrafach nó eile.

(4) Aon doiciméid nasctha agus taifid a choimeádfar de bhun na bhforálacha sin roimhe seo den alt seo, déanfaidh an duine ar a gceanglaítear na taifid a choimeád iad a choinneáil go ceann tréimhse 6 bliana tar éis na hidirbhearta, na gníomhartha nó na hoibríochtaí lena mbaineann siad a bheith críochnaithe, nó i gcás duine a mhainníonn alt 10 (1) den Acht Airgeadais, 1988 a chomhlíonadh, lena gceanglaítear tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh ar an dáta tuairisceáin sonraithe do bhliain mheasúnachta nó roimhe, go dtí go mbeidh tréimhse 6 bliana caite ó dheireadh na bliana measúnachta inar seachadadh tuairisceán ina dtaispeántar na brabúis nó na gnóchain nó na gnóchain inmhuirearaithe a bheidh faighte ó na hidirbhearta, na gníomhartha nó na hoibríochtaí sin:

Ar choinníoll—

(a) nach gceanglófar leis an bhfo-alt seo doiciméid nasctha agus taifid a choinneáil a gcuirfidh an cigire in iúl i scríbhinn don duine a gceanglaítear air iad a choinneáil nach ceanglaítear iad a choinneáil, nó

(b) nach mbeidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le leabhair agus páipéir cuideachta a bheidh diúscartha de réir alt 305 (1) d'Acht na gCuideachtaí 1963.

(5) Aon duine a mhainneoidh forálacha *fho-alt* (2), (3) nó (4) a chomhlíonadh maidir le haon taifid nó doiciméid nasctha i ndáil le tuairisceán d'aon bhliain mheasúnachta, dlífear pionós £1,200 a chur air:

Ar choinníoll nach bhforchuirfear pionós faoin bhfo-alt seo má chruthaítear nach bhfuil aon duine inmhuirearaithe i leith cánach maidir leis na brabúis nó na gnóchain don bhliain mheasúnachta sin.”.

Doiciméid agus taifid a iniúchadh.

232.—Leasaítear, leis seo, Caibidil VI de Chuid I den Acht Airgeadais, 1976 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 34:

“34.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim atá údaraithe acu i scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;

ciallaíonn ‘maoin’ aon sócmhainn a bhaineann le dliteanas cánach;

ciallaíonn ‘taifid’ aon doiciméad, nó aon ábhar scríofa nó clóite eile i bhfoirm ar bith lena n-áirítear aon fhaisnéis arna stóráil, arna cothabháil nó arna caomhnú trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu atá nó nach bhfuil sí á stóráil, á cothabháil nó á caomhnú i bhfoirm inléite, agus a cheanglaítear ar dhuine, le haon fhoráil a bhaineann le cáin, a choimeád, a choinneáil, a eisiúint, a thabhairt ar aird lena n-iniúchadh nó a fhéadfadh a iniúchadh faoi aon fhoráil a bhaineann le cáin;

ciallaíonn ‘cáin’ aon cháin, dleacht, tobhach nó muirear atá faoi chúram agus faoi bhainistí na gCoimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn ‘dliteanas cánach’ aon dliteanas láithreach cánach nó dliteanas cánach breise a shuífidh oifigeach údaraithe tar éis dó a chumhachtaí nó a dhualgais faoin alt seo a fheidhmiú nó a chomhlíonadh.

(2) (a) Féadfaidh oifigeach údaraithe, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh nó áit a bhfuil cúis aige chun a chreidiúint—

(i) go seoltar nó gur seoladh ann aon trádáil nó gairm nó gníomhaíocht eile, a bhfuil na brabúis nó na gnóchain uaithi inmhuirearaithe i leith cánach,

(ii) go bhfuil aon rud á dhéanamh nó déanta ann i dtaca le haon trádáil, gairm nó gníomhaíocht eile a bhfuil na brabúis nó na gnóchain uaithi inmhuirearaithe i leith cánach,

(iii) go ndéantar nó go bhféadfadh sé go ndéantar aon taifid maidir leis na nithe seo a leanas—

(I) aon trádáil, gairm, foinse eile brabús nó gnóchan nó gnóchan inmhuirearaithe,

(II) aon dliteanas cánach, nó

(III) aon aisíocaíochtaí cánach maidir le haon duine

a choimeád ann,

nó

(iv) go bhfuil nó go raibh aon mhaoín suite ann,

agus féadfaidh sé

(A) a cheangal ar aon duine a bheidh san áitreabh nó san áit sin, seachas duine a bheidh ann chun earraí a cheannach nó chun seirbhís a fháil, aon taifid nó maoín a thabhairt ar aird,

- (B) má tá cúis aige chun a chreidiúint nach bhfuil aon cheann de na taifid nó aon chuid den mhaoín a cheangail sé a thabhairt ar aird dó faoi fhorálacha an fho-ailt seo tugtha ar aird, cuardach a dhéanamh san áitreabh sin nó san áit sin le haghaidh na dtaifead nó na maoiné sin,
 - (C) aon taifid nó maoin a scrúdú agus cóipeanna a thógáil d'aon taifid nó sleachta a thógáil astu,
 - (D) aon taifid a thabhairt chun siúil agus iad a choinneáil ar feadh tréimhse ama réasúnaí chun iad a scrúdú tuilleadh nó chun críocha aon imeachtaí dlí arna dtionscnamh ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim, nó chun críocha aon imeachtaí coiriúla, agus
 - (E) scrúdú a dhéanamh ar mhaoín a bheidh liostaithe in aon taifid.
- (b) Féadfaidh oifigeach údaraithe, i bhfeidhmiú nó i gcomhlíonadh a chumhachtaí nó a dhualgas faoin alt seo, a cheangal ar aon duine, a mbeidh cúis aige lena chreidiúint—
- (i) go bhfuil nó go raibh sé ag seoladh aon trádála, gairme nó gníomhaíochta eile a bhfuil na brabúis nó na gnóchain uaithi inmhuirearaithe i leith cánach,
 - (ii) go bhfuil nó go raibh sé faoi dhliteanas i leith aon chánach, nó
 - (iii) go bhfuil faisnéis aige maidir le haon dliteanas cánach,
- gach cúnamh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe lena n-áirítear faisnéis agus mínithe a sholáthar nó doiciméid a thabhairt dó agus maoin a chur ar fáil lena hiniúchadh de réir mar a cheanglóidh an t-oifigeach údaraithe i ndáil le haon dliteanas cánach nó le haon aisíoc cánach i ndáil le haon duine.
- (c) Ní fhorléireofar aon ní san fho-alt seo mar ní lena gceanglaítear ar aon duine a sheolann gairm, nó ar aon duine atá fostaithe ag aon duine a sheolann gairm, aon doiciméid a bhaineann le cliant a thabhairt ar aird d'oifigeach údaraithe, seachas cibé doiciméid—
- (i) a bhaineann le táillí a íoc leis an duine a sheolann an ghairm nó le hidirbhearta airgeadais eile de chuid an duine a sheolann an ghairm,
 - (ii) atá hábhartha thairis maidir le dliteanas cánach an duine a sheolann an ghairm, nó

- (iii) a gceanglaítear cheana féin iad a sholáthar tar éis iarrata arna heisiúint faoi fhorálacha alt 16 (a cuireadh isteach le halt 101 den Acht Airgeadais, 1991) den *Stamp Act*, 1891,

agus, go háirithe, ní cheanglófar air aon fhaisnéis nó comhairle ghairmiúil de ghné rúnda a tugadh do chliant a nochtadh.

- (d) Ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le haon áitreabh nó áit ina seoltar gnó baincéireachta, de réir bhrí Acht an Bhainc Ceannais, 1971, nó maidir le haon duine, nó le fostaí de chuid aon duine, a sheolann gnó den sórt sin.

- (e) (i) Ní rachaidh oifigeach údaraithe, gan toiliú an áititheora, isteach in aon áitreabh, nó sa chuid d’aon áitreabh, atá ar áitiú go hiomlán agus go heisiach mar áit chónaí phríobháideach, ach amháin ar an oifigeach sin do thabhairt barántais ar aird, arna eisiúint ag Breitheamh den Chúirt Dúiche, lena n-údaraítear go sainráite don oifigeach údaraithe dul isteach amhlaidh.

- (ii) Féadfaidh Breitheamh den Chúirt Dúiche barántas faoi *fhomhír (i)* a eisiúint más deimhin leis, trí fhaisnéis faoi mhionn, gur cuí dó déanamh amhlaidh chun críocha an ailt seo.

(3) Aon duine nach gcomhlíonfaidh aon cheanglas ó oifigeach údaraithe i bhfeidhmiú nó i gcomhlíonadh a chumhachtaí nó a dhualgas faoin alt seo, dlífear pionós £1,000 a chur air.

(4) Le linn dó a chumhachtaí nó a dhualgais faoin alt seo a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, déanfaidh oifigeach údaraithe, ar iarraidh a bheith déanta air, a údarú chun críocha an ailt seo a thaispeáint.”.

233.—Leasaítear, leis seo, Caibidil IV de Chuid V den Acht Cánach Ioncaim, 1967 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 127:

Cumhachtaí
iniúchta: ÍMAT.

“127A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim atá údaraithe acu i scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;

ciallaíonn ‘taifid’ aon taifid phearsanra a bhaineann le díolaíochtaí a íoc nó sochair chomhchineáil nó peorcaisí a sholáthar, comhaid phárolla, pá-leatháin, deimhnithe liúntas saor ó cháin, cártaí cáin-asbhainte, deimhnithe arna n-eisiúint de réir Rialachán 22 de na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) 1960 (I.R. Uimh. 28 de 1960), lena n-áirítear aon sonraí (de réir bhrí *alt 237* den *Acht Airgeadais, 1992*) arna stóráil ar aon mhodh a cheadaítear faoi alt 113 den Acht Airgeadais, 1986, nó ar aon mhodh eile, nó aon fhaisnéis nó doiciméid eile a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe.

(2) Féadfaidh oifigeach údaraithe, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh nó áit a bhfuil cúis aige chun a chreidiúint go bhfuil nó go raibh fostóir ag seoladh aon ghníomhaíochta ann, mar fhostóir, nó go bhfuil nó go raibh aon duine ag íoc díolaíochtaí nó ag soláthar sochar comhchineáil, nó peorcaisí ann, nó go bhfuil nó raibh aon duine ag fáil díolaíochtaí, sochar comhchineáil nó peorcaisí ann, nó go ndéantar nó go bhféadfadh sé go ndéantar taifid a choimeád ann, agus

- (a) féadfaidh sé a cheangal ar aon fhostóir nó ar aon duine eile a bheidh san áitreabh nó san áit sin, seachas duine a bheidh ann chun earraí a cheannach nó chun seirbhís a fháil, aon taifid a thabhairt ar aird a theastóidh uaidh chun críocha a fhiosraithe,
- (b) féadfaidh sé, má tá cúis aige chun a chreidiúint nach bhfuil aon cheann de na taifid a cheangail sé a thabhairt ar aird dó faoi fhorálacha mhír (a) tugtha ar aird amhlaidh, cuardach a dhéanamh san áitreabh nó san an áit sin le haghaidh na dtaifead sin, agus
- (c) féadfaidh sé aon taifid a scrúdú, cóipeanna a dhéanamh díobh, sleachta a thógáil astu, iad a thabhairt chun siúil agus a choinneáil chun iad a scrúdú tuilleadh nó chun críocha aon imeachtaí dlí arna dtionscnamh ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim nó chun críocha aon imeachtaí coiriúla.

(3) Féadfaidh oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine, seachas duine a bheidh ag ceannach earraí nó ag fáil seirbhíse ó fhostóir, gach cúnamh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe lena n-áirítear faisnéis agus mínithe a sholáthar agus doiciméid a thabhairt a theastóidh ón oifigeach údaraithe.

(4) Le linn dó a chumhachtaí nó a dhualgais faoin alt seo a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, déanfaidh oifigeach údaraithe, ar iarraidh a bheith déanta air, a údarú chun críocha an ailt seo a thabhairt ar aird.

(5) Aon duine nach gcomhlíonfaidh ceanglais ó oifigeach údaraithe i bhfeidhmiú nó i gcomhlíonadh a chumhachtaí nó a dhualgais faoin alt seo, dlífear pionós £1,000, a chur air.

(6) Déanfaidh an fostóir na taifid dá dtagraítear san alt seo a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis dheireadh na bliana dá dtagraíonn siad nó ar feadh cibé tréimhse is giorra ná sin a bheidh údaraithe i scríbhinn ag na Coimisinéirí Ioncaim don fostóir.”.

Leasú ar alt 128 (pionóis) den Acht Cánach Ioncaim, 1967.

234.—Leasaítear, leis seo, alt 128 den Acht Cánach Ioncaim, 1967 i bhfo-alt (1)—

(a) trí “ nó aon phá-leatháin, nó taifid nó doiciméid a thabhairt ar aird,” a scriosadh, agus

(b) trí “£1,200” a chur in ionad “£800”,

agus tá an fo-alt sin (1), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

- (a) Má fhágann aon duine gan chomhlíonadh aon fhoráil i rialacháin faoin gCaibidil seo a cheanglaíonn air aon tuairisceán, ráiteas, fógra nó deimhniú a chur isteach, nó cáin a sheoladh chun an bhailitheora nó má mhainníonn sé aon asbhaint nó aisíoc a dhéanamh de réir aon rialacháin arna dhéanamh de bhun alt 127 (1) (ee), dlífear pionós £1,200 a chur air,

235.—Leasaítear, leis seo, Caibidil I de Chuid I den Acht Airgeadais, 1970 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 17:

Cumhachtaí iniúchta: cáin a bhaint as íocaíochtaí le fochonraitheoirí áirithe.

“17A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh údaraithe i scríbhinn acu chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;

tá le ‘príomhaí’ ‘conradh iomchuí’ ‘oibríochtaí iomchuí’ agus ‘fochonraitheoir’ na bríonna céanna atá leo in alt 17 (arna leasú le halt 28 den Acht Airgeadais, 1992);

ciallaíonn ‘taifid’ na taifid sin a cheanglaítear a choimeád faoi alt 6 (arna leasú le halt 231 den Acht Airgeadais, 1992) den Acht Airgeadais, 1968, faoi alt 17 (arna leasú amhlaidh) agus faoi na rialacháin a dhéantar faoin alt sin 17.

(2) Féadfaidh oifigeach údaraithe, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh nó áit a bhfuil cúis aige chun a chreidiúint—

- (a) go bhfuil nó go raibh aon oibríochtaí iomchuí á seoladh ann,
- (b) go bhfuil nó raibh aon duine ag déanamh íocaíochtaí ann le fochonraitheoir i dtaca leis an bhfochonraitheoir do chomhlíonadh conradh iomchuí arb é an duine sin an príomhaí i ndáil leis,
- (c) go bhfuil nó go raibh aon duine ag fáil íocaíochtaí den sórt sin an,
- nó
- (d) go bhfuil, nó go bhféadfadh sé go bhfuil, taifid á gcoimeád san áitreabh sin,

agus féadfaidh an t-oifigeach údaraithe—

- (i) a cheangal ar aon phríomhaí nó fochonraitheoir nó ar aon fhostaí de chuid aon phríomhaí nó fochonraitheora, nó ar aon duine eile a sholáthraíonn seirbhísí leabharchoimeáid, cléireachais, nó riaracháin eile d’aon phríomhaí nó fochonraitheoir, a bheidh san áitreabh nó san áit sin aon taifid a thabhairt ar aird a teastóidh uaidh chun críocha a fhiosraithe,
- (ii) má tá cúis aige nó aici chun a chreidiúint nach bhfuil aon cheann de na taifid a cheangail sé a thabhairt ar aird dó faoi fhorálacha an ailt seo tugtha ar aird amhlaidh, cuardach a dhéanamh san áitreabh sin nó san áit sin le haghaidh na dtaifead sin, agus

- (iii) aon taifid a scrúdú, cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu agus iad a thabhairt chun siúil agus a choinneáil ar feadh tréimhse réasúnaí chun iad a scrúdú tuilleadh, nó chun críche aon imeachtaí dlí arna dtionscnamh ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim nó chun críocha aon imeachtaí coiriúla.

(3) Féadfaidh oifigeach údaraithe a cheangal ar aon phríomhaí nó fochonraitheoir nó ar aon fhostaí de chuid aon phríomhaí nó fochonraitheora, nó ar aon duine eile a sholáthraíonn seirbhísí leabharchoimeáid, cléireachais, nó riaracháin eile d’aon phríomhaí nó fochonraitheoir, gach cúnamh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe lena n-áirítear faisnéis agus mínithe a sholáthar agus doiciméid a thabhairt a theastóidh ón oifigeach údaraithe.

(4) Le linn d’oifigeach údaraithe a chumhachtaí nó a dhualgais faoin alt seo a fheidhmiú nó a chomhlíonadh déanfaidh sé, ar iarraidh a bheith déanta, a údarú chun críocha an ailt seo a thabhairt ar aird.

(5) Aon duine nach gcomhlíonfaidh ceanglais ó oifigeach údaraithe, i bhfeidhmiú nó i gcomhlíonadh a chumhachtaí nó a dhualgais faoin alt seo, dlífear pionós £1,000, a chur air.

(6) Déanfar na taifid dá dtagraítear san alt seo a choimeád ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis dheireadh na bliana dá dtagraíonn siad nó ar feadh cibé tréimhse is giorra ná sin a údaróidh na Coimisinéirí Ioncaim i scríbhinn.”.

Oifigigh údaraithe agus an Garda Síochána.

236.—I gcás go rachaidh oifigeach údaraithe (de réir bhrí alt 127A (arna chur isteach leis an Acht seo) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, alt 17A (arna chur isteach amhlaidh) den Acht Airgeadais, 1970, nó alt 34 (arna chur isteach amhlaidh) den Acht Airgeadais, 1976, de réir mar a bheidh) de réir an ailt sin 127A, 17A nó 34, isteach in aon áitreabh nó áit, féadfaidh comhalta nó comhaltaí den Gharda Síochána a bheith ina theannta agus féadfaidh aon chomhalta den sórt sin aon duine a chuirfidh bac nó treampán ar an oifigeach údaraithe i bhfeidhmiú nó i gcomhlíonadh a chumhachtaí nó a dhualgas faoi aon cheann de na hait sin a ghabháil gan bharántas.

Doiciméid agus taifid ríomhaire a iniúchadh.

237.—(1) San alt seo—
ciallaíonn “na hAchtanna”—

- (a) na hAchtanna Custam,
- (b) na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,
- (c) na hAchtanna Cánach,
- (d) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
- (e) an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
- (f) an tAcht um Cháin Fháiltas Caipitiúil, 1976, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, agus

(g) Cuid VI den Acht Airgeadais, 1983,

agus aon ionstraimí arna ndéanamh fúthu;

ciallaíonn “sonraí” faisnéis i bhfoirm inar féidir í a phróiseáil;

ciallaíonn “trealamh sonraí” aon trealamh leictreonach, fótagrafach, maighnéadach, optúil nó trealamh eile chun sonraí a phróiseáil;

ciallaíonn “próiseáil” loighicoibríochtaí nó oibríochtaí uimhríochtúla a dhéanamh go huathoibríoch ar shonraí, nó sonraí a stóráil, a chothabháil, a tharchur, a atáirgeadh nó a riar;

ciallaíonn “taifid” doiciméid a bhfuil d’oibleagáid ar dhuine, le haon fhoráil de chuid na nAchtanna, iad a choimeád, a eisiúint nó a thabhairt ar aird lena n-íniúchadh, agus aon ábhar scríofa nó clóite eile;

ciallaíonn “bogearraí” aon seicheamh teoracha a úsáidtear i gcomhar le trealamh sonraí chun sonraí a phróiseáil nó chun oibriú an trealaimh sonraí a rialú.

(2) Maidir le haon fhoráil faoi na hAchtanna—

(a) lena gceanglaítear ar dhuine aon taifid a choimeád, a choinneáil, a eisiúint nó a thabhairt ar aird nó a chur faoi deara aon taifid a choimeád, a choinneáil, a eisiúint nó a thabhairt ar aird, nó

(b) lena gceadaítear d’oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim—

(i) aon taifid a iniúchadh,

(ii) dul isteach in áitreabh agus cuardach a dhéanamh ar aon taifid, nó

(iii) sleachta a thógáil as aon taifid nó cóipeanna a dhéanamh díobh nó iad a thabhairt chun siúil,

beidh feidhm aici, i gcás go bpróiseáiltear na taifid le trealamh sonraí, maidir leis an trealamh sonraí mar aon le haon bhogearraí gaolmhara, sonraí gaolmhara, gaireas gaolmhar nó ábhar gaolmhar mar atá feidhm aici maidir leis na taifid.

(3) Féadfaidh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim, i bhfeidhmiú nó i gcomhlíonadh a chumhachtaí nó a dhualgas, a cheangal—

(a) ar an duine a dhéanann nó a rinne, nó ar thar a cheann a dhéantar nó a rinneadh, an trealamh sonraí a úsáid, nó

(b) ar aon duine a bheidh i bhfeighil an trealaimh sonraí nó aon ghairis nó ábhair ghaolmhair nó a mbeidh baint aige ar shlí eile lena oibriú,

gach cúnamh réasúnach a thabhairt dó i ndáil leis an gcéanna.

Leasú ar alt 31
(cumhacht sonraí i
dtaobh idirbhearta
le cáiníocóirí agus
doiciméid maidir le
dlíteanas cánach
cáiníocóirí a fháil ó
dhaoine áirithe) den
Acht Airgeadais,
1979.

238.—Leasaítear, leis seo, alt 31 den Acht Airgeadais, 1979—

(a) i mír (a) d’fho-alt (1)—

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “oifigeach údaraithe”:

“ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh údaraithe acu i scríbhinn na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;”,

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “doiciméid”:

“ciallaíonn ‘doiciméid’ na taifid sin a cheanglaítear a choimeád nó a choinneáil faoi fhorálacha alt 6 (arna leasú le *halt 231* den *Acht Airgeadais, 1992*) den Acht Airgeadais, 1968;”,

agus

(iii) tríd an míniú seo a leanas a chur leis i ndiaidh an mhínithe ar “cáin”:

“tá le ‘Achtanna Cánach’ an bhrí a shanntar dó le *halt 155(2)* den Acht Cánach Corparáide, 1976.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Más rud é, maidir le duine (dá ngairtear “an cáiníocóir” san alt seo)—

(a) go ndéanfaidh sé tuairisceán nó ráiteas ar an ioncam, ar na brabúis nó ar na gnóchain a eascraíonn chuige—

(i) ó aon ghnó (san am a caitheadh nó san am i láthair) arna sheoladh aige nó ag a chéile, nó

(ii) ó aon ghnó (san am a caitheadh nó san am i láthair) a raibh baint ag ceachtar díobh lena bhainistiú tráth ábhartha,

a sheachadadh ar chigire agus nach mbeidh an cigire sásta leis an tuairisceán nó leis an ráiteas,

nó

(b) go mainneoidh sé tuairisceán nó ráiteas mar a dúradh a sheachadadh a cheanglaítear air a sheachadadh faoi aon fhoráil de na hAchtanna Cánach,

féadfaidh an cigire fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar an gcáiníocóir á rá—

(I) nach bhfuil sé sásta leis an tuairisceán nó leis an ráiteas a seachadadh air, nó nár

seachadadh an tuairisceán nó an ráiteas
sin air, de réir mar a bheidh, agus

- (II) go bhfuil iarrtha aige ar oifigeach údaraithe
fógra faoin alt seo a sheirbheáil ar dhaoine
atá, i ndáil leis an gcáiníocóir, faoi réir an
ailt seo.”,

agus

- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

“(9) Féadfaidh oifigeach údaraithe aon doiciméid
a tugadh nó a cuireadh ar fáil lena n-íniúchadh faoin
alt seo a scrúdú agus féadfaidh sé cóipeanna a
dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu nó iad a
choinneáil chun críocha aon imeachtaí dlí arna
dtionscnamh ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim
nó chun críocha aon imeachtaí coiriúla.”.

239.—Leasaítear, leis seo, alt 20 den Acht Airgeadais, 1983—

Leasú ar alt 20
(tuairisceán ar
mhaoín) den Acht
Airgeadais, 1983.

- (a) trí “cáin ioncaim agus cáin ghnóchan caipitiúil” a chur in
ionad “cáin ioncaim” i bhfo-alt (1) (a), agus

- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2), (3)
agus (4):

“(2) Más rud é, chun críocha cánach, go gceanglaítear
ar dhuine faoi aon fhoráil de na hAchtanna Cánach nó
na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil tuairisceán
cánach a sheachadadh ar chigire cánach nó ar an gcigire
tuairisceán (mar a mhínítear in alt 10 (11) den Acht
Airgeadais, 1988 é), de réir mar a bheidh, ansin féadfaidh
an cigire—

- (a) a cheangal ar an duine sin, trí fhógra i scríbhinn
a thabharfar dó, agus

- (b) i gcás go n-áireofar, don bhliain mheasúnachta
lena mbaineann an tuairisceán cánach, go
bhfuil an duine sin agus a chéile ina gcónaí le
chéile chun críche alt 192 den Acht Cánach
Ioncaim, 1967 , a cheangal ar a chéile, trí
fhógra i scríbhinn a thabharfar don chéile,

ráiteas gnóthaí san fhoirm fhorordaithe amhail ar an dáta
a bheidh sonraithe san fhógra a sheachadadh ar an gcigire,
laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra, nó
laistigh de cibé tréimhse de bhreis air sin a cheadóidh an
cigire, agus déanfaidh an duine sin nó a chéile, má
cheanglaíonn an cigire air nó uirthi le fógra nó fógraí eile
i scríbhinn, ráiteas ag fíorú an ráitis gnóthaí sin mar aon le
cibé fianaise, ráiteas nó doiciméid a iarrfaidh an cigire i
leith aon sócmhainne nó dliteanais a thaispeántar sa
ráiteas gnóthaí, nó i leith aon sócmhainne nó dliteanais a
bhfuil cúis ag an gcigire lena chreidiúint gur fágadh ar lár
as an ráiteas gnóthaí é, a sheachadadh ar an gcigire laistigh
de cibé tréimhse ama, nach giorra ná 30 lá, a bheidh
sonraithe san fhógra nó sna fógraí eile sin.

- (3) (a) San alt seo, ciallaíonn ‘ráiteas gnóthaí’, i ndáil le fógra faoi fho-alt (2), más rud é, maidir leis an duine dá dtabharfar fógra—
- (i) gur pearsa aonair é is duine inmhuirearaithe agus go mbaineann an tuairisceán cánach áirithe le hioncam nó gnóchain chaipitiúla a bhfuil cáin inmhuirearaithe air ina leith seachas i gcáil ionadaitheach nó mar iontaobhaí, ráiteas i dtaobh na sócmhainní go léir, cibé áit a bhfuil siad, a bhfuil teideal tairbhiúil aige chucu an dáta sonraithe agus na ndliteanas go léir a bhfuil dliteanas air ina leith an dáta sonraithe,
 - (ii) gurb é céile pearsan aonair dá dtagraítear i bhfomhír (i), ráiteas i dtaobh na sócmhainní go léir, cibé áit a bhfuil siad, a bhfuil teideal tairbhiúil ag an gcéile sin chucu an dáta sonraithe agus na ndliteanas go léir a bhfuil dliteanas ar an gcéile sin ina leith an dáta sonraithe,
 - (iii) gur duine inmhuirearaithe é i gcáil ionadaitheach agus go mbaineann an tuairisceán cánach áirithe le hioncam nó gnóchain chaipitiúla duine a bhfuil sé inmhuirearaithe amhlaidh ina leith, ráiteas i dtaobh na sócmhainní go léir, cibé áit a bhfuil siad, a bhfuil teideal tairbhiúil ag an duine sin chucu agus ar sócmhainní iad as a dtagann ioncam nó gnóchain chaipitiúla arb inmhuirearaithe an duine inmhuirearaithe i leith cánach i gcáil ionadaitheach ina leith agus na ndliteanas go léir a bhfuil dliteanas ar an duine sin ina leith, nó ar sócmhainní nó dliteanais iad a bhfeidhmíonn an duine inmhuirearaithe feidhmeanna nó dualgais i ndáil leo i gcáil den sórt sin an dáta sonraithe, nó
 - (iv) gur duine inmhuirearaithe é mar iontaobhaí iontaobhais agus go mbaineann an tuairisceán cánach áirithe le hioncam nó le gnóchain chaipitiúla de chuid iontaobhais, na sócmhainní agus na dliteanais go léir atá ar áireamh san iontaobhas an dáta sonraithe.
- (b) Déanfar aon sócmhainní a bhfuil teideal tairbhiúil chucu ag leanbh mionaoiseach de chuid pearsan aonair dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (ii) de mhír (a) a áireamh i ráiteas gnóthaí na pearsan aonair sin faoin alt seo más rud é—
- (i) gur dhiúscair an phearsa aonair sin na sócmhainní sin tráth ar bith sula bhfuair an leanbh mionaoiseach iad cibé acu is chuig an leanbh mionaoiseach, nó nach chuige, a diúscaíodh iad,

- (ii) gurbh é an phearsa aonair sin a sholáthair, go díreach nó go neamhdhíreach, an chomaoin i leith an leanbh mionaoiseach d’fháil na sócmhainní sin.

(4) (a) I ráiteas gnóthaí a sheachadfar faoin alt seo, beidh an méid seo a leanas i ndáil le gach sócmhainn a áireofar ann—

(i) tuairisc iomlán,

(ii) a suíomh ar an dáta sonraithe,

(iii) an costas a bhain don duine a bhfuil teideal tairbhiúil aige chuici as í a fháil,

(iv) dáta na fála agus, i gcás gur ar shlí seachas ar mhodh margáin ar neamhthuilleamaí a fuarthas í, ainm agus seoladh an duine óna bhfuarthas í agus an chomaoin, más ann, a tugadh don duine sin i leith na fála.

(b) I ráiteas gnóthaí a sheachadfar faoin alt seo beidh, i gcás sócmhainne is leas nach leas iomlán, sonraí an teidil faoina n-eascaíonn an teidlíocht thairbhiúil.

(c) Beidh ráiteas gnóthaí a sheachadfar faoin alt seo sínithe ag an duine a sheachadfaidh é agus beidh dearbhú ann ón duine sin go bhfuil an ráiteas gnóthaí cruinn iomlán, de réir mar is fearr is eol agus is feasach dó agus mar a chreideann sé.

(d) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a cheangal gur faoi mhionn a dhéanfar an dearbhú a luaitear i mír (c).”.

240.—Maidir leis an mbliain 1992 agus blianta dá éis sin, leasaítear, leis seo, alt 23 den Acht Airgeadais, 1983,—

Leasú ar alt 23 (ainmneacha mainnitheoirí cánach a fhoilsíú) den Acht Airgeadais, 1983.

- (a) i bhfo-alt (2), trí “nó aon chuid de bhliain de réir mar is cuí leo” a chur isteach i ndiaidh “maidir le gach bliain”, agus

(b) i bhfo-alt (3), trí “nó na liostaí” a chur isteach i ndiaidh “an liosta” i mír (a),

agus tá an fo-alt sin (2) agus an mhír sin (a), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

TÁBLA

- (2) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, maidir le gach bliain nó aon chuid de bhliain de réir mar is cuí leo (arb í an bhliain 1984 nó bliain dá éis sin í), liosta a thiomsú d’ainmneacha agus seoltaí agus de shlite beatha nó tuairiscí gach duine—

(a) ar ar ghearr cúirt fíneáil nó pionós eile faoi aon cheann de na hAchtanna i gcaitheamh na bliana sin,

(b) ar ar ghearr cúirt fíneáil nó pionós eile thairis sin i gcaitheamh na bliana sin i leith gníomh nó neamhghníomh ag an duine i ndáil le cáin, nó

- (c) ar staon na Coimisinéirí Ioncaim ina chás, de bhun chomhaontú a rinneadh leis an duine sa bhliain sin, ó imeachtaí a thionscnamh chun aon fhíneáil nó pionós den chineál a luaitear i míreanna (a) agus (b) a ghnóthú agus, in ionad imeachtaí den sórt sin a thionscnamh, gur ghlac siad, nó gur gheall siad go nglacadh siad, le suim shonraithe airgid mar shocraíocht ar aon éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim i leith aon dliteanas sonraithe de chuid an duine faoi aon cheann de na hAchtanna maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (i) aon cháin a íoc,
 - (ii) ús ar an gcáin sin a íoc, agus
 - (iii) fíneáil nó pionós airgeadaíochta eile ina leith sin.
- (a) áireoidh na Coimisinéirí Ioncaim sa tuarascáil bhliantúil uathu don Aire Airgeadais, ag tosú leis an tuarascáil don bhliain 1984, an liosta nó na liostaí dá dtagraítear i bhfo-alt (2) don bhliain lena mbaineann an tuarascáil, agus

Leasú ar alt 73 (méideanna a bheidh dlite i ndáil le cáin a asbhaint ó fócaíochtaí a bheidh dlite do mhainnitheoirí) den Acht Airgeadais, 1988.

241.—Leasaítear, leis seo, alt 73 den Acht Airgeadais, 1988—

- (a) i bhfo-alt (1) (b)—
 - (i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “na hAchtanna”:

“ciallaíonn ‘na hAchtanna’—

 - (i) na hAchtanna Custam,
 - (ii) na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,
 - (iii) na hAchtanna Cánach,
 - (iv) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
 - (v) an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,
 - (vi) an tAcht um Cháin Fháltas Caipitiúil, 1976, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, agus
 - (vii) an *Stamp Act*, 1891, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

agus aon ionstraim arna déanamh fúthu;”,

- (ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i) den choinníoll a ghabhann leis an míniú ar “fiach”:
 - “(i) más foras airgeadais duine iomchuí, go ndéanfar aon mhéid nó aon mhéid comhiomlán airgid, lena n-áirítear ús ar an gcéanna, arb éard é, an tráth sin, taisce atá á sealbhú ag an duine iomchuí—

(I) chun creidmheasa an cháiníocóra dá thairbhe féin amháin, nó

(II) chun creidmheasa an cháiníocóra agus aon duine nó daoine eile dá dtairbhe araon,

a áireamh mar fhiach a bheidh dlite den duine iomchuí don cháiníocóir an tráth sin,”

(iii) tríd an gcoinníoll breise seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an choinníll a ghabhann leis an míniú ar “fiach”:

“Ar choinníoll freisin, i gcás mhír (i) den choinníoll roimhe seo, go measfar (mura ndéanfar fianaise ar a mhalairt a thabhairt ar aird chun sástacht an duine iomchuí laistigh de 10 lá ón tráth a thabharfar na fógraí atá sonraithe i mír (c) d’fho-alt (2)) maidir le taisce atá á sealbhú ag duine iomchuí is foras airgeadais chun creidmheasa an cháiníocóra agus aon duine nó daoine eile (dá ngairtear “an páirtí eile nó na páirtithe eile” ina dhiaidh seo sa choinníoll seo) dá dtairbhe araon go bhfuil sí á sealbhú chun tairbhe don cháiníocóir agus don pháirtí eile nó do na páirtithe eile sa taisce go cothrom, agus dá réir sin, nach n-áireofar mar fhiach a bheidh dlite den duine iomchuí don cháiníocóir an tráth sin ach an chuid den taisce arna meas amhlaidh agus i gcás go ndéanfar an fhianaise sin a thabhairt ar aird laistigh den tréimhse ama shonraithe, nach ndéanfar ach an méid sin den taisce a shuífear a bheith á sealbhú chun tairbhe don cháiníocóir a áireamh mar fhiach a bheidh dlite den duine iomchuí don cháiníocóir an tráth sin;”,

agus

(iv) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “ús ar cháin neamhíoctha”:

“ciallaíonn “ús ar cháin neamhíoctha”, i ndáil le méid sonraithe a bheidh sonraithe i bhfógra astaithe, ús a bheidh fabhráithe anuas go dtí an dáta a dtabharfar an fógra astaithe, faoi aon fhoráil de chuid na nAchtanna a dhéanann socrú le hús a mhuirearú i leith na cánach neamhíoctha, lena n-áirítear ús ar ghearmhuirear cánach is inchurtha síos do chalaois nó d’fhaillí, a bheidh sonraithe san fhógra astaithe;”,

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii) de mhír (a):

“(ii) (I) méid nó méid comhiomlán, nó

(II) i gcás ina dtugtar níos mó ná fógra astaithe amháin do dhuine iomchuí nó do dhaoine iomchuí i leith cáiníocóra, cuid de mhéid nó de mhéid comhiomlán,

na gcánacha, an úis ar chánacha neamhíoctha agus na bpionós a mbeidh mainneachtain déanta ag an gcáiníocóir ina leith an tráth a dtabharfar an fógra nó na fógraí astaithe (agus gairtear “an méid sonraithe” den mhéid sin, den mhéid comhiomlán sin, nó den chuid sin den mhéid nó den mhéid comhiomlán, de réir mar a bheidh),”

- (ii) tríd an gcoinníoll breise seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an choinníll a ghabhann le fomhír (iii) (I) de mhír (a):

“Ar choinníoll freisin i gcás gur foras airgeadais an duine iomchuí agus gur cuid de thaisce a bheidh á sealbhú chun creidmheasa an cháiníocóra agus aon duine nó daoine eile dá dtairbhe araon é an fiach a bheidh dlite den duine iomchuí don cháiníocóir, go dtabharfar an tuairisceán sin laistigh de thréimhse 10 lá—

- (A) ó dheireadh na tréimhse a bheidh sonraithe sna fógraí a bheidh le tabhairt faoi mhír (c), nó

- (B) ón tráth a dhéanfar an fhianaise dá dtagraítear i mír (c) (II) a thabhairt ar aird.”

agus

- (iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) I gcás go dtabharfar fógra astaithe do dhuine iomchuí is foras airgeadais agus gurb éard é an fiach a bheidh dlite den duine iomchuí don cháiníocóir cuid de thaisce a bheidh á sealbhú ag an duine iomchuí chun creidmheasa an cháiníocóra agus aon duine nó daoine eile (dá ngairtear “an páirtí eile nó na páirtithe eile” ina dhiaidh seo sa mhír seo) dá dtairbhe araon é, déanfaidh an duine iomchuí, ar an bhfógra astaithe a fháil, fógra i scríbhinn a thabhairt don cháiníocóir agus don pháirtí eile nó do na páirtithe eile, agus beidh ar áireamh san fhógra sin—

- (i) ainm agus seoladh an cháiníocóra,

- (ii) ainm agus seoladh an duine dá dtabharfar fógra faoin mír seo,

- (iii) ainm agus seoladh an duine iomchuí, agus

- (iv) an méid sonraithe, agus sonrófar ann—

- (I) go bhfuil fógra astaithe faoin alt seo faighte i leith an cháiníocóra,

(II) go meastar, faoin alt seo, taisce (mura dtabharfar fianaise ar a mhalairt ar aird chun sástacht an duine iomchuí laistigh de 10 lá ón tráth a thabharfar an fógra faoin mír seo) a bheith á sealbhú chun tairbhe an cháiníocóra agus an pháirtí eile nó na bpáirtithe eile sa taisce go cothrom, agus

(III) go ndéanfar, mura dtabharfar an fhianaise sin ar aird laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra a thabharfar faoin mír seo, suim ar cóimhéid leis an méid den taisce a mheastar amhlaidh a bheith á sealbhú chun tairbhe an cháiníocóra agus a áirítear, dá réir sin, mar fhiach a bheidh dlite den duine iomchuí don cháiníocóir, a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim i gcás gurb ionann an méid sin agus an méid sonraithe nó inar lú an méid sin ná an méid sonraithe, agus i gcás inar mó an méid sin ná an méid sonraithe, go n-íocfar leis na Coimisinéirí Ioncaim méid is ionann agus an méid sonraithe.”,

(c) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) go mbeidh fógra i scríbhinn (bíodh nó ná bíodh sa doiciméad ina bhfuil an fógra faisnéis eile freisin á tabhairt ag na Coimisinéirí Ioncaim don cháiníocóir) tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim don cháiníocóir, tráth nach déanaí ná 7 lá roimh an dáta a bhfaighidh an duine nó na daoine iomchuí atá i gceist fógra astaithe, á rá go bhféadfar, mura n-íocfar an méid, é a shonrú i bhfógra astaithe nó i bhfógraí astaithe agus é a ghnóthú faoin alt seo ó dhuine nó ó dhaoine iomchuí i ndáil leis an gcáiníocóir.”,

(d) i bhfo-alt (10), tríd “méid nó méid comhiomlán na gcánacha, an úis ar chánacha neamhíoctha agus na bpionós a mbeidh mainneachtain déanta ag an gcáiníocóir ina leith an tráth a dtabharfar an fógra nó na fógraí astaithe” a chur in ionad “an méid sonraithe”, agus tá an mhír sin (b), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo,

agus

(e) trí fho-alt (17) a scriosadh.

AN TÁBLA

- (b) Más rud é, de bhun an ailt seo, go n-íocann duine iomchuí aon mhéid leis na Coimisinéirí Ioncaim as fiach nó fiach breise a bheidh dlíte de don cháinfócoir agus go mbeidh, an tráth a bhfaighidh na Coimisinéirí Ioncaim an méid sin, méid nó méid comhiomlán na gcánacha, an úis ar chánacha neamhíoctha agus na bpionós a mbeidh mainneachtain déanta ag an gcáinfócoir ina leith an tráth a dtabharfar an fógra nó na fógraí astaithe íoctha ag an gcáinfócoir leis na Coimisinéirí Ioncaim, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an méid céadluaite a aisíoc láithreach leis an gcáinfócoir.

Imréiteach cánach i ndáil le ceadúnais áirithe.

242.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 1968” an tAcht Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 1968;

ciallaíonn “na hAchtanna”—

- (a) na hAchtanna Cánach,
(b) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
(c) an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

agus aon ionstraimí arna ndéanamh fúthu;

ciallaíonn “sealbhóir tairbhiúil ceadúnais” an duine atá ainmnithe sa cheadúnas nó, i gcás gur ainmnitheach an duine sin, an duine ar thar a cheann a shealbhaíonn an t-ainmnitheach an ceadúnas;

ciallaíonn “ceadúnas” ceadúnas is *licence* den chineál dá dtagraítear sa choinníoll (arna chur isteach le *halt 156* den *Acht Airgeadais, 1992*) a ghabhann le *halt 49 (1)* den *Finance (1909-10) Act*, 1910;

ciallaíonn “dáta sonraithe” dáta tosaithe ceadúnais a n-iarrtar é a dheonú faoi *alt 49 (1)* den *Finance (1909-10) Act*, 1910, mar a shonraítear chun críocha deimhnithe imréitigh cánach faoi *fho-alt (2)*;

forléireofar “deimhniú imréitigh cánach” de réir *fho-alt (2)*.

(2) Faoi réir fhorálacha *fho-alt (3)*, déanfaidh an tArd-Bhailitheoir, ar iarratas a bheith déanta chuige ag an duine a bheidh ina shealbhóir tairbhiúil ar cheadúnas a bheidh le tosú ar dháta sonraithe, deimhniú (dá ngairtear “deimhniú imréitigh cánach” san alt seo) a eisiúint chun ceadúnas a dheonú, más rud é—

- (a) go ndearna an duine sin, agus aon chomhpháirtíocht a bhfuil nó a raibh sé ina chomhpháirtí di, i leith thréimhse a comhaltais,
(b) i gcás gur comhpháirtíocht an duine sin, go ndearna gach comhpháirtí,
(c) i gcás gur cuideachta an duine sin, go ndearna gach duine is úinéir tairbhiúil ar bhreis agus 50 faoin gcéad de ghnáth-scairchaipiteal na cuideachta, nó a bhfuil ar a chumas, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, breis agus 50 faoin gcéad de ghnáth-scairchaipiteal na cuideachta a rialú,

na hoibleagáidí go léir a chomhlíonadh a fhorchuirtear air nó orthu leis na hAchtanna, i ndáil leis na nithe seo a leanas—

- (i) íoc nó tarchur na gcánacha, an úis agus na bpionós a cheanglaítear a íoc nó a tharchur faoi na hAchtanna, agus
- (ii) seachadadh tuairisceán.

(3) I gcás go mbeidh duine (dá ngairtear an “duine céadluaite” anseo ina dhiaidh seo san alt seo) ina shealbhóir tairbhiúil ar cheadúnas a bheidh le tosú ar dháta sonraithe agus go raibh duine eile (dá ngairtear an “dara duine a luaitear” anseo ina dhiaidh seo san alt seo) ina shealbhóir tairbhiúil ar an gceadúnas tráth ar bith i gcaitheamh na bliana roimh an dáta sin, agus—

- (a) gur cuideachta atá bainteach, de réir bhrí alt 16 (3) d’Acht 1968, leis an duine céadluaite é an dara duine a luaitear nó gur chuideachta den sórt sin é murach go ndearnadh an chuideachta a fhoirceannadh nó a dhíscaoileadh gan foirceannadh,
- (b) gur cuideachta é an dara duine a luaitear agus gur comhpháirtíocht é an duine céadluaite—
 - (i) ina bhfuil nó ina raibh ar chumas comhpháirtí, nó
 - (ii) i gcás ina bhfuil níos mó ná comhpháirtí amháin ina scairshealbhóir, ina bhfuil nó ina raibh ar chumas na gcomhpháirtithe sin le chéile,

go díreach nó go neamhdhíreach, ina aonar nó ina n-aonar, nó i dteannta duine bhaintigh nó daoine bainteacha, de réir bhrí alt 16 (3) d’Acht 1968, breis is 50 faoin gcéad de ghnáth-scairchaipiteal na cuideachta a rialú, nó
- (c) gur comhpháirtíocht an dara duine a luaitear agus gur cuideachta an duine céadluaite—
 - (i) ina bhfuil nó ina raibh ar chumas comhpháirtí, nó
 - (ii) i gcás ina bhfuil níos mó ná comhpháirtí amháin ina scairshealbhóir, ina bhfuil nó ina raibh ar chumas na gcomhpháirtithe sin le chéile,

go díreach nó go neamhdhíreach, ina aonar nó ina n-aonar, nó i dteannta duine bhaintigh nó daoine bainteacha, de réir bhrí alt 16 (3) d’Acht 1968, breis is 50 faoin gcéad de ghnáth-scairchaipiteal na cuideachta a rialú,

ní eiseoidh an tArd-Bhailitheoir deimhniú imréitigh cánach faoi *fho-alt (2)* mura rud é, i ndáil leis na gníomhaíochtaí arna seoladh faoin gceadúnas, go mbeidh a oibleagáidí faoi na hAchtanna mar a shonraítear iad san fho-alt sin comhlíonta ag an dara duine a luaitear:

Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le haistriú ceadúnais a dhéanfar roimh an 24ú lá d’Aibreán, 1992, nó nach mbeidh feidhm aige maidir le haistriú den sórt sin a dhéanfar tar éis an dáta sin i gcás gur síníodh Conradh roimh an dáta sin chun an t-áitreabh lena mbaineann an ceadúnas a dhíol nó a léasú.

(4) Déanfar iarratas ar dheimhniú imréitigh cánach faoin alt seo chuig an Ard-Bhailitheoir i bhfoirm a bheidh forordaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus sonrófar ann dáta tosaithe an cheadúnais lena mbaineann an t-iarratas.

(5) Má dhiúltaíonn an t-Ard-Bhailitheoir iarratas ar dheimhniú imréitigh cánach faoin alt seo, déanfaidh sé, a luaithe is indéanta, an diúltú sin agus na forais a bheidh leis a chur in iúl i scríbhinn don duine lena mbaineann.

(6) (a) I gcás go ndiúltófar iarratas faoin alt seo ar dheimhniú imréitigh cánach chuig an Ard-Bhailitheoir, féadfaidh an duine arb éagóir leis an diúltú sin, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don Ard-Bhailitheoir laistigh de 30 lá ó dháta an diúltaithe sin, iarratas a dhéanamh go ndéanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc a iarratas a éisteacht agus a chinneadh.

Ar choinníoll nach mbeidh aon cheart achomhairc ann de bhua an ailt seo i ndáil le haon mhéid cánach nó úis a bheidh dlite faoi na hAchtanna.

(b) Ní bheidh fógra faoi *mhír* (a) bailí ach amháin más rud é—

(i) go sonrófar ann—

(I) an ní nó na nithe arb éagóir leis an duine iad, agus

(II) na forais, go mionsonraithe, atá lena achomharc maidir le gach ní den sórt sin.

agus

(ii) go ndéanfar aon mhéid faoi na hAchtanna a dhlífear a íoc nó a chur ar aghaidh, agus nach mbeidh faoi dhíospóid, a chur ar aghaidh nó a íoc go cuí.

(c) Déanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc iarratas a bheidh déanta chucu faoin bhfo-alt seo a éisteacht agus a chinneadh amhail is dá mba achomharc é in aghaidh measúnachta i leith cánach ioncaim agus, faoi réir *mhír* (d), beidh feidhm dá réir sin, fara aon mhodhnuithe is gá, ag forálacha uile na nAchtanna Cánach Ioncaim a bhaineann le hachomharc den sórt sin (lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le hachomharc a athéisteacht agus le cás a shonrú chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar phonc dlí).

(d) Ar achomharc arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo a éisteacht, beidh aird ag na Coimisinéirí Achomhairc ar na nithe go léir a gceanglaítear ar an Ard-Bhailitheoir aird a thabhairt orthu faoi fhorálacha an ailt seo.

Leasú ar alt 94
(cionta ioncaim)
den Acht
Airgeadais, 1983.

243.—Leasaítear, leis seo, alt 94 den Acht Airgeadais, 1983—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “na hAchtanna”:

“ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim arna údarú acu i scríbhinn chun aon cheann de na cumhachtaí a thugtar leis na hAchtanna a fheidhmiú;”,

agus

- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(ee) go ndéanfaidh sé, go feasach nó go toiliúil, agus laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear chun iad a choinneáil, aon cheann de na nithe seo a leanas a scríosadh, a aghlot nó a cheilt ar oifigeach údaraithe—

- (i) aon doiciméid, nó

- (ii) aon ábhar scríofa nó clóite eile, i bhfoirm ar bith, lena n-áirítear aon fhaisnéis a bheidh arna stóráil, arna cothabháil nó arna caomhnú trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu atá nó nach bhfuil sí á stóráil, á cothabháil nó á caomhnú i bhfoirm inléite, agus a cheanglaítear ar dhuine, le haon fhoráil de na hAchtanna, a choimeád, a eisiúint nó a thabhairt ar aird lena iniúchadh.”,

agus

- (b) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) ar é a chiontú go hachomair, fíneáil £1,000, a fhéadfar a laghdú go dtí méid nach lú ná an ceathrú cuid de, nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó an fhíneáil agus an phríosúnacht le chéile, a chur air, nó”

244.—Maidir leis an mbliain 1992-93 agus blianta measúnachta dá éis sin, leasaítear, leis seo, alt 9 (arna leasú le halt 45 den Acht Airgeadais, 1991) den Acht Airgeadais, 1988, i bhfo-alt (1) tríd an gcoinníoll seo a leanas a chur ag gabháil le mír (a) sa mhíniú ar “duine inmhuirearaithe”:

Leasú ar alt 9
(léiriú (Caibidil II))
den Acht
Airgeadais, 1988.

“Ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an mír seo maidir le duine is stiúrthóir nó, i gcás duine lena mbaineann forálacha alt 194 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, ar stiúrthóir a chéile, de réir bhrí alt 119 den Acht sin, de chuid comhlachta chorpraithe seachas comhlacht corpraithe—

- (i) nach raibh i dteideal aon sócmhainní seachas airgead ar láimh, nó suim airgid ar taisce de réir bhrí alt 230 den *Acht Airgeadais, 1992*, nach mó ná £100, agus
- (ii) nár sheol trádáil, gnó nó gníomhaíocht eile lena n-áirítear infheistíochtaí a dhéanamh, agus
- (iii) nár íoc muirir ar ioncam de réir bhrí alt 10 den Acht Cánach Corparáide, 1976,

i gcaitheamh tréimhse trí bliana dar críoch an 5ú lá d’Aibreán in aon tréimhse inmhuirearaithe.

Leasú ar alt 48
(formhuirear as
tuairisceáin a chur
isteach déanach)
den Acht
Airgeadais, 1986.

245.—Maidir leis an mbliain 1992-93 agus le blianta measúnachta dá éis sin, leasaítear, leis seo, alt 48 den Acht Airgeadais, 1986, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis i ndiaidh fho-alt (2)—

“(3) I gcás duine—

(a) is stiúrthóir de réir bhrí alt 119 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, nó

(b) lena mbaineann forálacha alt 194 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, agus ar stiúrthóir a chéile de réir bhrí an ailt sin 119,

ní bheidh feidhm ag mír (a) den choinníoll a ghabhann le fo-alt (2) i leith aon chánach a asbhainfear faoi Chaibidil IV de Chuid V den Acht Cánach Ioncaim, 1967, le linn méid formhuirir faoin alt seo a chinneadh.”.

Leasú ar Sceideal 4
(riarachán) a
ghabhann leis an
Acht um Cháin
Ghnóchan
Caipitiúil, 1975.

246.—Leasaítear, leis seo, mír 3 de Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (4):

“(4A) (a) Aon teagmhas ar diúscairt sócmhainne a bheadh ann ar leith ó mhír 2(2) de Sceideal 2, arna cur chun feidhme le mír 4 nó 5 den Sceideal sin, is diúscairt den sórt sin í chun críocha na míre seo.

(b) Aon teagmhas ar fáil sócmhainne a bheadh ann ar leith ó mhír 2(2) de Sceideal 2, arna cur chun feidhme le mír 4 nó 5 den Sceideal sin, is fáil den sórt sin í chun críocha na míre seo.”.

Leasú ar alt 143
(tuairisceán ar
bhrabúis) den Acht
Cánach Corparáide,
1976.

247.—Leasaítear, leis seo, alt 143 (arna leasú le halt 54 den Acht Airgeadais, 1990) den Acht Cánach Corparáide, 1976, maidir le haon tréimhse chuntasaíochta dar críoch an lú lá d'Aibreán, 1992 nó dá éis—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b) d'fho-alt (1):

“(bb) ar na méideanna creidmheasanna cánach go léir is inghnóthaithe ón gcuideachta faoi fhorálacha ailt 25 (5) agus 26 (4),”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Aon teagmhas arb éard a bheadh ann, ar leith ó mhír 2(2) de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, arna cur chun feidhme le mír 4 nó 5 den Sceideal sin, diúscairt sócmhainne as a dtagann gnóchan inmhuirearaithe nó caillteanas inlamhála faoi fhorálacha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil agus an Achta seo is diúscairt den sórt sin í chun críocha an ailt seo.”,

agus

(c) trí “fomhíreanna (3) agus (4), agus fomhír (4A) (b) (a cuireadh isteach leis an *Acht Airgeadais, 1992*), de mhír 3 de Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975” a chur in ionad “míreanna 3 (3) agus (4) de Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975 ” i bhfo-alt (6),

agus tá an fo-alt sin (6), arna leasú amhlaidh, a leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(6) Beidh feidhm ag fomhíreanna (3) agus (4), agus fomhír (4A) (b) (a cuireadh isteach leis an *Acht Airgeadais, 1992*), de mhír 3 de Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975 (cumhacht chun faisnéis a éileamh i dtaobh sócmhainní a fuarthas), i ndáil le fógra faoin alt seo mar atá feidhm acu i ndáil le fógra faoi aon cheann d’fhorálacha na nAchtanna Cánach Ioncaim, arna chur chun feidhme leis an mír sin 3 i ndáil le cáin ghnóchan caipitiúil.

248.—Más rud é, tar éis dáta an Achta seo a rith (ach sin maidir le haon bhliain mheasúnachta, nó, de réir mar a bheidh, tréimhse chuntasaíochta, dar críoch dáta roimh dháta an Achta seo a rith nó dáta ina dhiaidh sin), go dtarlóidh gníomh nó neamhghníomh a mbeadh, murach an t-alt seo, an pionós nó na pionóis dá bhforáiltear in aon fhoráil de na hAchtanna Cánach nó de Chuid VI den Acht Airgeadais, 1983, a shonraítear i *gcolún (2)* den Tábla a ghabhann leis an alt seo ag aon uimhir thagartha le cur ar dhuine ina leith, dlífear pionós a shonraítear i *gcolún (3)* den Tábla sin ag an uimhir thagartha sin a chur ar an duine in ionad an phionóis nó na bpionós dá bhforáiltear amhlaidh agus forléireofar an fhoráil sin, agus beidh éifeacht léi, dá réir sin.

Leasú ar fhorálacha áirithe de chuid na nAchtanna Cánach, etc., a bhaineann le pionóis.

AN TÁBLA

Uimhir Thagartha	An Fhoráil de na hAchtanna Cánach, etc.	Pionós.
(1)	(2)	(3)
		£
1.	Alt 128 (1A) den Acht Cánach Ioncaim, 1967	750
2.	Alt 173 (6) den Acht Cánach Ioncaim, 1967	1,200
3.	Alt 426 (3) den Acht Cánach Ioncaim, 1967	750
4.	Alt 500 (1) den Acht Cánach Ioncaim, 1967	750
5.	Alt 500 (2) den Acht Cánach Ioncaim, 1967	1,200
6.	Alt 31 (5) den Acht Airgeadais, 1979	1,000
7.	Alt 45 (8) den Acht Airgeadais, 1980	1,200
8.	Alt 112 (1) (a) den Acht Airgeadais, 1983	1,200
9.	Alt 112 (3) den Acht Airgeadais, 1983	2,500

CUID VIII

ILGHNÉITHEACH

249.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “alt leasaitheach 1991” alt 123 den Acht Airgeadais, 1991;

tá le “seirbhísí caipitiúla” an bhrí chéanna atá leis sa phríomh-alt;

ciallaíonn “an dara blianacht bhreise is daichead” an tsuim a mhuirearófar ar an bPríomh-Chiste faoi *fho-alt (4)*;

ciallaíonn “an príomh-alt” alt 22 d’Acht Airgeadais, 1950.

An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.

- (2) I ndáil leis na naoi mbliana airgeadais is fiche chomhleanúnacha dar tosach an bhliain airgeadais dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 1992, beidh éifeacht le fo-alt (4) d’alt leasaitheach 1991 ach “£48,887,319” a chur in ionad “£49,030,307”.
- (3) Beidh éifeacht le fo-alt (6) d’alt leasaitheach 1991 ach “£37,010,325” a chur in ionad “£37,685,800”.
- (4) D’fhonn iasachtaí i leith seirbhísí caipitiúla, agus d’fhonn ús ar an gcéanna, a fhuascailt, déanfar suim £50,386,760 a mhuirearú go bliantúil ar an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis sa tríocha bliain airgeadais chomhleanúnach dar tosach an bhliain airgeadais dar críoch an 31ú lá de Nollaig, 1992.
- (5) Déanfar an dara blianacht bhreise is daichead a íoc isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ar cibé modh agus cibé tráthanna sa bhliain airgeadais iomchuí a chinneadh an tAire Airgeadais.
- (6) Déanfar aon mhéid den dara blianacht bhreise is daichead, nach mó ná £38,728,400 in aon bhliain airgeadais, a úsáid chun an t-ús ar an bhfiach poiblí a íoc.
- (7) Déanfar iarmhéid an dara blianacht bhreise is daichead a úsáid ar aon cheann nó níos mó de na slí a shonraítear i bhfo-alt (6) den phríomh-alt.

Leasú ar an Acht um Bhailiú Shealadach Cánach, 1927.

250.—Leasaítear, leis seo, an tAcht um Bhailiú Shealadach Cánach, 1927, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 4A (arna chur isteach leis an Acht Leithreasa, 1991):

“4A. Más rud é, tar éis di rún a rith faoin Acht seo, gur lánscoireadh Dáil Éireann an dáta a ritheadh an rún amhlaidh nó laistigh de cheithre mhí ón dáta sin, ansin déanfar neamhshuim den tréimhse lánscoir chun aon tréimhse lena mbaineann mír (a) nó (d) d’alt 4 den Acht seo, a ríomh.”.

Leasú ar alt 55 (Íocaíochtaí le léasaithe faoi léasanna peitiriliaim) den Acht um Fhorbairt Pheitiriliaim agus Mianraí Eile, 1960.

251.—Leasaítear, leis seo, alt 55 den Acht um Fhorbairt Pheitiriliaim agus Mianraí Eile, 1960 trí “ féadfaidh an tAire Airgeadais íocaíocht is comhionann leis an mbreis a dhéanamh as an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis chun críocha íocaíochta leis an léasaí” a chur in ionad “féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, íocaíocht is comhionann leis an mbreis a íoc leis an léasaí as airgead a sholáthróidh an tOireachtas” agus tá an t-alt sin, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

55. Más mó an méad iomlán a íocfaidh léasaí faoi léas peitiriliaim mar léasaí den sórt sin i leith cíos, ríchíos, cáin ioncain, forcháin, cáin bhrabús corparáide agus rátaí in aghaidh aon tréimhse áirithe ná cibé méad a chinneadh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais, féadfaidh an tAire Airgeadais íocaíocht is comhionann leis an mbreis a dhéanamh as an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis chun críocha íocaíochta leis an léasaí.
- 252.**—Íocfaidh An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh tobhach £3,000,000 isteach sa Phríomh-Chiste an 30ú lá de Mheitheamh, 1992, i leith na bliana 1992.

Tobhach An Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh.

253.—Déantar, leis seo, na cánacha agus na dleachtanna go léir (seachas na dleachtanna máil ar fheithiclí inneallghluaiste a fhorchuirtear le *halt 163*) a fhorchuirtear leis an Acht seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cúram agus
bainistiú cánacha
agus dleachtanna.

254.—(1) Féadfar an tAcht Airgeadais, 1992 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,
forléiriú agus tosach
feidhme.

(2) Déanfar *Cuid I* (a mhéid a bhaineann le cáin ioncaim) a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim agus (a mhéid a bhaineann le cáin chorparáide) a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide agus (a mhéid a bhaineann le cáin ghnóchan caipitiúil) a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

(3) Déanfar *Cuid II* (a mhéid a bhaineann le custaim) a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Custam agus (a mhéid a bhaineann le dleachtanna máil) a fhorléiriú i dteannta na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin.

(4) Déanfar *Cuid III* a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha, 1972 go 1991, agus féadfar na *nAchtanna Cánach Breisluacha, 1972 go 1992*, a ghairm díobh le chéile.

(5) Déanfar *Cuid IV* a fhorléiriú i dteannta an *Stamp Act*, 1891, agus na n-achtachán ag leasú nó ag leathnú an Achta sin.

(6) Déanfar *Cuid V* a fhorléiriú i dteannta Chuid VI den Acht Airgeadais, 1983.

(7) Déanfar *Cuid VI* a fhorléiriú i dteannta an Achta um Cháin Fháiltas Caipitiúil, 1976, agus na n-achtachán ag leasú nó ag leathnú an Achta sin.

(8) Déanfar *Cuid VII* (a mhéid a bhaineann le cáin ioncaim) a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim agus (a mhéid a bhaineann le cáin chorparáide) a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide agus (a mhéid a bhaineann le cáin ghnóchan caipitiúil) a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil agus (a mhéid a bhaineann le cáin bhreisluacha) a fhorléiriú i dteannta na *nAchtanna Cánach Breisluacha, 1972 go 1992*, agus (a mhéid a bhaineann le dleachtanna stampa) a fhorléiriú i dteannta an *Stamp Act*, 1891, agus na n-achtachán ag leasú nó ag leathnú an Achta sin agus (a mhéid a bhaineann le cáin bhronntanais nó cáin oidhreachta) a fhorléiriú i dteannta an Achta um Cháin Fháiltas Caipitiúil, 1976, agus (a mhéid a bhaineann le cáin mhaoine cónaithe) a fhorléiriú i dteannta Chuid VI den Acht Airgeadais, 1983, agus (a mhéid a bhaineann le custaim) a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Custam agus (a mhéid a bhaineann le dleachtanna máil) a fhorléiriú i dteannta na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin.

(9) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite inti, measfar gur tháinig *Cuid I* i bhfeidhm agus glacfaidh sí éifeacht amhail ar an agus ón 6ú lá d'Aibreán, 1992.

(10) I ndáil le *Cuid II*, tiocfaidh *Caibidil III* i ngníomh an 1ú lá d'Iúil, 1992.

(11) I ndáil le *Cuid III*:

- (a) measfar gur tháinig ailt 164, 173 (1), 175 (1) agus 197 (1) i bhfeidhm, agus glacfaidh siad éifeacht, amhail ar an agus ón 1ú lá de Mhárta, 1992;
- (b) beidh éifeacht le fomhír (ii) de mhír (a) d'alt 165, mír (b) d'fho-alt (1) agus mír (f) d'fho-alt (2) d'alt 170, alt 171, alt 173 (2), míreanna (b) agus (d) d'fho-alt (1) d'alt 177, míreanna (a) agus (b) d'alt 178, mír (a) agus fomhír (i) de mhír (b) d'alt 179, mír (b) d'alt 180, fomhíreanna (ii) agus (iv) de mhír (a) agus mír (b) d'alt 181, míreanna (a), (b) agus (d) d'fho-alt (1) d'alt 184, ailt 185, 186 agus 187, fomhír (ii) de mhír (a) agus míreanna (b), (c), (d), (e) agus (f) d'alt 188, mír (b) d'alt 190, míreanna (a) agus (b) d'alt 191, alt 193, míreanna (b) agus (d) d'fho-alt (1) d'alt 194, mír (a) agus fomhír (i) de mhír (b) d'fho-alt (1) d'alt 195 agus mír (a) d'alt 196, ailt 197 (2) agus 198 amhail ar an agus ón dáta a rithfear an tAcht seo;
- (c) glacfaidh mír (a) d'fho-alt (1) d'alt 170, míreanna (a), (c) agus (e) d'fho-alt (1) d'alt 194, fomhíreanna (iii), (iv) agus (v) de mhír (b) d'fho-alt (1) d'alt 195, mír (b) d'alt 196 agus alt 197 (3) éifeacht amhail ar an agus ón 1ú lá d'Iúil, 1992;
- (d) glacfaidh fomhír (v) de mhír (a) d'alt 165, fomhíreanna (iii), (iv) agus (v) de mhír (b) d'alt 179, mír (c) d'alt 180, míreanna (a) agus (b) d'alt 189, mír (a) d'alt 190, mír (c) d'alt 191, mír (b) d'alt 192 agus fomhír (ii) de mhír (b) d'fho-alt (1) d'alt 195 éifeacht amhail ar an agus ón 1ú lá de Shamhain, 1992; agus
- (e) glacfaidh forálacha na Coda seo, seachas na forálacha atá sonraithe i míreanna (a) go (d) éifeacht amhail ar an agus ón 1ú lá d'Eanáir, 1993.

(12) Ach amháin a mhéid a éilíonn an comhthéacs a mhalairt, déanfar aon tagairt san Acht seo d'aon achtachán eile a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú le haon achtachán eile, nó faoi aon achtachán eile, lena n-áirítear an tAcht seo.

(13) San Acht seo, aon tagairt do Chuid, d'alt nó do Sceideal is tagairt í do Chuid nó d'alt den Acht seo, nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe.

(14) San Acht seo, aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil (lena n-áirítear Sceideal) ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

AN CHÉAD SCEIDEAL

Alt 8.

NA TÁBLAÍ A GHABHANN LE HÁLT 4 (4) DEN ACHT AIRGEADAIS,
1982.

CUID I

An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1992-93

“AN TÁBLA		
An míleáiste gnó		An céatadán
fósteorainn	uasteorainn	
(1)	(2)	(3)
Mílte	Mílte	
15,000	16,000	97½ faoin gcéad
16,000	17,000	95 faoin gcéad
17,000	18,000	90 faoin gcéad
18,000	19,000	80 faoin gcéad
19,000	20,000	70 faoin gcéad
20,000	21,000	60 faoin gcéad
21,000	22,000	50 faoin gcéad
22,000	23,000	40 faoin gcéad
23,000	24,000	35 faoin gcéad
24,000	25,000	30 faoin gcéad
25,000	26,000	25 faoin gcéad
26,000	27,000	20 faoin gcéad
27,000	28,000	17 faoin gcéad
28,000	29,000	14 faoin gcéad
29,000	30,000	10 faoin gcéad
30,000	—	5 faoin gcéad

”.

CUID II

An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1993-94

An míleáiste gnó		An céatadán
íosteorainn	uasteorainn	
(1)	(2)	(3)
Mílte	Mílte	
15,000	16,000	97½ faoin gcéad
16,000	17,000	95 faoin gcéad
17,000	18,000	90 faoin gcéad
18,000	19,000	80 faoin gcéad
19,000	20,000	70 faoin gcéad
20,000	21,000	60 faoin gcéad
21,000	22,000	55 faoin gcéad
22,000	23,000	45 faoin gcéad
23,000	24,000	40 faoin gcéad
24,000	25,000	35 faoin gcéad
25,000	26,000	30 faoin gcéad
26,000	27,000	25 faoin gcéad
27,000	28,000	20 faoin gcéad
28,000	29,000	18 faoin gcéad
29,000	30,000	15 faoin gcéad
30,000	—	10 faoin gcéad.

”.

CUID III

An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1994-95

“AN TÁBLA

An míleáiste gnó		An céatadán
íostearainn	uastearainn	
(1)	(2)	(3)
Mílte	Mílte	
15,000	16,000	97½ faoin gcéad
16,000	17,000	95 faoin gcéad
17,000	18,000	90 faoin gcéad
18,000	19,000	85 faoin gcéad
19,000	20,000	75 faoin gcéad
20,000	21,000	65 faoin gcéad
21,000	22,000	60 faoin gcéad
22,000	23,000	50 faoin gcéad
23,000	24,000	45 faoin gcéad
24,000	25,000	40 faoin gcéad
25,000	26,000	35 faoin gcéad
26,000	27,000	30 faoin gcéad
27,000	28,000	25 faoin gcéad
28,000	29,000	22 faoin gcéad
29,000	30,000	20 faoin gcéad
30,000	—	15 faoin gcéad

”.

CUID IV

An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1995-96

An míleáiste gnó		An céatadán
íosteorainn	uasteorainn	
(1)	(2)	(3)
Mílte	Mílte	
15,000	16,000	97½ faoin gcéad
16,000	17,000	95 faoin gcéad
17,000	18,000	90 faoin gcéad
18,000	19,000	85 faoin gcéad
19,000	20,000	75 faoin gcéad
20,000	21,000	70 faoin gcéad
21,000	22,000	65 faoin gcéad
22,000	23,000	55 faoin gcéad
23,000	24,000	50 faoin gcéad
24,000	25,000	45 faoin gcéad
25,000	26,000	40 faoin gcéad
26,000	27,000	35 faoin gcéad
27,000	28,000	30 faoin gcéad
28,000	29,000	28 faoin gcéad
29,000	30,000	25 faoin gcéad
30,000	—	20 faoin gcéad

”.

CUID V

An Tábla a ghabhann le halt 4 (4) den Acht Airgeadais, 1982,
maidir leis an mbliain 1996-97 agus maidir le blianta measúnachta
dá éis sin

“AN TÁBLA

An míleáiste gnó		An céatadán
íosteorainn	uasteorainn	
(1)	(2)	(3)
Mílte	Mílte	
15,000	16,000	97½ faoin gcéad
16,000	17,000	95 faoin gcéad
17,000	18,000	90 faoin gcéad
18,000	19,000	85 faoin gcéad
19,000	20,000	80 faoin gcéad
20,000	21,000	75 faoin gcéad
21,000	22,000	70 faoin gcéad
22,000	23,000	65 faoin gcéad
23,000	24,000	60 faoin gcéad
24,000	25,000	55 faoin gcéad
25,000	26,000	50 faoin gcéad
26,000	27,000	45 faoin gcéad
27,000	28,000	40 faoin gcéad
28,000	29,000	35 faoin gcéad
29,000	30,000	30 faoin gcéad
30,000	—	25 faoin gcéad

”.

Alt 11.

AN DARA SCEIDEAL

DAOINE CUNTASACHA CHUN CRÍOCHA CHAIBIDIL III DE CHUID 1 DEN
ACHT AIRGEADAIS, 1987

1. Aire den Rialtas.
2. Údarás áitiúil de réir bhrí alt 2 (2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1941.
3. Comhlacht arna bhunú faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971.
4. Bord sláinte.
5. An Bord Seirbhísí Liachta Ginearálta (Íocaíochtaí) arna bhunú faoin Ordú um an mBord Seirbhísí Liachta Ginearálta (Íocaíochtaí) (Bunú), 1972 (I.R. Uimh. 184 de 1972).
6. An tArd-Aighne.
7. An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
8. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.
9. An Coimisinéir Luachála.
10. An Príomh-Shuirbhéir Teorann.
11. Stiúrthóir na Suirbhéireachta Ordanáis.
12. Na Coimisinéirí Ioncaim.
13. Coimisinéirí na Státseirbhíse.
14. Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn.
15. Cléireach Dháil Éireann.
16. An Bord um Chúnamh Dlíthiúil.
17. Coiste gairmoideachais nó ceard-choláiste réigiúnach arna bhunú faoin Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930.
18. Teagasc.
19. Údarás cuain.
20. An Foras Áiseanna Saothair.
21. Údarás na Gaeltachta.
22. An tÚdarás Forbartha Tionscail.
23. An Bord Tráchtála — *The Irish Trade Board*.
24. Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta.
25. Bord Fáilte Éireann.

26. Foras ard-oideachais de réir bhrí Achta an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971.
27. An Chomhairle um Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint.
28. Eolas — Gníomhaireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta na hÉireann.
29. An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch.
30. Ospidéal saorálach poiblí nó comhbhoird lena n-íocann an tAire Sláinte deontais sa bhliain 1988-89 nó in aon bhliain mheasúnachta dá éis sin.
31. Árachóir údaraithe de réir bhrí alt 145 den Acht Cánach Ioncaim, 1967.
32. An Bord Glas.
33. An Bord Pleanála.
34. Banc ACC cuideachta phoiblí teoranta.
35. Aer Lingus cuideachta phoiblí teoranta.
36. Aerlínte Éireann cuideachta phoiblí teoranta.
37. Aer Rianta cuideachta phoiblí teoranta.
38. Arramara Teoranta.
39. An Bord Seirbhíse Fuilaistriúcháin.
40. Bord na gCon.
41. Bord Gáis Éireann.
42. Bord Iascaigh Mhara.
43. Bord na Móna.
44. Bord Telecom Éireann.
45. Coillte Teoranta.
46. Córas Beostoic agus Feola.
47. Córas Iompair Éireann.
48. Údarás Forbartha Duganna Theach an Chustaim.
49. Bord Soláthair an Leictreachais.
50. An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe cuideachta phoiblí teoranta.
51. Corparáid an Chairde Tionscail cuideachta phoiblí teoranta.
52. Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta.
53. Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta.
54. Cruach na hÉireann Teoranta.

Sc.2 [Uimh. 9.] *An tAcht Airgeadais, 1992.* [1992.]

55. An Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta.

56. Cuideachta an Cheolárais Náisiúnta Teoranta.

57. Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist.

58. Nítrigin Éireann Teoranta.

59. An Post.

60. An Bord Rásaíochta.

61. Radio Telefís Éireann.

62. Cuideachta Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann.

AN TRÍÚ SCEIDEAL

Alt 101.

CUID I

Forálacha a bhaineann le Dleacht Mháil ar Bheoir a Aisghairm

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
43 & 44 Vict., c. 20.	<i>Inland Revenue Act</i> , 1880.	Alt 2, fo-alt (3) d’alt 10, fo-ailt (1), (3) agus (4) d’alt 13, agus ailt 14, 15, 16, 18, 20, 22, 23, 24, 25, 26, 27, 28, 35, 36, 37, 38 agus 39.
44 & 45 Vict., c. 12.	<i>Customs and Inland Revenue Act</i> , 1881.	Ailt 4, 5 agus 6.
48 & 49 Vict., c. 51.	<i>Customs and Inland Revenue Act</i> , 1885.	Fo-alt (1) d’alt 4, agus ailt 6, 7 agus 8.
52 & 53 Vict., c. 7.	<i>Customs and Inland Revenue Act</i> , 1889.	Alt 3.
59 & 60 Vict., c. 28.	<i>Finance Act</i> , 1896.	Ailt 10 agus 11.
9 Edw. 7, c. 43.	<i>Revenue Act</i> , 1909.	Alt 6.
5 & 6 Geo. 5, c. 7.	<i>Finance Act</i> , 1914 (<i>Session 2</i>).	Ailt 6 agus 7.
5 & 6 Geo. 5, c. 62.	<i>Finance Act</i> , 1915.	Alt 4.
8 & 9 Geo. 5, c. 15.	<i>Finance Act</i> , 1918.	Alt 12.
1963, Uimh. 23.	An tAcht Airgeadais, 1963.	Alt 30.
1984, Uimh. 9.	An tAcht Airgeadais, 1984.	Fo-alt (3) d’alt 69.
1986, Uimh. 13	An tAcht Airgeadais, 1986.	Fo-alt (3) d’alt 67.
1989, Uimh. 10.	An tAcht Airgeadais, 1989.	Fo-alt (4) d’alt 51.

CUID II

Forálacha a bhaineann le hAr-cheadúnais Miondíoltóirí Biotáille a Aisghairm

Seisiún agus Caibidil (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
6 Geo. 4, c. 81.	Excise Licences Act, 1825.	Alt 5.
4 & 5 Will. 4, c. 75.	Excise Act, 1834.	Alt 9.
43 & 44 Vict., c. 20.	Inland Revenue Act, 1880.	Fo-alt 7 d'alt 43.
10 Edw. 7, c. 8.	Finance (1909-10) Act, 1910.	Ailt 44, 45, 46, 47. Forálacha 3 agus 4 de na forálacha faoin gCeannteideal “Provisions applicable to Retailers’ On-Licences” sa Chéad Sceideal.

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

Alt 146.

NA RÁTAÍ DLEACHTA MÁIL AR THÁIRGÍ TOBAC

An Cineál Táirge	An Ráta Dleachta
Toitíní	£47.75 an míle mar aon le méid is ionann le 16.48 faoin gcéad den phraghas ar a miondíoltar na toitíní
Todóga	£73.562 an cileagram
Tobac píopa milsithe	£74.337 an cileagram
Tobac cruafháiscthe	£47.538 an cileagram
Tobac píopa eile	£59.756 an cileagram
Tobac eile chun a chaite ina dheatach nó chun a choganta	£62.075 an cileagram

Alt 147.

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

NA RÁTAÍ DLEACHTA MÁIL AR LEANN ÚLL AGUS LEANN PIORRAÍ

An Cineál Leanna Úll agus Leanna Piorraí	An Ráta Dleachta
Nach mó ná 6% toirte a neart alcóil iarbhír de réir toirte	£1.13 an galún
Ar mó ná 6% toirte ach nach mó ná 8.7% toirte a neart alcóil iarbhír de réir toirte	£4.89 an galún
Ar mó ná 8.7% toirte a neart alcóil iarbhír de réir toirte	£9.27 an galún

AN SÉÚ SCEIDEAL

Na Rátaí Dleachta Máil ar Cheadúnais Áirithe

Sceideal 154.

(1)	(2)	(3)
Uimhir Thagartha	An Cineál Ceadúnais	An Ráta Dleachta
	CEADÚNAIS MHONARÓIRÍ	
	Ceadúnas a bheidh le baint amach gach bliain ag:	
1.	Driogaire biotáille	£200
2.	Ceartaitheoir nó cumascóir biotáille	£200
3.	Grúdaire beorach chun a díola	£200
4.	Déantóir milseán chun a ndíola	£200
5.	Déantóir leanna úll nó leanna piorraí chun a dhíola	£200
	CEADÚNAIS MHÓRDHÍOLTÓIRÍ	
	Ceadúnas a bheidh le baint amach gach bliain ag:	
6.	Mórdhíoltóir biotáille	£200
7.	Mórdhíoltóir beorach	£200
8.	Mórdhíoltóir fíona	£200
9.	Mórdhíoltóir biotáille fíona	£200
	AR-CHEADÚNAIS MHIONDÍOLTÓIRÍ	
	Ceadúnas a bheidh le baint amach gach bliain ag:	
10.	Miondíoltóir beorach	£200
11.	Miondíoltóir fíona	£200
12.	Miondíoltóir milseán	£200
13.	Miondíoltóir leanna úll	£200
	EIS-CHEADÚNAIS MHIONDÍOLTÓIRÍ	
	Ceadúnas a bheidh le baint amach gach bliain ag:	
14.	Miondíoltóir biotáille	£200
15.	Miondíoltóir beorach	£200
16.	Miondíoltóir leanna úll	£200
17.	Miondíoltóir fíona	£200
18.	Miondíoltóir milseán	£200
	CEADÚNAIS ÁRTHAÍ PAISINÉIRÍ	
19.	Ceadúnas a bheidh le baint amach gach bliain maidir le hárthach paisinéirí ag an máistir nó ag duine eile a bhaineann leis an ártach agus a bheidh ainmnithe ag úinéir an áthaigh	£200
20.	Ceadúnas a bheidh le baint amach maidir le hárthach paisinéirí ag an máistir nó ag duine eile a bhaineann leis an ártach agus a bheidh ainmnithe ag úinéir an áthaigh, agus nach mbeidh i bhfeidhm ach ar feadh aon lae amháin	£40

(1) Uimhir Thagartha	(2) An Cineál Ceadúnais	(3) An Ráta Dleachta
21.	CEADÚNAIS CHARBAD BIA IARNRÓID Ceadúnas a bheidh le baint amach gach bliain maidir le carbad bia iarnróid ag an gcuideachta iarnróid nó ag duine eile ar leis an carbad	£200
22.	CEADÚNAIS AERÁRTHAÍ PAISINÉIRÍ Ceadúnas a bheidh le baint amach gach bliain ag gnólacht aeriompair maidir le haerárthach ar eitilt is leis an ngnólacht sin nó atá fruilithe aige	£200

CUID II

Alt 160.

Deimhnithe Airm Tine

An Cineál Deimhnithe	An Ráta Dleachta
Ar dheimhniú airm tine i leith piostail, lena n-áirítear aerphiostal, nó gunnán	£30
Ar dheimhniú airm tine i leith raidhfil, lena n-áirítear mionraidhfil	£30
Ar dheimhniú airm tine i leith aerghunna, lena n-áirítear aer-raidhfil	£30
Ar dheimhniú airm tine i leith airm thoirmiscthe	£5
Ar dheimhniú airm tine i leith gunna gráin lena mbaineann forálacha alt 12 d’Acht na nArm Tine, 1964	£5
Ar aon deimhniú airm tine eile—	
Ar dheimhniú amháin den sórt sin	£20
I gcás ina ndeonófar dhá dheimhniú nó níos mó den sórt sin don duine céanna (ní gá gurb é an tráth céanna é) agus go rachaidh siad in éag ar an dáta céanna—	
Ar an gcéad deimhniú den sórt sin	£20
Ar an dara deimhniú den sórt sin agus gach deimhniú den sórt sin ina dhiaidh sin	£5

CUID III

Alt 160.

Ceadúnais Chearrbhachais

An Cineál Ceadúnais	An Ráta Dleachta
I gcás an tréimhse dá mbeidh an ceadúnas le heisiúint mar a bheidh sonraithe sa deimhniú faoin Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956, á údarú an ceadúnas a eisiúint—	
(a) gan a bheith níos faide ná trí mhí	£125
(b) a bheith níos faide ná trí mhí ach gan a bheith níos faide ná sé mhí	£250
(c) a bheith níos faide ná sé mhí ach gan a bheith níos faide ná naoi mí	£375
(d) a bheith níos faide ná naoi mí	£500

Alt 160.

CUID IV				
Ceadúnais Eile				
(1) Uimhir Thagartha	(2) An Cineál ceadúnais	(3) An tAchtachán lena bhforchuirtear an dleacht	(4) An Dáta feidhme	(5) An Ráta Dleachta
1.	Ceadúnas ceantálaí	Alt 11 den Acht Airgeadais, 1947	An 6ú lá d'Iúil, 1992	£200
2.	Cead ceantála	Alt 12 den Acht Airgeadais, 1947	An 6ú lá d'Iúil, 1992	£200
3.	Ceadúnas gníomhaire tithe	Alt 13 den Acht Airgeadais, 1947	An 6ú lá d'Iúil, 1992	£100
4.	Ceadúnas geallghlacadóra	Alt 17 den Acht Airgid, 1931	An 1ú lá de Nollaig, 1992	£200
5.	Deimhniú cláraitheachta áitribh gheallghlacadóra	Alt 18 den Acht Airgid, 1931	An 1ú lá de Nollaig, 1992	£200
6.	Ceadúnas scagaire ola hidreacarbóin	Alt 1(4) den Acht Airgid (Forálacha Ilghnéitheacha), 1935	An 1ú lá d'Fheabhra, 1993	£150
7.	Ceadúnas déantóra biotáille meitilí	Alt 27 den <i>Revenue Act</i> , 1889	An 1ú lá de Dheireadh Fómhair, 1992	£150
8.	Ceadúnas miondfoltóra biotáille meitilí	Alt 27 den <i>Revenue Act</i> , 1889	An 1ú lá de Dheireadh Fómhair, 1992	£10
9.	Ceadúnas iasachtóra airgid	Alt 18 (1) den Acht Airgid, 1933	An 1ú lá de Lúnasa, 1992	£300
10.	Ceadúnas geallbhróicéara	Alt 18 den Acht Airgeadais, 1965	An 1ú lá de Lúnasa, 1992	£300
11.	Ceadúnas monaróra táirgí tobac	Alt 10 (1) den Acht Airgeadais (Dleachta Máil ar Tháirgí Tobac), 1977	An 1ú lá d'Eanáir, 1993	£150

CUID I

Tíolacas nó Aistriú ar Dhíol aon Stoc nó Urrús Inmhargaidh

“CONVEYANCE or TRANSFER on sale of any stocks or marketable securities:

For every £100, or any fractional part of £100, of the consideration	£1.00
--	-------

”.

CUID II

Tíolacas nó Aistriú ar Dhíol Polasaí Árachais nó Polasaí Árachais Saoil

“CONVEYANCE or TRANSFER on sale of a policy of insurance or a policy of life insurance where the risk to which the policy relates is located in the State:

For every £1,000 or any fractional Part of £1,000 of the consideration	£1.00
--	-------

”.

CUID III

Tíolacais nó Aistrithe de Chineál áirithe eile

“CONVEYANCE or TRANSFER of any kind not hereinbefore described.

Where such instrument relates to—

(a) immovable property situated in the State, or any right over or interest in such property, or	
(b) the stocks or marketable securities of a company having a register in the State	£10

”.

CUID IV

Gníomhais

“DEED of any kind whatsoever, not described in this schedule.

Where such instrument relates to—

(a) immovable property situated in the State, or any right over or interest in such property, or	
(b) the stocks or marketable securities of a company having a register in the State	£10

”.

CUID V

Morgáistí, Bannaí, Bintiúir agus Cúnaint áirithe

“MORTGAGE, BOND, DEBENTURE, COVENANT (except a marketable security) which is a security for the payment or repayment of money which is a charge or incumbrance upon property situated in the State other than shares in stocks or funds of the Government or the Oireachtas.

(1) Being the only or principal or primary security (other than an equitable mortgage):

where the amount secured does not exceed £20,000	Exempt
where the amount secured exceeds £20,000:	
for every £1,000, or any fractional part of £1,000 of the amount secured	£1.00

Provided that the duty so charged shall not exceed £500.

(2) Being a collateral, or auxiliary, or additional, or substituted security (other than an equitable mortgage), or by way of further assurance for the above-mentioned purpose where the principal or primary security is duly stamped:

where the amount secured does not exceed £20,000	Exempt
where the amount secured exceeds £20,000	£10.00

(3) Being an equitable mortgage:

where the amount secured does not exceed £20,000	Exempt
where the amount secured exceeds £20,000:	
for every £1,000 or any fractional part of £1,000, of the amount secured	50p

Provided that the duty so charged shall not exceed £500.

(4) TRANSFER, ASSIGNMENT or DISPOSITION of any such mortgage, bond, debenture, or covenant (except a marketable security) or of any money or stock secured by any such instrument or by any judgement:

where the amount secured does not exceed £20,000	Exempt
where the amount secured exceeds £20,000:	
for every £1,000, or any fractional part of £1,000, of the amount transferred, assigned, or disposed, exclusive of interest which is not in arrear	50p

Provided that the duty so charged shall not exceed £500.

Where any further money is added to the money already secured	The same duty as a principal security for such further money
---	--

”.